

**“Teanga Náisiúnta na hÉireann?”:
Idé-eolaíocht agus Polaitíocht i nGluaiseacht na
Gaeilge 1893-1943**

le

Chinatsu Hakamada

B.A., M.A.(Ollscoil Hitotsubashi), M.A.(Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Tráchtas don Chéim Ph.D

Roinn na Gaeilge,

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh,

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Stiúrthóirí: An Dr. Lesa Ní Mhunghaile, An Dr. John Walsh

Ceann Gníomhach an Disciplín: An Dr. Lillis Ó Laoire

Dáta: Deireadh Fómhair 2016

Clár an Tráchtais

Clár an Tráchtais	i
Dearbhú	iii
Achoimre	iv
Buíochas	v
Réamhrá	vii
Caibidil 1 Athbheochan na Gaeilge mar Theanga Bheo agus mar ‘National Language’ nó mar ‘Teanga Náisiúnta’	
Réamhrá.....	1
1-1 Tús Athbheochan na Gaeilge mar Theanga Bheo agus mar ‘National Language’ nó ‘Teanga Náisiúnta’	2
1-2 Bunú Chonradh na Gaeilge.....	24
1-3 ‘Polaitiú’ Chonradh na Gaeilge.....	44
Conclúid.....	68
Caibidil 2 Gluaiseacht na Gaeilge, an Pholaitíocht Náisiúnta agus an ‘Teanga Náisiúnta’: 1917-1932	
Réamhrá.....	71
2-1 Éamon de Valera, a bhaint le Conradh na Gaeilge agus le Polaitíocht Náisiúnta, agus Rialtas Dúchais na hÉireann.....	73
2-2 Conradh na Gaeilge a Athbheochan	93
2-3 Fás Fhianna Fáil agus Conradh na Gaeilge.....	116
Conclúid.....	133

Caibidil 3 Cur chun cinn na Gaeilge faoi Scáth na Polaitíochta Náisiúnta i dTúsré de Valera

Réamhrá.....	136
3-1 Éire Fhíor Chríostaí agus Ghaelach agus an ‘Teanga Náisiúnta’.....	139
3-2 Gluaiseachtaí na Gaeilge i Réimsí Éagsúla agus an ‘Teanga Náisiúnta’	156
3-3 ‘Teanga Náisiúnta’ agus Bunreacht Nua.....	175
3-4 ‘Teanga Náisiúnta’ agus Gluaiseacht Náisiúnta: Cás Mhuintir na Tíre	196
Conclúid.....	209

Caibidil 4 Bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Réamhrá.....	213
4-1 Cúlra bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge: Plean do Ghluaiseacht Náisiúnta Nua don Ghaeilge	215
4-2 Freagra de Valera i leith na Moltaí	236
4-3 Féile Leathcéad Bliain Chonradh na Gaeilge agus Bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge.....	253
Conclúid.....	272

Conclúid.....	275
----------------------	------------

Leabharliosta	281
----------------------------	------------

Dearbhú

Dearbhú

Dearbhaímse, Chinatsu Hakamada, gurb é mo shaothar féin ar fad atá sa Tráchtas seo agus nach bhfuil céim faighte agam san Ollscoil seo ná in aon ollscoil eile bunaithe ar aon chuid den saothar seo.

Sínithe: _____ Dáta: _____

“Teanga Náisiúnta na hÉireann?": Idé-eolaíocht agus Polaitíocht i nGluaiseacht na Gaeilge 1893-1943

Achoimre

Cuirim romham sa tráchtas seo iniúchadh a dhéanamh ar an dlúthbhaint idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla Cumann na nGaedheal/Fine Gael agus Fianna Fáil chun an Ghaeilge a athbheochan mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann. Is í an tréimhse atá i gceist leis an tráchtas seo ná an tréimhse roimh bhunú Chonradh na Gaeilge suas go dtí an bhliain 1943, an bhliain a ndearnadh comóradh caoga bliain ar bhunú Chonradh na Gaeilge agus inar bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Léiríonn an tráchtas seo gur choincheap polaitiúil í an ‘teanga náisiúnta’ toisc gur shamhlaigh sí an Ghaeilge le teanga an náisiúin, .i. teanga a bhain le muintir na hÉireann go léir, seachas mar theanga a bhain le pobal na Gaeilge go heisiach. Is í an ‘teanga náisiúnta’ leis an mbrí sin a ghlac Conradh na Gaeilge agus an rialtas dúchais léi mar bhunús de chúis athbheochan na Gaeilge. D’ainneoin gurbh é tionchar na polaitíochta náisiúnta ar ghluaiseacht na Gaeilge ceann de na cúiseanna le síreasaontas i measc lucht na hathbheochana, bhí idirghníomhaíocht idir gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta riachtanach chun an aidhm bhunúsach sin a bhí ag gluaiseacht na Gaeilge a bhaint amach.

I measc polaiteoirí na linne, cuirtear béim mhór ar Éamon de Valera mar an phearsa ba mhó a raibh páirt lárnach aige i gcur chun cinn idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’. Bhí páirt lárnach ag an idé-eolaíocht sin go háirithe in Aimsir na hÉigeandála i gcur chun cinn an Ghaelachais agus an náisiúnachais i stíl de Valera. Sa chomhthéacs sin, léiríonn an tráchtas seo gurbh í an dlúthbhaint idir gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta chun gluaiseacht na Gaeilge a atheagrú ar son na ‘teanga náisiúnta’ a bhí mar chúl taca le bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa bhliain 1943.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ar leith a chur in iúl do stiúrthóirí an tráchtais agus do bhaill choiste taighde mo thráchtais, an Dr. Lesa Ní Mhunghaile agus an Dr. John Walsh, beirt a thug cúnamh agus moltaí luachmhara dom go minic le beagnach dhá bhliain anuas agus a spreag mé chun an tráchtas seo a chur i gcrích. Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl chomh maith don Dr. Louis de Paor, ball eile de choiste taighde mo thráchtais a thug moltaí agus aiseolas tairbheach dom i gcónaí.

Tá mo bhuíochas ó chroí tuillte chomh maith ag an Ollamh Gearóid Denvir, iar-stiúrthóir an tráchtais, a thug spreagadh dom dul i mbun an taighde seo. Bhí sé foighneach liom i gcónaí agus flaithiúil liom ag tabhairt aiseolas luachmhar agus tagairtí tairbheacha dom de shíor le haghaidh an tráchtais seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann iomlán Roinn na Gaeilge, go háirithe leis an Dr. Lillis Ó Laoire, Ceann Gníomhach an Disciplín, agus Fiona de Paor, Rúnaí na Roinne. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann iomlán Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chomh maith, go háirithe le Dónall Ó Braonáin, an Príomhfheidhmeannach, an Dr. Dorothy Ní Uigín agus Bríd Ní Fhatharta.

Tá foinsí forleathan ag baint leis an tráchtas seo agus ní bheadh críoch curtha agam leis an taighde seo murach an cúnamh a fuair mé ó na daoine seo a leanas: foireann Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, ach go háirithe le foireann na mBailiúchán Speisialta, Margaret Hughes agus Marie Boran; foireann na Leabharlainne Náisiúnta, ach go háirithe le foireann Bhailiúchán Lámhscríbhinní, Tom Desmond; foireann na Cartlanna Náisiúnta; foireann Leabharlann Uí Chriagáin; foireann Chartlann Ollscoil Bhaile Átha Cliath; foireann Leabharlann na Breataine; foireann Diocesan Archives, Ard Deoise Átha Cliath, ach go háirithe, Noelle Dowling; Pádraig Ó Ceithearnaigh, Aindrias Ó Cathasaigh, Art Ó Maolfabhail, agus Mairéad Ní Chinnéide, Proinsias de Priondargást agus an Dr. Diarmuid Ó Cearbhaill nach maireann. Tá mé fíorbhuíoch díobh go léir a roinn

eolas agus tagairtí tairbheacha go fial liom don taighde seo.

Gabhaim míle buíochas le mo chomhluadar agus cairde i Seomra na hlarchéime, iad go léir cairdiúil agus thug cúnaimh dom i gcónaí: an Dr. Méadhbh Nic an Airchinnigh, an Dr. Aengus Finnegan, an Dr. Mona Jakob, an Dr. Liam Ó hAisibéil, an Dr. Hugh Rowland agus an Dr. Trish Ní Mhaoileoin.

Thug na daoine seo a leanas tacaíocht mhór dom chun feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge agus thug siad a gcuid ama go fial. Tá mo bhuíochas tuillte ag an Dr. Liam Ó hAisibéil, an Dr. Hugh Rowland, Oisín Ó Conláin, Bríd Ní Fhatharta agus Máire Ní Chatháin.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl don Oifig Staidéir Iarchéime, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a bhronn sparánacht orm leis an tráchtas seo a chríochnú.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom buíochas a ghabháil le m'athair Yasuyuki agus le mo chéile Hiroto as a gcuid tacaíochta i gcónaí, in Éirinn agus sa tSeapáin.

Réamhrá

“Teanga Náisiúnta na hÉireann?": Idé-eolaíocht agus Polaitíocht i nGluaiseacht na Gaeilge 1893-1943

I Nollaig na bliana 1914, thug Dubhghlas de hÍde, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge agus céad uachtarán an Chonartha, óráid dar teideal ‘The Gaelic League and Politics’ agus chuir sé i leith baill áirithe an Chonartha go raibh siad ag déanamh ceangail idir polaitíocht agus gluaiseacht na Gaeilge. Tréimhse an-chorrach a bhí ann in Éirinn ag an am sin. Chreid sé dá dtabharfaí gluaiseacht na Gaeilge isteach sa ghluaiseacht mhíleatach agus pholaitíochta, go scoiltfí tuairimí an phobail i leith ghluaiseacht na Gaeilge agus go gcuirfí deireadh leis an ngluaiseacht. Chuir de hÍde an méid seo in iúl don slua: “we who consider the revival of the national language as of paramount importance to the Irish soul, can only keep the good will of the public by eschewing the politics of the moment”.¹

Sa sliocht seo, leagann de hÍde a mhéar ar cheann de mhórchéistean na tréimhse seo. Is í sin an bhaint a bhí idir gluaiseacht na Gaeilge, an ‘teanga náisiúnta’ agus ceist na polaitíochta náisiúnta. Mheas de hÍde go raibh coimhlint mhór idir an dá thaobh sa Chonradh, dream a chreid i dtábhacht na Gaeilge mar ábhar a bhí neamhspleách ar an bpolaitíocht, agus dream a chreid i dtábhacht idirghabhála na polaitíochta in athbheochan na Gaeilge. Ag an am céanna, mheas de hÍde go raibh an dá thaobh ag obair ar son chúis choitianta amháin .i.

¹ Dubhghlas de hÍde, *The Gaelic League and Politics: Pronouncement by Dr. Douglas Hyde (President)*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1914), lch. 3.

ar son na ‘teanga náisiúnta’ a bhí mar aidhm ag Conradh na Gaeilge ag an am sin: “The preservation of Irish as the national language of Ireland.”²

Tá sé d’aidhm ag an tráchtas seo scagadh a dhéanamh ar pholaitiú na Gaeilge agus idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ idir 1893-1943 agus freagra a thabhairt ar an gceist seo: Cén tionchar a bhí ag an dlúthbhaint idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla (Cumann na nGaedheal/Fine Gael agus Fianna Fáil) ar bhuanú agus ar fhorbairt ghluaiseacht na Gaeilge sa tréimhse atá faoi chaibidil.

Ina leabhar cáiliúil *Imagined Communities*, thug Benedict Anderson sainmhíniú ar an náisiún mar “an imagined political community”. Dar le Anderson, samhlaíodh an náisiún toisc gur shamhlaigh baill an náisiúin féin go raibh siad ceangailte le chéile agus ag roinnt tréithe coitianta áirithe lena chéile, cé nár bhuaill siad lena chéile riamh.³ Maidir le feidhm na teanga sa chomhthéacs sin, mhaígh Anderson go raibh cumas áirithe aici “imagined communities” a chruthú agus dlúthpháirtíocht ar leith a bhuanú i measc an phobail.⁴ Bunaithe ar mhúnla Anderson thuas, d’áitigh Yeounsuk Lee gur tháinig fealsúnacht na ‘teanga náisiúnta’ ar an bhfód nuair a nasc an dá phobal samhlaíthe le chéile, .i. an pobal mar náisiún agus an pobal a labhair teanga áirithe choitianta lena chéile.⁵ Dá bharr sin, is féidir a rá gur choincheap polaitiúil é an ‘teanga náisiúnta’ a tháinig ar an bhfód de bharr cheangal idir an pobal polaitiúil samhlaíthe agus an pobal teanga samhlaíthe.

² Feic, mar shampla, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis, mí na Lughnasa, 1916*, é, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1916).

³ Benedict Anderson, *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism*, (leagan leasaithe), (Londain: Verso, 1991), lch. 6.

⁴ *Ibid.*, lch. 133.

⁵ Yeounsuk Lee, *Kokugo toiu Shisou: Kindainihon no Gengo Ninshiki* [The Ideology of Kokugo: Nationalizing Language in Modern Japan], (Tóiceo: Iwanami Shoten, 1996), lch. iii.

I gcás na hÉireann, is coincheap polaitiúil é freisin ról na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann mar a shamhlaigh glúin luath athbheochanóirí na Gaeilge é i ndeireadh an naoú haois déag, agus ar dhealbhaigh gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta é mar fhíric chruthaithe sa chéad leath den fhichiú haois. Tá an-tábhacht ag baint leis an bpróiseas seo agus ní féidir gné pholaitiúil athbheochan na Gaeilge ina hiomláine a thuiscint, gan tuiscint chuí a fháil ar chomhthéacs na ‘teanga náisiúnta’ in Éirinn.

Nuair a bunaíodh rialtas dúchais, rialtas Shaorstát Éireann, glacadh leis an nGaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann go bunreachtúil in 1922. Faoin am sin, mar a d’áitigh Gearóid Ó Tuathaigh, bhí comhaontú mór i measc na bpolaiteoirí maidir leis an nGaeilge mar theanga an náisiúin: “the Irish language was the principal and most irrefutable mark of that sense of nationality on whose behalf an Irish national state had been demanded.”⁶ I measc polaitheoirí na linne, ba é Éamon de Valera an pearsa ba mhó a chuir an Ghaeilge chun cinn mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann. Dhaingnigh sé stádas na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann i mBunreacht na hÉireann in 1937. Bhí tuairim dhaingean aige gur theanga an náisiúin í an Ghaeilge, mar a dúirt sé: “chun go mairfimid mar náisiún ar leith, ní mór dúinn ár dteanga náisiúnta do choinneáil beo.”⁷

Ó na fichidí go dtí tús na ndaichidí, tarraingíodh Conradh na Gaeilge isteach sa pholaitíocht náisiúnta agus d’fhás teannas i ngluaiseacht na Gaeilge arís agus arís eile, an imní a bhí ar de hÍde riamh. Sa tréimhse sin, d’fhás cumainn éagsúla don Ghaeilge i réimsí éagsúla agus chomh maith leis sin, d’fhorbair pleananna

⁶ Gearóid Ó Tuathaigh, ‘Cultural visions and the new state: embedding and embalming’, in Gabriel Doherty agus Dermot Keogh (eag.), *De Valera’s Ireland*, (Corcaigh: Mercier Press, 2003), 166-184, lch. 173.

⁷ Éamon de Valera ‘Ni mor duinn ar dteanga naisiunta do choinneail beo’, i Conradh na Gaeilge, *Leabhar Cuimhne: 1893-1943*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1943), lch. 17.

chun eagraíocht nua don Ghaeilge a bhunú. Seachas eagraíocht nua a bhunú in áit Chonradh na Gaeilge, bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa bhliain 1943, an chéad chomheagras náisiúnta do ghluaiseacht na Gaeilge.

Níl aon mhionscrúdú ar chúlra bhunú na Comhdhála déanta go dtí seo, áfach. Deirtear go minic gur easaontas i measc lucht ghluaiseacht na Gaeilge ba chúis le bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus go raibh baint mhór ag de Valera lena bunú.⁸ Ní ghactar leis sa tráchtas seo gurbh é an t-easaontas sin agus polaitíocht de Valera amháin ba chúis le bunú na Comhdhála. Déanfaidh an tráchtas seo mionscrúdú ar an gcúlra sin agus déanfar anailís ar bhunú na Comhdhála i gcomhthéacs na polaitíochta náisiúnta, ghluaiseacht na Gaeilge agus a n-aidhm choitianta an Ghaeilge a athbheochan mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann.

Cuimsíonn an tráchtas seo an tréimhse sular bunaíodh Conradh na Gaeilge suas go dtí an bhliain 1943, an bhliain ar comóradh Iubhaile Órga Chonradh na Gaeilge agus ar bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Tá an comhthéacs stairiúil sin tábhachtach don taighde seo toisc gur thréimhse chinniúnach i stair athbheochan na Gaeilge í, tréimhse inar múnlaíodh idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ agus ar bhuanú agus ar fhorbairt ghluaiseacht na Gaeilge de réir na hidé-eolaíochta sin. Tagraíonn an tráchtas don tréimhse inar tosaíodh ag úsáid an téarma ‘teanga náisiúnta’ ar dtús in Éirinn, an tréimhse inar bunaíodh gluaiseacht na Gaeilge, inar tosaíodh coimhlint idir polaitiú agus dí-pholaitiú i ngluaiseacht na Gaeilge, anuas go dtí an t-am inar eagraíodh gluaiseacht na Gaeilge faoi scáth

⁸ Feic, mar shampla, Peadar Ó Flatharta, ‘Institiúidí agus Eagraíochtaí na Gaeilge’, i, *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, Tadhg Ó hIlfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2012), 261-277, lch. 262. Gearóid Ó Tuathaigh, ‘Cultural visions and the new state: embedding and embalming’, lch. 180.

chomheagras náisiúnta, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, a bhí faoi thionchar mór ag polaitíocht náisiúnta agus ag Conradh na Gaeilge.

Is í argóint an tráchtais seo gur cheangail idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ an Ghaeilge agus an ‘náisiún’ le chéile go daingean, agus gur mheathlaigh an idé-eolaíocht sin brí bhunúsach na teanga mar ‘theanga dhúchais’ do phobal na Gaeilge. Thug an idé-eolaíocht sin áit lárnach don Ghaeilge i náisiún na hÉireann mar rud a bhí i seilbh phobal na hÉireann go léir. Idir an dá linn, toisc go raibh impleachtaí polaitiúla ag baint leis an ‘teanga náisiúnta’, ba thoradh dosheachanta a bhí i bpolaitiú na teanga mar aon le polaitiú ghluaiseacht na Gaeilge a raibh mar phríomh-aidhm acu an Ghaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann a chur chun cinn. Sa phróiseas seo, ceanglaíodh gluaiseacht na Gaeilge go daingean leis an bpolaitíocht náisiúnta. Áiteoidh mé sa tráchtas seo gur socraíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a bhunú faoi thionchar na polaitíochta náisiúnta chun a chinntiú go mairfeadh an ceangal idir gluaiseacht na Gaeilge agus an stát agus chomh maith leis sin, go mairfeadh Conradh na Gaeilge mar phríomh-eagraíocht náisiúnta na Gaeilge.

Réasúnaíocht an taighde seo

Mar a léiríodh thuas, tá coincheap na ‘teanga náisiúnta’ mar chuid lárnach den tráchtas seo chun athbheochan na Gaeilge sa tréimhse áirithe sin a thuiscint. Cuireadh béim mhór ar an nGaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ arís agus arís eile ag buaicphointí éagsúla i stair na hÉireann, mar shampla, ó dheireadh an naoú haois déag ag Conradh na Gaeilge, in 1919 ag an gCéad Dáil Éireann, in 1922 i mBunreacht Shaorstát Éireann, in 1937 i mBunreacht na hÉireann, agus in 1943

ag bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Cé gur úsáideadh an téarma ‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge ó thús na ré go dtí an lá atá inniu ann, níor tugadh aird ar shainmhíniú an téarma sin sa chomhthéacs sin. Pléadh coincheap an téarma sin go heisiach i gcomhthéacs bunreachtúil go dtí seo.⁹

Ina thaighde cuimsitheach faoi shaincheisteanna téarmaíochta na Gaeilge i ré na hathbheochana a foilsíodh le gairid, áitíonn Conchúr Mag Eacháin (sa mhír dar teideal ‘An Ghaeilge mar theanga náisiúnta’¹⁰) go raibh an ‘teanga náisiúnta’ mar phríomh-chomhartha na féiniúlachta Éireannaí i dtús an chéid seo caite a d’imir tionchar ar thuairimí an phobail i dtaobh chur chun cinn na teanga agus na téarmaíochta.¹¹ Níor áitíodh sa taighde sin go raibh gné pholaitiúil ag baint leis an téarma ‘teanga náisiúnta’, áfach. Mar sin, tá géarghá ann leis an idé-eolaíocht a bhain leis an téarma sin a iniúchadh i gcomhthéacs na staire agus na polaitíochta chun bearna i dtuiscint ar athbheochan na Gaeilge a líonadh. Creidim gurbh é an idé-eolaíocht a bhain leis an ‘teanga náisiúnta’ an bealach le ceangal idir gluaiseacht na Gaeilge agus polaitíocht náisiúnta na linne sin a thuiscint.

Tá réasúnaíocht ag baint leis an tréimhse idir 1893 agus 1943 a scrúdú mar ré faoi leith. De bharr easpa taighde ar bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge go dtí seo, níor cuireadh go leor béime ar an tréimhse sin mar thréimhse áirithe idir bunú Chonradh na Gaeilge, agus bunú an chéad eagrais comhordaithe náisiúnta do ghluaiseacht na Gaeilge, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Tá ríthábhacht ag baint leis an gcaoga bliain sin chun tionchar na polaitíochta ar ghluaiseacht na

⁹ Feic, mar shampla, Micheál Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: Two Texts or Two Constitutions?*, (Baile Átha Cliath: Institiúid na hÉireann, 2002). Tomás Ó Máille, *Stádas na Gaeilge: Dearcadh Dílíthiúil*, (Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge, 1990).

¹⁰ Conchúr Mag Eacháin, *Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2014).

¹¹ Feic, *ibid.*, lgh. 168-175.

Gaeilge a iniúchadh, agus dinimic ghluaiseacht na Gaeilge sa tréimhse ina dhiaidh sin a thuiscint. Déanfaidh an tráchtas seo anailís ar bhunfhoinsí éagsúla na tréimhse sin chun scagadh a dhéanamh ar stair na hathbheochana go dtí gur bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Bainfear úsáid as idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ chun anailís a dhéanamh ar chúlra bhunú na Comhdhála freisin agus tabharfaidh an tráchtas seo léargas nua ar stair ghluaiseacht na Gaeilge sa tréimhse atá faoi chaibidil.

Príomhshaothair atá ann cheana faoi théarma an tráchtais seo

1. Saothair ar idé-eolaíocht na hathbheochana i mblianta luaithe na hathbheochana

Tá taighde cúramach agus ceannródaíoch ar idé-eolaíocht na hathbheochana i mblianta luaithe na hathbheochana déanta le blianta beaga anuas agus is iad *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922* ag Caitriona Ó Torna¹² agus *Fin de Siècle na Gaeilge* ag Brian Ó Conchubhair¹³ an dá shaothar is tábhachtaí a thugann léargas ar an ábhar sin. Rinne Ó Torna scagadh ar chonstráid na Gaeltachta agus na hidé-eolaíochta a bhain léi. Léirigh sí bunús an téarma ‘Gaeltacht’ a raibh ciall phearsanta ag baint leis ar dtús ach gur glacadh ciall thíreolaíoch leis de réir a chéile sa tréimhse sin. Thug an anailís le tuiscint go raibh cosúlacht idir an próiseas sin agus an próiseas inar glacadh leis an téarma ‘teanga náisiúnta’ in Éirinn. D’áitigh Ó Conchubhair nár náisiúnachas cultúrtha amháin a spreag

¹² Caitriona Ó Torna, *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teo., 2005).

¹³ Brian Ó Conchubhair, *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*, (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2009).

athbheochan na Gaeilge: chuir sé athbheochan na Gaeilge i gcomhthéacs áirithe na hEorpa idir deireadh an naoú haois déag agus tús an fichiú haois agus rinne sé mionanailís ar chúiseanna athbheochan na Gaeilge. Léirigh sé ceist na teanga go mion i gcomhthéacs na náisiúntachta agus an náisiúin i gcaibidil a haon dá shaothar. Áiteoidh an tráchtas seo go raibh ceist theanga na linne sin mar cheist na ‘teanga náisiúnta’ agus an cheist sin a chur i gcomhthéacs na polaitíochta náisiúnta agus i bhforbairt ghluaiseacht na Gaeilge.

2. Stair Chuimsitheach ar Chonradh na Gaeilge

D’fhoilsigh Conradh na Gaeilge féin cúpla saothar ar stair chuimsitheach an Chonartha go dtí seo. In 1970, scríobh Pádraig Ó Fearáil sraith alt ar stair an Chonartha d’iris Chonradh na Gaeilge *ROSC* agus foilsíodh iad mar leabhairín *The Story of Conradh na Gaeilge*¹⁴ in 1975. Cé gur scríobh Ó Fearáil é i stíl thuairisciúil, ní raibh d’aidhm aige mionscrúdú a dhéanamh ar ábhar faoi leith de stair an Chonartha, agus níor thaispeáin sé aon fhoinse stairiúil a úsáideadh chun an saothar sin a thabhairt le chéile. Spreag sé, áfach, leabhar eile ar stair dheifnídeach de Chonradh na Gaeilge a scríobh. Fíche bliain ina dhiaidh sin, foilsíodh stair chéad bliain Chonradh na Gaeilge, *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993* ag Proinsias Mac Aonghusa.¹⁵ Léirigh an saothar sin ní hamháin forbairt dhinimiciúil na heagraíochta, ach léirigh sé go mion coimhlíntí agus fadhbanna a bhain leis an gConradh. Gan dabht, is í sin an stair is cuimsithí den Chonradh atá ar fáil anois. Mar Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge, ba léir go

¹⁴ Pádraig Ó Fearáil, *The Story of Conradh na Gaeilge: A History of The Gaelic League*, (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo., 1975).

¹⁵ Proinsias Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1993).

raibh rochtain ag Mac Aonghusa ar pháipéir phearsanta agus phríobháideacha éagsúla ar an ábhar, agus gur úsáid sé iad mar bhunús dá thaighde. Níor thagair Mac Aonghusa d'aon bhunfhoinsí a úsáideadh don saothar sin ach an oiread. Dá bhrí sin, tá deacrachtaí ag baint le fíorú agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar chora cinniúnacha áirithe a luadh sa leabhar sin. Ciallaíonn sé sin, áfach, go dtugann an leabhar sin tasc dúshlánach don tráchtas seo: na bearnaí sin a líonadh agus faisnéisí eile a thabhairt chun solais i stair athbheochan na Gaeilge. Bhain an tráchtas seo úsáid as bunfhoinsí forleathan ar nós Miontuairiscí Chonradh na Gaeilge chomh maith le hailt agus tuairiscí i nuachtáin agus in irisí na linne. Léireofar na bunfhoinsí atá i gceist sa tráchtas seo níos déanaí sa réamhrá.

3. Stair Chonradh na Gaeilge agus Athbheochan na Gaeilge i dtréimhse faoi leith

Ba dhúshlán mór é taighde Aindriais Uí Chathasaigh, *Ré Nua Os Comhair na nGael?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939*¹⁶ a rinne mionscrúdú ar fhadhbanna a bhain leis an gConradh sna tríochaidí. D'áitigh Ó Cathasaigh go raibh easpa saineolais i leabhar Mhic Aonghusa faoi ghnéithe suntasacha den Chonradh sna 1930idí.¹⁷ Dhírigh an taighde sin go háirithe ar chonspóidí i measc Chonradh na Gaeilge sa tréimhse sin tríd iniúchadh a dhéanamh ar bhunfhoinsí forleathana i gcartlanna. Thug taighde Uí Chathasaigh treoir do chaibidil a trí den tráchtas seo ó thaobh staid an Chonartha agus tionchar na polaitíochta ar Chonradh na linne sin. Déanfaidh an tráchtas seo iniúchadh ar cheist na 'teanga

¹⁶ Aindrias Ó Cathasaigh, *Ré Nua os comhair na nGael?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009).

¹⁷ Ibid., lch. 111.

náisiúnta' agus ghluaiseacht Ghaeilge na linne sin i gcomhthéacs níos leithne lasmuigh den Chonradh, .i. polaitíocht náisiúnta faoi thionchar Éamon de Valera, an Chaitliceachas agus an Ghaelachas, mar shampla.

Bhí stair Chonradh na Gaeilge sa tréimhse a chuimsigh an tráchtas seo ar fáil i saothair daoine eile a raibh dlúthbhaint acu leis an gConradh. Maidir leis an tréimhse idir 1922 agus 1932, scríobh Aindrias Ó Muimhneacháin leabhar dar teideal *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922-1932*.¹⁸ Taighde muiníneach a bhí ann mar ní hamháin go raibh an leabhar bunaithe ar bhunfhoinsí éagsúla ar nós irisí, nuachtáin agus díospóireachtaí na Dála, ach bhí sé bunaithe ar fhoinsí príobháideacha ar nós páipéir an Chonartha agus ar eolas a bhí ag pearsana ghluaiseacht na Gaeilge. Cuireadh anailís chomparáideach shuntasach idir leagan Gaeilge agus leagan Béarla de Bhunrecht an Chonartha i mblianta luatha an Chonartha ar fáil sa leabhar sin, anailís nár dearnadh in aon saothar eile riamh.¹⁹ Níor thug an t-údar aon aird ar an téarma 'national language' a úsáideadh i leagan Béarla an Bhunreachta, áfach. Taispeánann sé sin nár thug baill Chonradh na Gaeilge féin aird ar bhrí an téarma sin. Cuirfidh an tráchtas seo béim ar thábhacht na dtéarmaí 'national language' nó 'teanga náisiúnta' agus ar an idé-eolaíocht ar leith a bhain leo. Forbróidh an tráchtas seo anailís Uí Mhuineacháin ar bhunaidhm Chonradh na Gaeilge .i. caomhnú agus chur chun cinn na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann.

Saothar eile le húdar eile a bhí bainteach leis an gConradh ná, *Téid Focal le Gaoith* ag Proinsias Mac an Bheatha.²⁰ Bhí stíl dhírbheathaisnéiseach ag an

¹⁸ Aindrias Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922-1932*, (Corcaigh: Cló Mercier, [1974]).

¹⁹ Feic, *ibid.*, lgh. 54-55.

²⁰ Proinsias Mac an Bheatha, *Téid Focal le Gaoith*, (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo., 1967).

leabhar sin a chuimsigh tréimhse chaoga bliain ó 1910 ar aghaidh go háirithe, agus cuireadh béim ar an tréimhse tar éis na bliana 1940 nuair a bhí sé ar dhuine de na ceannairí ar ghluaiseachtaí éagsúla don Ghaeilge. Thug an leabhar sin mionsonraí pearsanta faoi stair athbheochan na Gaeilge. Toisc go raibh sé bunaithe ar chuimhne an údair féin, áfach, cuireadh béim ar ábhair faoi leith go míchothrom. Mar shampla, maidir le tús na ndaichidí, cé go raibh baint aige le bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, níor phléigh sé é sin ach ar aon leathanach amháin sa leabhar sin. Ar an taobh eile, rinne sé go leor tagairtí de ghníomhaithe d'eagraíochtaí eile a raibh sé mar cheannaire orthu. Níor míníodh aon nasc idir bunú na Comhdhála agus na n-eagraíochtaí eile, áfach. Déanfaidh an tráchtas seo iarracht an bhearna sin i stair ghluaiseacht na Gaeilge a líonadh.

4. Gaeilge agus polaitíocht an stáit

Cé go raibh tionchar pholasaí an stáit in athbheochan na Gaeilge an-láidir sa tréimhse atá faoi chaibidil sa tráchtas seo, níl sé i gceist ag an tráchtas seo mionscrúdú a dhéanamh ar pholasaí teanga an stáit féin. Tá tuiscint ar pholasaí teanga an stáit, áfach, tábhachtach chun staid na Gaeilge sa tréimhse atá i gceist a iniúchadh. Tá taighde cuimsitheach ar an ábhar sin déanta cheana agus thug an taighde sin treoir agus d'ardaigh sé ceisteanna tábhachtacha don tráchtas seo. Maidir le polasaithe teanga na rialtas éagsúla ón gCéad Dáil ar aghaidh, rinne Seán Ó Riain iniúchadh orthu sa leabhar *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*.²¹ Mhionscrúdaigh an saothar sin gach réimse de pholasaí teanga an stáit ó thaobh theoiric na pleanála teanga de. Thug sé léargas forleathan ar an ábhar agus

²¹ Seán Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*, (Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge, 1994).

b'ábhar suntais é gur thug sé aird ar stádas na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann agus ar dhearcadh Éamon de Valera faoi.²² Níor bhain an díospóireacht sin ach leis an gcomhthéacs dlí amháin, áfach, agus níor tugadh mórán airde ar an gcomhthéacs stairiúil a bhí ag baint le úsáid an téarma sin. Léireoidh an tráchtas seo go bhfuil níos mó tábhachta ag baint leis an téarma 'teanga náisiúnta' i gcomhthéacs na staire agus na hidé-eolaíochta, agus go bhfuil ceangal láidir ann idir an téarma sin agus fealsúnacht de Valera i leith na teanga.

Saothar tábhachtach eile ar an ábhar sin ná: "State Policy and the Revival of the Irish Language 1922-1948", tráchtas Ph.D. le Bronagh Mairéad Allison.²³ Mhionscrúdaigh an taighde sin athbheochan na Gaeilge i gcomhthéacs pholasaí teanga agus reachtaíocht teanga an stáit. Rinne an taighde sin iniúchadh ar ábhair a bhaineann leis an tráchtas seo, mar shampla, Conradh na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta, an bhaint a bhí ag de Valera le polasaí stáit i leith athbheochan na Gaeilge agus stádas na Gaeilge i mBunreacht Shaorstát Éireann agus i mBunreacht na hÉireann. Níor thug an taighde sin mórán airde ar úsáid fhoinsí Gaeilge, áfach. Dá bharr sin, cuireadh cosc ar anailís maidir le himpleachtaí an dá theanga i gcur i gcrích an pholasaí teanga. Mar shampla, cé gur áitigh Allison gur cuireadh an 'national language' i bhfeidhm i mBunreacht Shaorstát Éireann, phléigh sí é i gcomhthéacs an Bhéarla amháin agus gan an leagan Gaeilge de a lua. Sa tráchtas seo, déanfar mionscrúdú ar mhúnú idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' go mion i gcomhthéacs na Gaeilge mar aon le comhthéacs an Bhéarla. Pléifidh an tráchtas seo go raibh úsáid an téarma 'teanga náisiúnta' i litríocht na Gaeilge faoi thionchar úsáid an téarma 'national language' i

²² Ibid., lgh. 25-27.

²³ Bronagh Mairéad Allison, "State Policy and the Revival of the Irish Language 1922-1948", (Tráchtas Ph.D, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, 1999).

litríocht an Bhéarla. Áiteoidh an tráchtas seo an pointe sin i gCaibidil a hAon go háirithe.

Modheolaíocht an taighde

Ba é mionscrúdú ar bhunfhoinsí forleathana na linne sin ar nós paimfléid, irisí, nuachtáin agus cáipéisí éagsúla i mbailiúcháin agus i gcartlanna éagsúla, idir Ghaeilge agus Bhéarla atá mar chuid lárnach de mhodheolaíocht an taighde seo. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an modheolaíocht seo chun iniúchadh a dhéanamh ar bhuanú agus ar fhorbairt ghluaiseacht na Gaeilge sa tréimhse áirithe sin go cróineolaíoch. Ba iad na bunfhoinsí atá luaite thuas na foinsí ab fhearr chun dátaí, míonna nó blianta na hócáidí a chinntiú agus chun ainmneacha daoine nó eagraíochtaí a bhain leis na hócáidí a aimsiú. Toisc gur bhain formhór na n-alt agus na gcaipéisí a ceadaíodh don tráchtas seo leis an tréimhse roimh chaighdeánú na Gaeilge, bhí éagsúlacht litrithe agus gramadaí le feiceáil iontu. Nuair a dhéantar tagairt dhíreach sa tráchtas seo, breactar síos téacsanna go dílis gan aon athrú a chur ar an litriú ná ar ghramadach na mbunfhoinsí, seachas an litir ‘h’ a úsáid in ionad ponc séimhithe agus an focal ‘agus’ a úsáid in ionad gearrscríobh ‘7’ mar a bhí sa seanchló.

Maidir leis na bailiúcháin agus na cartlanna a iniúchadh don tráchtas seo, déantar liosta na gcartlanna agus tugtar tuairisc ar an tábhacht a bhaineann leo mar seo a leanas:

1. Bailiúcháin Speisialta, Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Is iad na bailiúcháin sin ba mhinice a úsáideadh don tráchtas seo, de bhrí ní hamháin go bhfuil na bailiúcháin suite in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ach freisin go bhfuil bailiúcháin mhóra acu de thréimhseacháin na Gaeilge a bhaineann leis an tréimhse atá i gceist sa tráchtas seo. Ceadaíodh tréimhseacháin fhorleathana mar shampla, *Irisleabhar na Gaeilge, An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae, an tUlltach, An Reult, Ar Aghaidh, An t-Éireannach* agus *An Glór*. Leis na bailiúcháin sin a úsáid, is féidir taighde comparáideach idir na tréimhseacháin éagsúla a dhéanamh. Ceadaíodh freisin sean-eagrán d'iris Ghaeilge na hOllscoile, *An t-Irisleabhar Coláiste na Gaillimhe* de bhrí go dtugann an iris eolas luachmhar ar shuimeanna pearsanta ag lucht na Gaeilge i nGaillimh, Liam Ó Buachalla mar shampla, a raibh dlúthbhaint acu le gluaiseachtaí náisiúnta don Ghaeilge.

2. Bailiúchán Lámhscríbhinní, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Tá bailiúchán stairiúil fairsing d'ábhar Chonradh na Gaeilge ar fáil sa Leabharlann Náisiúnta, ó lámhscríbhinní go hábhar foilsithe. Ina measc, is iad Miontuairiscí Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge ceann de na bunfhoinsí is tábhachtaí don tráchtas seo. Tá tábhacht ar leith ag baint leo mar go dtugann siad ní hamháin cuntais ar imeachtaí an Chonartha féin, ach eolas ar ghluaiseacht na Gaeilge agus tuairimí an Chonartha fúthu. Tá dátaí cruinne curtha le formhór na gcáipéisí agus chabhraigh siad le mionscrúdú a dhéanamh ar imeachtaí ghluaiseacht na Gaeilge sa chomhthéacs ceart i stair na hathbheochana don tráchtas seo.

3. Cartlann Náisiúnta na hÉireann

Tá bunfhoinsí éagsúla a bhaineann le gluaiseacht na Gaeilge, rialtas na hÉireann agus ceannairí na tíre i leith cheist na Gaeilge ar fáil sa Chartlann Náisiúnta. Tá eolas riachtanach don tráchtas seo scaipthe sna fochomhaid faoi Chomhad Roinn an Taoisigh, go háirithe. Úsáideadh sraith fhochomhad ‘Advancement of Irish’ agus ‘Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge’ sa chomhad seo chun iniúchadh a dhéanamh ar bhunú na Comhdhála: sholáthair an chéad cheann mioneolas faoin gceangal idir an rialtas agus gluaiseacht na Gaeilge ó lár na 1930idí ar aghaidh agus an dara ceann eolas ar bhunú na Comhdhála. Ceadaíodh freisin Comhad Dháil Éireann ‘Report of Ministry of the National Language’ go háirithe, chun scagadh a dhéanamh ar staid na ‘teanga náisiúnta’ sa Chéad Dáil Éireann. Scrúdaíodh toradh an taighde mar aon le díospóireacht na Dála agus an tSeanaid atá ar fáil anois ar líne.²⁴

4. Leabharlann Uí Chriagáin, Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Cé go bhfuil bailiúchán mór d’ábhar Chonradh na Gaeilge ar fáil sa Leabharlann Náisiúnta, tá bearna ann fós sa bhailiúchán sin. Aimsíodh ceann de na cáipéisí ba shine ar pholasaí Chonradh na Gaeilge agus leaganacha luatha de Bhunreachtanna an Chonartha i Leabharlann Uí Chriagáin: *Connradh na Gaedhilge: ár n-a chur ar bun leis an nGaedhilg do chongbháil d’á labhairt in nÉirinn* a foilsíodh in 1894, cóipeanna de Bhunreachtanna Chonradh na Gaeilge 1900 agus 1902. Tá tábhacht áirithe ag baint leis na cáipéisí don tráchtas seo: tá cuid de na cáipéisí dátheangach agus tugann siad sampla maith d’úsáid na dtéarmaí ag Conradh na Gaeilge idir dhá leagan, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla,

²⁴ Feic, <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie>

ag deireadh an naoú haois déag agus i dtús an fichiú haois.

5. Cartlanna agus Leabharlanna eile a bhaineann leis an tráchtas seo

Chomh maith leis na cartlanna agus na bailiúcháin thuas, baineadh úsáid as ábhar a bhí sna cartlanna agus sna leabharlanna seo a leanas: An Chartlann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Cartlann na Deoise, Ard-Deoise Átha Cliath; Leabharlann na Breataine.

Tá An Chartlann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, dírithe ar bhailiúchán de pháipéir phríobháideacha de phearsana agus d'eagrais i nua-stair na hÉireann go háirithe. Ina measc, is iad Éamon de Valera agus Earnán de Blaghd atá bainteach leis an tráchtas seo. Maidir le Páipéir de Valera, áfach, mar a d'áitigh Bronagh Mairéad Allison, is beag eolas a nocht na páipéir faoi shuim de Valera sa Ghaeilge.²⁵ Dá bharr sin, chun de Valera agus a cheangal le gluaiseacht na Gaeilge a mhionscrúdú, d'úsáid mé foinsí éagsúla ar nós irisí, nuachtáin agus cáipéisí an rialtais i gCartlann Náisiúnta na hÉireann, mar shampla. Maidir le Páipéir de Blaghd, tá cáipéisí forleathana éagsúla maidir lena bhaint le gluaiseacht na Gaeilge ó lár na 1910idí ar fáil ann. Ina measc, baineadh úsáid as páipéir maidir le Cumann Gaedhealach na hÉireann i lár na 1930idí chun imeachtaí an chumainn a scrúdú. Bhí an t-eolas sin úsáideach mar is beag eolas faoin gcumann atá ar fáil i bhfoinsí eile.

Cé nár ceadaíodh ach cáipéis amháin, tá an tábhacht ag baint le Cartlann na Deoise, Ard-Deoise Átha Cliath, don tráchtas seo. Is í sin litir ó de Valera a cuireadh chuig Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, Seán Séarlas Mac Uaid, cúpla lá roimh bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Léiríonn an litir seo an bhaint

²⁵ Allison, "State Policy and the Revival of the Irish Language", lch 5.

láidir a bhí idir an stát agus an Eaglais i leith bhunú na Comhdhála. Creidim gurb eolas suntasach é nár tugadh chun solais roimhe seo.

Cé nár ceadaíodh ach cáipéis amháin i Leabharlann na Breataine, tá tábhacht mhór ag baint leis an leabharlann seo freisin. Tá bailiúchán leathan ábhar Nua-Ghaeilge ag Modern Irish Collections ag an leabharlann. Tá formhór na n-ábhar sa bhailiúchán sin bainteach le stair agus le litríocht i mBéarla, ach tá ábhar sa Ghaeilge ar fáil ina measc freisin. Tá leagan áirithe de Bhunreacht Chonradh na Gaeilge, leagan 1905, ag an mbailiúchán sin: an leagan nach raibh mé in ann a aimsiú i gcartlanna nó i leabharlanna in Éirinn. I measc leaganacha éagsúla an Bhunreacht, tá an leagan sin tábhachtach chun éabhlóid an téarma ‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs na Gaeilge a fhiosrú. Tá an leagan sin neamhchosúil leis an gcuid eile mar úsáideadh an téarma ‘teanga náisiúnta’ in ionad ‘teanga thírúil’, an téarma a úsáideadh i leaganacha eile.

Leagan amach an tráchtais

Roinntear an tráchtas seo ina cheithre chaibidil agus tá trí nó ceithre rannóg i ngach caibidil. Tá na caibidlí, na rannóga agus an plé cóirithe in ord cróineolaíoch go bunúsach, mar go bhfuil an comhthéacs ama tábhachtach don tráchtas seo. I ngach caibidil, díreofar aird ar na buaicphointí cinniúnacha i stair ghluaiseacht na Gaeilge, mar shampla, 1893, 1915 agus 1916 i gCaibidil a hAon, 1919 agus 1922 i gCaibidil a Dó, 1932 agus 1937 i gCaibidil a Trí agus 1943 i gCaibidil a Ceathair.

Féachfar i gCaibidil a hAon le bunús na dtéarmaí ‘national language’ agus ‘teanga náisiúnta’ in Éirinn sa naoú haois déag agus i dtús an fichiú haois a mhíniú agus déanfar scagadh ar an gceangal idir forbairt an choincheapa sin

agus forbairt ghluaiseacht na Gaeilge i gcomhthéacs pholaitíocht náisiúnta na linne sin. Sa chéad rannóg, scrúdófar úsáid na dtéarmaí sin i mblianta tosaigh na hathbheochana, i gcomhthéacs Thomáis Dáibhis, Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge agus Aontacht na Gaeilge. Sa dara rannóg, tabharfar aghaidh ar bhunú Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Scrúdófar bunú agus forbairt idé-eolaíocht an Chonartha i leith na Gaeilge mar ‘teanga náisiúnta’ suas go dtí tús an chéid seo caite. Bhí úsáid an téarma ‘national language’/‘teanga náisiúnta’ doiléir ag an am sin agus bhí siar is aniar le focail eile, ‘teanga dhúchais’ agus ‘teanga thírúil’. Chun an staid sin a iniúchadh, déanfar comparáid idir leaganacha éagsúla de Bhunreacht an Chonartha agus scrúdófar an téarma de réir mar a d’úsáid lucht athbheochan na Gaeilge, Dubhghlas de hÍde agus Eoin Mac Néill san áireamh é. Sa tríú rannóg, pléifear an choimhlint a bhí idir an chuid pholaitiúil agus an chuid neamhpholaitiúil i ngluaiseacht na Gaeilge, tuiscintí ag Pádraig Mac Piarais agus de hÍde ar an teanga agus an náisiún, agus ‘polaitiú’ Chonradh na Gaeilge roimh agus tar éis Éirí Amach na Cásca. Is í argóint na caibidle seo ná gur cruthaíodh an bunús den idé-eolaíocht áirithe a shamhlaigh an Ghaeilge mar an ‘national language’/‘teanga náisiúnta’, an teanga do phobal na hÉireann nó náisiún Éireannach go léir.

I gCaibidil a Dó, scrúdófar staid na Gaeilge agus polaitíocht in Éirinn idir 1917 agus 1932, an tréimhse roimh agus tar éis ar glacadh leis an nGaeilge mar an ‘national language’ agus an ‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs na Gaeilge go hoifigiúil faoin rialtas dúchais. Sa chéad rannóg, déanfar iniúchadh ar chur chun cinn na Gaeilge mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann faoin gCéad Dáil Éireann a bunaíodh sa bhliain 1919 agus Dáil Éireann ina dhiaidh sin i dtús na 1920idí. Faoin am sin, ba é Éamon de Valera duine de na polaiteoirí ba shuntasáí i

gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge agus cuirfear béim air ón gcaibidil seo ar aghaidh. Chuaigh go leor de bhaill an Chonartha isteach sa saol polaitíochta, ach ag an am céanna, tháinig meath ar ról Chonradh na Gaeilge. Sa dara rannóg, pléifear iarracht an Conradh a athbheochan agus a argóintí i leith a phríomh-aidhm, athbheochan na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann. Déanfar scagadh ar an gcúis gur thug an Conradh tacaíocht do de Valera. Bhí plé ann i measc lucht tacaíochta an rialtais eagraíocht náisiúnta nua a bhunú in ionad an Chonartha agus bhí an Conradh i mbaol. Sa rannóg dheireanach, pléifear cén tionchar a bhí ag polaitíocht pháirtí ar ghluaiseacht na Gaeilge. Tháinig páirtí polaitíochta nuabhunaithe ar an bhfód le de Valera .i. Fianna Fáil, gar de dheireadh na 1920idí agus thug an Conradh tacaíocht dá pholasaí teanga. Nuair a tháinig Fianna Fáil i gcumhacht in 1932, bhí dóchas mór ag an gConradh go mbeadh dul chun cinn mór in athbheochan na Gaeilge agus nach mbeadh baol ann gluaiseacht Ghaeilge nua a dhéanamh. Áiteoidh sa chaibidil seo gur láidríodh an ceangal idir gluaiseacht na Gaeilge, an pholaitíocht náisiúnta agus an pholaitíocht pháirtí sa tréimhse sin chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an náisiúin agus gur ghlac de Valera páirt lárnach sa phróiseas sin.

Tá sé i gceist ag Caibidil a Trí cur chun cinn na ‘teanga náisiúnta’ mar chuid d’aidhmeanna náisiúnta i dtúsré de Valera a iniúchadh. Tháinig de Valera i gcumhacht i dtús na bliana 1932 agus go gearr ina dhiaidh sin, thosaigh sé ag cur chun cinn na Gaeilge mar ‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs Éire Chríostaí agus Ghaelach. Pléifear na hiarrachtaí sin agus na hidé-eolaíochtaí a bhain leo sa chéad rannóg. Sa dara rannóg, déanfar scagadh ar an bplé maidir le sainmhínithe a thabhairt ar an ‘teanga náisiúnta’ ag ball Chonradh na Gaeilge ar dtús, agus scrúdófar cumainn na Gaeilge a bunaíodh taobh amuigh den Chonradh ag an

tréimhse sin agus a gceangail leis an bpolaitíocht náisiúnta. Sa tríú rannóg, déanfar scagadh ar stádas na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ i gcomhthéacs an Bunreacht nua a achtaíodh in 1937. Ansin, léireofar tuiscint a bhí ag de Valera ar an nGaeilge sa dara leath de na tríochaidí. I gcomhthéacs Aimsir na hÉigeandála, cheangail sé ceist na Gaeilge agus ceist chosaint an náisiúin lena chéile. Is sa chomhthéacs céanna seo a chíofaí an rannóg dheireanach tuiscint ghluaiseacht náisiúnta na linne, Muintir na Tíre, ar an nGaeilge agus ar an nGaelachas. Pléifear suim de Valera agus lucht na Gaeilge i bhfealsúnacht Mhuintir na Tíre ar chur chun cinn na ‘teanga náisiúnta’ mar eagraíocht deonacha náisiúnta.

Sa chaibidil dheireanach Caibidil a Ceathair, féachfar ar chúlra bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus ar thionchar thuairim Éamon de Valera i leith ghluaiseacht na Gaeilge agus chur chun cinn na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’. Bhí dream áirithe i measc lucht na Gaeilge a bhí ag iarraidh gluaiseacht náisiúnta nua don Ghaeilge a bhunú ó lár na 1930idí. Sa chéad rannóg, scrúdófar moltaí a tháinig ó Chumann Gaelach na hÉireann chun bord nó coimisiún don Ghaeilge a bhunú faoi choimirce rialtas de Valera agus moltaí eile de chuid Leon Ó Dubhghaill maidir le gluaiseacht nua don Ghaeilge a bhunú. Sa dara rannóg, scrúdófar freagra de Valera i leith na moltaí sin agus déanfar scagadh ar an chúis ar socraíodh comheagras nua do ghluaiseacht na Gaeilge a bhunú. Bhí de Valera ag cur béime ar státsheirbhísigh maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn, ach sa tréimhse sin léirigh sé a shuim mhór i ngluaiseacht náisiúnta nua don Ghaeilge a bhunú, an ghluaiseacht a spreagfadh an pobal an teanga a chur chun cinn. Sa rannóg dheireanach, déanfar scagadh ar imeachtaí a bhí ann idir Féile leathchéad bliain Chonradh na Gaeilge i mí Iúil 1943 agus bunú

Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge i nDeireadh Fómhair 1943. Áiteofar cén chaoi ar úsáid gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta bunú na Comhdhála chun ceangal idir an stáit, an pobal agus an Eaglais a láidriú ar son na 'teanga náisiúnta' agus cén tairbhe a bhain siad as.

Leis an mionscrúdú sa cheithre chaibidil thuas faoi bhunús na 'teanga náisiúnta' in Éirinn, faoi ghluaiseacht na Gaeilge agus polaitíocht náisiúnta, faoin 'teanga náisiúnta' i gcomhthéacs thúsre de Valera agus faoi bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, léireoidh an tráchtas seo an próiseas inar ghlac lucht athbheochana na Gaeilge leis an téarma 'teanga náisiúnta' mar nóisean coitianta agus inar chruthaigh an nóisean sin ceangal láidir idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla chun athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn mar thionscadal náisiúnta. Shamhlaigh an idé-eolaíocht sin an Ghaeilge mar eilimint bhunriachtanach do náisiúntacht Éireannach agus náisiúntacht na tíre, seachas mar theanga dhúchais ar a raibh seilbh ag na cainteoirí dúchais agus ag pobal na Gaeilge. Is í argóint an tráchtais seo gur thug an idé-eolaíocht sin bunús le buanú agus le forbairt ghluaiseacht na Gaeilge faoi thionchar láidir na polaitíochta náisiúnta.

Caibidil 1

Athbheochan na Gaeilge mar Theanga Bheo agus mar ‘National Language’ nó mar ‘Theanga Náisiúnta’

Réamhrá

Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Murab ionann is na heagraíochtaí agus na cumainn eile a bhí ann in imeacht an naoú haois déag a raibh aidhmeanna ársaíochta agus scolártha acu, bhí aidhm phraiticiúil ag an gConradh an Ghaeilge a chaomhnú agus a leathnú mar theanga labhartha i measc an phobail i sochaí chomhaimseartha na hÉireann. Gan dabht, ba é bunú an Chonartha an cor cinniúnach i stair athbheochan na Gaeilge.

Bhí tábhacht eile ag baint leis freisin, áfach. Is é sin, de bharr bhunú an Chonartha gur cuireadh tuiscint chun cinn gurb í an Ghaeilge an ‘national language’ nó ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann. Bhí athbheochan na Gaeilge mar an ‘national language’/‘teanga náisiúnta’ mar chuid den tionscadal náisiúnta a bhí mar aidhm ag rialtas dúchasach na hÉireann a bunaíodh blianta níos déanaí. Déanfar iniúchadh sa chaibidil seo ar impleachtaí polaitiúla a bhain le hathbheochan na Gaeilge mar an ‘national language’/‘teanga náisiúnta’ ó thaobh na téarmaíochta agus na hidé-eolaíochta de agus ar an gceangal idir forbairt an choincheapa sin agus forbairt ghluaiseacht na Gaeilge i gcomhthéacs pholaitíocht náisiúnta i mblianta tosaigh Chonradh na Gaeilge.

Chun an t-iniúchadh seo a dhéanamh, roinntear an chaibidil seo ina trí rannóg. Sula bpléitear fealsúnacht Chonradh na Gaeilge sna blianta tosaigh, is gá bunús

an téarma ‘national language’/‘teanga náisiúnta’ in Éirinn sa naoú haois déag a iniúchadh. Sa chéad rannóg, scrúdófar an téarma seo chomh maith le féachaint ar an úsáid a bhain Tomás Dáibhis agus Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge as an téarma. Sa dara rannóg, déanfar iniúchadh ar bhunú agus ar fhorbairt idé-eolaíocht Chonradh na Gaeilge ó thaobh na Gaeilge de mar theanga don náisiún Éireannach suas go dtí deireadh an naoú haois déag. Sa rannóg dheireanach, pléifear tionchar na hidé-eolaíochta sin agus na polaitíochta ar athbheochan na Gaeilge roimh agus tar éis Éirí Amach na Cásca. Tá sé i gceist ag an gcaibidil seo ó thaobh scagadh na dtrí rannóg de, anailís a dhéanamh ar thuiscintí faoin nGaeilge mar theanga an náisiúin a d’úsáid gluaiseacht na Gaeilge agus ar thionchar na dtuiscintí sin ar pholaitíocht na gluaiseachta roimh bhunú rialtas dúchais na hÉireann.

1-1 Tús Athbheochan na Gaeilge mar Theanga Bheo agus mar ‘National Language’ nó ‘Teanga Náisiúnta’

Thart ar an mbliain 1840, bhunaigh Tomás Dáibhis “Éire Óg”, gluaiseacht chultúrtha agus pholaitíochta in éineacht le beirt náisiúnaithe eile, Charles Gavan Duffy agus John Blake Dillon. Ba Phrotastúnach é Dáibhis agus ar an taobh eile, ba Chaitliceach iad an bheirt eile. Bhí sé beartaithe acu náisiún Éireannach a athbhunú le hionannas comhtháite mar náisiúntacht ‘Éireannach’ ina mbeadh ról le himirt ag Caitlicigh agus ag Protastúnaigh, Gael-Éireannaigh agus Angla-Éireannaigh.

I nDeireadh Fómhair na bliana 1842, bhunaigh siad nuachtán darbh ainm *The Nation* chun tuairimí tírghrácha agus náisiúnacha a chur chun cinn i measc an

phobail. Mhínigh siad aidhm an nuachtáin sa chéad eagarfhocal mar seo a leanas: "...National feelings, National habits, and National government, are indispensable to individual prosperity. This will be our task; and we venture to think we will perform it indifferently well."¹ Níor phléigh an nuachtán an Ghaeilge mar eilimint thábhachtach d'fhéiniúlacht choiteann na hÉireann ar dtús, ach gan mhoill, foilsíodh trí alt ar cheist na teanga. Ba é Tomás Dáibhis a scríobh na hailt sin. Foilsíodh an chéad alt in eagrán 18 Feabhra 1843 den nuachtán agus ba iad oideachas na hÉireann agus teanga na Gaeilge ábhar an ailt sin. Mhaígh an Dáibhiseach gur chuir an córas scoile náisiúnta feabhas mór ar shaol na hÉireann nuair a tugadh isteach é sa bhliain 1831 ach d'áitigh sé go raibh lochtanna móra ag baint leis freisin. Dar leis, ba locht mór é an córas sin toisc nár bhain sé leis an nGaeilge: "they are not *national*, they do not use the Irish language, nor teach anything peculiarly Irish."²

Tá an abairt thuas suntasach ó thaobh tuiscint ar náisiún agus ar theanga i gcomhthéacs an náisiúnachais in Éirinn: dearbhú a bhí ann ar an nGaeilge mar eilimint náisiúnta nár mhór do mhuintir na hÉireann go léir a bheith ina seilbh. Sé seachtaine ina dhiaidh sin, foilsíodh an dara halt faoin nGaeilge, alt dar teideal 'Our National Language' in *The Nation*. San alt, mhaígh Dáibhis gurbh í an Ghaeilge an eilimint ba thábhachtaí chun náisiún na hÉireann a shainiú, mar, a d'áitigh sé, gurbh ionann teanga an náisiúin a chailleadh agus an náisiún a dhíol amach. Mhínigh sé tábhacht an 'national language' mar seo a leanas:

A people without a language of its own is only half a nation...A nation should guard its language more than its territories – 'tis a surer barrier, and more important

¹ *The Nation*, 15/10/1842, lch. 9.

² *The Nation*, 18/02/1843, lch. 297.

frontier, than fortress or river...To lose your native tongue, and learn that of an alien, is the worst badge of conquest – it is the chain on the soul. To have lost entirely the national language is death.³

Faoi lár an naoú haois déag, tháinig leagan de náisiúnachas cultúrtha na hEorpa chun cinn in Éirinn agus bhí Dáibhis faoina thionchar sin. D'áitigh Cairtriona Ó Torna gur léir go raibh Dáibhis faoi thionchar Rómánsachas na Gearmáine, go háirithe, faoi thionchar fealsúnachta Johann Gottfried von Herder, fealsamh na Gearmáine.⁴ D'áitigh Brian Ó Conchubhair gur tháinig coincheap ar theanga agus ar náisiúntacht na hÉireann ó fhealsúnacht agus ó náisiúnachas cultúrtha na Gearmáine, go háirithe ó theoiric fhealsúna na nGearmánach, Johann Gottlieb Fichte agus Wilhelm von Humboldt i dtús an naoú haois déag. Maidir leis an téis, b'ionann spiorad an náisiúin agus an teanga agus glacadh leis an gcoincheap i measc lucht athbheochana na Gaeilge i dtréimhse níos déanaí mar a bhí le feiceáil sa mhana, "Tír gan teanga, tír gan anam".⁵ Bunaithe ar na tuiscintí sin, féachtar anois leis an téarma 'national language' a d'úsáid Dáibhis san alt thuas a mhíniú agus an tábhacht a bhí bainteach leis i gcomhthéacs na hÉireann a léiriú.

Sa lá atá inniu ann, is téarma coitianta é 'national language' i réimsí éagsúla den eolaíocht shóisialta cosúil leis an nua-stair, an pholaitíocht agus an t-oideachas. Toisc go bhfuil brí ilghnéitheach agus doiléir ag an téarma 'nation', is deacair sainmhíniú amháin coitianta ar an téarma 'national language' a aimsiú i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar shampla, sa bhliain 1953, thug UNESCO

³ 'Our National Language', *The Nation*, 01/04/1843, lch. 394.

⁴ Feic, Cairtriona Ó Torna, *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teo. 2005), lgh. 24-28.

⁵ Brian Ó Conchubhair, *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*, (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2009), lch. 13-14.

sainmhíniú air mar “language of a political, social and cultural entity.”⁶ Ansin, thug Joshua A. Fishman sainmhíniú eile ar an téarma i gcomhthéacs sochtheangeolaíochta: “language (or those languages) whose use is viewed as furthering sociocultural integration at the nationwide (hence “national”) level”.⁷ I gcomhthéacs na hÉireann, áfach, ní mhíneodh na sainmhínte mar atá thuasluaite amháin an bhrí atá leis an nGaeilge mar an ‘national language’. Maidir leis sin, bheadh sé oiriúnach úsáid a bhaint as sainmhínte Benedict Anderson ar náisiún agus ar theanga agus tuiscint Yeounsuk Lee ar na sainmhínte sin. Dar le Anderson, ba é “an imagined political community” an náisiún toisc gur shamhlaigh baill an náisiúin féin go raibh siad ceangailte le chéile agus ag roinnt tréithe coitianta áirithe lena chéile cé nár bhuail siad lena chéile riamh.⁸ Sa chomhthéacs sin, a d’áitigh sé, go raibh feidhm áirithe ag teanga “imagined communities” a chruthú agus dlúthpháirtíocht ar leith a bhunú i measc an phobail.⁹ D’áitigh Lee gur cruthaíodh fealsúnacht an ‘national language’ nuair a ceanglaíodh an dá phobal samhlaíthe, a luaigh Anderson, le chéile, an pobal mar náisiún agus an pobal a labhair teanga áirithe choitianta lena chéile.¹⁰ Dá bharr sin, is coincheap polaitiúil é an ‘national language’ a cruthaíodh de thoradh dlúthbhaint idir an pobal polaitiúil samhlaíthe agus an pobal teanga samhlaíthe. Chun athbheochan na Gaeilge sna tréimhsí a phléitear sa tráchtas seo a thuiscint, tá sé tábhachtach brí

⁶ Robert Phillipson, *Linguistic Imperialism*, (Oxford: Oxford University Press, 1992), lgh. 40-41.

⁷ Joshua A. Fishman, *Language in Sociocultural Change: Essays by Joshua A. Fishman, Selected and Introduced by Anwar S. Dil*, (California: Stanford University Press, 1972), lch. 215.

⁸ Benedict Anderson, *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism*, (leagan leasaithe), (Londain: Verso 1991), lch. 6.

⁹ *Ibid.*, lch. 133.

¹⁰ Yeounsuk Lee, *Kokugo toiu Shisou: Kindainihon no Gengo Ninshiki* [The Ideology of Kokugo: Nationalizing Language in Modern Japan], (Tóiceo: Iwanami Shoten, 1996), lch. iii.

an téarma ‘national language’ a mhionscrúdú sa chomhthéacs cuí in Éirinn.

In aimsir an Dáibhisigh, ba théarma nua í ‘national language’ in Éirinn mar tháinig an téarma sin chun cinn san Eoraip i ndeireadh an ochtú haois déag agus i dtús an naoú haois déag. D’áitigh an teangeolaí Katsuhiko Tanaka go bhféadfaí foinse an fhocail sa chiall nua-aoiseach a bheith le fáil i gcomhthéacs Réabhlóid na Fraince.¹¹ Thaispeáin sé go raibh an téarma ‘la langue nationale’ le feiceáil in óráid de chuid Lauthemas ag Tionól Náisiúnta in 1792. Ina óráid, d’áitigh Lauthemas gur ghá do gach pobal i bPoblacht na Fraince leas na poblachta a aithint, agus chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, gur ghá ‘la langue nationale’ a bheith ina seilbh ag gach pobal sa Fhrainc. Dúirt Lauthemas freisin i gcomparáid leis an ‘langue nationale’, an teanga fheidhmiúil agus shibhialaithe, gur “barbarie des siècle passés” iad canúintí agus teangacha eile sa Fhrainc.¹² Dá bhrí sin, ba theanga thábhachtach agus ghradamach í ‘la langue nationale’ agus bhí sí riachtanach do gach pobal an teanga sin a bheith acu mar phríomh-mheán cumarsáide. Mar thoradh ar sin, d’fhorbair easpa misnigh agus éadóchas i measc an phobail a bhí ag úsáid canúintí nó teangacha eile sa Fhrainc. Faoi fhealsúnacht na Réabhlóide, bhí ar gach pobal den náisiúntát nua-aoiseach teanga choitianta a bheith acu chun cothrom na Féinne do gach pobal sa stát a chomhlíonadh.

Sna tíortha ar nós na Fraince nó na Gearmáine, ní hamháin gur measadh go raibh gradam ag baint leis na teangacha sin, ach gur úsáideadh iad go forleathan i measc an phobail. Sna comhthéacsanna sin, úsáideadh na teangacha idir

¹¹ Katsuhiko Tanaka, *Gengo kara mita Minzoku to Kokka*, (Tóiceo: Iwanami Shoten, 1991), Ich. 233.

¹² Luaite ag Harald Haarmann, ‘Die sprachen Frankreichs: Soziologische und Politische Aspekte Ihrer Entwicklung’, i Harald Haarmann agus Michael Studemund (eag.), *Festschrift Wilhelm Giese*, (Hamburg: Helmut Buske, 1972), 295-340, Ich. 322.

polaiteoirí agus intleachtaigh mar ghnáth-theangacha cumarsáide. Ba iad na daoine sin a chruthaigh fealsúnacht an ‘national language’ agus a chuir polasaí teanga i bhfeidhm.

I gcás na hÉireann, ní raibh Gaeilge mar ghnáth-theanga i measc intleachtaigh agus ní raibh stádas gradamach ag baint leis an nGaeilge nuair a tháinig coincheap an ‘national language’ chun cinn. Is deacair a rá cén uair a baineadh úsáid as an téarma ‘national language’ nó ‘teanga náisiúnta’ i leith na Gaeilge don chéad uair in Éirinn. Tá cosúlacht mhór ann go raibh sé á úsáid i gcomhthéacs an Bhéarla ar dtús, áfach. Chun bunús na hidé-eolaíochta a bhaineann leis an téarma sin in Éirinn a rianú, breathnófar ar chorpas agus ar fhoclóirí na linne sin.

De réir *Corpas na Gaeilge, 1600-1882*, níor aimsíodh an frása ‘teanga náisiúnta’ (ná a mhacasamhail i litríthe éagsúla) ar chor ar bith sa bhunachar a bhfuil 705 téacs de phrós, filíocht agus téacsanna stairiúla áirithe ann.¹³ Cé go raibh níos mó ná 200 sampla d’úsáid an fhocail ‘náisiún’ idir an seachtú haois déag agus an naoú haois déag ar fáil i g*Corpas na Gaeilge*, ní raibh ach cúpla sampla d’úsáid an fhocail ‘náisiúnta’, an fhoirm aidiachtach den fhocal, ar fáil ann. Dar le Mícheál Mac Craith, bhí úsáid an fhocail ‘náisiún’ ar fáil i gcomhthéacs Éire mar náisiún Caitliceach i dtús an seachtú haois déag.¹⁴ D’áitigh sé go dtiocfadh an focal go hÉirinn ó litríocht Mhór-Roinn na hEorpa nó Vulgáid Laidine.¹⁵ Ba chosúil nach raibh an focal ‘náisiún’ ar cheann de na focail choitianta i litríocht Ghaeilge na linne sin, áfach. Ní fhacthas na focail ‘náisiún’ agus ‘náisiúnta’ i

¹³ Acadamh Ríoga na hÉireann, *Corpas na Gaeilge, 1600-1882*, (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 2004).

¹⁴ Mícheál Mac Craith, ‘Literature in Irish, c. 1550-1690: from the Elizabethan settlement to the Battle of the Boyne’, in Margaret Kelleher agus Philip O’Leary (eag.), *The Cambridge History of Irish Literature: Volume 1. To 1890*, (Cambridge: Cambridge University Press, 2006), 191-231, lch. 201.

¹⁵ *Ibid.*, lch. 208.

gceann de cheannródaithe na bhfoclóirí clóbhuailte Gaeilge-Béarla a tháinig amach go déanach san ochtú haois déag, *Foclóir Gaoidhilge-Sax-Bhéarla* a thiomsaigh John O'Brien.¹⁶ Foilsíodh an chéad fhoclóir Gaeilge-Béarla eile sa bhliain 1817 agus chuimsigh sé níos mó ná fiche míle focal nár iontráladh i bhfoclóirí Gaeilge go dtí sin. Bhí an dá fhocal ar fáil ann, ach tugadh míniú fíorshimplí ar na focail de réir aistriúchán simplí ó fhocal go focal mar seo: “Náisiún, s. m. a nation” agus “Náisiunta, a. national”.¹⁷

Ó thaobh foclóir Béarla-Gaeilge san ochtú haois déag, *The English-Irish Dictionary: An Foclóir Béarla Gaoidheilge* a foilsíodh sa bhliain 1732, bhí an focal ‘náisiunta’ ar fáil mar cheann de na bríonna den fhocal Béarla ‘national’. Ní raibh an focal ‘náisiún’ ar fáil mar cheann de na bríonna den fhocal Béarla ‘nation’, áfach:

Nation. *f.* Críoch, nó lucht na críche.

National. *adj.* bheanus lé críoch, nó le ríoghacht, tíorthamhuil, náisiunta.¹⁸

De réir na sainmhínte thuas, bhí brí gheografach mar thír agus pobal na críche sin ag baint leis na focail ‘nation’ agus ‘national’ agus b’ionann ‘national’ i mBéarla agus ‘náisiunta’ i nGaeilge. Bhí sainmhínte cosúil leis na sainmhínte thuasluaite ar fáil i bhfoclóir Béarla-Gaeilge eile a foilsíodh níos déanaí i dtús an

¹⁶ Feic, John O'Brien, *Foclóir Gaoidhilge-Sax-Bhéarla: An Irish-English Dictionary*, (Páras: N. F. Valleyre, 1768). Ar fáil ag <https://archive.org> (Ceadaithe 04/04/2015).

¹⁷ Feic, Edward O'Reilly, *Sanas Gaoidhilge-Sagsbhearla: An Irish-English Dictionary*, (Baile Átha Cliath: J. Barlow, 1817). Ar fáil ag <https://archive.org> (Ceadaithe 04/04/2015).

¹⁸ Conchobhar Ó Beaglaoich agus Aodh Bhuidhe Mac Cuirtin, *The English-Irish Dictionary: An Foclóir Béarla Gaoidheilge*, (Páras: Seamus Guerin, 1732). Ar fáil ag suíomh idirlín *Eighteenth Century Collections Online (ECCO)*, http://find.galegroup.com/ecco/retrieve.do?sort=Author&inPS=true&prodId=ECCO&userGroupName=nli_ttda&tabID=T001&bookId=0484801000&resultListType=RESULT_LIST&searchId=R1&searchType=AdvancedSearchForm&c (Ceadaithe 13/02/2015).

naoú haois déag freisin. Bhí na sainmhínte sin níos geografaí agus bunaithe ar smaoineamh ‘náisiún nua-aimseartha’. Seo a leanas na sainmhínte atá ar fáil i *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Schools*, a chuimsigh Thaddeus Connellan in 1814:

Nation, Críoch, Tír
National, Tíorthamhuil¹⁹

I lár an naoú haois déag, foilsíodh foclóir Béarla-Gaeilge eile do scoláirí dar teideal *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Students of the Irish Language*. Rud suntasach ab ea gur cuireadh treise ar shainmhínte cine don fhocal ‘nation’:

Nation, s. cineadh, fine, pobal, luchd críche, ríoghachd.
National, *adj.* Tíorthamhuil, náisiúnta, pobalach.²⁰

Léiríonn an fhianaise thuas go raibh úsáid na bhfocal ‘nation’ agus ‘national’ i litríocht an Bhéarla níos coitianta ná úsáid na bhfocal ‘náisiún’ agus ‘náisiúnta’ i litríocht na Gaeilge sa tréimhse sin. Bhí na focail Bhéarla, ‘nation’ agus ‘national’ coitianta faoin ochtó haois déag chun náisiún agus eilimintí náisiúnta sa chiall nua-aimseartha a léiriú. D’fhéadfaí a rá gur tosaíodh ag úsáid an téarma i mBéarla ‘national language’ sular tosaíodh ag úsáid an téarma ‘teanga náisiúnta’ i nGaeilge.

¹⁹ Thaddeus Connellan, *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Schools*, (Baile Átha Cliath: Graisberry & Campbell, 1814).

²⁰ Daniel Foley, *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Students of the Irish Language*, (Baile Átha Cliath: William Curry and Company, 1855). Ar fáil ag <https://archive.org>. (Ceadaithe 12/02/2015).

Ar an ábhar sin, d'fhéadfaí a rá freisin gurbh é an t-alt i mBéarla le Tomás Dáibhis 'Our National Language' ceann de na chéad dearbhuithe ar an nGaeilge mar 'national language' na hÉireann. Is gá an téarma i mBéarla 'national language' a úsáid ag an bpointe seo, mar níor chosúil go raibh an Ghaeilge mar 'theanga náisiúnta' á plé i gcomhthéacs Gaeilge na linne sin faoin am sin. Ní raibh sé mar aidhm ag an nDáibhiseach, áfach, an 'national language' a thaispeáint mar théarma nua nó aitheantas oifigiúil na Gaeilge mar 'national language' na hÉireann a chothú. Cé gur thug sé teideal gáifeach 'Our National Language' ar an alt, níor úsáid sé an téarma 'national language' ach dhá uair san alt sin. Ba é a bhí i gceist aige ná, Éire a thaispeáint mar náisiún speisialta le fuil Cheilteach agus le teanga Cheilteach a bhí an-difriúil ó náisiún na Sasanach. Nuair a bhí sainmhíniú ar an 'náisiún Éireannach' i gceist, chreid sé gur fhachtóirí cinniúnacha iad teanga na Gaeilge agus an cúlra Ceilteach. Ag an am céanna, áfach, bhí sé den tuairim go raibh an 'náisiún Éireannach' tuillte ag sliocht 'Sean-Ghall'²¹ freisin, an sliocht Angla-Normannacha a shealbhaigh nósanna Gaelacha. D'áitigh sé go raibh fuil Cheilteach ag mórchuid den phobal in Éirinn nuair a cuireadh sliocht coilíneach na n-Albanach Ceilteach agus na mBreatnach Ceilteach san áireamh agus daoine de bhunús Ceilteach ach ar a raibh ainmneacha Gallda. Dá bhrí sin, a d'áitigh sé: "the members of the Celtic race here are immensely greater than at first appears."²² In 'Our National Language', thug Dáibhis sampla gur labhair sliocht na gcoilíneach an Ghaeilge roimh an gcúigiú haois déag mar gur mheasc a sinsir le

²¹ Chruthaigh teacht gabhálaí nua go hÉirinn ó Shasana tar éis na bliana 1534 dhá fhéiniúlacht i measc na Sasanach in Éirinn: Sean-Ghall, sliocht Angla-Normannacha agus a bheith ina gCaitliceach, agus Nua-Ghall, gabhálaí nua ina bProtastúnach agus sinsir den Chinsealacht. Feic, Steven G Ellis, *Ireland in the age of the Tudors 1447-1603: English Expansion and the End of Gaelic Rule*, (Londain: Longman, 1998).

²² 'Our National Language', *The Nation*, 01/04/1843, Ich. 394.

daoine Ceilteacha agus gur chleachtaigh siad nósanna Gaelacha.²³

Foilsíodh tríú halt an Dáibhisigh maidir le ceist na teanga i ndeireadh na bliana 1843. Ba é 'The Irish Language' teideal an ailt agus tugadh suntas don Ghaeilge arís mar theanga Cheilteach stairiúil. Aisteach go leor, níor úsáideadh an téarma 'national language' san alt sin. Mhol sé go hard an Ghaeilge mar theanga speisialta i measc na dteangacha Ceilteacha mar seo a leanas: "the most pure of the Celtic dialects", "vehicle of history, the wings of song, the soil of their genius" agus "mark and guard of nationality".²⁴ Mhol sé do lucht uasaicme agus intleachtóirí an Ghaeilge a fhoghlaim chun litríocht nua-aoiseach na Gaeilge a chur chun cinn agus a gcuid tacaíochta a thabhairt do Chumann Seandálaíochta na hÉireann a bunaíodh in 1840.²⁵ Don Dáibhiseach, b'eilimint shoiléir í sealbhú na Gaeilge chun idirdhealú a dhéanamh idir pobal an tsleachta Cheiltigh agus na coilínithe nua a tháinig isteach. Nuair a bhí gluaiseacht athbheochan na Gaeilge a tháinig blianta níos déanaí i gceist, áfach, ba dheacair a rá gurbh athbheochanóir Gaeilge é an Dáibhiseach. Cé go mbeadh sé ar dhuine de na náisiúnaithe a chuir tús le húsáid an téarma 'national language' don Ghaeilge, ní raibh Gaeilge aige féin chun an coincheap sin a thuiscint i gcomhthéacs na Gaeilge.

Ó thaobh chumainn litríochta nó scolártha na Gaeilge de, tháinig méadú orthu ó thús an naoú haois déag. Bunaíodh The Gaelic Society of Dublin²⁶ in 1807 agus The Ibero Celtic Society²⁷ in 1818. Bhí na cumainn sin go léir ag díriú ar chúrsaí

²³ Ibid.

²⁴ 'The Irish Language', *The Nation*, 30/12/1843, lch. 186.

²⁵ Ibid.

²⁶ Ba iad aidhmeanna an Gaelic Society of Dublin ná feabhas a chur ar thuiscint ghinearálta do litríocht agus ársaíocht na Éireann Gaelacha. Robert Welch (eag.), *Oxford Companion to Irish Literature*, (Oxford: Clarendon Press, 1996), lch. 209.

²⁷ Ba iad aidhmeanna an Ibero-Celtic Society ná sampla maith de litríocht na hÉireann sa seansaol a chaomhnú agus í a fhoilsiú de réir suimeanna in ársaíocht na dtiarnaí talún idir deireadh an ochtú haois déag agus tús an naoú haois déag. Ibid., lch. 247.

ársáochta na Gaeilge agus ar an Léinn Ceilteach. I lár an naoú haois déag, bunaíodh The Irish Archaeological and Celtic Society²⁸ ach bhí aidhmeanna ársaíochta agus scolártha acu sin freisin. Ba sa dara leath den aois sin a tháinig forbairt shuntasach ar ghluaiseacht na Gaeilge. I ndeireadh na bliana 1876, bunaíodh cumann nua, Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge. Bhí aidhm acu ní hamháin staidéar acadúil a dhéanamh ar an nGaeilge, ach úsáid na Gaeilge mar theanga bheo a chur chun cinn. D'iarr siad aitheantas don Ghaeilge sa chóras oideachais in Éirinn freisin. Bhí toradh maith ar an bhfeachtas nuair a glacadh leis an nGaeilge sna scoileanna náisiúnta mar ábhar breise in 1879.²⁹ Thart ar an am sin, áfach, scoilt Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge de bharr easaontais idir na baill éagsúla.³⁰

I lár na bliana 1879, shocraigh Dáithí Ó Coimín, An tAthair Eoin Ó Nualláin (John E. Nolan)³¹ agus a gcairde a bhí míshásta faoi staid Chumann Buan-choimeádta na Gaeilge an cumann a fhágáil.³² Bhunaigh na daoine sin a d'fhág Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge cumann nua darbh ainm Aontacht na Gaeilge chun obair níos feidhmiúla a dhéanamh trí iriseoireacht na Gaeilge

²⁸ Comhcheanglaíodh an Irish Archaeological Society (bunaithe in 1840) agus an Celtic Society (bunaithe in 1845) sa bhliain 1853 chun cumann nua sin, The Irish Archaeological and Celtic Society a bhunú. Ibid., lch. 263.

²⁹ "In 1879, the teaching of Irish outside ordinary school hours was permitted in national schools, fees being payable for such instruction." Adrian Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s-1970s*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2002), lch. 6.

³⁰ Bhí daoine mar Dáithí Ó Coimín ag iarraidh an teanga bheo a chur chun cinn ach baill eile an chumainn ag díriú ar an litríocht agus ar an ársaíocht. Bhí easaontais maidir le córais riaracháin an chumainn freisin. Feic, Risteard Ó Glaisne, *Dúbhglas de h-Íde, (1860-1949): Ceannródaí Cultúrtha 1860-1910*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1991), lch. 43.

³¹ Maidir le foirm Ghaelach dá ainm, "Is é 'Seán Ó Nualláin' an Ghaeilge ba dhóichí a chuirfí ar 'John Nolan', mar shampla, ach tá fhios i gcás an Athar John Nolan gurb é 'Eoin Ua Nualláin' a bhíodh aige féin i nGaeilge." Máirtín Ó Murchú, *Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge: Tús an Athréimnithe*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teo., 2001), lch. ii.

³² Breandán Ó Conaire, 'Dáithí Ó Coimín agus bunú Irisleabhar na Gaeilge: cuid a dó', *Comhar*, Bealtaine 1980, 21-26, lch. 22-23.

agus trí duaiseanna a bhronnadh ar scoláirí an Léinn Cheiltigh, mar shampla.³³ Bhí tús Aontacht na Gaeilge doiléir ach tionóladh an chéad chruinniú foirmiúil den Chomhairle in Eanáir na bliana 1882.³⁴ Ba é cuspóir Aontacht na Gaeilge ná: “the preservation and cultivation of the Irish language and its consequent extension as a spoken tongue.”³⁵ Thionóil siad cruinnithe go rialta agus rinne siad cuid dá ndíospóireachtaí trí mheán na Gaeilge amháin.³⁶

Thuig bunaitheoirí an chumainn nua, go háirithe, Dáithí Ó Coimín, an tábhacht a bhain le cur chun cinn chaint na ndaoine. Cúpla bliain roimh bhunú an Chumainn, bhí sé beartaithe aige iris Ghaeilge a fhoilsiú chun cúnamh a thabhairt d’fhorbairt léamh agus scríobh na Gaeilge i measc an phobail.³⁷ I Samhain na bliana 1882, bhunaigh Aontacht na Gaeilge iris dhátteangach *Irisleabhar na Gaedhilge* ar a raibh Dáithí Ó Coimín ina chéad eagarthóir. Dúradh go raibh ballraíocht Aontacht na Gaeilge oscailte do gach éinne³⁸, ach bhí an iris dírithe go háirithe ar an lucht liteartha agus ar mhúinteoirí: bhí dánta, scéalta agus ailt phróis san iris agus phléigh formhór acu le litríocht agus le hoideachas na Gaeilge. Bhí múineadh na Gaeilge ar an ábhar ba choitianta san iris freisin ón gcéad eagrán. Nocht luatheagrán na hirise fealsúnacht na mbunaitheoirí agus na mball gníomhacha, go háirithe Seán Pléimeann, Dáithí Ó Coimín agus An tAthair Eoin

³³ *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 4, 1883, Ich. 131.

³⁴ Máirtín Ó Murchú, *Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge*, Ich.79-81.

³⁵ Ó Conaire, ‘Dáithí Ó Coimín agus bunú Irisleabhar na Gaeilge: cuid a dó’, Ich. 23.

³⁶ “..discussion was initiated by Mr. Fleming on a passage in Keating’s “Three Darts of Death”...The discussion was taken part in by the Rev. Mr. O’Carroll, the Rev. Mr. Nolan, and Messrs Fleming, Comyn, Morris, O’Mulrenin, and Cusack; no English being allowed to be spoken. Some routine business having been also transacted...” ‘The Gaelic Union : Reports of Proceedings, ordinary meeting 21 April’, *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 7, 1883, Ich. 227.

³⁷ Breandán Ó Conaire ‘Dáithí Ó Coimín agus bunú Irisleabhar na Gaeilge’, *Comhar*, Aibreán 1980, 10-15, Ich. 15.

³⁸ Dúradh gur “truly Irish literary Legion of Honor” í *Irisleabhar na Gaeilge* agus “we are requested to state, in connection with this subject, that membership of the Gaelic Union is now within the reach of all”. *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 2, 1882, Ich. 53.

Ó Nualláin, maidir leis an riachtanas le hathbheochan na Gaeilge i sochaí chomhaimseartha na hÉireann.

Ba shampla maith é alt sa chéad eagrán d'*Irisleabhar na Gaeilge* dar teideal 'The teaching of Irish' a thaispeáin a ndearcadh ar an nGaeilge mar theanga bheo i measc phobal na hÉireann. Cé gur glacadh le teagasc na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta mar ábhar breise in 1879, measadh an Ghaeilge mar cheann de na teangacha iasachta mar aon leis an bhFraincis, an Ghréigis nó an Laidin sa chóras sin. Maidir leis an staid sin, d'áitigh an t-alt go raibh difríocht idir na teangacha iasachta agus an Ghaeilge mar theanga dhúchais: "For those who study Irish as a non-vernacular (we would not say a foreign) language, the methods would suit which are now employed in teaching other modern languages."³⁹

Ba é an dara sampla a thaispeáin dearcadh *Irisleabhar na Gaeilge* ar an nGaeilge ná alt sa chéad eagrán dar teideal 'An Ghaedhilig ins an Naomhadh Aois deug' ina raibh a gcuid moltaí don phobal a raibh Gaeilge acu ó dhúchas. Ba é Seán Pléimeann⁴⁰ a scríobh an t-alt sin. San alt, d'áitigh Pléimeann go raibh tábhacht leis an nGaeilge mar 'theanga dhúchais' an phobail áirithe: "...an t-aon t-slighe amháin céillidhe chun aos óg gan Béarla do mhúnadh agus is é sin, tre n-a d-teanga duthchais féin i d-tosach."⁴¹ D'aistrigh sé féin an t-alt go Béarla agus foilsíodh an leagan Béarla sa tríú heagrán den iris. Seo a leanas an leagan Béarla den abairt thuas: "...one sensible way of teaching children who do not speak

³⁹ *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 1, 1882, Ich. 15.

⁴⁰ Bhí Pléimeann ina bhall de Chomhairle Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge ó 1877 agus ina chathaoirleach trí huairé ag na cruinnithe sa bhliain 1882, ach de réir a chéile d'éirigh sé níos gníomhaí in Aontacht na Gaeilge. Ceapadh é mar dara eagarthóir ar *Irisleabhar na Gaeilge* in 1884. Bliain ina dhiaidh sin, scar sé leis an gCumann ach lean sé ina eagarthóir go 1891. Feic, Ó Murchú, *Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge*, Ich. 88.

⁴¹ *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 1, 1882, Ich.3.

English, and that is, in their own native language in the beginning.”⁴²

Is é an tríú sampla ón gcéad eagrán freisin ná tuairisc i mBéarla ar abairt an Athar Eoin Ó Nualláin, rúnaí oinigh Aontacht na Gaeilge, maidir le seasamh an chumainn: “Rev. John E. Nolan...purposes in an early number to recount the history of the movement set on foot by him for the preservation of our native language.”⁴³

Tugann comparáid idir na trí shampla thuas léargas suimiúil ar éabhlóid na hidé-eolaíochta i leith na Gaeilge. Roghnaigh údar an chéad ailt an abairt sin “a non-vernacular (we would not say a foreign) language” go cúramach chun an Ghaeilge a léiriú. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfaí a rá gur roghnaigh sé an abairt sin ionas go nglacfaí le Gaeilge go fabhrach ag an bpobal nach raibh an teanga acu agus ag an am céanna, go nglacfadh pobal na Gaeilge go fabhrach leis an abairt chomh maith.

Sa dara sampla, úsáideadh an abairt ‘a dteanga dhúchais féin’ in ómós do phobal na Gaeilge agus aistríodh í go Béarla mar “their own native language”. Bhí úsáid an téarma ‘teanga dhúchais’ i litríocht na Gaeilge coitianta: de réir *Corpas na Gaeilge: 1600-1882*, úsáideadh an téarma sin i bprós na Gaeilge i ngach tréimhse a cuimsíodh sa *Chorpas*. Is samplaí d’úsáid an téarma ‘teanga dhúchais’ idir an seachtú haois déag agus an naoú haois déag iad: “tteangain nduchais nadurtha féin (1639), “a theanga dhúthchais .i. an Ghaidheilge” (1704c), “teanga mhín mhúinte dhúchaiseach” (1824) agus “mo theanga dhílis dhúchais” (1847).⁴⁴

I gcomparáid leis an gcéad agus an dara sampla, áfach, tá ciall dhifriúil leis an tríú sampla. San abairt sin, úsáideadh an téarma ‘native language’ leis an aidiacht

⁴² *Irisleabhar na Gaeilge*, lml. I, Uimh. 3, 1883, lch. 84.

⁴³ *Irisleabhar na Gaeilge*, lml. I, Uimh. 1, 1882, lch. 20.

⁴⁴ Acadamh Ríoga na hÉireann, *Corpas na Gaeilge: 1600-1882*.

shealbhach sa chéad phearsa iolra ‘our’ agus measadh gur chuid d’oidhreacht do gach pobal in Éirinn í an Ghaeilge, beag beann ar a gcúlra teanga. D’fheadfaí a rá go raibh brí leis an abairt anseo cosúil leis an mbrí le ‘our national language’ a d’úsáid Tomás Dáibhis. Ní raibh na téarmaí ‘national language’ nó ‘teanga náisiúnta’ le feiceáil, áfach, ar ailt na hirise i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge ag an bpointe sin.

Ní raibh sé mar bhunaidhm ag an Aontacht an Ghaeilge a athbheochan mar ‘national language’ na hÉireann. Chonaic an Bhreatain, áfach, Aontacht na Gaeilge mar eagraíocht a chuir an Ghaeilge mar theanga an náisiúin chun cinn. Sa chéad eagrán d’*Irisleabhar na Gaeilge*, cuireadh athchló ar alt faoin Aontacht a tháinig amach ar *The Times* mí roimhe sin. Phléigh an t-alt le hAontacht na Gaeilge mar seo a leanas:

The Gaelic Union, however, is not at all satisfied to devote itself to an archaeological inquiry. Its purpose is to recall the common employment of Irish as a medium of communication...They hope to restore Irish for use in the inner circle to which they would reserve liberty for Irish nationality to retire, without excluding itself from full participation in the advantages of membership in the larger community of the British Empire...⁴⁵

Níor áitigh an t-alt gur bhagairt mhór ar riail na Breataine iad na cumainn Ghaeilge ar nós na hAontachta. Phléigh an t-alt, áfach, staid na Gaeilge go searphasach mar seo a leanas:

The British connexion, though it has not conciliated the affections of Irishmen, has reconstructed Irish existence and nationality on a model to which the ancient Irish language is alien. Gaelic does not express modern Irish wants and ideas. They are

⁴⁵ *The Times*, 04/10/1882, lch. 9.

expressed by English...In deprecating the artificial cultivation of Irish as the national language, we are actuated by no dread or jealousy of its power to raise up fresh obstacles to political amalgamation...Irish partnership in the English language has supplied Nationalists and Home Rulers and Land Leaguers and Fenians with nine-tenths of their political leverage. The English objection to the scheme of the Union for the preservation of the Irish language is not so much that it ought not to succeed as that it will not succeed.⁴⁶

Mheas an t-alt go raibh sé d'aidhm ag an Aontacht an Ghaeilge a athbheochan mar an 'national language' agus mheas sé freisin nach n-éireodh leis an Aontacht. Dar le *The Times*, chiallaigh 'national language' teanga a úsáideadh agus a cuireadh chun cinn i measc an phobail go nádúrtha agus ó thaobh na Gaeilge de, níorbh fhéidir léi a bheith ina 'national language' toisc nár úsáideadh í go forleathan sa tsochaí chomhaimseartha.

Scríobh Seán Pléimeann comhfhreagras fada in aghaidh an ailt thuas. Níor thrácht sé ar náisiúnachas nó náisiúnaithe in Éirinn, ach d'áitigh sé arís agus arís eile tábhacht na Gaeilge mar theanga bheo in áiteanna ina raibh an teanga á labhairt fós. Thagair sé d'iarracht na hAontachta chun an Ghaeilge a shlánú mar 'theanga dhúchais' sna háiteanna mar sin agus do thábhacht an oideachais trí mheán na Gaeilge sna ceantair sin:

Those who would preserve the Irish language are altogether concerned about the people in the Irish-speaking districts. They will, of course, gladly encourage and help all who desire to study the language of the country, but they would prefer seeing the little dark-headed children of Camus taught Irish at first in the schools, and next taught English through it as a medium, to seeing ten times as many in the non-Irish localities learn it as a dead language.⁴⁷

⁴⁶ Ibid.

⁴⁷ *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 1, 1882, lch. 27.

Go luath ina dhiaidh sin, thosaigh *Irisleabhar na Gaeilge* plé ar an gceangal idir náisiúnachas agus an Ghaeilge. Sa tríú heagrán, d'áitigh Tomás Ó Flannghaile gurbh í an chúis le *Irisleabhar na Gaeilge* a bheith faoi bhláth ná: “an increasing taste on the part of all classes of our people for things *national*, and a juster appreciation of the value of such things as we can still call our own.”⁴⁸ Chuir Ó Flannghaile béim ar an bhfocal ‘national’ ag úsáid cló iodálach leis. In eagrán Lúnasa 1883, phléigh alt san iris an teanga, an náisiún agus an Caitliceachas le chéile. D’áitigh alt ar shaothar an Athar Uí Nualláin go ndearna an tAthair “good service to Religion, and indirectly to the National Language in the two last works which have come from his pen – the “Casán go Flaitheamhnas”...which appeared last year, and “St. Patrick’s Prayer Book”, just published.”⁴⁹

Luaigh an t-alt thuas freisin abairt Friedrich Schlegel, fealsamh Gearmánach, maidir le teanga agus a sácráilteacht. Tháinig an leagan Béarla ar dtús agus an leagan Gaeilge ina dhiaidh sin mar seo a leanas: “The care of the National language is a sacred trust” agus “Is naomhtha an cúram é cúram Teangan na Tíre.”⁵⁰ I mbunleagan Gearmáinise na habairte a foilsíodh i dtús an naoú haois déag, úsáideadh “die eigene Sprache”⁵¹ téarma na Gearmáinise a raibh ciall liteartha ‘an teanga féin’ nó ‘ár dteanga féin’ aige sa chomhthéacs sin. Nuair a aistríodh an leabhar le Schlegel ó Ghearmáinis go Béarla in 1846, cuireadh an téarma ‘the national language’ in áit ‘die eigene Sprache’.⁵² Sa leagan Gaeilge den abairt in *Irisleabhar na Gaeilge*, níor aistríodh de réir céille liteartha ar nós ‘ár

⁴⁸ *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 3, 1883, Ich. 95.

⁴⁹ *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, Uimh. 10, 1883, Ich. 318.

⁵⁰ *Ibid.*, Ich. 320.

⁵¹ Friedrich Schlegel, *Geschichte der Alten und Neuen Litteratur*, (Wien: K. Schaumburg und Comp, 1815), Ich. 54. Ar fáil ag:

<http://www.archive.org/details/friedrichschleg03schlgoog> (Ceadaithe 14/05/ 2012).

⁵² Friedrich Schlegel, *Lectures on the History of Literature, Ancient and Modern*, (Londain: William Blackwood and Sons, 1846), Ich. 261.

dteanga féin' nó 'ár dteanga dhúchais' ach aistríodh mar "Teanga na Tíre", an téarma ní ba chosúla leis an leagan Béarla den abairt 'the national language'. Ar an ábhar sin, tá sé soiléir go raibh an abairt sin ag Schlegel aistrithe go Gaeilge faoi thionchar an leagan Béarla, seachas go raibh sí aistrithe díreach ó Ghearmáinis go Gaeilge.

Bhí baill eile den Aontacht a rinne ceangal idir an 'national language' agus creideamh Caitliceach na hÉireann agus bhí an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh ar dhuine acu sin. Bhí cáil air mar údar ag *Simple Lessons in Irish*, ceachtanna simplí d'fhoghlaimoirí na Gaeilge a foilsíodh ar *Weekly Freeman* agus *Irisleabhar na Gaeilge* ó lár na 1890idí ar aghaidh.⁵³ In 1890, scríobh sé alt dar teideal 'The National Language' d'iris an *Irish Ecclesiastical Record*. Bhí sé den tuairim gurbh é Dia a chruthaigh náisiúntacht agus gurbh é dualgas an phobail í a chothú. Luaigh sé abairt leis an gCanónach Farrar ar staid na Breatnaise a tugadh ag an Eisteddfod, féile chultúrtha sa Bhreatain Bheag:

When a language has such a history and such a literature as the Welsh, it is a possession which men ought not readily to let die; and when God has created a nationality, and has surrounded it with rivers, with hills, and with the sea for its rampart and its girdle, the world is all the poorer when such a nationality disappears.⁵⁴

D'áitigh an tAthair Ó Gramhnaigh go raibh baint mhór ag an abairt thuas le staid na Gaeilge in Éirinn agus leis an náisiúntacht Éireannach. Chuir sé a cheist agus

⁵³ Chuir an tAthair Ó Gramhnaigh tús leis na ceachtanna faoin teideal 'Easy Lessons in Irish' in *Weekly Freeman* agus in *Irisleabhar na Gaeilge* sa bhliain 1893. Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982: Beathaisnéis a Ceathair*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1994), Ich. 123. Foilsíodh na ceachtanna mar shraith de théacsleabhair ó Chonradh na Gaeilge ó 1899 ar aghaidh.

⁵⁴ Eoghan Ó Gramhnaigh, 'The National Language', *Irish Ecclesiastical Record*, Samhain 1890, 982-992, Ich. 988.

sholáthair sé a fhreagra féin ar an ábhar i gcomhthéacs na hÉireann:

Are the thoughts of generations of Irishmen, enshrined in their own natural language, to be forgotten? Or is Ireland, after three thousand years, to throw away her ancient tongue, a bond which connects her with such a past history as hers is, and which would be for aye a proof of her distinct nationhood?...Yes it is sentimentality to long for the revival of the national language, and to wish to see the national history and literature in their due place of honour...⁵⁵

Ag an am céanna, maidir leis an mBéarla a labhair pobal na hÉireann go fairsing mar mháthairtheanga faoin am sin, bhí sé den tuairim gur cheart don phobal an Béarla a choinneáil freisin agus gur cheart sochaí dhátheangach a bheith acu in Éirinn. Luaigh an tAthair Ó Gramhnaigh abairt an Chanónaigh Farrar arís chun an pointe sin a mhíniú:

“...the prevalence of English is something very different from the exclusive dominance of it. We wish that every child should speak English perfectly, and should also speak...its native language perfectly.” That this state of education is a possible one is proved by its success in Wales and in other countries.⁵⁶

San abairt thuas, d’úsáid an Canónach Farrar an téarma “native language” san áit a raibh ciall ‘máthairtheanga’ i gceist. Thacaigh an tAthair Ó Gramhnaigh lena dhearcadh ach d’úsáid sé ‘native language’, ‘national language’ nó fiú ‘natural language’,⁵⁷ mar théarmaí a raibh an ciall chéanna acu le chéile. D’áitigh an tAthair Ó Gramhnaigh gurbh iad Caitlicigh na hÉireann an dream a raibh an Ghaeilge mar a gcuid oidhreachta tuillte acu:

⁵⁵ Ibid.

⁵⁶ Ibid., lch. 992.

⁵⁷ Ibid., lch. 988.

...those who study the literature are practically non-Catholics, and such men might not see, or might be tempted to slur over, a point in favour of our position...even if Irish were to perish as a spoken language, the literature would remain valuable from the pure literature point of view, and still more valuable from the Catholic standpoint. And now we come to the question: Is the national language really fated to perish?⁵⁸

Toisc gurbh í an ‘national language’ a chruthaigh Dia do phobal áirithe, a d’áitigh sé, gurbh é an dualgas náisiúnta an teanga a chothú agus tábhacht an ‘national language’ a mhúineadh i measc phobal na hÉireann, ach go háirithe, do Chaitlicigh na hÉireann.⁵⁹

Sa bhliain 1892, ceapadh an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh ina eagarthóir ar *Irisleabhar na Gaeilge* mar chomharba ar Sheán Pléimeann a bhí tinn ar feadh tamaill fhada. Cúpla mí roimhe sin, scríobh an tAthair Ó Gramhnaigh alt ar leathanach tosaigh na hirise chun aiféala a léiriú ar scor Pléimeann ó *Irisleabhar na Gaeilge*. Ina alt, ghair sé na léitheoirí mar “Readers of this Journal, and not only these but all interested in the fate of the National language of Ireland.”⁶⁰ Léirigh sé sin go raibh tuairim dhaingean ag an Athair Ó Gramhnaigh gurbh í an Ghaeilge ‘national language’ na hÉireann agus gurbh é athbheochan an ‘national language’ cuspóir mhór de chuid lucht athbheochan na Gaeilge.

Bhí sagart eile ag baint le hAontacht na Gaeilge agus ag glacadh páirte i gcruthú an cheangail láidir idir náisiúnachas, Caitliceachas agus an Ghaeilge. Ba é sin an tAthair James Keegan a bhí ina chónaí i Meiriceá a bhíodh ag scríobh ailt faoina chuid smaointe ar na hábhair sin do pháipéir Mheiriceánacha chomh maith

⁵⁸ Ibid., lch. 991.

⁵⁹ Ibid., lch. 987.

⁶⁰ Eoghan Ó Gramhnaigh, ‘Retirement of the Editor of the *Gaelic Journal*’, *Irisleabhar na Gaeilge*, lml. IV, Uimh. 39, 1891, lch. 1.

le páipéir Éireannacha. Sa bhliain 1887 nuair a bhí deacrachtaí móra airgeadais ag *Irisleabhar na Gaeilge*, scríobh an tAthair Keegan litir chuig páipéir Chicago agus spreag sé eagraíochtaí na nGael i Meiriceá chun tacaíocht a thabhairt do *Irisleabhar na Gaeilge*. Bhí smaoineamh an-radacach aige ó thaobh cur chun cinn athbheochan na Gaeilge agus mhol sé cosc a chur ar ‘anglicizing’ na hÉireann. I dtús na bliana 1887, dúirt sé:

...The Anglicizing of Ireland implies among other things the destruction of the Catholic religion, indeed of all religion, natural and supernatural. This I stated over three years ago in *United Ireland*, before I came to America, and the impression has become all the deeper and clearer in the light of experience and observation.

English influence upon religion, education, literature, manners, fashions, and life in general must be driven out, or an Irish nation cannot be rebuilt.

The language, thoughts, poetry, music, traditions, customs where commendable, methods of salutation and spirit of our fathers must be revived and restored or an Irish nation cannot be reconstructed.⁶¹

D’áitigh sé gurbh í an Eaglais Chaitliceach féin a thug Béarla go hÉirinn agus chuir sé an milleán sin ar pholasaí teanga ag Coláiste Mhaigh Nuad.⁶² Bhí sé den tuairim gur ghá d’Éireannaigh a bhí thar lear labhairt go neamhbhalbh in aghaidh dearcadh sin na hEaglaise agus spreag sé Éireannaigh i Meiriceá a gcuid ceisteanna faoin ábhar sin a chur os ard ar son mhuintir na hÉireann.⁶³ Cháin sé go géar an Eaglais Chaitliceach in Éirinn a raibh baint aige léi mar chuid den chléir:

⁶¹ James Keegan, ‘Save the Gaelic’, *Chicago Citizen*, 4 Eanáir 1887, luaite ag Jarold Ramsey and Dorothy Quinn Ramsey, *The Piper of Cloone: Father Keegan and the Early Gaelic revival*, (Baile Átha Cliath: Maunsel & Company, 2005), lch. 123.

⁶² James Keegan, ‘Will Ireland Be a Nation?’, *Chicago Citizen*, 17 Deireadh Fómhair 1888, luaite ag *ibid.*, lch. 132.

⁶³ *Ibid.*

...Maynooth and the rest of the Catholic colleges, ecclesiastic and lay, did all in their power to kill the Celtic language and literature, and to discredit the idea of a distinct Irish nation; while the "National Schools", so called, were intended to be machines for Anglicizing and perverting the people, and they have very fully succeeded in the former part of the task. I must also admit, and it is a sad admission for an Irish Catholic priest to make, that the Catholic bishops and clergy generally have done more to destroy the distinctive nationality of Ireland during the last century...⁶⁴

Sa bhliain 1890, chuir *Irisleabhar na Gaeilge* athchló na litreach a sheol an tAthair Keegan chuig *The Nation* an bhliain roimhe sin. Chun náisiún na hÉireann a athghabháil, a dúirt sé, gur ghá muintir na hÉireann 'national language' saineúil a chothú: "they must have a distinct national language and literature...one peculiarly their own, one truly racy of the race, one that is Irish in spirit and body, so to say."⁶⁵ Bhí sé den tuairim freisin gur cheist ar leith de chuid mhuintir na hÉireann ná "the possession of a national language and literature that expresses the peculiar ideas and ideals of a people are essential to a nation"⁶⁶. Ag an am céanna, mhol sé nua-aoisiú na Gaeilge chun úsáid na teanga i sochaí na hÉireann a leathnú. Mhol sé cló Rómhánach a úsáid do *Irisleabhar na Gaeilge* chun nua-aoisiú a dhéanamh ar an iris. Mhol sé freisin comhoibriú idir scoláirí na Gaeilge agus síntiúsóirí na hirise chun an aidhm sin a bhaint amach.

Sa bhliain 1891, chuaigh an tAthair Ó Gramhnaigh i bhfeighil ar eagarthóireacht agus ar bhainistíocht *Irisleabhar na Gaeilge*. Nuair a bhí an iris faoina chúram, chuir an iris suim mhór sa 'national language'. I mí Iúil na bliana 1892, chuir sí athchló ar alt fada dar teideal 'Mr. William O'Brien on the National

⁶⁴ James Keegan, 'Language and Life', *Chicago Citizen*, 4 Feabhra 1888, luaite ag Ramsey, *The Piper of Cloone*, lch. 131.

⁶⁵ James Keegan, 'To the Editor of *The Nation*', *Irisleabhar na Gaeilge*, lml. IV, Uimh. 34, 1890, lch. 31.

⁶⁶ Ibid.

Language', alt a foilsíodh roimhe sin san *Cork Daily Herald*. Ba thuairisc faoi óráid a thug William O'Brien, polaiteoir réabhlóideach agus Teachta Parlaiminte, ag The National Society i gCorcaigh. Ina óráid, d'áitigh O'Brien gur mheas muintir na hÉireann a dteanga agus a dtraidisiúin mar a sainchomharthaí féin. Ina measc, a d'áitigh sé, go raibh an teanga níos tábhachtaí mar gurbh í an 'national language' í agus freisin, "the oldest of our national possessions, and the inalienable title deed to the individuality of our race".⁶⁷ Thrácht nótaí an eagarfhocail san eagrán céanna d'*Irisleabhar na Gaeilge* ar cheist an 'national language' in oideachas náisiúnta na hÉireann: "The published results of the Intermediate Examinations show the way in which the National language is treated in the National colleges."⁶⁸

Faoin am sin, bhí úsáid an téarma 'national language' don Ghaeilge i litríocht an Bhéarla níos coitianta ná mar a bhí sé riamh i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge. Bhí tuiscint ann gur cheart an 'national language' a bheith ina seilbh ag náisiún na hÉireann, .i. ina seilbh ag pobal na hÉireann go léir. Chun an idé-eolaíocht sin a bhuanú agus a fhorbairt i measc mhuintir na hÉireann, áfach, ba ghá gluaiseacht mhór náisiúnta le tacaíocht mhór náisiúnta a bheith ann agus í ag obair don aidhm sin. Sa chéad mhír eile, pléifear an chéad eagraíocht náisiúnta don Ghaeilge, Conradh na Gaeilge, a raibh mar aidhm acu an 'national language' a chur chun cinn.

1-2 Bunú Chonradh na Gaeilge

Thart ar sé bliana tar éis don Athair James Keegan a rabhadh faoi 'Anglicising'

⁶⁷ 'Mr. William O'Brien on the National Language', *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. IV, Uimh. 42, 1892, lch. 157.

⁶⁸ *Ibid.*, lch. 166.

na hÉireann a thabhairt i Meiriceá do mhuintir na hÉireann, tháinig macalla a ghlóir chun cinn in Éirinn. Ar an 25 Samhain 1892, thug Dubhghlas de hÍde, ball d'Aontacht na Gaeilge, óráid shuntasach dar teideal *The Necessity for De-Anglicising Ireland* don Chumann Liteartha Náisiúnta ar a raibh de hÍde ina uachtarán. San óráid, d'áitigh sé gur ghá d'Éireannaigh a gcultúr dúchasach féin a athbheochan agus an aithris ar chultúr Shasana a chaitheamh uathu. D'áitigh de hÍde go bhféadfaí 'de-Anglicising' a chomhlíonadh trí thraidisiún cultúrtha na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn, go háirithe, ó thaobh na teanga agus na litríochta de agus trí sheasamh in aghaidh tionchair chultúrtha Shasana ar shaol na hÉireann.

Chun an iarracht a rinne Tomáis Dáibhis ar an náisiún Éireannach a shainiú agus a shaothrú, d'fhorbair de hÍde a dhearcadh ar athbheochan na Gaeilge mar theanga don náisiún Éireannach. Ba de bhunadh Protastúnach é de hÍde freisin mar aon leis an Dáibhiseach agus bhí sé beartaithe ag an mbeirt, náisiúnachas na hÉireann a chur chun cinn tríd athbheochan a dhéanamh ar an nGaeilge. Chreid an bheirt go láidir gur ghá an obair a bheith neamhsheicteach chun comhoibriú idir Caitlicigh agus Protastúnaigh a chur i gcrích. Cé gur úsáid an Dáibhiseach an focal 'the Celtic race' go minic chun muintir na hÉireann a léiriú, d'úsáid de hÍde focal sonrach eile 'the Irish race' ina áit. Ag deireadh na hóráide, léirigh sé a thuairim maidir le 'the Irish race':

I appeal to every one whatever his politics – for this is no political matter – to do his best to help the Irish race to develop in future upon Irish lines, even at the risk of encouraging national aspirations, because upon Irish lines alone can the Irish race once more become what it was of yore – one of the most original, artistic, literary,

and charming peoples of Europe.⁶⁹

B'fhorógra láidir é ar dhlúthbhaint idir 'the Irish race' agus an Ghaeilge mar aon le forógra láidir é ar a thuairim gur chine speisialta é 'the Irish race'.

Ó thaobh athbheochan na Gaeilge de, níor mhol sé aon bhealach praiticiúil ag an bpointe sin chun an aidhm a chur chun cinn. Cúpla mí ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh *Irisleabhar na Gaeilge* moltaí agus plean oibre dátheangach. Ba é 'Toghairm agus gleus oibre chum gluasachta na Gaedhilge do chur ar aghaidh i nÉirinn' teideal an ailt. Ní raibh ainm an údair leis, ach dar le Proinsias Mac Aonghusa, ba é Eoin Mac Néill, scoláire óg Gaelach, a scríobh an t-alt ar iarratas ón Athair Eoghan Ó Gramhnaigh.⁷⁰ 13 airteagal a bhí ann agus rinneadh athbhreithniú ar iarrachtaí athbheochan na Gaeilge go dtí sin. Ghlac sé leis go mbíodh béim mhór curtha ar dhá réimse go háirithe ach go gcaithfí an staid a leasú: is é sin le rá, cuireadh an iomarca béime ar theagasc na Gaeilge le leabhair a úsáid agus díriodh ar chur chun cinn na Gaeilge sa mheánaicme amháin.⁷¹ D'áitigh sé freisin go raibh gá le gluaiseachtaí agus le feachtais an ghnáthphobail d'athbheochan na Gaeilge. Leag sé amach plean chun eagraíocht nua don Ghaeilge a tharraingeodh lucht leanúna mór a bhunú.⁷² Maidir le ceannáras na Gluaiseachta nua, i leagan Béarla na moltaí, bhí abairt nach raibh ann sa leagan Gaeilge mar seo a leanas: "The organization would probably be centred in Dublin, but its main activity would be provincial."⁷³ Mar a fheicfidh muid níos déanaí,

⁶⁹ Dubhghlas de hÍde, 'The Necessity for De-Anglicising Ireland', in Breandán Ó Conaire (eag.), *Douglas Hyde: Language, Lore and Lyrics*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1986), lch 170.

⁷⁰ Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, lch. 8.

⁷¹ *Irisleabhar na Gaeilge*, lml. IV, Uimh. 44, 1893, lgh 177-178.

⁷² *Ibid.*, lch 178.

⁷³ *Ibid.*, lch 179.

bheadh ceanncheathrú ag formhór eagraíochtaí agus gluaiseachtaí na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus bheadh formhór de ghníomhaíochtaí ghluaiseacht na Gaeilge ag tarlú i mBaile Átha Cliath, áfach.

Ar an 31 Iúil 1893, tháinig deichniúr le chéile i mBaile Átha Cliath ag an gcéad chruinniú d'eagraíocht nua Gaeilge a bunaíodh de réir na moltaí. Ina measc, bhí baill d'Aontacht na Gaeilge agus baill de Chumann Buain-Choimeádta na Gaeilge. Ba é Eoin Mac Néill a ghairm an cruinniú sin agus bhí Dubhghlas de hÍde ina chathaoirleach air.⁷⁴ Toghadh de hÍde mar chéad Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge agus Mac Néill mar chéad rúnaí. D'iarr de hÍde aon tionchar polaitíochta mar aon le seicteachas a sheachaint chun 'Irish race' nó cine Éireannach a chur chun cinn agus an náisiúnachas a chothú i measc mhuintir na hÉireann go léir.

Cúpla mí ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh *Irisleabhar na Gaeilge* alt ar eagraíocht nua don Ghaeilge darbh ainm Conradh na Gaeilge. Mhínigh an t-alt aidhm na heagraíochta agus a phlean oibre: "a Society for the sole purpose of keeping the Irish Language *spoken* in Ireland...devote itself to the single object of preserving and spreading Irish as a means of oral intercourse."⁷⁵ Tuairiscíodh freisin gur gheall Conradh na Gaeilge ionad gluaiseachtaí na Gaeilge a bhogadh go dtí an Ghaeltacht chomh luath agus ab fhéidir chun phobail na Gaeltachta, cainteoirí dúchais na Gaeilge, a spreagadh. Cháin siad cumainn don Ghaeilge a bhí ann go dtí sin toisc go raibh formhór na n-oibreacha dírithe ar chúrsaí litríochta amháin agus gur déanadh neamhaird de chainteoirí dúchais sa Ghaeltacht. Tugadh Conradh na Gaeilge isteach mar eagraíocht ar son mhuintir na Gaeltachta agus a dteanga. Léirigh an tuairisc tuiscint an Chonartha ar an nGaeilge mar theanga do

⁷⁴ Miontuairiscí Cruinniú an 31 Iúil 1893. Pictiúr macasamhlaithe in Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*.

⁷⁵ *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. IV, Uimh. 47, 1893, Ich. 226.

phobal na Gaeltachta, 'their national language' mar seo a leanas:

There can be no doubt that the Irish-speaking population, which is the proper field for such labours, has hitherto been practically untouched by the movement; and we do not fear that when the honour of maintaining their national language and the responsibility of deserting it are brought home to the people themselves, humble, illiterate, and poor though the Irish-speaking peasant may be, he will teach a striking lesson in spirit and patriotism to this complacent generation of respectable, educated, and highly civilized lip-Irishmen.⁷⁶

Mar sin féin, ba lucht meánaicmeach a bhí i bhformhór na mball den Chonradh agus ba chumann meánaicmeach agus uirbeach é Conradh na Gaeilge go bunúsach.⁷⁷

I gceann leathbhliana eile, d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge féin paimfléad dátheangach dar teideal *Connradh na Gaedhilge, ar n-a chur*. Bhí coincheap 'Irish race' de hÍde le feiceáil ar an bpaimfléad. D'áitigh an paimfléad gur chóir an Ghaeilge a choinneáil dá labhairt toisc gurbh í an Ghaeilge "an aon oidhreacht amháin anois beó do fágghadh ag ár gcineadh agus ag ár dtír ó'n am do chuaidh thorainn".⁷⁸ D'áitigh siad gur ghá an Ghaeilge a chothú toisc gurbh í an Ghaeilge "an comhartha is léire teasdas orainn gur cineadh dáríribh sinn."⁷⁹ Úsáideadh an téarma 'cine' arís sa leagan Gaeilge, áfach, sa leagan Béarla den abairt sin, úsáideadh téarma eile seachas 'race' in áit 'cine'. Ba é 'nation' a úsáideadh. Léadh an leagan Béarla: "most evident mark of our being in reality a nation".

⁷⁶ Ibid., lch. 227.

⁷⁷ Feic, Timothy G. McMahon, "All Creeds and All Classes"? JUST WHO MADE UP THE GAELIC LEAGUE?, *Éire-Ireland*, 37/3-4, (Fómhar/Geimhreadh 2002), 118-168. Feic freisin, Timothy G. McMahon, *Grand Opportunity: The Gaelic Revival and Irish Society, 1893-1910*, (Nua-Eabhrac: Syracuse University Press, 2008).

⁷⁸ Conradh na Gaeilge, *Connradh na Gaedhilge, ar n-a chur ar bun leis an nGaedhilg do chongbháil d'á labhairt i néirinn*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1894).

⁷⁹ Ibid.

Léirigh an Conradh tábhacht na Gaeilge mar theanga speisialta a labhraíodh ag cine tofa speisialta in Éirinn nó fiú sa domhan. Mhol siad tábhacht na Gaeilge mar seo:

...teanga í do na teangthaibh is mó céim agus clú ‘san domhan, óir atá sí líonmhar láin-cheolmhar i n-a fuamannaibh; atá sí úrghlan ilbhriathrach i n-a foclaibh; atá sí bríoghmhar binn blasta i n-a hurlabhra, agus í mar sgáthán ag foillsiughadh fír-intinne an chinnidh le’r labhradh í leis na míltibh bliadhan.⁸⁰

Maidir le húsáid an téarma ‘national language’, sa phaimfléad sin, d’úsáid siad an chéad pearsa uimhir iolra den aidiacht shealbhach léi agus mhaígh siad go raibh sí i seilbh mhuintir na hÉireann go léir: “It is our National Language”.⁸¹ Tabhair faoi deara freisin go raibh leagan Gaeilge den abairt sin ar fáil ann freisin: “Is í ár dteanga dhúthchais í”.⁸² Bhí úsáid an téarma ‘teanga dhúchais’ in ionad ‘national language’ ag Conradh na linne sin le feiceáil go minic. Trí bliana ina dhiaidh sin i gclár an chéad Oireachtais, féile chultúrtha náisiúnta na Gaeilge a bhí faoi scáth Chonradh na Gaeilge, cuireadh dhá rún oibre de chuid an Chonartha chun cinn go soiléir agus scríobhadh í go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla mar seo a leanas:

Buanughadh na Gaedhilge mar theanga dhúthchais i nÉirinn agus a leathadh i measg daoine mar urlabhra choitcheann. Taithighe agus craobh-sgaoileadh ar gach leigheann gaedhilge, agus nua-leigheann gaedhilge do chothughadh.

The preservation of Irish as the National language of Ireland, and the extension of its use as a spoken tongue. The study and publication of existing Gaelic literature,

⁸⁰ Ibid.

⁸¹ Ibid.

⁸² Ibid.

and the cultivation of a modern literature in Irish.⁸³

Nuair a dhéantar comparáid idir an dá leagan, tugtar faoi deara nach raibh rialacha soiléire ag an gConradh ar aistriúchán na dtéarmaí idir an dá theanga. Mar shampla, sa leagan Béarla, úsáideadh ‘existing Gaelic literature’ in ionad ‘léann Gaeilge’, ach ‘modern literature in Irish’ in ionad ‘nua-léann Gaeilge’. Cé gurbh eagraíocht dhátheangach í Conradh na Gaeilge, bheadh gnó ar siúl i mBéarla níos mó ná i nGaeilge ar dtús mar gheall ar easpa eolais ar an nGaeilge i measc na mball.⁸⁴ Nuair a shocraigh siad teideal na heagraíochta ag an gcéad chruinniú, glacadh le teideal i mBéarla, ‘The Gaelic League’, ar dtús.⁸⁵ Bhí sé riachtanach freisin Béarla a úsáid chun tacaíocht níos leithne a fháil ón bpobal. De réir ailt in *The Irish Times* a foilsíodh mí i ndiaidh bhunú an Chonartha, “Their meetings are open to all who are interested in Irish as a living tongue, the proceedings being carried on partly in Irish and partly in English...”⁸⁶ Tuairiscíodh úsáid an Bhéarla ag an gConradh in *Irisleabhar na Gaeilge* freisin: “When speakers having a good command of Irish are not available, English will have to do instead; indeed there is little likelihood that any exclusive feeling will arise to hinder the effective use of English as a useful instrument of this crusade in a bilingual country.”⁸⁷

Bunaithe ar an eolas thuas, déanfar iniúchadh anois ar úsáid an téarma

⁸³ Conradh na Gaeilge, *Clár Oireachtais na Gaeilge, 17 Bealtaine 1897*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1897).

⁸⁴ I measc an deichniúir ag an gcéad chruinniú, mar shampla, ní feasach go raibh aon Ghaeilge ag Pádraig S. Ó hÓgáin agus Thomas W. Ellerker. Feic, Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, Ich. 20.

⁸⁵ Mhol de hÍde “Léug na Gaedhilge” mar an leagan Gaeilge ach tar éis díospóireachta roghnaíodh “Cunradh na Gaedhilge”, an t-ainm a mhol bunaitheoir eile an Chonartha, Eoin Mac Néill. Feic, Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, Ich. 20.

⁸⁶ *The Irish Times*, 30/08/1893, Ich. 6.

⁸⁷ *Irisleabhar na Gaeilge*, uimh 47, iml IV, 1893, Ich. 227.

'teanga dhúchais' in ionad an téarma 'national language'. Bhí an dá leagan sa dá theanga á úsáid ag Conradh na linne sin, áfach, ní raibh sé soiléir cén leagan, Gaeilge nó Béarla, a scríobhadh ar dtús. Mar a chonaic muid cheana, ní bhfuarthas 'dúchas' mar shainmhíniú don téarma 'national' sa fhoclóir Béarla-Gaeilge a foilsíodh idir an t-ochtú haois déag agus an naoú haois déag. Ó thaobh an fhoclóra Gaeilge-Béarla de, ní raibh 'national' ar fáil mar shainmhíniú don fhocal 'dúchas' sna foclóirí a foilsíodh idir an t-ochtú haois déag agus an naoú haois déag mar seo a leanas:

Dúthchas, nature, or the place of one's birth.⁸⁸

Duthchas, s. the place of one's birth, an hereditary right.⁸⁹

Áitíodh cheana gurbh fhocal coitianta é 'dúchas' i litríocht na Gaeilge agus gurbh fhéidir sampla úsáide an téarma 'teanga dhúchais' a fháil i *Corpas na Gaeilge: 1600-1882*. Maidir le sainmhíniú an fhocail 'dúchas' i gcomhthéacs shoचाई na hÉireann, d'áitigh Eiji Takeshita go mba cheart aird ar leith a thabhairt ar an bhfocal sin mar "the term which denotes the spirit and character that underlines Irish culture"⁹⁰. Shainmhínigh sé 'dúchas' ag úsáid na gcúig phointe seo a leanas:

- The Spirit that inherits the tangible and intangible legacy built up and handed down by past generations.
- Attachment to, and affection for the land or district of one's ancestors.
- A realization of the strong, unbroken link with ancestors based on blood and

⁸⁸ O'Brien, *Foclóir Gaoidhilge-Sax-Bhéarla: An Irish-English Dictionary*.

⁸⁹ O'Reilly, *Sanas Gaoidhilge-Sagsbhearla: An Irish-English Dictionary*.

⁹⁰ Eiji Takeshita, 'The Relation between a People's Ethos and Their Music', in *Éire: Iris Bhliantúil Japan-Ireland Society*, Uimh. 19 (1999), 59-84, lch. 83.

local community. An affection for one's kindred.

- Pride in the inherited excellence and natural endowments of one's people.
- A base or pivot on which to establish one's own identity.⁹¹

Dá mbainfí úsáid as na tuiscintí thuas chun an 'teanga dhúchais' a shainmhíniú, d'fhéadfaí a rá gur chiallaigh 'teanga dhúchais' teanga a fuarthas ó shinsearaigh mar oidhreacht agus teanga a bhain le gaolta agus le talamh. Mar a thaispeáin *Corpas na Gaeilge: 1600-1882* sna samplaí d'úsáid an téarma 'teanga dhúchais' in éineacht leis an bhfocal 'nádúrtha', bhí sé soiléir go raibh ciall chaint na daoine nó máthairtheanga ag an téarma 'teanga dhúchais' i litríocht na Gaeilge ag an am sin. Tá an bhrí chéanna sin ag baint le 'teanga dhúchais' sa lá atá inniu ann freisin. Tugann an foclóir Gaeilge-Béarla is mó atá ar fáil sa lá atá inniu ann, *Foclóir Gaeilge-Béarla* le Niall Ó Dónaill, an bhrí le 'teanga dhúchais' go soiléir faoi iontráil an fhocail 'dúchas' mar seo: "Teanga dhúchais, native language, mother tongue."⁹²

Mar a chonacthas sa chéad roinn den chaibidil seo, ba théarma nua é 'national language' a tosaíodh á úsáid i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge i lár an naoú haois déag. Níorbh ionann is 'teanga dhúchais' a raibh ciall mháthairtheanga ag baint léi agus 'national language' a raibh ciall níos polaitiúla ag baint léi. Is coincheap polaitiúil é an 'national language', coincheap atá ag baint le náisiún nó náisiúinstát nua-aoiseach. D'fhéadfaí a áiteamh, áfach, go mbeadh tuiscint ag an gConradh faoi lár na 1890idí gurbh ionann 'teanga dhúchais' agus 'national language'. Más amhlaidh atá, cén chaoi ar tháinig an tuiscint chun cinn? Chun freagra na ceiste a fháil, is gá níos mó iniúchadh a dhéanamh ar úsáid na

⁹¹ Ibid.

⁹² Niall Ó Dónaill (eag.), *Foclóir Gaeilge-Béarla*, (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), Ich. 459.

dtéarmaí sin ag Conradh na linne sin.

Sa bhliain 1900, d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge paimfléad bolscaireachta dátheangach dar teideal *Conradh na Gaedhilge do cuireadh ar bun i mí iúil 1893*. Sa phaimfléad sin, mhaígh an Conradh arís a rún oibre a d'fhoilsigh siad cheana i gclár an chéad Oireachtais in 1897, .i. “Buanughadh na Gaedhilge mar theanga dhúthchais i nÉirinn...” sa leagan Gaeilge agus “The preservation of Irish as the National language of Ireland...” sa leagan Béarla.⁹³ An bhliain ina dhiaidh sin, áfach, chonacthas athrú suntasach sa rún oibre de “Córú” nó Bunreacht Chonradh na Gaeilge 1901. Níor cuireadh aon athrú ar an leagan Béarla, “The preservation of Irish as the National Language of Ireland and the extension of its use as a spoken language” ach sa leagan Gaeilge, áfach, cuireadh athrú ar ‘teanga dhúchais’ agus úsáideadh téarma eile, ‘teanga thírúil’ in ionad ‘teanga dhúchais’ mar seo a leanas:

Coimeád na Gaeilge mar theanga thírúil in Éirinn agus a leathnú mar ghnáth-theanga.⁹⁴

Maidir leis an leagan sin den Bhunreacht, d'áitigh Aindrias Ó Muimhneacháin gur scríobh an Conradh an leagan Béarla ar dtús agus gur aistrigh sé é go Gaeilge ina dhiaidh sin. Thóg Ó Muimhneacháin an dara cuid den rún thuas mar shampla agus thug sé le tuiscint nach ionann brí le “leathnú mar ghnáth-theanga” agus “extension of its use as a spoken language” mar, dar leis, “is é is dóichí gur i mBéarla a chéad-scríobhadh é agus nach raibh sa leagan Gaeilge de ach iarracht,

⁹³ Conradh na Gaeilge, *Conradh na Gaedhilge do cuireadh ar bun i mí iúil 1893*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1900).

⁹⁴ Luaite ag Aindrias Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis*, (Corcaigh: Cló Mercier, 1974), lch. 54-55. Tá an leagan Gaeilge caighdeánaithe le Aindrias Ó Muimhneacháin.

nach raibh ró-chruinn, ar an mBéarla a aistriú”.⁹⁵ Cé nár thug sé aon aird ar an gcéad chuid den rún thuas agus ar an difríocht idir ‘teanga thírúil’ agus ‘national language’, thug sé léargas ar an bhfírinne gur bhunleagan é an leagan Béarla. Bhí an chéad leagan eile de Bhunreacht an Chonartha, leagan 1902, scríofa i mBéarla amháin. Níor cuireadh aon athrú ar an gcéad rún oibre mar seo: “The preservation of Irish as the National Language of Ireland...”⁹⁶ Mhíneodh sé sin freisin gurbh é an leagan Béarla bunleagan de Bhunreacht Chonradh na Gaeilge.

Ní raibh an téarma ‘teanga thírúil’ coitianta i stair athbheochan na Gaeilge ná níl sé coitianta i litríocht na Gaeilge ag an am. Ba chosúil nár bhain an téarma ach amháin le Bunreacht Chonradh na Gaeilge i dtús an chéid seo caite. Ní raibh an focal ‘tírúil’ nó a leithéid ar fáil sa fhoclóir Gaeilge-Béarla le John O’Brien a foilsíodh in 1768. Bhí an focal ‘tíramhuil’ agus ‘tíreamhuil’ ar fáil sa fhoclóir Gaeilge-Béarla le Edward O’Reilly a foilsíodh i dtús an naoú haois déag. Thug sé “homely” agus “snug” mar shainmhínte ar ‘tíramhuil’, áfach agus gan aon trácht ar ‘nation’ ann.⁹⁷ In 1904, tháinig foclóir Gaeilge-Béarla na comhaimsire, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* a bhí curtha in eagar ag Pádraig Ua Duinnín. Ní raibh an focal ‘tírúil’ ar fáil san fhoclóir sin ach an oiread.

Ó thaobh an fhoclóra Béarla-Gaeilge de, áfach, mar a chonacthas sa chéad roinn den chaibidil seo bhí ‘tírúil’ ar fáil mar shainmhíniú ar an bhfocal ‘national’ sna foclóirí a tháinig amach idir an t-ochtú haois déag agus an naoú haois déag.⁹⁸ Dá scríobhfaí an leagan Béarla de Bhunreacht an Chonartha ar dtús agus go n-aistreofaí é go Gaeilge ina dhiaidh sin mar a d’áitigh Ó Muimhneacháin, bheadh

⁹⁵ Ibid., lch. 55.

⁹⁶ Conradh na Gaeilge, *The Constitution of the Gaelic League: As Amended by the Árd-Fheis, May 1902*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1902).

⁹⁷ O’Reilly, *Sanas Gaoidhilge-Sagsbhearla: An Irish-English Dictionary*.

⁹⁸ Feic, Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtin, *The English-Irish Dictionary*; Connellan, *An English-Irish Dictionary*; Foley, *An English-Irish Dictionary*.

seans mór ann gur gceadófaí foclóirí Béarla-Gaeilge na linne i bpróiseas scríbhneoireachta an leagain Ghaeilge agus go gcruthófaí an téarma ‘teanga thírúil’ sa phróiseas sin. Dá bharr sin, d’fhéadfaí a rá gurbh é an leagan Béarla an bunleagan agus é sin bunaithe ar choincheap daingean na Gaeilge mar ‘national language’ na hÉireann.

Bhí tionchar an Bhéarla le feiceáil ar théarma eile a úsáideadh i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge sa tréimhse sin. Maidir leis an téarma ‘Gaeltacht’, d’áitigh Cairtriona Ó Torna go raibh ciall phearsanta ag baint leis an bhfocal seo go príomhúil in Éirinn agus bhí an chiall seo coitianta go dtí an naoú haois déag.⁹⁹ Bhí ciall thíreolaíoch i gceist leis an téarma ‘Gaeltacht’ i nGaeilge na hAlban agus ba ó Ghaeilge na hAlban a tháinig ciall thíreolaíoch sin leis an bhfocal ‘Gaeltacht’. In Éirinn, baineadh gnáthúsáid as ‘Gaeltacht’ mar áit, am éigin i rith an naoú haois déag.¹⁰⁰ D’áitigh Ó Torna gur sa Bhéarla a chonacthas trácht ar an nGaeltacht sa chiall sin blianta níos luaithe ná sa Ghaeilge agus gur léirigh an méid seo “go ndearnadh ‘an Ghaeltacht’ a choincheapú ón iasacht, is é sin, ón nGalltacht agus sa Bhéarla.”¹⁰¹

Mar a chonacthas, b’fhocal nua é ‘national language’ a thiocthadh go hÉirinn trí chomhthéacs an Bhéarla i dtús an naoú haois déag. Ní raibh focal Gaeilge a léirigh ‘national language’ ann ag an am sin ná níor aistríodh ‘national language’ go ‘teanga náisiúnta’ go díreach. Faoin mbliain 1905, áfach, is cosúil gur tosaíodh ar úsáid an téarma ‘teanga náisiúnta’ de réir a chéile i measc litríocht na Gaeilge. De réir an chéad Bhunreacht eile atá ar fáil, an Bunreacht dátheangach den leagan 1905, ba é an chéad rún oibre a bhí ag Conradh na Gaeilge ná, cúram a

⁹⁹ Ó Torna, *Cruthú na Gaeltachta* lch. 39.

¹⁰⁰ *Ibid.*, lch. 41.

¹⁰¹ *Ibid.*, lch. 44.

thabhairt do ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann. Seo a leanas an chéad rún oibre den leagan sin i nGaeilge agus i mBéarla:

Coiméad na Gaedhilge mar Theanga Náisiúnta i nÉirinn, agus a leathnughadh mar ghnáth-theanga.

The preservation of Irish as the National language of Ireland, and the extension of its use as a spoken tongue.¹⁰²

Seo é an chéad sampla d’úsáid an téarma ‘teanga náisiúnta’ in ionad an téarma ‘national language’ go soiléir a d’aimsigh mé i scríbhneoireacht an Chonartha. Ní raibh comhsheasmhacht le feiceáil, áfach, ar úsáid ‘teanga náisiúnta’ agus níor mhair úsáid an téarma sin i mbunreacht an Chonartha. Sa tríú sampla atá ar fáil dom, leagan 1908 de Bhunreacht an Chonartha, d’athraigh an téarma ‘teanga náisiúnta’ ar ais go ‘teanga thírúil’ mar seo a leanas: “Coiméad na Gaedhilge mar Theangaidh Thireamhail i nÉirinn, agus a leathnughadh mar ghnáth-theangaidh”.¹⁰³ Ina theannta sin, ní raibh comhsheasmhacht le feiceáil ar pholasáí dátheangachais an Chonartha ina Bhunreacht. Murab ionann agus an leagan 1900, 1901 agus 1905, na leaganacha dátheangacha agus an leagan 1902, an leagan Béarla amháin, scríobhadh an leagan 1908 thuasluaite i nGaeilge amháin.

I ndiaidh leagan 1908, is é leagan 1912 an chéad Bhunreacht eile atá ar fáil dom agus leagan 1916 ina dhiaidh sin. Ansin, tá ceithre leagan i ndiaidh a chéile ó leagan 1919 go dtí leagan 1922 ar fáil dom. Ba leaganacha dátheangacha iad sin

¹⁰² Conradh na Gaeilge, *Córughadh Connartha na Gaedhilge, do réir mar leasuigh an Árd-Fheis, Fá Lughnasa 1905*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1905).

¹⁰³ Conradh na Gaeilge, *Córughadh Connartha na Gaedhilge: do réir mar leasuigh an Árd-Fheis, Fá Lughnasa 1908*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1908).

go léir. Bhain na leaganacha go léir úsáid as an téarma ‘teanga thírúil’ seachas ‘teanga náisiúnta’.¹⁰⁴

Ní raibh téarma cinnte in ionad ‘national language’ socraithe fós i litríocht na Gaeilge, ach bhí éabhlóid ann i gcoincheap agus in úsáid an téarma ‘national language’ i litríocht an Béarla sna 1900idí. I dtús na bliana 1899, tháinig Eoin Mac Néill i mbun eagarthóireachta *An Claidheamh Soluis* agus *Fáinne an Lae* ag an am céanna. Tháinig an dá iris le chéile sa bhliain 1900 mar iris Chonradh na Gaeilge dar teideal *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae*. Bhí smaointe Mhic Néill maidir le teanga agus le náisiún le feiceáil go láidir ina alt a foilsíodh in *Irisleabhar na Gaeilge* sa bhliain 1905. San alt sin, d’áitigh sé go raibh sé in am ag an nGaeilge dul in oiriúint don saol nua, mar a dúirt sé: “If Irish is to become once more the language of a nation, it must shape itself to express all the thoughts of a modern nation’s life.”¹⁰⁵ Cé nár úsáid sé an téarma ‘national language’ nuair a scríobh sé ‘toghairm agus gléas oibre chun gluaiseacht na Gaeilge a chur ar aghaidh in Éirinn’ d’*Irisleabhar na Gaeilge* sular bunaíodh Conradh na Gaeilge, chreid sé go tréan faoin am sin gurb í an Ghaeilge ‘national language’ na hÉireann, ón tseanaimsir, sular tógadh an Béarla isteach go hÉirinn agus gur cheart an stádas cuí a thabhairt ar ais don Ghaeilge.

¹⁰⁴ Feic, Conradh na Gaeilge, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i mí Iúil, 1912, é*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1912); Conradh na Gaeilge *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1916*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1916); Conradh na Gaeilge *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1919*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1919); Conradh na Gaeilge *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1920*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1920); Conradh na Gaeilge *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1921*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1921); Conradh na Gaeilge *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Samhna, 1922*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1922).

¹⁰⁵ Eoin Mac Néill, ‘Ní hIad na mná breághtha ghníos an brocháin acht min’, *Irisleabhar na Gaeilge*, lml. 15, Uimh. 2, 1905, lch. 17.

D'áitigh Mac Néill gur ghá an féinmheas ísleachta a bhí ag pobal na Gaeilge a dhíbirt astu agus meas ar an nGaeilge mar 'national language' na hÉireann a chothú: "...recognizing in the national language the most essential element of national LIFE...It is an urgent present duty to remove the material handicap from the back of the national language."¹⁰⁶ Chun an tasc sin a chomhlíonadh, a dúirt sé, go raibh sé de dhualgas ar scríbhneoirí na Gaeilge gníomh radacach a chur i gcrích, gníomh níos radacaí ná aon iarracht a rinne na scríbhneoirí riamh:

...what is wanted is a movement, radical, concerted, and vigorous, towards the desired end. The movement must be radical. It must begin at the beginning of every branch of secular knowledge, and go rapidly ahead until it covers the entire ground. Is such a movement possible? Undoubtedly, it is...We want a congress of Irish writers to discuss the immediate future of Irish linguistic effort with a view to action.¹⁰⁷

Cuireadh smaoineamh Mhic Néill in oiriúint do lucht athbheochana na Gaeilge go sciobtha. D'fhás Conradh na Gaeilge mar eagraíocht mhór náisiúnta i dtús an fhichiú haois, go háirithe, idir 1903 agus 1905. Bhí líon craobhacha an Chonartha i mbarr a réime sa bhliain 1905 mar tháinig méadú air go dtí thart ar 860.¹⁰⁸

Idir an dá linn, tháinig amhras mór ar Aontachtaithe in Éirinn agus ar na náisiúnaithe i Sasana faoi Chonradh na Gaeilge. Bhí inní orthu faoi aon ghluaiseacht a bhí ag cur an náisiúnachais chun cinn in Éirinn. Sa bhliain chéanna inar fhoilsigh Mac Néill an aiste thuasluaite, d'áitigh The Patriots' Club i Sasana gur shampla amháin é gluaiseacht na Ghaeilge a léirigh difríocht idir pobal na

¹⁰⁶ Ibid., lgh. 17-18.

¹⁰⁷ Ibid., lgh. 18-19.

¹⁰⁸ Pádraig Ó Fearail, *The Story of Conradh na Gaeilge*, (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo., 1975), lch. 24.

Breataine agus pobal na hÉireann go diúltach:

But if some objective proof [of their dissimilarities] be required I should be inclined to look for it, not so much in the political sphere as in the growth of the Irish language movement. This movement, derided by the wise as impractical and denounced by the 'loyalist' as seditious, has been spreading with extraordinary rapidity among all classes of Irishmen during the last few years. With little at first sight to recommend it...but just because it made an appeal to something deep down in the hearts of the people, it has swept over the country, changing and dominating thought...¹⁰⁹

Sampla eile a bhí anseo den imní sin a bhí le mothú i measc na n-Aontachtaithe in Éirinn agus na náisiúnaithe i Sasana ná, sraith alt ar eagraíochtaí náisiúnta in Éirinn a foilsíodh in iris sheachtainiúil darb ainm *The Outlook*. Rinne siad anailís ar eagraíochtaí in Éirinn agus pléadh Conradh na Gaeilge mar aon le heagraíochtaí polaitíochta ar nós Bhráithreachas na Poblachta, Shinn Féin agus The United Irish League. In 1907, foilsíodh an tsraith alt sin mar phaimfléad dar teideal *National Organisations in Ireland*. Mar réamhrá an phaimfléid, scríobh Edward Carson, Aontachtaí Éireannach, nóta speisialta mar seo:

Few people understand the network of Associations that exists in Ireland – political, social, and religious – all dominated with one common end, viz., the separation of England from Ireland. Irish Nationalist Members may attempt to cloak their real objects; but disguise it as they will, the common sentiment of all their Associations is hatred of England, and the common object to break up the Union.¹¹⁰

¹⁰⁹ Hugh Law, 'The case of Ireland', in, *England as a Nation*, L. Oldershaw (eag.), (Londain: R. Brimley Johnson, 1904), 130-158, lch. 151.

¹¹⁰ The Outlook, *National Organisations in Ireland: Their Origin, Development, and Aims*, (Londain: The Offices of "The Outlook", 1907), lch. 5.

Ansin, d'áitigh an tsraith alt go raibh an aidhm chéanna ag gach eagraíocht náisiúnta in Éirinn agus go raibh rólanna éagsúla acu chun náisiúnachas a chur chun cinn i measc phobal na hÉireann:

...the Sinn Feiners and Gaelic Leaguers have a dual existence in common with almost all Irish political or sectarian communities...The Sinn Feiner...with the declared object of ultimate separation from England. The Gaelic League is...awakening Ireland to intellectual National life.¹¹¹

Bhí amhras mór orthu, go háirithe faoi Shinn Féin, páirtí polaitíochta nua a bunaíodh ag deireadh na bliana 1905. Bhí sé mar aidhm ag Sinn Féin féinrialtas na hÉireann a bhaint amach. I dtús na bliana 1906, d'fhoilsigh *The Times* alt a d'áitigh gur fhorbair Sinn Féin as gluaiseacht na Gaeilge, Conradh na Gaeilge: "Out of the nominally non-political Gaelic movement, which boasts of its rapid success in "de-Anglicizing" Irish society...an organization has sprung up, during the past few month, under the name of "Sinn Fein"¹¹². D'áitigh alt in *National Organisations in Ireland* freisin go raibh sé soiléir go raibh aidhm pholaitiúil ag Conradh na Gaeilge chomh maith:

There are still some who profess to retain their faith in the non-political character of the organization. Facts are, however, stubborn things, and the more the League extends and develops its machinery, the more plainly it exhibits its antagonism to British rule in Ireland.¹¹³

I measc eagraíochtaí éagsúla in Éirinn a bhí liostaithe ar *National Organisations in Ireland*, tugadh rabhadh go háirithe faoi Chonradh na Gaeilge,

¹¹¹ Ibid., lch. 9.

¹¹² 'Eagarfhocal', *The Times*, 15 Eanáir 1906, lch. 9.

¹¹³ The Outlook, *National Organisations in Ireland*, lch. 25.

mar, a d'áitigh siad, spreagfadh an Conradh náisiúnachas idir mhuintir na hÉireann:

One of the curious anomalies of Irish life which it is difficult for an Englishman to understand, is the persistent ingenuity with which the rabid anti-British faction seize hold of and turn to their own purposes any movement for the development of the intellectual or physical energies of the rising generation...this is engineered, under cover of the Gaelic League, as regards the mental training of youth.¹¹⁴

Ní raibh ainm údar na sraithe le fáil, ach cuireadh é in aithne do léitheoirí mar “An Irishman and a lifelong resident in a part of the Sister Isle which is under the complete dominance of the Irish Nationalist Party”. Óna sheasamh sin, thug an t-údar rabhadh ar leith go raibh an Conradh ag úsáid focail ar nós ‘nation’, ‘national’ nó ‘nationality’ an-mhinic:

The real question at issue between the Gaelic League and Irishmen, like the writer, who value the British connection, is in the meaning attached by Leaguers to the word “Nationality”, which is so constantly on their lips...If this [“National” or “Nationality” indicated as that of Wolfe Tone, Emmett, Lord Edward Fitzgerald, John Michel, or Thomas Davis] be the true conception of “Nationality” from a Gaelic League point of view, then it is plainly nothing more or less than hatred of England, and a determination to force Irish people into a conspiracy against British rule in Ireland...Let the Gaelic League come out openly and tell us, once for all, what it means by “Ireland a Nation”.¹¹⁵

Nocht an t-údar a thuairim gur bhagairt mhór iad na sainmhínithe ar na focail ‘nation’, ‘national’, nó ‘nationality’ a d’úsáid Conradh na Gaeilge. Ar an ábhar sin, a dúirt an t-údar, ba bhagairt do rialail na Breataine í athbheochan na Gaeilge mar

¹¹⁴ Ibid., lch. 32.

¹¹⁵ Ibid., lgh. 30-31.

‘national language’ a raibh an Conradh ag díriú uirthi mar an chéad rún oibre: “We are not going to risk the loss of all we hold dearest, in the interests of ourselves and our families, in support of the sentimental aspirations of faddists in the revival of a useless dialect.”¹¹⁶

Tháinig freagraí ó bhail an Chonartha in aghaidh na líomhaintí maidir le ceangail idir an pholaitíocht agus Conradh na Gaeilge. Mí Eanáir na bliana 1906, thug an tUrramach J. O. Hannay léacht faoi scáth Craoibh na gCúig gCúigí den Chonradh. Bhí Eoin Mac Néill, leas-uachtarán an Chonartha, ina chathaoirleach ar an léacht sin. Ina léacht, d’áitigh an tUrramach Hannay gur ghluaiseacht neamhpholaitiúil í gluaiseacht na Gaeilge:

National languages have been preserved and revived without producing Sinn Féin policies, and a similar revival might have taken place in Ireland, as elsewhere, without the emergence of any political plan whatever.¹¹⁷

D’áitigh sé nach raibh ciall pholaitiúil ag an téarma ‘national language’ agus shéan sé na líomhaintí faoin gceangal idir Conradh na Gaeilge agus cúrsaí polaitíochta: “When we poor Gaelic Leaguers say that our organization isn’t [political], they simply don’t believe us”.¹¹⁸ Dúirt sé gur chóir Bunreacht Chonradh na Gaeilge a chosaint toisc gur fhógair sé eagraíocht neamhpholaitiúil. Dá mbeadh baint ag Conradh na Gaeilge le haon pháirtí polaitíochta, a d’áitigh sé, “greater misfortune to the League itself, and hardly any event more potent for evil to Ireland, than the capture of the League by any political party whatever”¹¹⁹. Dhiúltaigh sé polaitíocht

¹¹⁶ Ibid., lch. 31.

¹¹⁷ J. O. Hannay, *Is the Gaelic League Political?*, ([Baile Átha Cliath]: [Conradh na Gaeilge], 1906), lch. 14.

¹¹⁸ Ibid., lch. 9.

¹¹⁹ Ibid., lch. 22.

pháirtí mar sin ach ag an am céanna, d'áitigh an tUrramach Hannay go raibh an ceart ag gach ball aonair den Chonradh a chuid tuairimí féin ar pholaitíocht nó ar a chreideamh a nochtadh:

The League is not political, but the individual Leaguer is not asked to sacrifice his pet opinions. The fact that A., a prominent Leaguer, makes a political speech no more affects the non-political position of the League than does the other fact that I said my prayers on Sunday according to the Prayer Book of the Church of Ireland prove that the League is a sectarian body in close connection with the Church to which I belong.¹²⁰

Dhearbhaigh sé gur mhionlach é féin sa Chonradh mar Phrotastúnach agus mar Dhílseoir¹²¹, agus ar an mbonn sin, d'áitigh sé gur chóir do Phrotastúnaigh agus do Dhílseoirí a bhí in aghaidh an Chonartha teacht isteach sa Chonradh:

They must join it, and insist that it remained unpolitical and unsectarian... To deprive the League of the support of the minorities would impel it in the wrong direction, and if they did that they would have lost their opportunity to assert themselves in Irish life.¹²²

Tháinig tionchar na polaitíochta náisiúnta níos láidre i bhfeidhm ar Chonradh na Gaeilge ag an am sin agus bhí baol ann go scoiltfeadh an Conradh maidir leis sin. Ar an taobh eile, áfach, ba é tionchar na polaitíochta freisin a rinne gluaiseacht dinimiciúil ar son teanga an náisiúin de Chonradh na Gaeilge. Sa rannóg dheireanach, scrúdófar tionchar na polaitíochta náisiúnta ar an gConradh agus dul chun cinn fhealsúnacht an Chonartha ó 1910 ar aghaidh.

¹²⁰ Ibid., lgh. 12-13.

¹²¹ Ibid., lch. 21.

¹²² R.B.D. French, 'J. O. Hannay and the Gaelic League', *Hermathena: A Dublin University Review*, CII, Spring, 1966, 26-52, lch. 32.

1-3 'Polaitiú' Chonradh na Gaeilge

I dtús na bliana 1913, bunaíodh Óglaigh Uladh, mílíte Aontachtaithe i gCúige Uladh, chun bac a chur ar ghluaiseacht Rialtas Dúchais in Éirinn. Bhí Edward Carson, an tAontachtaí Éireannach a thug rabhadh faoi eagraíocht náisiúnaí in Éirinn ar an bpaimfléad *National Organisations in Ireland*, ina Theachta Parlaiminte faoin am sin agus bhí baint mhór aige le hAontachtaithe Uladh.¹²³ Ba bhagairt mhór í an eagraíocht mhíleata sin ar chur chun cinn ghluaiseacht náisiúnaí in Éirinn. I mí na Samhna, d'fhoilsigh Eoin Mac Néill alt conspóideach in *An Claidheamh Soluis* agus mhol sé mílíte na hÉireann a bhunú in aghaidh na bagartha sin:

It is evident that the only solution now possible is for the Empire either to make terms with Ireland or to let Ireland go her own way. In any case, it is manifest that all Irish people, Unionist as well as Nationalist, are determined to have their own way in Ireland.¹²⁴

Trí seachtaine ina dhiaidh sin, eagraíodh cruinniú poiblí i mBaile Átha Cliath chun fórsa óglach a bhunú. Toghadh Mac Néill, Leas-Uachtarán an Chonartha, ina uachtarán ar an eagraíocht mhíleata nuabhunaithe sin, Óglaigh na hÉireann. Ag an gcéad chruinniú, thagair Mac Néill do chéad chruinniú Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1893 agus d'iarr sé ceangail a dhéanamh idir bunú na nÓglach agus bunú Chonradh na Gaeilge.¹²⁵ Ag an gcruinniú sin, chuaigh go leor baill den Chonradh

¹²³ Feic, Paul Bew, *Ideology and the Irish Question: Ulster Unionism and Irish Nationalism 1912-1916*, (Oxford: Clarendon Press, 1994).

¹²⁴ Eoin Mac Néill, 'The North Began', *An Claidheamh Soluis*, 01/11/1913, Ich. 6.

¹²⁵ Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, Ich. 142.

isteach sna hÓglaigh.

Thosaigh Ard-Fheis an Chonartha 1914 ar an 28 Iúil, an lá céanna a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda. Bhí an ceangal idir an Conradh agus an pholaitíocht náisiúnta ina ábhar mór conspóide ag an Ard-Fheis sin. Ag tús an chruinnithe, mhol Pádraig Ó Máille, cathaoirleach Bhord Bardachta Uachtar Ard i gContae na Gaillimhe, rún conspóideach a mhol Óglaigh na hÉireann. Cé gur dhiúltaigh Dubhghlas de hÍde den rún amach is amach mar dúirt sé “the resolution savoured of politics and the Gaelic League was a non political body”, glacadh leis an rún d’aon ghuth.¹²⁶

Níor dhiúltaigh de hÍde d’Óglaigh na hÉireann iad féin, áfach. Dúirt sé gur tháinig Óglaigh na hÉireann faoi thionchar Chonradh na Gaeilge agus mhol sé Eoin Mac Néill, duine de bhunaitheoirí an Chonartha, mar dhuine de bhunaitheoirí na n-Óglach freisin: “It was Eoin Mac Néill, the same man who for 21 years had been teaching the people another kind of nationality than politics.”¹²⁷

Dhá mhí ina dhiaidh sin, thug Mac Néill óráid dar teideal ‘The Irish Volunteers and Their Relation to the Language Movement and Irish Nationality’ ag cruinniú oscailte a thionóil Ard-Chraobh Chonradh na Gaeilge. D’áitigh sé gurbh iad an gnáthphobal a thosaigh Conradh na Gaeilge agus gurbh iad gnáthphobal na hÉireann freisin a thosaigh Óglaigh na hÉireann faoin bhfealsúnacht chéanna a bhí ag gluaiseachtaí cultúrtha na nGael: “There would be no Irish Volunteers in Ireland were it not for the Gaelic League and the Gaelic Athletic Association”.¹²⁸ Bhí Mac Giolla Bhríde, an Tiarna Ashbourne, i láthair. Dúirt sé nár aontaigh sé le fealsúnacht pholaitiúil a bhí ag formhór na ndaoine a bhí ag an gcruinniú: “...they

¹²⁶ *The Cork Examiner*, 29/07/1914, lch. 7.

¹²⁷ *The Freeman’s Journal*, 29/07/1914, lch. 10.

¹²⁸ *Irish Independent*, 02/10/1914, lch. 4.

were all agreed that Irish nationality would not be set up again until the language of the Gaels had its rightful place amongst them.”¹²⁹ Bhí sé den tuairim dá mbeadh Conradh na Gaeilge ag dul isteach sa pholaitíocht náisiúnta agus sa ghluaiseacht mhíleata, go gcuirfí bac mór ar athbheochan na Gaeilge. Cé go ndúirt duine amháin sa slua “This...is a Gaelic League, not a Volunteer meeting”, lean an díospóireacht pholaitiúil ar aghaidh.

Bhí Conradh na Gaeilge níos polaitiúla ná mar a bhí sé riamh agus léirigh Dubhghlas de hÍde imní mhór maidir leis an staid sin. Go luath ina dhiaidh sin, ag cruinniú an Chonradh i mBéal Feirste, cháin sé gur láidrighe an cruinniú i mBaile Átha Cliath ceangail idir an Conradh agus an pholaitíocht náisiúnta: “An erroneous idea had gone forth that the League was political. That was owing to the fact that the question of the volunteers had been discussed at a meeting of a League branch in Dublin.”¹³⁰ I Nollaig na bliana sin, mar fhreagra ar líon mór ball den Chonradh a bhain le hÓglaigh na hÉireann agus le cúrsaí polaitíochta agus míleata, thug de hÍde óráid dar teideal ‘The Gaelic League and Politics’ ag cruinniú i gCorcaigh. Ó bunaíodh Conradh na Gaeilge, chreid sé go daingean go raibh sé rí-thábhachtach stádas neamhpholaitiúil an Chonartha a choinneáil. Léirigh sé imní mhór faoi theacht chun cinn na polaitíochta náisiúnta agus na polaitíochta páirtí sa Chonradh. Ag tús na hóráide, áfach, ghlac sé leis gur spreag Óglaigh na hÉireann náisiúnachas cultúrtha in Éirinn agus ba thairbhe é do chur chun cinn na Gaeilge:

...renewed feeling of racial pride and nationhood...all turn in the long run to the benefit of the language movement; since nationality divorced from language is an

¹²⁹ Ibid.

¹³⁰ *Irish Independent*, 15/10/1914, lch. 4.

absurd and impossible doctrine. And the stronger the general national feeling of the country the greater the support the national language is bound to receive.¹³¹

Bhí sé den tuairim gur chabhraigh fealsúnacht na nÓglach leis an “national language” san fhadtárma, ach chreid sé nach raibh an ceart ag an gConradh glacadh le ceangal le hÓglaigh na hÉireann, mar, a dúirt sé, “we, who consider the revival of the national language as of paramount importance to the Irish soul, can only keep the good will of the public by eschewing the politics of the moment”.¹³² Idir an dá linn, bhí sé ag súil go mbeadh rialtas dúchasach na hÉireann ann sa todhchaí agus bhí mórphictiúr d’athbheochan na Gaeilge aige faoi scáth an rialtais sin, .i. an Ghaeilge a bheith faoi chúram an stáit, seachas faoi chúram eagraíochtaí deonacha na Gaeilge mar Chonradh na Gaeilge:

...the language is not the monopoly of the League but the possession of the nation, and I look forward to the day when we cease from our arduous voluntary labours and hand over the language of the nation – all of it that we have been able to save in this time of storm and stress – into the sympathetic and kindly hands of a National Government.¹³³

Cé go raibh de hÍde ag súil le rialtas dúchais a bhunú in Éirinn sa todhchaí, bhí sé go tréan i gcoinne baint a bheith ag an gConradh le haon ghluaiseacht a bhí mar aidhm aici neamhspleáchas na hÉireann a bhaint amach.

Ba í an pholaitíocht i gConradh na Gaeilge an t-ábhar ba mhó i gcrabhacha an Chonartha ar fad anois. Rinneadh díospóireacht ar leasú Bhunreacht Chonradh na Gaeilge maidir lena sheasamh neamh-pholaitiúil freisin. Ag cruinniú

¹³¹ Dubhghlas de hÍde, *The Gaelic League and Politics: Pronouncement by Dr. Douglas Hyde (President)*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1914), lch.2.

¹³² Ibid., lch. 3.

¹³³ Ibid., lch. 5.

Choiste Gnótha an Chonartha i mí na Samhna 1914 ar a raibh de hÍde ina chathaoirleach, chuir Diarmuid Ó Loingsigh an rún mar seo a leanas:

Whereas the term 'non-political' in the constitution of the Gaelic League is now being used as a weapon to prevent the Gaelic League from proclaiming itself on the side of the Irish nation during the present world-crisis, in which it is sought by the enemies of Irish nationality to confuse the century-old issue between their country and England, and to merge our interests with those of the British Empire, we hereby reaffirm our conception of its mission as stated by our President, Dr. Douglas Hyde, at a luncheon in San Francisco, March, 1906, as follows:- 'The Gaelic League had turned out a great national movement, and not merely a linguistic one – we aim at nothing else than the placing a new nation on the map of Europe.'¹³⁴

Níor chuir de hÍde aon agóid chuiditheach sa rún thuas. D'áitigh de hÍde, áfach, dá nglacfaí leis an rún sin, go mbrisfí Conradh na Gaeilge ina smidiríní. Bhí sé tábhachtach, a dúirt sé, seasamh neamhpholaitiúil an Chonartha a choinneáil agus spioraid an náisiúin a chothú agus an 'national language' a chur chun cinn.¹³⁵ Thug de hÍde iliomad óráidí chun cosc a chur ar thionchair na polaitíochta náisiúnta a theacht isteach sa Chonradh. I Márta na bliana 1915 ag cruinniú mór oscailte faoi scáth an Chonartha i mBaile Átha Cliath mar shampla, dhiúltaigh sé go daingean glacadh le haon cheangal idir ceist na teanga agus ceist na polaitíochta náisiúnta. Bhí cuma éadóchasach ar de hÍde nach bhféadfaí stad a chur ar pholaitiú an Chonartha ag an am sin, mar a dúirt sé: "If they allowed politics to come in, they undammed the flood, and God only knows would happen if they allowed politics to creep into the pure unadulterated language question."¹³⁶

Reáchtáladh Ard-Fheis na bliana 1915 i nDún Dealgan i ndeireadh mhí Iúil.

¹³⁴ *The Freeman's Journal*, 19/11/1914, lch. 7.

¹³⁵ *Ibid.*

¹³⁶ *Irish Independent*, 13/03/1915, lch. 4.

Bhí thart ar ocht míle duine páirteach ann agus bhí an ceangal idir an pholaitíocht agus an Conradh mar phríomhcheist acu. Ag oscailt na hArd-Fheise, thug de híde rabhadh don slua go mbeadh deireadh le Conradh na Gaeilge nó deireadh lena uachtaránacht féin dá mbeadh níos mó tionchar polaitíochta ag teacht isteach sa Chonradh:

Never, never, as long as the Gaelic League holds together, and I find myself standing on a platform like this, shall the pure light of the Irish language be trailed in the dust or in the mind of any one faction or party or of politics at all.¹³⁷

D’ainneoin a achainí sin, mhol Máirtín Ó Conalláin, ball den IRB, rún go leasófaí Bunreacht an Chonartha agus an abairt seo a chur ann:

Gan baint ar bith a bheith ag Conradh na Gaeilge le haon cheist pholaitíochta nó le haon cheist chreidimh, agus gan a bheith de chúram ar an gConradh ach náisiún Gaelach neamhspleách a dhéanamh d’Éirinn, saor ó gach ceannsmacht Gallda.¹³⁸

Bunaíodh an IRB sa bhliain 1858. Ba chumann rúnda faoi mhionn é an IRB agus bhí sé d’aidhm aige troid chun Éire neamhspleách a bhaint amach le lámh láidir a úsáid má bá ghá. Nuair a bunaíodh an Conradh in 1893, socraíodh go mbeadh an eagraíocht neamhpholaitiúil agus neamhsheicteach. Idir an dá linn, chonaic an IRB deis baill nua a earcú i measc daoine ag a raibh spéis acu sa Ghaeilge. De réir chuimhní cinn Earnán de Blaghd: “In 1906 when I joined the Irish Republican Brotherhood on the invitation of Seán O’Casey, the great majority

¹³⁷ *Irish Independent*, 26/07/1915, lch. 7.

¹³⁸ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 148. Níl sé soiléir má thug sé an rún i nGaeilge nó i mBéarla ar dtús. De réir ailt ar *The Freeman’s Journal*: “the Gaelic League shall be strictly non political and non sectarian and shall devote itself to realising the ideal of a Gaelic speaking and independent Irish nation, free from all subjection to foreign influences”. *The Freeman’s Journal*, 29/07/1915, lch. 8.

of its members in Dublin, which was incomparably its strongest centre, had come in through the Gaelic League.”¹³⁹

Lean díospóireacht an-teasaí ar aghaidh. D’aontaigh baill áirithe leis an rún ar nós Piaras Béaslaí a raibh dlúthbhaint leis an IRB aige freisin. Dhiúltaigh baill áirithe eile, an Dr. Seán P. Mac Énrí mar shampla, leis an rún amach is amach mar cheap sé gur chuir an rún an pholaitíocht pháirtí isteach sa Chonradh. Ansin, mhol an Coirnéil Moore an dara leath den rún sin a leasú mar seo: “the League should devote itself solely to realising the dawn of a free Gaelic speaking Ireland.”¹⁴⁰ Níor ghlac de hÍde an focal ‘saor’ nó ‘free’ a chuir sa Bhunreacht mar cheap sé go gciallódh an focal ‘saor’ saor ó riail na Breataine agus go mbeadh impleachtaí polaitiúla ag baint leis.¹⁴¹ Tar éis níos mó díospóireachta, áfach, glacadh leis an leasúchán sin d’aon ghuth.¹⁴²

Go dtí an bhliain 1915, bhí airteagal 1.2 den ‘Córú’ nó Bunreacht Chonradh na Gaeilge mar seo a leanas: “Ní bheidh baint ar bith ag Connradh na Gaedhilge le haon cheist phoilítidheachta ná le haon cheist chreidimh.” De bharr an rúin a glacadh ag an Ard-Fheis, leasaíodh an chéad airteagal de Bhunreacht Chonradh na Gaeilge agus cuireadh agús nua le ciall pholaitíochta leis. Cuireadh agús mar seo a leanas ag deireadh alt a 2 de bharr tionchair eite réabhlóideach an Chonartha ina raibh baill d’Óglaigh na hÉireann, de Shinn Féin agus den IRB: “agus ní bheidh de chúram ar an gConnradh acht náisiún saor Gaedhlach do dhéanamh dÉirinn.”¹⁴³ Níor ghlac de hÍde leis an leasú mar bhí sé soiléir dó go

¹³⁹ Earnán de Blaghd, ‘Hyde in Conflict’, in Seán Ó Tuama, (eag.), *The Gaelic League Idea*, (Corcaigh: Mercier Press, 1972), 31-40, lch. 34.

¹⁴⁰ *The Freeman’s Journal*, 29/07/1915, lch. 8.

¹⁴¹ Ibid.

¹⁴² Ibid.

¹⁴³ *Conradh na Gaeilge, Córughadh Chonartha na Gaedhilge: do réir mar do leasuigh an Ard-Fheis i mí na Lughnasa, 1916, é*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1916).

raibh ciall pholaitiúil ag baint leis an abairt sin. Shocraigh sé éirigh as uachtaránacht Chonradh na Gaeilge, an cúram a bhí aige ar feadh 22 bliain ó bunaíodh an Conradh. D'fhág sé litir ag an Ard-Fheis agus d'fhill sé ar Bhaile Átha Cliath. An lá ina dhiaidh sin, léadh an litir ag seisiún na hArd-Fheise. Níor luaigh de hÍde tada faoina chuid mhíshásamh ar leasúchán an Bhunreachta sa litir sin, ach thug sé a shláinte mar an chúis ba mhó dó le héirí as uachtaránacht an Chonartha: “Do ghoill obair na mblíadhnta atá caithte ar mo shláinte agus is é mo bharamhail anois go bhfuil an curam ag éirghe ro throm dam.”¹⁴⁴

Mhol an cathaoirleach Eoin Mac Néill go bhfágfaí uachtaránacht an Chonartha folamh go dtí an t-am go mbeadh Dubhghlas de hÍde sásta a bheith ina uachtarán ar Chonradh na Gaeilge arís. Mhol Mac Néill freisin toscaireacht a chur chuig de hÍde i mBaile Átha Cliath chun athmhachnamh faoina éirí as a chur ina luí air.¹⁴⁵ Ritheadh na rúin d'aon ghuth agus socraíodh go raibh an uachtaránacht folamh ar feadh bliana go dtí an chéad Ard-Fheis eile.

Bhí atmaisféar an-réabhlóideach sa Chonradh agus ba é Pádraig Mac Piarais a tháinig chun cinn go mór i measc na mball réabhlóideach sa tréimhse sin. I Márta na bliana 1903, tháinig Mac Piarais i gcomharbacht ar Eoin Mac Néill mar eagarthóir ar *An Claidheamh Soluis* agus bhí sé ina eagarthóir ar an iris go dtí 1909. Ar feadh 15 bliana i dtús an fhichiú haois, rinne an bheirt scoláirí réabhlóideacha dul chun cinn suntasach chun an ceangal idir an teanga agus an náisiúntacht a chothú le bealaí radacacha a úsáid, trí mheán an phinn agus an ghunna araon.

¹⁴⁴ *The Freeman's Journal*, 30/07/1915, lch. 2.

¹⁴⁵ *Ibid.*

Bhí spéis mhór ag an bPiarsach i staid na Gaeilge sa chóras oideachais in Éirinn a fheabhsú. In 1908, bhunaigh sé féin scoil dháttheangach, Scoil Éanna. Rinne sé iarracht an dátheangachas ar aithris chás na Beilge a chur i bhfeidhm i gcóras oideachais na hÉireann. I samhradh na bliana 1905, thug sé cuairt ar scoileanna sa Bheilg. Scríobh sé sraith alt dar teideal ‘Belgium and its Schools’ agus d’fhoilsigh sé iad ar *An Claidheamh Soluis* idir Lúnasa na bliana 1905 agus Márta na bliana 1907. Ar an gcéad sraith alt, thug sé stair na Beilge mar réamheolas den tsraith alt agus d’áitigh sé: “it explains why Belgium is today a nation with two national languages, why its education scheme is ordered on bilingual lines, and why these articles are being written.”¹⁴⁶ Chuir sé i dtuiscint do léitheoirí go raibh dhá ‘national languages’, an Fhraincis agus an Phléimeannais, sa Bheilg. D’áitigh sé freisin nárbh ionann cás na Beilge agus cás na hÉireann ó thaobh athbheochan na teanga de:

Let it be frankly realised that Ireland’s problem is vastly more different. We have to rescue a language from the very brink of the grave...The Flemings were citizens of a free state and their whole task was merely to convince their non-Flemish-speaking fellow-citizens of the reasonableness of admitting their language to equal rights with French in school and state. There was no question of restoration...it was simply a matter of securing fair play for that one of the two national vernaculars which an historical accident had placed in a subordinate position in the commonwealth.¹⁴⁷

Chuir an Piarsach béim ar an bpointe ní hamháin gur ‘national languages’ iad an Fhraincis agus an Phléimeannais ach freisin gur ‘national vernaculars’ iad an dá

¹⁴⁶ Pádraig Mac Piarais, ‘Belgium and its Schools: The Germ of Things’, in *An Claidheamh Soluis*, 05/08/1905, lch. 4.

¹⁴⁷ Pádraig Mac Piarais, ‘Belgium and its Schools: In Flanders Flemish’, in Pádraig Mac Piarais, *An Piarsach sa Bheilg: P.H. Pearse in Belgium: P.H. Pearse in België*, Séamas Ó Buachalla (eag.), (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1998), lch. 135.

theanga sin sa Bheilg. Mheas sé go raibh an dá theanga sa Bheilg ar chomhchéim lena chéile mar ‘national language’ agus mar theanga dhúchais.¹⁴⁸

Tar éis 1912, d’éirigh a chuid smaointe níos polaitiúla agus níos radacaí. Idir 1912 agus 1914, scríobh sé ailt agus thug sé léachtaí bríomhara i mBéarla ar chóras oideachais na hÉireann a bhí faoi thionchar láidir chóras oideachais Shasana. D’fhoilsigh an Piarsach na hait mar phaimfléad dar teideal *The Murder Machine* i dtús na bliana 1916. Sa phaimfléad sin, d’áitigh sé go ndearna an córas oideachais sin neamhaird den náisiúntacht Éireannach.¹⁴⁹ Dúirt sé gurbh é an córas oideachais náisiúnta a scrios náisiúntacht na nÉireannach laistigh de thréimhse an-gherr, rud nár éirigh le Cromail, lena Péindlíthe nó fiú le hAcht an Aontais a dhéanamh.¹⁵⁰ Mhol sé go mbunófaí córas oideachais nua faoi scáth rialtas dúchais ina raibh an ‘national language’ á húsáid, mar dar leis, “a national consciousness enshrined mainly in a national language”.¹⁵¹ Shamhlaigh sé stádas na Gaeilge faoi rialtas dúchais na hÉireann a bheadh ann amach anseo:

Irish Nationalists would restore Irish as a vernacular to the English-speaking six sevenths, and would establish Irish as the national language of a free Ireland: Belgian Nationalists would simply preserve their “two national languages”, according them equal rights and privileges. What then? Irish should be made the

¹⁴⁸ Foilsíodh sraith alt an Phiarsaigh níos déanaí in 1998 mar leabhar trítheangacha dar teideal *An Piarsach sa Bheilg: P.H. Pearse in Belgium: P.H. Pearse in België*. Sa leabhar sin, cuireadh an leagan Gaeilge i láthair ar dtús agus an leagan Béarla agus an leagan Pléimeannaise ina dhiaidh sin. Tabhair faoi deara, áfach, gurbh é an leagan Béarla an leagan bunaidh den sraith alt agus nuair a scrúdaítear an leagan Gaeilge sin, is coir an leagan Béarla a iniúchadh chomh maith. Tá an leagan Gaeilge de dheireadh an sleachta thuas aistrithe mar “Ní raibh i gceist ach cothrom a fháil do theanga amháin den dá theanga náisiúnta a fágadh faoi mhíbhuntáiste sa tír de bharr imeachtaí na staire” ach ní hionann brí den dá leagan go hiomlán. Cé gur úsáideadh an téarma ‘dá theanga náisiúnta’ sa leagan Gaeilge, ba ‘two national vernaculars’ a bhí i gceist sa Bhéarla go bunúsach. Feic, Mac Piarais, ‘Belgium and its Schools: In Flanders Flemish’ in *An Piarsach sa Bheilg*, lch. 32.

¹⁴⁹ Pádraig Mac Piarais, *The Collected Works of Pádraic H. Pearse: Political Writings and Speeches*, (Baile Átha Cliath: The Phoenix Publishing Co., Ltd., [g.d.]). lch. 16.

¹⁵⁰ *Ibid.*, lch. 40.

¹⁵¹ *Ibid.*, lgh. 40-41.

language of instruction in districts where it is the home language, and English the “second language”, taught as a school subject: I would not at any stage use English as a medium of instruction in such districts, anything that I have elsewhere said as to Belgian practice notwithstanding. Where English is the home language it must of necessity be the “first language” in the schools, but I would have a compulsory “second language”, satisfied that this “second language” in five sixths of the schools would be Irish. And I would see that the “second language” be utilised as a medium of instruction from the earliest stages. In this way, and in no other way that I can imagine, can Irish be restored as a vernacular to English-speaking Ireland.¹⁵²

Feictear ón sliocht thuas go raibh tuiscint ag an bPiarsach ar an difríocht idir ‘vernacular’ nó ‘teanga dhúchais’ agus ‘national language’. Dar lena thuiscint, gur theanga an phobail í an ‘vernacular’ ach gur theanga an náisiúin í an ‘national language’, dá bharr sin, ba cheart do lucht na hathbheochana an Ghaeilge a athbheochan mar ‘vernacular’ ar dtús, ansin í a bhunú agus a bhuanú mar ‘national language’. Níl an t-ord sin i gcomhréir le rún oibre Chonradh na Gaeilge, “The preservation of Irish as the National language of Ireland and the extension of its use as a spoken tongue.” Léireofaí go raibh tuiscint níos soiléire ag an bPiarsach go raibh an Ghaeilge níos tábhachtaí mar theanga an phobail, ná an Ghaeilge mar theanga an náisiúin. Bhí a thuairim níos praiticiúla ar staid na dteangacha in Éirinn freisin. Ghlac sé leis go raibh pobal ann ag labhairt Béarla ó dhúchas agus nár mhór don rialtas dúchais a bheith dátheangach, áfach, cé go mbeadh siad dátheangach le claonadh i dtreo na Gaeilge.

Ní raibh Pádraig Mac Piarais ag Ard-Fheis na bliana 1915. I rith an ama sin, bhí sé i Ros Muc agus ag scríobh óraide do shochraid cheannaire na bhFíníní, Diarmaid Ó Donnabháin Rossa.¹⁵³ Ar an 1 Lúnasa, díreach tar éis na hArd-Fheise,

¹⁵² Ibid., lch. 47.

¹⁵³ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 153.

thug an Piarasach an óráid ag uaigh Uí Dhonnabháin Rossa. Bhí go leor ball den Chonradh i láthair. Murab ionann agus a thuairim ar an dátheangachas a nocht sé sa sliocht thuas luaite, d'áitigh an Piarasach go raibh ceangal láidir idir náisiúntacht Éireannach agus an Ghaeilge ag an am sin. Thosaigh sé a óráid le habairt ghearr i nGaeilge. Ghair sé an lucht éisteachta mar “A Ghaedheala” ar dtús agus chríochnaigh sé leis na focail seo, “saoirse Ghaedheal”.¹⁵⁴ Ansin, thug sé an phríomhóráid i mBéarla agus mhol sé Ó Donnabháin Rossa mar “Not only would he have Ireland free, but he would have Ireland Gaelic...he came out of the Gaelic tradition. He was of the Gael; he thought in a Gaelic way; he spoke in Gaelic accents.”¹⁵⁵ Ansin, shainigh an Piarasach cuspóir náisiún na hÉireann ina abairt cháiliúil seo:

The clear true eyes of this man almost alone in his day visioned Ireland as we of to-day would surely have her: not free merely, but Gaelic as well; not Gaelic merely, but free as well.¹⁵⁶

As sin amach, bhí sé mar chuspóir ag beagnach gach treoraí agus ceannaire réabhlóideach in Éirinn – Éire shaor agus Éire ina raibh an Ghaeilge á labhairt a bhaint amach san am céanna.

Idir Nollaig na bliana 1915 agus deireadh Mhárta na bliana 1916, d'fhoilsigh an Piarasach sraith phaimfléad polaitiúla ar son saoirse na hÉireann. Ceann amháin acu dar teideal *The Spiritual Nation* a foilsíodh ar an 13 Feabhra 1916, nocht sé a thuiscint faoin gceangal idir an spioraid náisiúnta agus an teanga:

¹⁵⁴ Pádraig Mac Piarais, *The Collected Works of Pádraic H. Pearse*, Ich. 133.

¹⁵⁵ *Ibid.*, Ich. 128.

¹⁵⁶ *Ibid.*, Ich. 135.

The spiritual thing which is the essential thing in nationality would seem to reside chiefly in language (if by language we understand literature and folklore as well as sounds and idioms), and to be preserved chiefly by language...¹⁵⁷

Dá bhrí sin, a lean sé ar aghaidh, cé go raibh sé tábhachtach saoirse na hÉireann a bhaint amach, rud ní ba thábhachtaí ná spioraid an náisiúin a chosaint, .i. an Ghaeilge agus an náisiúntacht Éireannach a chaomhnú go deo: "Freedom is a condition which can be lost and won and lost again; nationality is a life which, if one lost, can never be recovered."¹⁵⁸

Ba é *The Sovereign People* an leagan deireanach den tsraith phaimfléad a foilsíodh ag deireadh mhí an Mhárta 1916. Bhí blas scarúnaíoch láidir ar an bpaimfléad agus ag an ócáid sin, d'áitigh sé go raibh an tsaoirse fhisiceach tábhachtach chun spiorad an náisiúin a chaomhnú agus a chur chun cinn. Ansin, nocht sé a thuairim radacach ar shaoirse na hÉireann chun neamhspleáchas na tíre a bhaint amach: "I now insist upon the necessity of complete control of the material resources of the nation in order to the completeness of that physical freedom."¹⁵⁹ Bhí a chinneadh déanta aige a bheith ag obair ar son neamhspleáchas na hÉireann le lámh láidir a úsáid má ba ghá. Idir an dá linn, bhí plean rúnda ar éirí amach ar siúl i measc na mball áirithe den IRB agus d'Óglaigh na hÉireann agus bhí baint mhór ag an bPiarsach leis an bplean sin. Cuireadh an plean rúnda i bhfeidhm laistigh de mhí. Thug Eoin Mac Néill an plean rúnda faoi deara agus d'ordaigh sé é a chur ar ceal sula raibh sé le cur i bhfeidhm. Bhí sé ródhéanach, áfach agus cuireadh tús le hÉirí Amach na Cásca ar Luan Cásca 1916.

¹⁵⁷ Ibid., lch. 302.

¹⁵⁸ Ibid., lgh. 302-303.

¹⁵⁹ Ibid., lch. 337.

Bhí sé beartaithe ag na reibiliúnaigh Poblacht na hÉireann a bhunú agus ag tús an Éirí Amach, toghadh Pádraig Mac Piarais mar Uachtarán ar an bPoblacht. Léigh sé amach Forógra na Poblachta in Ard-Oifig an Phoist. Shínigh an seachtar seo a leanas an Forógra: Tomás Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada, Séamas Ó Conghaile, Tomás Mac Donnchadha, Éamonn Ceannt, Seosamh Pluincéid agus an Piarasach féin. Scríobhadh an Forógra i mBéarla go hiomlán seachas líne amháin ag tús an fhorógra i nGaeilge “POBLACHT NA H EIREANN” a bhí clóscríofa go ciotrúnta. Níl sé soiléir cé a scríobh an Forógra go díreach, ach deirtear go raibh chuile sheans ann gur scríobh an Piarasach formhór an dréachta faoi thionchar Shéamais Uí Chonghaile, ceannaire sóisialach na hÉireann.¹⁶⁰ Ní dhearna an Forógra aon tagairt don Ghaeilge nó do theanga náisiúnta na Poblachta, áfach agus an rud ab iontaí ná, nár luadh Éire Ghaelach, rud a shainigh an Piarasach féin mar chuspóir a bheadh ag náisiún Éireannach. Nuair a cuireadh an fhíric san áireamh, mar a dúirt John O’Connor “The 1916 Proclamation is rightly regarded as a significant document in the history of Ireland and will forever remain a great historical landmark”,¹⁶¹ d’fhéadfaí a rá gur chaill an Ghaeilge deis shuntasach chun páirt mhór a ghlacadh in ócáid stairiúil na hÉireann. Dá mba é an Piarasach féin a shocraigh nach úsáideadh an deis sin chun aitheantas a thabhairt don Ghaeilge, ba pharadacsa mór i stair na hÉireann agus stair athbheochan na Gaeilge é.

Cé nach raibh Conradh na Gaeilge féin páirteach in Éirí Amach na Cásca mar eagraíocht, ghlac go leor ball den Chonradh páirt ann.¹⁶² Bhí beagnach gach

¹⁶⁰ John O’Connor, *The 1916 Proclamation: revised edition 1999*, (Minneapolis: Anvil Books, Irish Books and Media, 1999), lch 24.

¹⁶¹ *Ibid.*, lch 11.

¹⁶² Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 154.

duine den seachtar a shínigh Forógra na Poblachta ina mball den Chonradh agus bhí duine amháin, Seán Mac Diarmada, ina bhall den Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge don bhliain 1915-1916.¹⁶³ Cuireadh na sínitheoirí go léir mar aon le naonúr eile, formhór acu ina mball den Chonradh freisin, chun báis i bpríosúin.¹⁶⁴ Ina theannta sin, chaill an Conradh go leor gnáthbhall sa troid.

Dhá mhí i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, ar an 27 Meitheamh 1916, tionóladh comhdháil in Óstán an Gresham i mBaile Átha Cliath chun staid Chonradh na Gaeilge agus na fadhbanna a bhain le gluaiseacht Ghaeilge na linne a phlé. Ba é “The Irish Language Conference” ainm na comhdhála sin. Bhí an chomhdháil eagraithe ag daoine a raibh baint mhór acu le Conradh na Gaeilge, An Dr. Seán P. Mac Énrí agus Séamas Ó Dubhghaill, ‘Beirt Fhear’, ina measc agus bhí thart ar thríocha duine ag freastal uirthi.¹⁶⁵ Toghadh Mac Énrí ar an gCoiste Gnótha ag Ard-Fheis na bliana 1915¹⁶⁶, ach d’éirigh sé as an gConradh mí ina dhiaidh sin mar agóid in aghaidh ‘polaitiú’ an Chonartha.¹⁶⁷ As sin amach choinnigh sé a thuairim láidir gur cheart an pholaitíocht a choinneáil glan amach as an gConradh. De réir trácht ag Liam Ó Briain ar an seasamh a bhí ag Mac Énrí: “Gan aon phoilítíocht a bheith sa gConradh, fáilte a bheith ann roimh gach Éireannach a

¹⁶³ Feic, toradh den toghchán Choiste Gnótha in *The Freeman’s Journal*, 30/07/1915, lch. 2. De réir Pádraig Ó Fearáil, “six of the seven men who signed the Proclamation of a Republic had been members of Conradh na Gaeilge, and four of them had been members of An Coiste Gnó”. Ó Fearáil, *The Story of Conradh na Gaeilge*, lch. 44. Dúirt Proinsias Mac Aonghusa freisin “Conraitheoirí a bhí i seisear den seachtar a shínigh Forógra na Poblachta a cuireadh ar fáil meán lae Luan Cásca”. Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, lch. 154. I measc an seachtar a shínigh an Forógra, níor luaigh Mac Aonghusa aon baint idir Séamas Ó Conghaile agus Conradh na Gaeilge ina leabhar.

¹⁶⁴ Dar le Proinsias Mac Aonghusa, bhí ceithre dhuine dhéag ar a laghad den sé dhuine dhéag a forghníomhaíodh ina mbaill de Chonradh na Gaeilge. Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch 154.

¹⁶⁵ *An Claidheamh Soluis*, 08/07/1916, lgh. 3-4.

¹⁶⁶ *The Freeman’s Journal*, 30/07/1915, lch. 2.

¹⁶⁷ Liam Ó Briain, ‘Obituary: An Dochtúr Mac Énrí’, in *UCG Annual 1929-1930*, (Gaillimh: Coláiste na h-Iolsgoile, Gaillimh, 1930), lch. 40.

thogruigh teacht isteach ann, badh é sin an rosc catha a bhí aige ó thús go deireadh a shaoghail.”¹⁶⁸

Ag an gcomhdháil sin, moladh athbhreithniú a dhéanamh ar ‘Córú’ nó ar Bhunreacht Chonradh na Gaeilge chun an Conradh a atheagrú. D’fhoilsigh *The Freeman’s Journal* agus *An Claidheamh Soluis* an tuairisc chéanna ar an gcomhdháil. Dar leis an dá pháipéar, seo a leanas an rún a glacadh leis ag The Irish Language Conference:

That proposals for such re-construction of the Gaelic League as would increase public confidence be put forward by this conference to the Ard Fheis. That such proposals be drafted by a Committee on lines suggested by the present discussion, be submitted to the conference for sanction, and be put forward to Ard Fheis as independent proposals coming frankly from a body not comprised in the constitution of the Gaelic League. That this conference meet again in the autumn to consider the response of Ard Fheis to the proposals.¹⁶⁹

Mhol an chomhdháil freisin go n-iarrfaí ar Dhubhghlas de hÍde filleadh ar uachtaránacht an Chonartha. Bhí de hÍde féin ar an gcomhdháil sin ach chuir sé in iúl nach nglacfadh sé aon pháirt sa díospóireacht.¹⁷⁰

Bhí amhras mór ar Choiste Gnótha an Chonartha roimh mholtaí na comhdhála: cheap an Coiste go mbeadh tuairimí léirithe ag an gcomhdháil gur cheart eagraíocht nua don Ghaeilge a chur ar bun in áit Chonradh na Gaeilge. Maidir le moltaí na comhdhála, ní dhearna an t-eagarfhocal in eagrán 8 Lúil de *An Claidheamh Soluis* ach tráchttaireacht ghearr faoin ócáid. D’áitigh an t-eagarfhocal go raibh an chomhdháil ag iarraidh baill den Choiste Gnótha a bheith bainteach le

¹⁶⁸ Ibid.

¹⁶⁹ *The Freeman’s Journal*, 01/07/1916, lch. 5; *An Claidheamh Soluis*, 08/07/ 1916, lch 3.

¹⁷⁰ *The Freeman’s Journal*, 01/07/1916, lch. 5.

haon ghluaiseacht radacach a ghlanadh amach ón gConradh agus ag iarraidh Conradh na Gaeilge a scoilt. D'áitigh an t-eagarfhocal freisin go raibh dream de chuid The Irish Language Conference faoi thionchar na polaitíochta páirtí agus gurbh iad lucht Choiste Gnótha an Chonartha a bhí neamhpholaitiúil i gcónaí:

...“frankly from a body not comprised in the constitution of the Gaelic League”. The Ardfeis will not consider such proposals at all, because they cannot appear on its agenda. The Gaelic League is governed on constitutional lines...We want no politics in the Gaelic League, but we want more virile nationality, and less timidity, both in the Gaelic League and outside of it. The Language movement is above politics, and there must be no attempt to bring it into line with the opinions or policy of any political party...To a proposal to bring new workers into the Language no one could object, but when we are asked to prepare for a wake on the Gaelic League it is our duty to show we are very much alive, and that we will resist premature burial.¹⁷¹

Maidir le *An Claidheamh Soluis*, ba é Seán Mac Giollarnáth, a raibh ceangal aige leis na hÓglaigh, eagarthóir na linne sin agus b'amhlaidh gur chuir tionchar pholaitíocht inmheánach an Chonartha isteach go mór ar bhainistíocht agus ar eagarthóireacht an pháipéir ag an am sin.¹⁷² Chiollaigh sé sin go raibh tionchar na polaitíochta réabhlóideacha fós sa Chonradh agus bhí go leor de bhaill gníomhacha an Chonartha ag iarraidh neamhspleáchas polaitíochta a bhaint amach trí pholaitíocht náisiúnta. D'áitigh an Conradh go raibh eite polaitíochta áirithe in aghaidh an Chonartha taobh thiar den chomhdháil agus a moltaí. D'áitigh *An Claidheamh Soluis* go raibh an chomhdháil ceangailte le heite pholaitíochta i dtaobh rialail na Breataine agus iad ag iarraidh an Conradh a

¹⁷¹ *An Claidheamh Soluis*, 08/07/1916, lgh 6-7.

¹⁷² Regina Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae: 1899-1932*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2004), lgh 40-41.

tharraingt isteach ina dtaobh: “The chairman, Fr. Quinn, is reported to have said that if the Gaelic League were to take to politics, it should take to the politics of the predominant party in the country.”¹⁷³

De réir na moltaí ag The Irish Language Conference, bunaíodh coimisiún neamhspleách chun moltaí a dhéanamh os comhair Ard-Fheis na bliana 1916. Dhírigh an coimisiún ar na trí pointe seo a leanas mar fhadhbanna Chonradh na Gaeilge a bhí le feabhsú. Ar an gcéad dul síos, mhol siad dílárú ghluaiseacht na Gaeilge chomh maith le dílárú Choiste Gnótha den Chonradh.¹⁷⁴ Léirigh sé sin míshásamh de chuid ball an Chonartha faoina bpolasaí teanga sa Ghaeltacht. Thuairiscigh *The Freeman’s Journal* é mar seo:

This is a reform that has been long demanded. Complaints have been made again and again that the interests of the Language, especially in the Irish-speaking districts, have been neglected locally because of over-centralisation, and that the language is in consequence dying out in many places where it is the native speech of the people.¹⁷⁵

Bhí sé beartaithe ag an gcoimisiún neamhspleách de chuid The Irish Language Conference ceisteanna bunúsacha faoi Chonradh na Gaeilge a thabhairt ar ais ar chláir tosaigh an Chonartha. Bhí an pointe soiléir sa dara moladh:

Freedom From Partisan Character.

- I. The constitution shall contain a provision that the Gaelic League shall enlist the support and sympathy of all sections of the Irish People for the National Language.
- II. All bodies of the League and officers...shall annually make a declaration guaranteeing not in any way to identify the Gaelic League with any organisation or

¹⁷³ *An Claidheamh Soluis*, 08/07/1916, lgh 6-7.

¹⁷⁴ *The Freeman’s Journal*, 18/07/1916, lch. 5.

¹⁷⁵ *Ibid.*, lch. 2.

with any propaganda of a sectional or partisan nature.¹⁷⁶

Bhí siad den tuairim toisc go raibh an ‘national language’ ina seilbh ag pobal na hÉireann go léir, nárbh fhéidir leis an ‘national language’ a bheith bainteach le páirtí polaitíocht áirithe. Dá bhrí sin, mar eagraíocht náisiúnta ar son an ‘national language’, ba ghá don Chonradh di-pholaitiú na heagraíochta féin a dhéanamh ionas go mbeadh sí in ann tacaíocht fhorleathan a fháil i measc an phobail. Ar an trú dul síos, mhol an coiste go n-iarrfaí ar Dhubhghlas de hÍde teacht ar ais mar uachtarán an Chonartha chun a fhealsúnacht agus a pholasaithe i leith na Gaeilge a chur chun cinn sa Chonradh arís.¹⁷⁷ I ndeireadh na moltaí sin, rinneadh achainí a bhí dírithe ar lucht athbheochan na Gaeilge mar seo: “The failure of any effort in this direction, it is feared, would be disastrous to the Language. The Committee urge that difference of opinion as to details should be subordinated in view of the urgent call for reform.”¹⁷⁸ In aghaidh áiteamh *An Claidheamh Soluis*, d’áitigh siad gurbh iad féin a bhí neamhpholaitiúil agus gurbh iad féin a bhí ag iarraidh an pholaitíocht a dheighilt ón gConradh.

Roimh Ard-Fheis na bliana sin, phléigh an Coiste Gnótha na moltaí thuasluaite a rinne coimisiún neamhspleách de chuid The Irish Language Conference. Shocraigh an Coiste Gnótha go gcuirí na rúin os comhair na hArd-Fheise ach bhí feachtas in aghaidh The Irish Language Conference ar siúl ag an am céanna. Bhí sé le feiceáil ar an eagarfhocal in eagrán mhí Iúil de *An Claidheamh Soluis*:

...We hurt the feelings of many good friends of our movement, and this week some of the truths, which it is our duty to tell, may hurt them still further, but it will be seen

¹⁷⁶ Ibid., lch. 5.

¹⁷⁷ Ibid.

¹⁷⁸ Ibid.

that we desire peace, not a quarrel. It has been admitted to us by several members of the conference that their original purpose was to bring the Gaelic League into line with the Irish Parliamentary Party. Ostensibly the purpose of the conference was to purge the Gaelic League of politics; its real purpose, known at first be only two or three, was to make the League a party organisation...The greater number of those who took part in the conference were entirely ignorant of the intrigue, and we are glad to know that no one who has been closely associated with the League in the past two years had anything to do with it.¹⁷⁹

Bhí an dá thaobh ag cáineadh a chéile faoi ghnéithe polaitiúla a chéile. Bhí easaontas soiléir le feiceáil sa Chonradh – easaontas nach bhféadfaí cur síos a dhéanamh air le scoilt idir dream ‘polaitiúil’ agus ‘dream ‘neamhpholaitiúil’. Mar fhreagra ar an eagarfhocal thuas, sheol an Dr. Seán P. Mac Énrí litir chuig *An Claidheamh Soluis*. Foilsíodh an litir sin in eagrán 5 Lúnasa den iris. Shéan Mac Énrí go tréan go raibh fírinne ar bith san eagarfhocal sin agus go raibh baint ar bith aige féin leis an bpolaitíocht pháirtí: “I, for one, have fought for years to keep the Gaelic League free from party politics, and I would as strongly resist any “bringing into line” with the Parliamentary Party as with any other party...”¹⁸⁰ Bhí sé den tuairim go raibh athchóiriú agus athstruchtúru an Chonartha ag teastáil fós chun polaitíocht a choinneáil glan amach ón gConradh. D’áitigh sé go raibh sé ceart go bpléifí rún an choimisiúin ag an gcéad Ard-Fheis eile: “...It can accept, amend or reject them. The members of the conference have made no threats...But we must retain our freedom of action if reform seems hopeless.”¹⁸¹

Bhí coimisiún neamhspleách an Irish Language Conference agus Mac Énrí réidh leis na moltaí a chur os comhair na hArd-Fheise. Fuair an rún 18 síniú ó bhail an Chonartha, cúigear ball de Choiste Gnótha na bliana 1915-1916 ina

¹⁷⁹ *An Claidheamh Soluis*, 29/07/1916, lgh. 6-7.

¹⁸⁰ *An Claidheamh Soluis*, 05/08/1916, lch. 15.

¹⁸¹ *Ibid.*

raibh Mac Énrí féin san áireamh.¹⁸² I measc na sínitheoirí, bhí An Tiarna Ashbourne ann freisin.¹⁸³ Chomh maith leis sin, thug thart ar thríocha ball eile tacaíocht don rún agus bhí a bhformhór bainteach le hearnáil an oideachais agus le coistí áitiúla.¹⁸⁴ Léirigh an coimisiún a dhóchas: "...a sincere and earnest effort on the part of those responsible should suffice to place the Language Movement on a sound basis with restored influence and unanimity".¹⁸⁵ Faoi dheireadh, cuireadh an rún ar chlár oibre na hArd-Fheise.

Ar an 8 Lúnasa 1916, gaireadh an chéad Ard-Fheis tar éis Éirí Amach na Cásca. Ba é halla Chonradh na Gaeilge i gCearnóg Parnell ionad na hArd-Fheise. De réir *An Claidheamh Soluis*, "The Ardfheis was a large one."¹⁸⁶ Bhí thart ar 200 duine i láthair ach bhí an tinreamh i bhfad níos ísle ná tinreamh na bliana roimhe sin.¹⁸⁷ Toisc go raibh uachtaránacht an Chonartha folamh fós agus gur cuireadh an t-Ard-Rúnaí Seán T. Ó Ceallaigh i bpríosún de bharr a pháirt in Éirí Amach na Cásca, bhí an tAthair Cathaoir Ó Braonáin i gceannas agus bhí Risteard Ó Foghludha ina rúnaí cúnata ag an Ard-Fheis sin.¹⁸⁸ Thuairiscigh *An Claidheamh Soluis* go raibh gach díospóireacht ar siúl i nGaeilge agus bhí atmaisféar lán le teannas ann.¹⁸⁹ Pléadh na moltaí ag an gcoimisiún de chuid The Irish Language Conference ar athstruchtúrú an Chonartha agus an Bhunreachta le linn na

¹⁸² *The Freeman's Journal*, 03/08/1916, lch. 4. Thug *The Freeman's journal* liosta den 18 sínitheoir mar "eighteen members of the Coiste Gnótha of the Gaelic League", áfach, ní bhfuarthas formhór ainmneacha na sínitheoirí sin ó liosta de bhaill Choiste Gnótha 1915-1916 a toghadh ag Ard-Fheis na bliana 1915. Feic, *Freeman's Journal*, 30/07/1915, lch. 2. Thuairiscigh *The Irish Times* mar "including eighteen former members of the Coiste Gnótha". Feic, *The Irish Times*, 04/08/1916, lch. 6.

¹⁸³ Níos déanaí sa dara leath de na 1920idí, roghnaíodh an bheirt, Mac Énrí agus Mac Giolla Bhríde, mar chúigiú agus seachtú huachtarán Chonradh na Gaeilge.

¹⁸⁴ Feic, ainmliosta don 30 lucht tacaíochta ar fáil i *The Freeman's Journal*, 03/08/1916, lch. 4.

¹⁸⁵ *The Freeman's Journal*, 03/08/1916, lch. 4.

¹⁸⁶ *An Claidheamh Soluis*, 12/08/1916, lch. 8.

¹⁸⁷ *The Freeman's Journal*, 08/08/1916, lch. 2.

¹⁸⁸ Ibid.

¹⁸⁹ *An Claidheamh Soluis*, 12/08/1916, lch. 8.

díospóireachta ach bhí easaontú láidir ann in aghaidh na moltaí. Ba in ainm Chraoibhe na Carraige Duibhe a cuireadh na rúin, áfach, ó tharla go ndearnadh é gan cead ó Uachtarán na Craoibhe sin, chruthaigh sé teannas breise. Rinne Uachtarán agus baill na Craoibhe sin gearán faoi sin. Ba é Enrí Ó hAnluain, Ard-Rúnaí na Craoibhe sin agus tacadóir le The Irish Language Conference, a chuir na rúin in ainm na Craoibhe.¹⁹⁰ Moladh diúltiú leis na rúin sin. Ansin, mhol an tAthair Tomás de bhFál an rún thíos in aghaidh The Irish Language Conference:

...tairgsionaibh atá os ár gcomhair in ainm Craoibhe na Carraige Duibhe acht aon nua-rud amháin .i. go leigfeadh Connradh na Gaedhilge do dhream leasmuigh den Chonradh féin obair an Choiste Gnótha do dhéanamh. Ní thagann leis an Árdfheis aontughadh choidhche le n-a leithéid sin de thairgsint. An fhaid is bheidh Connradh na Gaedhilge ann déanfaidh sé a gnó féin, agus caithfidh an Coiste Gnótha bheith freagarthach i gcomhnuidhe don Árdfheis.¹⁹¹

Cé go ndúirt *An Claidheamh Soluis* go raibh gach díospóireacht ar siúl i nGaeilge, chuile sheans gur úsáideadh an Béarla chomh maith ag an díospóireacht sin. Scríobhadh cuntas na hArd-Fheise a tháinig amach in eagrán 19 Lúnasa de *An Claidheamh Soluis* go hiomlán i nGaeilge, ach amháin leagan Béarla den rún thuas le nóta beag “B’éidir nár mhisde a chur annso An Sacsbhéarla do cuireadh isteach ina chóir sin.”¹⁹² Ba é an leagan Béarla sin an leagan céanna a bhí in alt i *The Freeman’s Journal* a foilsíodh cheana díreach lá i ndiaidh na díospóireachta. Bhí cáineadh níos láidre le feiceáil san alt, cáineadh nár luadh sa leagan Gaeilge den chuntas ar *An Claidheamh Soluis*. Bheadh an leagan Béarla éifeachtach chun drochíomhá in aghaidh The Irish Language

¹⁹⁰ *The Freeman’s Journal*, 03/08/1916, lch. 4.

¹⁹¹ *An Claidheamh Soluis*, 19/08/1916, lch. 7.

¹⁹² *Ibid.*

Congress a chruthú i measc an phobail:

...the scheme put forward in the name of the Blackrock Branch on behalf of the Conference held at the Gresham Hotel, makes only one new proposal of importance, namely, that the Gaelic League should surrender its independence and give up its democratic system of self-government and allow itself to be controlled by a nominated body of outsiders, and the Ardfheis, therefore, repudiates and condemns the proposal as subversive of good government in the Gaelic League, and of the best interests of the Irish Language.¹⁹³

Thacaigh Pádraig Ó Siochfhradha¹⁹⁴, nó 'An Seabhac' mar ab fhearr aithne air, leis an rún. Thuairiscigh *An Claidheamh Soluis* nach raibh ach duine amháin, Enrí Ó hAnluain, i gcoinne an rúin. Glacadh leis ag seisiún na hArd-Fheise d'aon ghuth.¹⁹⁵

Shocraigh an Ard-Fheis go dtoghfaí Uachtarán na bliana le vótáil oscailte. Bhí iarrachtaí agus feachtais ar siúl roimh na hArd-Fheise maidir leis an uachtaránacht. Iarradh ar Dhubhghlas de hÍde teacht ar ais ina Uachtarán ach dhiúltaigh sé don tairiscint.¹⁹⁶ D'áitigh Tomás Ó Máille, ollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, gur moladh ainmneacha eile ar nós an Athar Tomás de bhFál, an Athar Peadar Ó Laoghaire, Peadar Mac Fhionnlaoich agus Eoin Mac Néill freisin agus ina measc, mhol an Máilleach Eoin Mac Néill go háirithe le bheith ina Uachtarán nua ar an gConradh cé go raibh sé i bpríosún ag

¹⁹³ Ibid.; *The Freeman's Journal*, 08/08/1916, lch. 2.

¹⁹⁴ Bhí sé ar dhuine de mhórscribhneoirí na Gaeilge é agus a raibh baint mhór aige le Coimisiún na Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge faoi scáth rialtas an tSaorstáit. Feic, Lesa Ní Mhunchaile, 'Pádraig Ó Siochfhradha: Samhlú an Náisiúin agus Coimisiún na Gaeltachta', i Deirdre Ní Loingsigh, Lesa Ní Mhunchaile agus Ríonach uí Ógáin (eag.), *'Rí na Gréine': Aistí i gCuimhne ar An Seabhac*, (Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann, 2015).

¹⁹⁵ *An Claidheamh Soluis*, 19/08/1916, lch. 7.

¹⁹⁶ *An Claidheamh Soluis*, 05/08/1916, lch. 10.

an am sin de bharr a bhaint le hÓglaigh na hÉireann.¹⁹⁷

Ar an taobh eile, bhí iarracht ann i measc bhaill eile an Chonartha chun Uachtarán nua ‘neamhpholaitiúil’ a lorg. Thairg an tAthair Peadar Ó Laoghaire, scoláire mór a raibh baint aige leis an gConradh ó thús, uachtaránacht a dhéanamh don bhliain sin. Bhí an tAthair Ó Laoghaire go daingean in aghaidh an lámh láidir a úsáid chun sairse na hÉireann a bhaint amach. Ag an Ard-Fheis, áfach, níor pléadh tairiscint an Athar Uí Laoghaire mar rún. Ag seisiún na hArd-Fheise, mhol Risteard Ó Foghludha gur diúltaíodh an tairiscint go hindíreach.¹⁹⁸ Ritheadh an moladh sin agus socraíodh gur diúltaíodh tairiscint an Athar Uí Laoghaire go múinte.¹⁹⁹

Ansin, mhol Ó Foghludha an tAthair Tomás de bhFál mar an tUachtarán nua. Dhiúltaigh an tAthair de bhFál é a ghlacadh, áfach.²⁰⁰ Mhol an cathaoirleach, an tAthair Ó Braonáin, Eoin Mac Néill mar an tUachtarán nua. Bhí Mac Néill as láthair agus i bpríosún ag an am sin de bharr a bhaint le hÓglaigh na hÉireann. D’áitigh an tAthair Ó Braonáin gurbh é Mac Néill an duine b’oiriúnaí mar Uachtarán an Chonartha. Thuairiscigh *The Freeman’s Journal* “...Mr. McNeill...Often Dr. Hyde had stated that he would rather be President of the Gaelic League than King of England.”²⁰¹ Thacaigh An tAthair de bhFál leis an rún freisin. Bhí bualadh bos mór ann agus glacadh leis an rún gan cead Eoin Mhic Néill féin a fháil ar chor ar bith. Toghadh Mac Néill ina Uachtarán nua ar Chonradh na Gaeilge beagnach d’aon ghuth.²⁰²

Maidir leis na rún ag The Irish Language Conference, cuireadh iad os comhair

¹⁹⁷ *An Claidheamh Soluis*, 15/07/1916, lgh. 10-11.

¹⁹⁸ *An Claidheamh Soluis*, 19/08/1916, lch. 9.

¹⁹⁹ *The Freeman’s Journal*, 09/08/1916, lch. 2.

²⁰⁰ *An Claidheamh Soluis*, 19/08/1916, lgh. 8-9.

²⁰¹ *The Freeman’s Journal*, 09/08/1916, lch. 2.

²⁰² *An Claidheamh Soluis*, 12/08/1916, lch. 8.

na hArd-Fheise ach níor glacadh leo. Thuairiscigh *An Claidheamh Soluis* go hachomair: “The comhdháil proposals got no support. There was but one delegate to speak for them, and his advocacy was very lukewarm.”²⁰³ Bhí an eite ‘leasaitheora’, an dream a chuir síos ar a n-aidhm mar thionchar na polaitíochta a ghlanadh amach as an gConradh, ar thaobh mionlaigh sa Chonradh faoin am sin. Ba iad an eite eile, eite a bhí faoi thionchar na polaitíochta réabhlóideacha, a bhí i gcumhacht agus ba leis na daoine sin a d’fhás an ceangal idir ghluaiseacht na Gaeilge agus polaitíocht na hÉireann, rud a bhí riachtanach d’fhorbairt ghluaiseacht na Gaeilge.

Conclúid

Sa tréimhse atá i gceist sa chaibidil seo, cruthaíodh bunús na hidé-eolaíochta áirithe a shamhlaigh an Ghaeilge mar eilimint riachtanach do mhuintir na hÉireann go léir chun náisiúntacht Éireannach a cur chun cinn. Is é sin le rá, idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ nó ‘national language’ in Éirinn. Tugann an mionscrúdú ar bhunús agus ar fhorbairt na téarmaí ‘national language’/‘teanga náisiúnta’ in Éirinn le fios go raibh tuiscint chasta ag baint leo. D’fhéadfaí a rá gurbh é Tomás Dáibhis a d’úsáid an focal den chéad uair i gcomhthéacs náisiúnachas teanga in Éirinn ach gurbh é Conradh na Gaeilge a bhunaigh agus a d’fhorbair idé-eolaíocht áirithe a bhaineann leis na focail sin. Bhí sé mar aidhm ag bunaitheoirí an Chonartha, an Ghaeilge a athbheochan mar chaint na ndaoine, ach ag an am céanna, bhí sé mar aidhm bhunúsach acu an Ghaeilge a athbheochan mar ‘national language’ na hÉireann. Mar a léiríodh sa chaibidil seo, is coincheap polaitiúil é ‘national language’ a bhaineann le náisiún nó náisiúntacht

²⁰³ Ibid.

áirithe. De réir tuiscint Chonradh na Gaeilge, áfach, ní bheadh aon choimhlint idir an dá chuspóir sin. Is léiriú maith é an leas a bhain lucht an Chonartha as an bhfocal Gaeilge ‘teanga dhúchais’ in áit ‘national language’ sna blianta tosaigh dá dtuiscint sin. Sa phróiseas sin, d’fhéadfaí a áiteamh gur shúigh coincheap an ‘national language’ coincheap na ‘teanga dhúchais’, an coincheap atá bainteach le teanga an phobail nó le ‘máthairtheanga’ go bunúsach.

Tháinig tionchar na polaitíochta náisiúnta go láidir ar ghluaiseacht na Gaeilge i dtús an fhichiú haois. Bhí easaontas teannasach i measc bhaill Chonradh na Gaeilge maidir le ‘polaitiú’ agus le ‘neamhpholaitiú’ na heagraíochta. Níorbh fhéidir an teannas sin a mhíniú go simplí mar theannas idir an dá thaobh, taobh ‘polaitiúil’ agus taobh ‘neamhpholaitiúil’, áfach. Bhí an dá thaobh polaitiúil, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Cé go mbíodh sé ag iarraidh polaitíocht a dheighilt ón gConradh ar son na Gaeilge mar an ‘national language’, bhí Dubhghlas de hÍde féin bainteach le polaitíocht toisc go raibh polaitíocht náisiúnta fréamhaithe go domhain in idé-eolaíocht an ‘national language’/‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs na Gaeilge in Éirinn. D’éirigh tionchar na polaitíochta náisiúnta ar ghluaiseacht na Gaeilge i bhfad níos láidre ó 1910 ar aghaidh. Bhí an próiseas sin i ndán do Chonradh na Gaeilge mar gurbh é aidhm an Chonartha ná cothú agus leathnú na Gaeilge mar ‘national language’ na hÉireann, coincheap polaitiúil bunaithe ar choincheap polaitiúil eile, náisiúntacht Éireannach a chothú mar náisiún áirithe. Ba mar a chéile iad an trí choincheap sin, ‘national language’, ‘teanga dhúchais’ agus ‘náisiúntacht Éireannach’ dar le Conradh na Gaeilge.

Rialaigh an idé-eolaíocht ‘national language’ nó ‘teanga náisiúnta’ lucht ghluaiseacht na Gaeilge sa tréimhse ina dhiaidh sin agus iad ag iarraidh náisiúntacht Éireannach a bhaint amach. Sa chéad chaibidil eile, scrúdófar cén

chaoi ar glacadh leis an idé-eolaíocht sin sa pholaitíocht náisiúnta agus cén bhaint a bhí ag gluaiseacht na Gaeilge le hidé-eolaíocht na teanga sa náisiúntát nua.

Caibidil 2

Gluaiseacht na Gaeilge, an Pholaitíocht Náisiúnta agus an ‘Teanga Náisiúnta’: 1917-1932

Réamhrá

Rianaíodh i gCaibidil a hAon na himpleachtaí polaitiúla a bhain leis an iarracht a rinne gluaiseacht na Gaeilge chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn mar ‘national language’ na hÉireann i gcomhthéacs blianta tosaigh Chonradh na Gaeilge. Sa chaibidil seo, scrúdófar an iarracht sin i gcomhthéacs rialtas dúchais na hÉireann suas go dtí an bhliain 1932. Bronnadh stádas bunreachtúil an ‘national language’ agus an ‘teanga náisiúnta’ ar an nGaeilge faoin rialtas dúchais sa bhliain 1922. Ba é sin ceann de na buaicphointí ba shuntasáí i stair na Gaeilge, mar ón bpointe sin ar aghaidh, bhí cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an náisiúin ina thionscadal oifigiúil ag an náisiún nua. Láidriú sé sin an ceangal idir gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta, go háirithe, idir Conradh na Gaeilge agus an pholaitíocht pháirtí.

Tá sé i gceist ag an gcaibidil seo an próiseas a ghlac an rialtas dúchais leis an idé-eolaíocht ‘national language’ agus an bhaint a bhí ag gluaiseacht na Gaeilge le hidé-eolaíocht na teanga sa rialtas dúchais agus i bpolaitíocht pháirtí na linne sin a iniúchadh. Mar pholaiteoir agus mar bhall de Chonradh na Gaeilge, ba é Éamon de Valera a ghlac páirt lárnach sa phróiseas seo ón tréimhse atá faoi chaibidil anseo ar aghaidh. Dá bhrí sin, ón gcaibidil seo ar aghaidh, tá sé oiriúnach béim a chur ar bhaint de Valera le gluaiseacht na Gaeilge, leis an

bpolaitíocht náisiúnta agus an teanga chun freagra a fháil ar mhórchéist taighde an tráchtais seo: soiléiriú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an dlúthnasc idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla ar bhuanú agus ar fhorbairt ghluaiseacht na Gaeilge idir 1893 agus 1943.

Tá trí rannóg sa chaibidil seo. Sa chéad rannóg, déanfar iniúchadh ar dtús ar thuiscint de Valera agus ar thuiscint náisiúnaithe Éireannacha ar stádas na Gaeilge agus ar úsáid na Gaeilge san fheachtas toghchánaíochta agus sa Chéad Dáil Éireann, a cruinníodh sa bhliain 1919. Cé gur scoilteadh an Dáil maidir le seasamh polaitíochta difriúla ar an gConradh Angla-Éireannach, ní raibh aon choimhlint ann maidir leis an stádas bunreachtúil a bronnadh ar an nGaeilge mar an 'national language' agus an 'teanga náisiúnta' ag deireadh na bliana 1922. Tabharfar aghaidh sa dara rannóg, ar Chonradh na Gaeilge arís. Scrúdófar a dhearcadh ar an 'teanga náisiúnta', an téarma a úsáideadh go forleathan i réimsí oifigiúla agus a iarrachtaí an eagraíocht féin a athbheochan ó 1923 ar aghaidh. Bhí tionchar na polaitíochta páirtí ar an iarracht sin: chuir an Conradh féin míshásamh in iúl faoi pholasaí teanga Chumann na nGaedheal a bhí i gcumhacht ó 1923 agus idir an dá linn, thug an Conradh tacaíocht do pholasaí de Valera a bhí sa fhreasúra ag an am sin. Sa rannóg dheireanach, déanfar iniúchadh ar bholscaireacht pholaitiúil a bhí ag an dá pháirtí pholaitíochta, Cumann na nGaedheal agus Fianna Fáil, páirtí polaitíochta nua a bhunaigh de Valera, maidir lena seasamh i leith na Gaeilge agus i leith Chonradh na Gaeilge agus pléifear freagra an Chonartha ar cheist na polaitíochta sin. D'áitigh páipéar Chumann na nGaedheal go searbhasach nach raibh an Conradh oiriúnach mar eagraíocht náisiúnta ar son na Gaeilge toisc go raibh ceangal láidir aige le polaitíocht páirtí áirithe, Fianna Fáil agus gur ghá gluaiseacht nua don Ghaeilge a bhunú in áit an

Chonartha. Idir an dá linn, láidríodh an bhaint a bhí idir an Conradh agus de Valera. Toisc gur bhuaigh Fianna Fáil olltoghchán 1932, bhí an Conradh in ann an eagraíocht féin a athbheochan agus páirt lárnach a ghlacadh arís i gcur chun cinn na 'teanga náisiúnta' sa stát nua. Áiteofar i rith na caibidle seo go raibh tionchar ag an bpolaitíocht náisiúnta ag an tréimhse sin ar bhuanú ghluaiseacht na Gaeilge.

2-1 Éamon de Valera, a bhaint le Conradh na Gaeilge agus le Polaitíocht Náisiúnta agus Rialtas Dúchais na hÉireann

Ba é Éamon de Valera duine de na polaiteoirí ba mhó i stair na hÉireann agus ba dhuine de na pearsana ba mhó i stair na Gaeilge é freisin. In ainneoin a cheangal láidir le cúrsaí Gaeilge, áfach, níl aon mhionscrúdú déanta ar an gceangal idir de Valera agus gluaiseacht na Gaeilge ná ar an gceangal idir é féin agus an Ghaeilge riamh. Bhí aiste ghearr ag Tomás P. Ó Néill dar teideal 'Éamon de Valera agus an Teanga'¹, mar shampla, ach seachas sin, feictear cur síos agus anailísí gearra ar bhaint de Valera leis an nGaeilge i bhfoilseacháin éagsúla faoi. Ó thaobh beathaisnéise de Valera de, tá dhá 'beathaisnéis oifigiúil' againn, leagan Gaeilge agus leagan Béarla, coimisiúnaithe ag de Valera féin, ach ní bhfuarthas mórán eolais faoin gceangal idir de Valera agus an Ghaeilge iontu sin ach an oiread.² Mar a pléadh sa réamhrá, níl mórán eolais ar fáil faoina shuim sa Ghaeilge i measc Pháipéir de Valera ach an oiread. Chun an bhearna sin a

¹ Tomás P. Ó Néill, 'Éamon de Valera agus an Teanga', in *Feasta*, Deireadh Fómhair 1982, 25-26.

² Feic, Tomás Ó Néill agus Pádraig Ó Fiannachta, *De Valera I*, (An Charraig Dhubh: Cló Morainn, 1968); Tomás Ó Néill agus Pádraig Ó Fiannachta, *De Valera II*, (An Charraig Dhubh: Cló Morainn, 1970); The Earl of Longford and Tomás Ó Néill, *Eamon de Valera*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1970).

Iónadh, úsáideadh foinsí eile ar nós tréimhseacháin agus cáipéisí an rialtais chun de Valera agus a cheangal leis an nGaeilge agus le gluaiseacht na Gaeilge a léiriú.

Nuair a chuaigh de Valera isteach i gConradh na Gaeilge in 1908, ní raibh aithne mhaith air sa Chonradh.³ Gan mhoill, áfach, d'éirigh sé an-ghníomhach in imeachtaí an Chonartha agus bhain sé cáil éigin amach i measc ceannairí ghluaiseacht na Gaeilge. Toghadh de Valera ar choiste na hArd-Chraoibhe in 1910. Thart ar an mbliain sin, thug de Valera óráid in éineacht le hEoin Mac Néill ag cruinniú poiblí i mBaile Átha Cliath chun bolscaireacht a dhéanamh do Chonradh na Gaeilge.⁴ An bhliain dár gcionn, moladh a ainm don Choiste Gnótha cé gur chaill sé an vóta.⁵ Bhí sé ag an gcruinniú poiblí a chuir tús le hÓglaigh na hÉireann in 1913 agus chaith sé dhúthracht le gníomh na nÓglach.⁶ Bhí sé ina bhall den IRB sa bhliain 1915 agus faoin mbliain 1916, chreid sé go láidir i saoirse na hÉireann agus chreid sé nach mbeadh Éire saor go hiomlán gan rialtas dúchais na hÉireann a bheith ann.

Ag Éirí Amach na Cásca 1916, bhí páirt lárnach ag Éamon de Valera mar cheannasaí garastúin agus dá bharr sin, gabhadh é mar aon le ceannasaithe eile an Éirí Amach. Scaoileadh saor ón bpríosún é i mí an Mheithimh 1917 agus mí ina dhiaidh sin, sheas de Valera mar iarrthóir i bhfothoghchán Chontae an Chláir Thoir do pháirtí Shinn Féin. San fhógra toghcháin, d'iarr sé ar na vótálaithe a

³ Ó Néill agus Ó Fiannachta, *De Valera I*, lch. 25. Feic, *An Claidheam Soluis*, 29/01/1910, lch. 8 freisin. Nuair a phós sé Sinéad Ní Fhlannagáin, múinteoir Gaeilge sa Chonradh i dtús na bliana 1910, tháinig alt gearr faoi agus é ag scríobh a shloinne mícheart mar 'Develaro'. Léiríonn sé sin nach raibh eolas maith ag an gConradh ar de Valera ag an am sin.

⁴ Feic, fógrán 'Conradh na Gaeilge: A Public Meeting to further the interests of the Gaelic League...', [1910?], NL-EPH B50, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁵ Ó Néill agus Ó Fiannachta, *De Valera I*, lch. 27.

⁶ *Ibid.*, lgh. 31-33.

gcuid vótaí a thabhairt dó agus nocht sé an chúig ghealltanas seo a leanas:

EVERY Vote for De VALERA is a **CALL FOR JUSTICE** to the Council of the Nations.

EVERY Vote for De VALERA is a Vote for Ireland a Nation.

EVERY Vote for De VALERA is a Vote **Against Conscription**.

EVERY Vote for De VALERA is a Vote **Against Partition**.

EVERY Vote for De VALERA is a Vote for Ireland's Language and for Ireland's Ideals and Civilization.⁷

Níos déanaí i rith a shaol polaitíochta, d'áitigh de Valera go minic gurbh í athbheochan na Gaeilge an t-ábhar ba phráinne, ach ina chéad toghchán náisiúnta, cuireadh an aidhm sin ag deireadh na ngealltanas. Léirigh úsáid an chló trom agus cló eile sna gealltanais a thosaíochtaí – mar shampla gur tugadh tús áite don pholaitíocht seachas do cheist na teanga agus na hidé-eolaíochta teanga. Thuig de Valera freisin gurbh obair mhór dheacair í athbheochan na Gaeilge nach gcríochnófaí i dtréimhse ghearr. Maidir leis sin, bhí a chomhréiteach le feiceáil ina óráid toghchánaíochta a thug sé in Inis, Contae an Chláir. Thuairiscigh nuachtán áitiúil ar an óráid mar seo a leanas:

Mr de Valera, who received a very hearty reception, and first spoke in Irish, then in English, said it would not be right to begin the work in the language of the foreigner (cheers). Unfortunately, as yet, they were not able to conduct their elections in their own native language. But the day was not far distant – to use a parliamentary expression, but in a different sense to that in which it was used there – when they would be able to carry out elections in the Irish language.⁸

⁷ 'Fógra toghcháin an Chláir, 1917', in *Ibid.*, pláta XV.

⁸ Tuairisc sa *Saturday Post and Clare Champion*, 30 Iúil 1917. Luaite ag Maurice Moynihan, (eag.), *Speeches and Statements by Eamon de Valera, 1917-73*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1980), lch. 1.

Ón sliocht thuas, thuig de Valera tábhacht úsáid na Gaeilge i réimse na polaitíochta, ceann de na réimsí ba thábhachtaí agus ardghradamaí sa tsochaí. Ní miste a rá, áfach, gur choinnigh sé an stíl óráide sin i rith a shaoil polaitíochta – beannachtaí agus focal nó dhó i nGaeilge a thabhairt ar dtús agus óráidí i mBéarla á leanúint ina dhiaidh sin. Threisigh an stíl óráide sin an tuiscint gur bheart siombalach í úsáid na Gaeilge i réimsí agus ag ócáidí tábhachtacha sa tsochaí. Ina theannta sin, bhíodh deacrachtaí móra ag de Valera an próiseas toghchánaíochta a dhéanamh trí Ghaeilge go hiomlán chun a ghealltanais a chur i gcrích i rith a shaoil polaitíochta.

Idir an dá linn, d'úsáid sé féin agus Sinn Féin an Ghaeilge d'fheachtais toghchánaíochta sna ceantair ina raibh an Ghaeilge á labhairt iontu agus bhí an iarracht i gcomhréir le moladh Chonradh na Gaeilge. Mhol *An Claidheamh Soluis* úsáid na Gaeilge ag Sinn Féin:

...mholamar do mhuintir na Gaeltachta gan glacadh le aon fheisire gan Gaedhilg. Ghlac na Sinn Féinidhthe an leid a thugamar agus tá go leor duilleóga Gaedhilge ghá sgapadh anois aca i gCondae an Chláir...Ní fhacamar aon duilleog Bhéarla leath chómh maith leobhtha agus is maith an cruthú ar bheochas agus ar ghontacht na Gaedhilge iad.⁹

Cháin *An Claidheamh Soluis* an t-íomaitheoir eile, Pádraig Ó Loingsigh de Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, nach raibh Gaeilge aige, ná nach raibh sé ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid agus nach raibh meas aige ar an teanga.¹⁰ Níor luaigh an t-alt tada faoi cheisteanna toghcháin na beirte, ach ba é úsáid na Gaeilge ag an mbeirt an cheist mhór san alt. Léirigh *An Claidheamh Soluis* dóchas mór faoi de

⁹ *An Claidheamh Soluis*, 07/07/1917, lch. 1.

¹⁰ Ibid.

Valera maidir lena bhaint leis an nGaeilge agus le gluaiseacht na Gaeilge .i.

Conradh na Gaeilge:

Ní hamhlaidh atá an sgéal ag De Bhaléra. Gaedhilgeoir maith dílis 'seadh é, agus ní hiongnadh séin agus Sinéad Ní Fhlannagáin mar chéile aige. Ní Gaeltacht oirthear Chláir ar fad ach tá ceanntar mór de san taobh ó thuaidh go han-Ghaedhealach fós agus an Ghaedhilg ina gnáthteangain ag go leor ann...Seo é an Chéad am le fada 'nar thaisbeáin dream poilitidheachta meas do'n teangain agus 'nar labhradar í.¹¹

Bhí an bua glan ag de Valera san fhothoghchán sin.¹² Léirigh eagarfhocal *An Claidheamh Soluis* gurbh ócáid suntasach í: "The East Clare election has brought the Irish language into politics."¹³ D'áitigh an t-eagarfhocal gur thoisc chinntitheach í ceist na Gaeilge sa toghchán sin agus i dtoghcháin eile as sin amach: "The party that ignores the Irish language will lose votes in every election, and earnest Gaedhilgeoiri will henceforth be a deciding factor in politics. They will influence policies as well as elections."¹⁴ I mí Dheireadh Fómhair na bliana sin, toghadh é ina uachtarán ar Shinn Féin agus ina uachtarán ar Óglaigh na hÉireann chomh maith.

Cé gur gabhadh arís é i mí na Bealtaine 1918, sheas de Valera arís sa toghchán ginearálta i gClár Thoir i ndeireadh na bliana sin. Ag an bhfeachtas toghchánaíochta, áfach, bhí constaic mhór roimh Shinn Féin. Bhí an Eaglais Chaitliceach, a raibh an-tionchar acu ar phobal na hÉireann, in aghaidh Shinn Féin toisc go raibh siad amhrasach faoi ghnéithe den sóisialachas a bhain leo.

¹¹ Ibid.

¹² *Irish Independent*, 12/07/1917, lch. 3.

¹³ *An Claidheamh Soluis*, 14/07/1917, lch. 6.

¹⁴ Ibid.

Mar shampla, d'ionsaigh Déan Chaisil Innocent Ryan Sinn Féin go tréan.¹⁵ Cé go raibh deacrachtaí ann, bhí toradh an toghcháin i gClár Thoir fabhrach arís do de Valera agus do Shinn Féin. Bhí an bua ag de Valera ar Sheán Diolún, ceannaire ar Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann. Bhuaigh Sinn Féin ar an bPáirtí Parlaiminteach amach is amach. Dhiúltaigh Sinn Féin suíocháin a ghlacadh i Westminster agus ar an 21 Eanáir 1919, tháinig feisirí Shinn Féin le chéile agus bhunaigh siad an Chéad Dáil Éireann, céad rialtas dúchais na hÉireann.

Ba ócáid stairiúil é bunú an Chéad Dáil Éireann do ghluaiseacht na Gaeilge freisin mar cuireadh tús ag an ócáid sin le hathbheochan na Gaeilge mar chuid dhílis d'obair an rialtas dúchais féin. Mar aon le Sinn Féin, bhí baint mhór ag Conradh na Gaeilge leis an obair seo agus b'ionann, beagnach, an Dáil agus Conradh na Gaeilge. Bhí baill Chonradh na Gaeilge an-cheannasach sa Chéad Dáil: ceapadh Éamon de Valera mar Phríomh-Aire agus ina theannta bhí daoine cosúil le Art Ó Gríofa, An Cunta Pluincéid, Liam Mac Cosgair, An Chuntaois Markievicz, Eoin Mac Néill, Micheál Ó Coileáin, Cathal Brugha, Earnán de Blaghd agus Larry Ginnell ina nAirí Rialtais.¹⁶

Bhí Tionscnamh Dháil Éireann ar siúl den chuid ba mhó trí mheán na Gaeilge amháin. Sa Ghaeilge a bhí Bunreacht Dála Éireann ina iomlán.¹⁷ Bhí úsáid na Gaeilge ag an ócáid sin an-éifeachtach chun ceangal láidir idir an tír agus an Ghaeilge a neartú agus an nasc sin a thaispeáint do thíortha eile. Dúirt duine amháin a bhí i láthair “never before did we so acutely feel the oneness of the Irish

¹⁵ David W. Miller, *Church, State and Nation in Ireland: 1898-1921*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1973), lch. 442.

¹⁶ Ba é Robert Childers Barton an t-aon chomhalta sa Chéad Dáil nach léir go raibh sé i gConradh na Gaeilge. Proinsias Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1993), lch. 166.

¹⁷ Feic, 'Bunreacht Dála Éireann', *Díospóireacht na Dála*, lml. F, Uimh. 1, 21/01/1919, col. 15.

language and Ireland” agus gurbh í an ócáid sin “worth a thousand propaganda books.”¹⁸ Ag an am céanna, d’úsáid an Chéad Dáil trí theanga, Gaeilge, Francisc agus Béarla, nuair a d’fhógair siad neamhspleáchas na hÉireann. D’iarr siad tacaíocht ón tsochaí idirnáisiúnta sna trí theanga – trí mheán na Gaeilge i dtosach, ansin trí mheán na Francisc agus an Bhéarla.¹⁹ Bhí Uachtarán Shinn Féin, Éamon de Valera, i bpríosún i Sasana ag an am ach ní raibh sé i bhfad go dtí gur éalaigh sé agus gur tháinig sé ar áis go hÉirinn.²⁰ Toghadh de Valera mar Phríomh-Aire na hÉireann ar an 1 Aibreán 1919.²¹

Ó thaobh pholasaí chur chun cinn na Gaeilge de, bunaíodh coiste um oideachas agus Gaeilge cúpla seachtain tar éis bhunú Dháil Éireann, ach ní dhearnadh aon obair shuntasach ar an toirt. Nuair a toghadh de Valera mar Phríomh-Aire, áfach, níor pléadh an t-ábhar sin sa Dáil.²² Shocraigh Conradh na Gaeilge ag Ard-Fheis na bliana iarradh ar Dháil Éireann “Aire agus Aireacht le haghaidh na Gaeilge”²³ a chur ar bhun. Ag deireadh mhí Lúnasa, sheol Cisteoir an Chonartha, Stiophán Bairéad, litir chuig Diarmuid Ó hÉigceartuigh²⁴, Rúnaí Aireachta Dháil Éireann agus ball de Choiste Gnótha an Chonartha, chun iarratas a dhéanamh an rún sin a chur os comhair na Dála ag an gcéad chruinniú eile.²⁵ Gheall Ó hÉigceartuigh é sin a dhéanamh de réir na moltaí a bhí déanta ag

¹⁸ Arthur Mitchell, *Revolutionary Government in Ireland: Dáil Éireann, 1919-22*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1995), lch. 17.

¹⁹ Feic, Díospóireacht na Dála, Iml. F, Uimh. 1, 21/01/1919.

²⁰ D’éalaigh sé ón bpríosún le cúnamh ó Mhicheál Ó Coileáin agus ó dhuine eile. Tá an mhionchuntas faoi ar fáil in Ó Néill agus Ó Fiannachta, *De Valera, I*.

²¹ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 3, 01/04/1919, col. 34.

²² Mitchell, *Revolutionary Government*, lch. 93.

²³ Litir ó Stiophán Bairéad chuig Diarmuid Ó hÉigceartuigh, 28/08/1919. DE4/3/4, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

²⁴ Faoi bhallraíocht Chonradh na Gaeilge de chuid Uí Éigceartuigh, feic, Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Cúig*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1997), lgh. 177-178.

²⁵ Litir ó Stiophán Bairéad chuig Diarmuid Ó hÉigceartuigh, 28/08/1919.

Conradh na Gaeilge.²⁶ Cuireadh an rún os comhair na Dála ar an 27 Deireadh Fómhair, ach bhí an Príomh-Aire de Valera thall sna Stáit Aontaithe ag an am. Tar éis na díospóireachta, moladh Aire Oideachais nó Aire na Gaeilge a ainmniú nuair a tháinig de Valera ar ais go hÉirinn agus moladh Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus Ceann Comhairle na Dála, Seán Ó Ceallaigh don phost sin. Sheol Diarmuid Ó hÉigceartuigh litir chuig Stiophán Bairéad gan mhoill. Cé nach raibh aon chinneadh déanta ag an Dáil cén teideal go baileach a bheadh ag an aireacht nua sin scríobhadh sa litir: “tá orm a innsint duit gur ordaigh an Dail Aireacht le h-aghaidh na Teangan do bhunu.”²⁷ D’fhreagair Bairéad: “níl aon amhrus nach dtiocfidh tairbhe mór do Chonradh na Gaedhilge dá bharr.”²⁸

Pléadh an t-ábhar arís ag seisiún na Dála ar an 27 Deireadh Fómhair. Bhí An Príomh-Aire de Valera sna Stáit Aontaithe fós. Dá bharr sin, pléadh é gan eisean a bheith ann. Bhí cuid de na Teachtaí Dála i gcoinne an rúin sin agus mhol siad Aire Oideachais a ainmniú seachas ‘Aire na Gaeilge’ nó ‘Aire na Teanga’. Mhol Teachta Dála, Traolach Mac Suibhne: “the Dáil would have more influence in the work of restoring the Irish language.”²⁹ Bhí Seán Ó Ceallaigh, Ceann Comhairle na Dála agus Uachtarán Chonradh na Gaeilge, ag iarraidh ceangal láidir a dhéanamh idir Conradh na Gaeilge agus Aire don Ghaeilge. Nocht sé a thuairim mar seo: “the Gaelic League, with their 25 years’ experience of the work, might be expected to deal efficiently with the subject, and more efficiently perhaps than any

²⁶ Litir ó Diarmuid Ó hÉigceartuigh chuig Stiophán Bairéad, 29/08/1919. DE4/3/4, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

²⁷ Litir ó Diarmuid Ó hÉigceartuigh chuig Stiophán Bairéad, 31/10/1919. DE4/3/4, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

²⁸ Litir ó Stiophán Bairéad chuig Diarmuid Ó hÉigceartuigh, 01/11/1919. DE4/3/4, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

²⁹ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 14, 27/10/1919, col. 162-163. Mhol Terence Macsuibhne, Liam de Roiste agus Cathal Brugha bunú an aire oideachais.

Ministry now to be set up.”³⁰ Moladh gur cheart an cheist a fhágáil go dtí go dtiocfadh de Valera ar áis go hÉirinn. Mhol Art Ó Gríobhtha, Uachtarán Gníomhach agus Aire Gnóthaí Baile: “the appointment be left to the Ministry, and that the motion be taken as an expression of the opinion of the Dáil that the president of the Gaelic League should be appointed to the position”.³¹

Ag seisiún na Dála sin, nocht Cathal Brugha, Aire Cosanta, a thuairim faoin gcinneadh a bheadh ag de Valera. Dar le Brugha:

...president de Valera had some definite reason for not appointing a Minister of Education when he was constituting his Ministry. He thought such an appointment should be deferred until the president returned. Meantime it was essential that the authority of Dáil Éireann should be placed behind the Gaelic League. He thought, therefore, that pending the president’s return a Minister for Irish should be appointed.³²

Ón am a sheas sé mar iarrthóir Chláir Thoir san fhothoghchán in 1917, thuig de Valera tábhacht tacaíochta na hEaglaise Caitlicí chun aon ghníomh polaitíochta a dhéanamh in Éirinn.³³ Bhí an córas oideachais faoi scáth na hEaglaise agus bhí formhór na scoileanna faoi chúram na hEaglaise Caitlicí. Níor mhór do de Valera cúrsaí oideachais a fhágáil faoi stiúir na hEaglaise Caitlicí chun trioblóid idir Dáil Éireann agus an Eaglais Chaitliceach maidir le ceannas ar chúrsaí oideachais a sheachaint.³⁴ D’áitigh Arthur Mitchell nach raibh aon fhianaise a léirigh gur dhiúltaigh ceannairí agus Teachtaí Dála ceannas na hEaglaise d’oideachas na

³⁰ Ibid., col. 162.

³¹ Ibid., col. 163.

³² Ibid.

³³ Miller, *Church, State and Nation in Ireland*, lch. 393.

³⁴ Feic, Ibid., lgh. 436-442.

hÉireann.³⁵ Bhí Sinn Féin den tuairim go gcaillfidís tacaíocht ón Eaglais dá mbeadh Dáil Éireann ag iarraidh greim a fháil ar an gcóras oideachais agus níor theastaigh an teannas sin ó Shinn Féin.³⁶

Má cuireadh stop leis an rialtas dúchais an Ghaeilge a chur chun cinn, níor chiallaigh sé sin gur sheachain de Valera ceist an oideachais agus na Gaeilge amach is amach. Bhí pearsa cuí ina intinn aige chun tús a chur leis an obair. Ba é Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Seán Ó Ceallaigh an duine ab oilte don obair sin. Bhí ceangal maith ag Ó Ceallaigh le ceist na Gaeilge chomh maith le ceist na hEaglaise. Bhí sé ina eagarthóir ar *The Catholic Bulletin* freisin, an iris ar a raibh meas ag go leor easpag agus cléire uirthi.³⁷ Bhí an iris dírithe ar ábhar cráifeach a bhain leis an gCaitliceachas ar dtús, ach tar éis Éirí Amach na Cásca, léirigh sí tuairimí polaitiúla freisin. Ba í an t-aon iris Chaitliceach ag an am í a thug tacaíocht don Éirí Amach agus de bharr sin, chothaigh sí ceangal idir cléir, pobal na hÉireann agus an náisiúnachas in Éirinn.³⁸

Mhol an Eaglais Ó Ceallaigh nuair a thug sé léacht ar an nGaeilge i dTrá Lí an mhí sin. Chuir Déan Chiarraí, David O'Leary, Ó Ceallaigh i láthair os comhair an lucht éisteachta. D'áitigh Déan Chiarraí gur cheist thábhachtach don náisiún í ceist na Gaeilge agus gurbh é Ó Ceallaigh an phearsa oiriúnach chun an cheist sin a phlé:

It was a subject dear to all peoples of the earth, for there was no nation which did not prize its old national language...It had come to him as a heritage from those

³⁵ Mitchell, *Revolutionary Government in Ireland*, lch. 93.

³⁶ Ibid.

³⁷ Brian Murphy, 'J.J. O'Kelly, the Catholic Bulletin and Contemporary Irish Cultural Historians', *Archivium Hibernicum*, lml. 44, 1989, 71-88, lgh. 73-74.

³⁸ "It brought to the homes of ordinary people and to the Catholic clergy – people not normally reached by the nationalist press – the message that the men of the Rising were good Irishmen and should not be rejected without a fair hearing." Ibid., lch. 74.

who preceded him, and he could therefore speak of the great advantages to be found in the possession of the National Language.³⁹

Ag an léacht, d'áitigh Ó Ceallaigh féin go raibh ceangal láidir idir an 'national language' agus obair Chonradh na Gaeilge. Mhol nuachtán áitiúil Ó Ceallaigh freisin maidir leis an bpointe sin agus léirigh sé sin go raibh glacadh níos leithne anois le coincheap an 'national language': "He proceeded to deal with the value of the National Language, and incidentally with the work of the Gaelic League, and in doing that said he did not pretend to come there with any new gospel."⁴⁰ Thug Ó Ceallaigh an léacht i mBéarla, seachas focal nó dhó i nGaeilge ar dtús ar nós stíl óráide de Valera. Mhol tuairisc an nuachtáin a léacht mar seo "...was received with vociferous cheering, first addressed the audience in beautiful, musical Irish, and proceeding in English."⁴¹

I mí Feabhra na bliana 1920, d'ainmnigh de Valera Seán Ó Ceallaigh, mar 'Aire na Gaeilge'.⁴² Neartaigh an t-ainmniúchán ceangal idir an Ghaeilge, Conradh na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta. Gan mhoill, bunaíodh coiste na Gaeilge le baill Chonradh na Gaeilge chun cabhair a thabhairt d'Aire na Gaeilge le staid na Gaeilge a scrúdú agus leis an teanga a chur chun cinn. Bhí Piaras Béaslaí agus Pádraig Ó Caoimh mar aon leis an Aire Cosanta, Cathal Brugha agus an Aire Tráchtála, Earnán de Blaghd ina mbaill den Choiste.⁴³ D'fhoilsigh an coiste tuarascáil dar teideal, *Report of Aireacht na Gaedhilge*⁴⁴.

³⁹ *Kerry Weekly Reporter*, 08/11/1919, lch. 5.

⁴⁰ Ibid.

⁴¹ Ibid.

⁴² 'Sean Ó Ceallaigh ("Sceilg") – Ministerial Appts.', 12/12/1938, DE/2/54, Cartlann Náisiúnta na hÉireann. Níl dáta cinnte dá ainmniú ar fáil san cháipéis sin, áfach.

⁴³ 'Report of Aireacht na Gaedhilge', Meitheamh 1920, DE/2/54, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

⁴⁴ Ibid.

Scríobhadh an tuarascáil i mBéarla amháin agus ní léir go raibh leagan Gaeilge den tuarascáil ann. Mhol an tuarascáil go mór comhoibriú a dhéanamh le Conradh na Gaeilge: “Aireacht na Gaedhilge proposes with the approval and co-operation of the Gaelic League, to take over the direction and financing of the language revival in the Irish-speaking districts.”⁴⁵ Tugadh an tuarascáil os comhair na Dála ar an 29 Meitheamh 1920, ach ní bhfuarthas aon díospóireacht maidir leis an tuarascáil sin i ndíospóireachtaí na Dála.⁴⁶

Bliain ina dhiaidh sin, d’fhoilsigh Aireacht na Gaeilge tuarascáil eile agus bhí an tuarascáil sin dátheangach. Ba é *Cuntas ó Aireacht na Gaedhilge* an teideal a bhí ar an leagan Gaeilge.⁴⁷ Ábhar suntais is ea an teideal a bhí ar an leagan Béarla: *Translation of The Report of the Ministry of the National Language*.⁴⁸ Léirigh an teideal nár bhunleagan é an leagan Béarla den tuarascáil sin, ach rud ní ba shuntasáí ná gur úsáideadh an téarma ‘national language’ ar an leagan Béarla cé nár úsáideadh téarma cosúil leis ar chor ar bith sa bhunleagan Gaeilge. Má áirítear go raibh formhór díospóireachtaí Dála mar aon le gnó an rialtais ar siúl trí mheán an Bhéarla, bhí mórán suntais ag baint leis an teideal sin. Taispeánann an teideal an dearcadh a bhí ag Ó Ceallaigh mar aon leis an gCéad Dáil gurbh ionann, go litriúil, an Ghaeilge agus an ‘national language’.

Níor mhair Aireacht na Gaeilge i bhfad, áfach. Bhí Seán Ó Ceallaigh féin an-ghnóthach le hUachtaránacht Chonradh na Gaeilge chomh maith le hobair iriseoireachta do *The Catholic Bulletin*. Ag toghchán uachtaránachta an Chonartha in 1920, bhí a uachtaránacht i mbaol nuair a sheas Piaras Béaslaí mar

⁴⁵ Ibid.

⁴⁶ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 15, 29/06/1920, col. 169.

⁴⁷ ‘Cuntas ó Aireacht na Gaedhilge’, 17/08/1921, DE4/3/4, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

⁴⁸ ‘Translation of The Report of the Ministry of the National Language’, [g.d.], DE4/3/4, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

iomaitheoir eile. Chosain Ó Ceallaigh a uachtaránacht agus d'fhógair sé go gcaithfeadh sé níos mó ama ar obair an Chonartha.⁴⁹ Chun cúnamh a thabhairt le hobair Aireacht na Gaeilge, ainmníodh Proinsias Ó Fathaigh, ball de Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge, mar Aire Cúnta na Gaeilge.⁵⁰

Seachtain i ndiaidh *Cuntas ó Aireacht na Gaedhilge* a bheith tugtha isteach sa Dáil, mhol de Valera os comhair na Dála post Aire na Gaeilge a chur ar ceal agus post nua mar Aire Oideachais a chur ar bun ina áit. Mhínigh de Valera féin an fáth go raibh ceist an oideachais ag éirí níos tábhachtaí ná riamh agus cé go raibh ceist na Gaeilge an-tábhachtach freisin, theastaigh ó Aire na Gaeilge a bheith ag obair i gcomhthéacs oideachais níos leithne.⁵¹ An lá ina dhiaidh sin, d'ainmnigh de Valera Seán Ó Ceallaigh arís mar Aire Oideachais.⁵² D'fheicfí cúis eile le hathrú an teidil sin maidir leis an droch-íomhá a bhí ag Sasana in aghaidh lucht athbheochan na Gaeilge. Thosaigh Cogadh na Saoirse díreach tar éis bhunú an Chéad Dáil. Leathbhliain roimhe sin, d'fhógair rialtas Shasana gurbh eagraíocht chontúirteach í Conradh na Gaeilge mar aon le Sinn Féin, Óglaigh na hÉireann agus Cumann na mBan agus chuir siad cosc ar imeachtaí na heagraíochtaí go léir ar fud na hÉireann.⁵³ I rith Chogadh na Saoirse, gabhadh go leor ball de Shinn Féin.⁵⁴ Sa tréimhse sin, ba mhinic gur ghabh arm Shasana timirí Chonradh na Gaeilge agus dá bharr sin, bhí deacrachtaí móra ag daoine a bhí ag obair ar son

⁴⁹ Mitchell, *Revolutionary Government in Ireland*, lch. 95.

⁵⁰ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 17, 17/09/1920, col. 227. Suas go dtí 1922, bhí Ó Fathaigh ina phríomh-chomheagraí in Aireacht na Gaeilge agus in Aireacht an Oideachais agus bhí baint mhór aige leis an gcomhoibriú idir iad agus Conradh na Gaeilge. Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Cheathair*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1994), lch. 116.

⁵¹ Díospóireachtaí Dála, Iml. S, Uimh. 6, 25/08/1921, col. 60.

⁵² Díospóireachtaí Dála, Iml. S, Uimh. 7, 26/08/1921, col. 83.

⁵³ *The Freeman's Journal*, 04/07/1918, lch. 3.

⁵⁴ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 8, 19/05/1919, col. 80.

na Gaeilge a gcuid oibre a chur chun cinn.⁵⁵ Gabhadh Ó Ceallaigh féin tar éis seisiún deiridh na Dála 1919 agus cuireadh faoi ghlas é ar feadh trí mhí.⁵⁶ Dá mbeadh obair na Gaeilge faoi scáth an chórais oideachais, lagófaí an íomhá go raibh ceangal díreach idir an pholaitíocht agus an Ghaeilge agus lagófaí droch-íomhá in aghaidh na Gaeilge.

Bhí deacrachtaí eile ag baint leis an gCéad Dáil agus le húsáid na Gaeilge, áfach. Ba dhúshlán mór é do de Valera an Ghaeilge a chur chun cinn taobh istigh den Dáil féin. Tar éis chéad seisiún na Dála a bhí ar siúl trí mheán na Gaeilge go heisiach, d'éirigh úsáid an Bhéarla sna díospóireachtaí níos coitianta de bharr easpa cumais i labhairt na Gaeilge i measc na dTeachtaí Dála. Bhí frustrachas, nó aiféala, ar na Teachtaí Dála gan mórán Gaeilge agus chloistí abairtí leithscéil faoi úsáid an Bhéarla go minic i rith na seisiún Dála. Seo leanas na leithscéalta a tugadh sa díospóireacht a bhí ar siúl ar an 10 Aibreán 1919:

Art Ó Gríobhtha, An tAire Dúthaighe: A Chinn Chomhairle, tá cathú orm gur mé an chéad duine beagnach a labhair i mBéarla indiu leis an Dáil acht níl léigheas air sin anois.⁵⁷

An Dr. Ó hAodha, Teachta Dála Oirthir Luimnigh: A Chinn Chomhairle, tá brón orm ná fuilim ábalta ar labhairt as Gaedhilg ar fad, níl acht beagánh Gaedhilge agam fós, agus tá brón orm ná fuilim áb alta ar an rudaí ba mhaith liom a rádh do rádh as Gaedhilg.⁵⁸

Pádraig Ó Maoldhomhnaigh, Teachta Dála Thiobraid Árann Theas: Ba mhór an t-áthas dom dá bhfaighinn an méid atá le rádh agam do rádh as Gaedhilg.⁵⁹

⁵⁵ Díospóireachtaí Dála, Iml. S, Uimh. 2, 17/08/1921, col. 44; Díospóireachtaí Dála, Iml. S, Uimh. 4, 22/08/1921, col. 40-41.

⁵⁶ 'Report of Aireacht na Gaedhilge', Meitheamh 1920.

⁵⁷ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 6, 10/04/1919, col. 59.

⁵⁸ Ibid., col. 62.

⁵⁹ Ibid., col. 63.

Rinneadh na díospóireachtaí Dála i mBéarla tar éis na n-abairtí gearra sin. Ní dhearnadh obair radacach leis an gCéad Dáil Éireann chun cumas na Gaeilge a fheabhsú i measc na dTeachtaí Dála, áfach. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, ag seisiún na Dála, chuir Piaras Béaslaí, Teachta Dála agus ball gníomhach de Chonradh na Gaeilge, ceist an raibh aon treoir chinnte ann maidir le cumas Gaeilge ag gach iarrthóir Shinn Féin.⁶⁰ I gcoinne na ceiste sin, rinne Teachta Dála eile, Patrick O’Keeffe, gearán faoi thionchar an Chonartha ar pholasaí Shinn Féin: “Very little progress could be made if they got nothing else from the Gaelic League but destructive criticism.”⁶¹ Mar fhreagra na ceiste sin, dúirt Éamon de Valera gur gnó de chuid Aireacht na Gaeilge é aon mholadh faoi ábhar mar sin a sheoladh chuig Roinn Toghcháin Shinn Féin.⁶² Bhí an fhadhb chéanna ag rialtais áitiúla chomh maith. Ag seisiún na Dála i Meán Fómhair 1920, cuireadh ceist faoi aineolas na gcléireach faoin nGaeilge sa rialtas áitiúil. Níor moladh na cléirigh a athrú agus cléirigh eile le Gaeilge a fhostú ina n-áit, ach moladh traenáil sa Ghaeilge a chur ar fáil dóibh ar feadh sé mhí agus ionadaithe a cheapadh sna háiteanna sin idir an dá linn.⁶³

Cé go raibh deacrachtaí ann maidir le caighdeán Gaeilge na mball, ba mhian leis an Dáil gnáthúsáid na Gaeilge sa Dáil agus íomhá Éire Ghaelach a thaispeáint don choigríoch nuair a bhí deis ann. Ar an 9 Bealtaine 1919, bhí seisiún speisialta ann chun fáilte a chur roimh thoscaireacht Choimisiún Mheiriceá um Neamhspleáchas Éireann. Labhair an Príomh-Aire Éamon de Valera i

⁶⁰ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 21, 10/05/1921, col. 288.

⁶¹ Ibid.

⁶² Ibid.

⁶³ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 17, 17/09/1920, col. 228.

nGaeilge ar dtús, ansin lean sé ar aghaidh i mBéarla mar seo a leanas:

A Chinn Chomhairle agus a lucht na Dála. Isé mo dhualgas fáilte oifigeamhail ceart a chur os cómhair an Choimisiúin ar son na hÉireann ar fad. Ba cheart gur as Gaedhilg ar fad a chuirfinn an fháilte sin rómpa, cé nach dtuigean siad an teanga sin, mar seo í Párliméad an Náisiúin, agus isí an Ghaedhilg teanga an náisiúin, agus ba chóir dhúinn an Ghaedhilg do chur san gcéad áit i gcomhnuidhe.

I have spoken a few words of Irish even though our friends do not understand them in order that they might understand, as I am sure they understand without its having been impressed upon them, that this assembly is a National Assembly, and that the official language of this Assembly is the Irish language.⁶⁴

D'fhógair de Valera i nGaeilge ar dtús gurbh í an Ghaeilge 'teanga an náisiúin'. Ansin, d'fhógair sé i mBéarla gurbh í an Ghaeilge 'official language' don Dáil toisc gurbh í an Dáil parlaimint an náisiúin. San abairt sin, luaigh sé 'national' agus 'official' ag an am céanna. Léirigh sé a thuairim gur chóir tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge mar an 'official language' ag ócáid náisiúnta in Éirinn.

Ina leabhar *An Chéad Dáil Éireann (1919-1921) (Agus an Ghaeilge)*, thagair Nollaig Ó Gadhra do na abairtí sin de chuid de Valera agus dúirt sé:

Seo, go bhfios dom, an chéad uair a dúradh an méid seo go foirmiúil. Cé gur léir ón méid atá scríofa cheana gur glacadh leis ón tús gur cheart tús áite a thabhairt don Ghaeilge sa Dáil nó ar a laghad féachaint chuige nach mbeadh aon bhac ar í a úsáid, ní mór an plé a bhí ann roimhe sin faoi sheasamh mar 'the official language'.⁶⁵

D'áitigh Ó Gadhra go raibh chuile sheans ann gurbh í sin an chéad uair a glacadh

⁶⁴ Díospóireachtaí Dála, Iml. F, Uimh. 8, 09/05/1919, col. 82.

⁶⁵ Nollaig Ó Gadhra, *An Chéad Dáil Éireann (1919-1921) (Agus an Gaeilge)*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1989), lch. 145.

stádas na Gaeilge mar ‘official language’ na Dála. Bhí níos mó tábhachta ag baint le habairtí de Valera, áfach. B’shin an chéad uair a fógraíodh an Ghaeilge mar ‘theanga an náisiúin’ sa Dáil. De bharr an stádais sin, níor mhór í a úsáid i bparlaimint an náisiúin, .i. ionadaíocht an náisiúin. Níor thug Ó Gadhra míniú mar sin ar an gceist, toisc go raibh an abairt shuntasach sa Ghaeilge, “isí an Ghaedhilg teanga an náisiúin”, fágtha ar lár óna thagairt.⁶⁶

Níor mhair an Chéad Dáil Éireann i bhfad, áfach. I ndeireadh na bliana 1921, scoilt Dáil Éireann maidir lena sheasamh in aghaidh Chonradh Angla-Éireannach a síníodh idir toscaireacht na Dála agus rialtas Shasana ar 6 Nollaig. Ghlac an Conradh Angla-Éireannach féinrialaithe de shé chontae fichead mar Shaorstát Éireann ach níor cuireadh an Tuaisceart san áireamh.⁶⁷ Bhí de Valera in aghaidh téarmaí an Chonartha sin. Rinneadh díospóireacht teannasach sa Dáil maidir leis an gConradh Angla-Éireannach agus vótáil tromlach de na Teachtaí Dála ar a shon.⁶⁸ Chaith siad vóta ar uachtaránacht de Valera agus chaill sé é. D’éirigh de Valera as an uachtaránacht ar an 9 Eanáir 1922.⁶⁹ Nocht an eachtra sin go raibh seasamh polaitíochta difriúil ag Teachtaí Dála Shinn Féin maidir le saoirse na hÉireann.⁷⁰ I gceann leathbhliana, thosaigh Cogadh na gCarad idir Saorstát Éireann ar thaobh Chonradh Angla-Éireannach agus na Poblachtaigh, Éamon de Valera ina measc, in éadan an Chonartha.

Rinne Cogadh na gCarad dochar mór do chur chun cinn athbheochan na Gaeilge chomh maith. Bhí pearsana móra d’athbheochan na Gaeilge, Éamon de Valera agus Seán Ó Ceallaigh mar shampla, i dtaobh na bhfrith-chonraitheoirí. Ar

⁶⁶ Feic, *Ibid.*

⁶⁷ Michael Hopkinson, ‘From Treaty to Civil War, 1921-2’ in J. R. Hill (eag.), *New History of Ireland VII: Ireland 1921-84*, (Oxford: Oxford University Press, 2003), 1-29, lgh. 2-3.

⁶⁸ Díospóireachtaí Dála, Iml. T, Uimh. 15, 07/01/1922, col. 345.

⁶⁹ Díospóireachtaí Dála, Iml. T, Uimh. 16, 09/01/1922, col. 378.

⁷⁰ Hopkinson, ‘From Treaty to Civil War, 1921-2’, lch. 6.

an taobh eile, bhí na pearsana móra eile, Eoin Mac Néill agus Earnán de Blaghd mar shampla, ar thaobh Shaorstát Éireann. Throid siad in aghaidh a chéile ar a seasamh polaitíochta difriúla cé gur oibrigh siad lena chéile ar son na Gaeilge cheana. Den chéad uair riamh, throid daoine a raibh baint acu le hathbheochan na Gaeilge le lámh láidir in aghaidh a chéile.

Ba í an tréimhse sin freisin, áfach, ar cuireadh athrú stairiúil ar stádas na Gaeilge. Idir síniú an Chonartha i Nollaig na bliana 1921 agus tús Chogadh na gCarad i mí an Mheithimh 1922, bhí Rialtas Sealadach Shaorstát Éireann i mbun Bunreacht an tSaorstát a scríobh. Cuireadh coiste dréachta an Bhunreachta ar bun faoi scáth Mhíchíl Uí Choileáin, Cathaoirleach ar an Rialtas Sealadach. Chun an tionscnamh a chur i gcrích, iarradh comhoibriú idir an coiste agus Éamon de Valera cé go raibh aighneas eatarthu maidir leis an gConradh Angla-Éireannach.⁷¹ In imeacht sé mhí, scríobhadh trí dhréacht den Bhunreacht, dréacht A, B agus C, ansin, pléadh dréacht A agus B go mion.⁷² Maidir le stádas na Gaeilge, bhí alt comhionann sa dá dhréacht faoi mhír a bhain le cearta bunúsacha na saoránach.⁷³

Ritheadh bille Acht Bunreachta Shaorstáit Éireann sa Dáil i mí Dheireadh Fómhair, ach pléadh é gan Mícheál Ó Coileáin a bheith i láthair mar gheall gur maraíodh é i rith Chogadh na gCarad i mí Lúnasa 1922.⁷⁴ Reachtaíodh an tAcht sin, a scríobhadh i mBéarla go hiomlán, ag deireadh na bliana sin.⁷⁵ Rinneadh

⁷¹ Feic, D.H. Akenson and J.F. Fallin, 'The Irish Civil War and the Drafting of the Free State Constitution', *Éire-Ireland*, Spring, 1970, 10-26, lch. 10.

⁷² Brian Farrell, 'The drafting of the Irish Free State Constitution: III', *Irish Jurist*, Summer, 1971, 111-135, lch. 111.

⁷³ D.H. Akenson and J.F. Fallin, 'The Irish Civil War and the Drafting of the Free State Constitution', *Éire-Ireland*, Summer, 1970, 42-93, lch. 49.

⁷⁴ J. J. Lee, *Ireland 1921-1985: Politics and Society*, (Cambridge: Cambridge University Press, 1989), lch. 63.

⁷⁵ Feic, 'Constitution of the Irish Free State (Saorstát Éireann) Act, 1922' ar fáil ag www.irishstatutebook.ie

ráiteas ar stádas na Gaeilge sa Bhunreacht faoi Airteagal 4. D'aithin an Bunreacht stádas na Gaeilge mar an 'national language' go bunreachtúil don chéad uair i stair na hÉireann mar seo a leanas:

Article 4.

The National Language of the Irish Free State (Saorstát Éireann) is the Irish language, but the English language shall be equally recognised as an official language. Nothing in this Article shall prevent special provisions being made by the Parliament of the Irish Free State (otherwise called and herein generally referred to as the 'Oireachtas') for districts or areas in which only one language is in general use.⁷⁶

Idir an dá linn, scríobhadh leagan Gaeilge den Bhunreacht. B'aistriúchán díreach ón mbunleagan Béarla an leagan sin.⁷⁷ An lá céanna ar ghlac an Dáil leis an leagan Béarla, ghlac an Dáil leis an leagan Gaeilge sin freisin. Ag seisiún na Dála dúirt an Ceann Comhairle, Michael Ó hAodha, go raibh an coiste ina raibh an tAire Oideachais Eoin Mac Néill, An Dr. Osborne Bergin, Piaras Béaslaí, Pádraig Ó Máille agus Liam Ó Rinn, i mbun leagan Gaeilge oifigiúil den Bhunreacht a scríobh.⁷⁸ Mhol an Cathaoirleach Gníomhach ar an Rialtas Sealadach, Liam T. Mac Cosgair: "I move that the sanction of the Dáil be given for that official version."⁷⁹ Ní raibh aon díospóireacht eile ann maidir le leagan Gaeilge an Bhunreacht agus glacadh leis an leagan Gaeilge d'Airteagal 4 mar seo a leanas:

⁷⁶ Tomas Ó Máille, *The Status of the Irish Language – A Legal Perspective/Stádas na Gaeilge – Dearcadh Dílíthiúil*, (Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge, 1990), lch. 3.

⁷⁷ Micheál Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: A study of the Irish Text*, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1999), lch. 10.

⁷⁸ Díospóireachtaí Dála, lml. 1, Uimh. 26, 25/10/1922, col. 1947.

⁷⁹ Ibid.

Airteagal 4.

Sí an Ghaedhilg teanga Náisiúnta Shaorstáit Éireann ach co-aithneofar an Béarla mar theanga oifigiúil. Ní choiscfidh éinní san Airtíogal so ar an Oireachtas forálacha speisialta do dhéanamh do cheantair nó do liomataístí ná fuil ach teanga amháin i ngnáth-úsáid ionta.⁸⁰

Aistríodh an téarma ‘national language’ a úsáideadh sa bhunleagan Béarla go ‘teanga náisiúnta’ sa leagan Gaeilge. Don chéad uair, aithníodh an téarma ‘teanga náisiúnta’ go hoifigiúil i gcomhthéacs na Gaeilge agus aithníodh é mar théarma na Gaeilge ag a raibh an bhrí chéanna le téarma an Bhéarla ‘national language’.

D’admhaigh an t-airteagal sin, áfach, sa leagan Béarla agus sa leagan Gaeilge araon, stádas an Bhéarla mar ‘official language’/‘teanga oifigiúil’ freisin agus níor chuir sé aon chosc ar úsáid an Bhéarla sna ceantair ina raibh an Béarla á labhairt. Ba í athbheochan na Gaeilge an aisling choitianta a bhí idir na náisiúnaithe ar fad, beag beann ar a seasamh polaitíochta, ach ag an am céanna, bhí orthu glacadh go hoifigiúil le stádas an Bhéarla. Shocraigh Bunreacht Shaorstát Éireann nach gcuirfí srian ar úsáid teanga amháin in aon áit, ach chiallaigh sé sin freisin nár brúdh úsáid na Gaeilge ar áiteanna ina labhraíodh an Béarla mar ghnáththeanga. Mí sular cuireadh an Bunreacht i bhfeidhm, léirigh eagarfhocal *Fáinne an Lae* imní nach bhfuair an Ghaeilge riamh an t-aitheantas cuí a bhí tuillte aici mar ‘teanga náisiúnta’:

Bhí tráth ann agus ceapadh dhá mbéadh riarra na tíre – ná cuid féin dí – fá Ghaedhil go mbéadh leis an nGaedhilg. Ach cheanna ní mar síltear bítear. Atá cothrom aici, a deirtear. Nach n-admhuintear gurb í “Teanga Náisiúnta” na tíre seo í? Ní aithneochaí sin ar threoraídhthe na tíre – idir thuath is cléir – gach dream dá bhfuil

⁸⁰ Tomas Ó Máille, *The Status of the Irish Language – A Legal Perspective/Stádas na Gaeilge – Dearcadh Dlíthiúil*, lch. 3.

ann dá gcur féin agus a dteagaisg i gcéill as Béarla – cé is moite do dhuine sé nó seachrán go luigheann sé ar a gcoinsias corr-uair go bhfuilid – ingan a fhios dóibh féin! Ag déana faillighe innti.⁸¹

Ba í an Ghaeilge ‘national language’ agus ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann go hoifigiúil as Béarla mar aon le as Gaeilge anois. Ba dhul chun cinn mór é ó thaobh chur chun cinn an chéad rún oibre Chonradh na Gaeilge “The preservation of Irish as the National Language of Ireland and the extension of its use as a spoken tongue.” Chiallaigh sé sin freisin, áfach, gur tháinig an teanga faoi chúram an stáit agus faoi chúram na polaitíochta anois. Sa chéad rannóg eile, tabharfar aghaidh ar Chonradh na Gaeilge arís agus scrúdófar tionchar pholaitíocht náisiúnta na linne sin ar an gConradh agus ar an ‘teanga náisiúnta’.

2-2 Conradh na Gaeilge a Athbheochan

Mar a taispeánadh i ndeireadh na céad rannóige, léirigh iris Chonradh na Gaeilge imní faoi easpa aitheantais a bhí ag an nGaeilge cé gur baineadh rialtas dúchais na hÉireann amach agus gur bronnadh stádas bunreachtúil na ‘teanga náisiúnta’ ar an nGaeilge. Cúpla seachtain tar éis Bunreacht Shaorstát Éireann a chur i bhfeidhm, tharla díospóireacht faoin teideal ‘Teanga Naisiunta’ in iris an Chonartha *Fáinne an Lae*. Bhí thart ar dheichniúr sa díospóireacht agus lean sí go neamhrialta ar feadh cúig mhí. Cé gur tugadh an teideal ‘Teanga Naisiunta’ ar na hailt, níorbh é téama na díospóireachta stádas na Gaeilge ná an bhrí a baineadh as an téarma an ‘teanga náisiúnta’ amháin a léiríodh anseo mar go raibh ‘caighdeánú na Gaeilge’ i gceist ann freisin.

⁸¹ *Fáinne an Lae*, 04/11/1922, lch. 2.

Ba é ‘Fítheal’ a chuir tús leis na díospóireachtaí. Ar dtús, chuir ‘Fítheal’ fáilte roimh stádas na Gaeilge sa Bhunreacht mar “dul ar aghaidh sa Ghaedhilg”.⁸² D’áitigh an t-údar gur ghá ceist na gramadaí agus an litrithe a shocrú chun an Ghaeilge a nua-aoisiú. Mhol sé do scríbhneoirí na Gaeilge an cúigeachas a bhaint dá gcuid scríbhneoireachta chun cineál amháin Gaeilge áirithe a chur chun cinn sa stát nua: “...roinn slachta a chur ar an teanga náisiúnta. Má tá fonn orainn is go bhfuil gan an Gaedhilg a lagadh le easaontas caithfe aon teanga amháin (.i. teanga náisiúnta) a cheapadh do’n oileán an fad.”⁸³ Ba é tuiscint ‘Fítheal’ ar ‘teanga náisiúnta’ ná, teanga a caighdeánaíodh agus ar glacadh léi ag muintir na hÉireann go léir.

Bhí formhór de na daoine sa díospóireacht den tuairim go raibh fíorghá le simpliú a dhéanamh ar an nGaeilge.⁸⁴ I measc na ndaoine a bhí sa díospóireacht, mhol an tAthair Seoirse Mac Clúin go gníomhach an Ghaeilge a shimpliú agus an cló Rómhánach a úsáid in áit an cló Gaelach.⁸⁵ Nocht an díospóireacht easaontas i measc lucht na hathbheochana maidir le caighdeánú na Gaeilge agus ceist an chló agus cháin ‘Tír an Áir’ tuairim an Athar Mhic Chlúin go searbh. D’áitigh ‘Tír an Áir’ gur chiallaigh caighdeánú na Gaeilge agus simpliú na Gaeilge cruthú teanga nua bhréagach. Dá ndéanfaí caighdeánú na Gaeilge, a d’áitigh an t-údar, nár mhór d’fhormhór na ndaoine a raibh Gaeilge acu an teanga nua sin a fhoghlaim as an nua.⁸⁶ Chuir cuid eile imní in iúl an raibh ceangal idir ‘teanga náisiúnta’ agus caighdeánú na Gaeilge. Léirigh ‘Gaedhilgeoir’ é sin mar seo sa díospóireacht:

⁸² Fítheal, ‘Teanga Naisiunta’, *Fáinne an Lae*, 23/12/1922, 1, 5, Ich. 1.

⁸³ Ibid., Ich. 5.

⁸⁴ Regina Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae: 1899-1932*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2004), Ich. 194.

⁸⁵ Seoirse Mac Clúin, ‘An Teanga Naisiunta’, *Fáinne an Lae*, 14/04/1923, Ich. 1.

⁸⁶ Tír an Áir, ‘An Teanga Naisiunta’ *Fáinne an Lae*, 05/05/1923, Ich. 6.

Bliadhanta ó shoin ní raibh focal ar bith faoi litriughadh simplidhe, muna raibh focal. ...B'fhéarr leo cur síos a dhéanamh duit ar an gcaoi a raibh an chúis ag dul chun cinn agus chomh riachtanach is a bhí sé do'n "rising generation" an teanga náisiúnta a bheith aca. (I mBéarla dar ndóigh bhíodh an chaint seo).⁸⁷

Nearthaigh tuilleadh díospóireachta idir an Athair Mac Clúin agus 'Tír an Áir' ach níor mhair an díospóireacht ar an 'teanga náisiúnta' rófhada ina dhiaidh sin. Cuireadh deireadh leis an díospóireacht le halt ag 'Tír an Áir' ag rá "Ní sochar ar bith don Ghaedhilge an díospóireacht seo. Ní chuirfidh sí chun cinn í."⁸⁸

Ó thaobh cheist an chló Ghaelaigh de, bhí sí sin ina ábhar conspóide agus íogaire i measc lucht athbheochan na Gaeilge ó thús na hathbheochana.⁸⁹ Thaispeáin Brian Ó Conchubhair go raibh ceist an chló fréamhaithe i ndíospóireachtaí idir an dream a bhí ag iarraidh an Ghaeilge a leathnú mar theanga phraiticiúil agus an dream eile a bhí ag iarraidh an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga shainiúil. D'áitigh sé gurbh é an t-easaontas faoi cheist an chló don Ghaeilge an chéad sampla de na síoreasaontais a bheadh ag teacht chun cinn i measc lucht ghluaiseacht na Gaeilge.⁹⁰ Idir an dá linn, tháinig deireadh le Cogadh na gCarad ag deireadh mhí na Bealtaine 1923. D'fhéadfaí a áiteamh nár mhian le Conradh na Gaeilge níos mó deighiltí a bheith ann i measc na mball maidir le ceist

⁸⁷ Gaedhilgeoir, 'An Teanga Náisiúnta', *Fáinne an Lae*, 28/04/1923, lch. 3.

⁸⁸ Tír an Áir, 'An Teanga Náisiúnta', *Fáinne an Lae*, 02/06/1923, 3-4, lch. 4. Ó thaobh díospóireachta ar chaighdeánú na Gaeilge agus ar cheist na gcanúintí de, tháinig na hábhair chun cinn arís i *Fáinne an Lae* ag deireadh Mhí na Nollag 1924. Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae*, lch. 194.

⁸⁹ Feic, Brian Ó Conchubhair, 'The Gaelic Front Controversy: The Gaelic League's (Post-Colonial) Crux', *Irish University Review*, vol. 33, no. 1, (2003), 46-63. Deir Ó Conchubhair: "If one considers the font debate between the years 1882 and 1900 (and further debate would occur especially in the early years of the Free State and with *Fianna Fáil's* rise to power), the terms of reference were established early on by Ó Flannaoile/Flannery and 'Clann Conchobhair'. They set the agenda for not alone this debate but perhaps the entire Irish Language Revival. A study of the font controversy reveals the existence of a generation of critics, previously ignored, who preceded Patrick Pearse, Pádraic Ó Conaire, and Liam P. Ó Riain." (lch. 59.)

⁹⁰ *Ibid.*, lch. 57.

na 'teanga náisiúnta' ag an am sin agus seans gur chuir *Fáinne an Lae* deireadh leis an díospóireacht.

Ba é Cumann na nGaedheal a bhí i gcumhacht, páirtí polaitíochta nuabhunaithe a bhí ann, páirtí a bhunaigh daoine a bhí ar thaobh an Chonartha Angla-Éireannaigh. Bhí an chéad olltoghchán tar éis Chogadh na gCarad ann i mí Lúnasa. Sa toghchán sin, tháinig Cumann na nGaedheal i gcumhacht arís. Nuair a bhunaigh Cumann na nGaedheal Saorstát Éireann go hoifigiúil, ainmníodh Airí Rialtais nua. Bhí go leor ball nó iarbhall de Chonradh na Gaeilge ar thaobh an Chonartha Angla-Éireannaigh ann, an tAire Oideachais Eoin Mac Néill san áireamh.

Murab ionann is an rialtas nua, ghabh dream a bhí in éadan an Chonartha Angla-Éireannaigh ceannas ar Chonradh na Gaeilge. Ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge in 1922, tháinig Peadar Mac Fhionnlaoich, 'Cú Uladh', an Ceathrú hUachtarán ar Chonradh na Gaeilge i gcomharba ar Sheán Ó Ceallaigh. Mar aon le hÓ Ceallaigh, bhí Mac Fhionnlaoich féin in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh. Bhí sé ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge idir 1922 agus 1925, tréimhse fhíordheacair do Chonradh na Gaeilge.

Chuaigh baill agus fealsúnacht Chonradh na Gaeilge isteach sa rialtas dúchais, ach bhí deacrachtaí roimh an gConradh féin. Bhí deacrachtaí ag Conradh na Gaeilge an meon réabhlóideach agus an dearcadh criticiúil in aghaidh pholasaí theanga an rialtais a choinneáil mar a dúirt Tomás Ó hAilín: "no voluntary organisation unsupported by the power of the state could hope to achieve this..." ach ag an am céanna "there was no less reason for the existence of a voluntary

movement, since the State had taken over its functions.”⁹¹ Ó thaobh líon na gCraobhacha de, tháinig meath mór air sa tréimhse sin. In 1920, bhí 700 craobh cláraithe ag Conradh na Gaeilge ach in 1922, laghdaigh an líon sin go 565. In 1924, thit líon na gCraobhacha go dtí 139.⁹² Chothaigh meath na gCraobhacha fadhb airgid don Chonradh. Thit síntiúis agus bailiúchán na gCraobhacha don Choiste Gnótha. Bhí líon na dteachtaí a bhí ag freastal ar an Ard-Fheis ag laghdú chomh maith. Ní raibh ach 37 teachta i láthair ag Ard-Fheis na bliana 1923.⁹³ Bhí Conradh na Gaeilge faoi thionchar staid chorrach pholaitíochta na tíre freisin. Sheas Éamon de Valera mar iarrthóir Poblachtach san olltoghchán i mí Lúnasa ach i rith an fheachtais toghchánaíochta, ghabh trúpaí Shaorstáit Éireann é. Tharla sé seo coicís i ndiaidh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge.⁹⁴

Iidir an dá linn, bhí baill áirithe de chuid an Chonartha den tuairim gur ghá an Conradh a athbheochan mar eagraíocht dheonach Gaeilge nach raibh aon cheangal aici le polaitíocht ná le seicteachas. Ba é Liam Ó Briain, ball den Choiste Gnótha, a mhol cruinniú mór a ghairm chun athstruchtúrú a dhéanamh ar Chonradh na Gaeilge.⁹⁵ Ghlac an Coiste Gnótha leis an moladh agus shocraigh siad comhdháil mhór Ghaeilge a reáchtáil ar an 8 Eanáir 1925. Cuireadh fógra faoin gcomhdháil in eagrán na Nollag 1924 de *Fáinne an Lae*. Mhínigh an Coiste Gnótha an gá a bhí leis an gcomhdháil mar seo: “Toisc gan Conradh na Gaedhilge do bheith chomh beo ná chomh bríoghmhar le beagán blian is ba cheart do bheith; agus de bhrígh go bhfuil Gaill is naimhde uile na teangan ag

⁹¹ Tomás Ó hAilín, ‘Irish Revival Movements’, i Brian Ó Cuív, Brian (eag.), *A View of the Irish Language*, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969), 91-100, lch. 99.

⁹² Pádraig Ó Fearáil, *The Story of Conradh na Gaeilge*, (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo., 1975), lch. 46.

⁹³ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 185.

⁹⁴ Aindrias Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922-1932*, (Corcaigh: Cló Mercier, 1974.), lch. 32.

⁹⁵ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 189.

borradh is ag dul i ndánaidheacht...⁹⁶ Gaireadh gach duine chun dul ag obair le chéile arís d’athbheochan na Gaeilge.

Seoladh cuirí chuig daoine a bhí ar an gCoiste Gnótha riamh, gach Iar-Uachtarán an Chonartha, gach ball de Chonradh na Gaeilge, agus freisin, chuig “gach Éireannach a chuir a dhílseacht don nGaedhilg i gcéill i n-aon tráth agus do theachtairí na gCraobh atá ar siubhal fé láthair.”⁹⁷ Cuireadh fáilte roimh an gcruinniú ó gach taobh den ghluaiseacht náisiúnta, mar dúirt ‘G.’ i *The Leader*, “The time is now ripe for a general conference of the Gaels and it is sincerely to be hoped they will all co-operate.”⁹⁸

Bhí an tUachtarán a bhí ar an gConradh ag an am, Peadar Mac Fhionnlaoich, sa Chathaoir.⁹⁹ Ócáid stairiúil a bhí inti ó thaobh athbheochan na Gaeilge de agus ó thaobh pholaitíocht na teanga in Éirinn de chomh maith. Tháinig daoine as dhá thaobh na polaitíochta le chéile chun athbheochan na Gaeilge a phlé don chéad uair tar éis Chogadh na gCarad. I measc na ndaoine a bhí ag an gComhdháil, bhí Éamon de Valera a tháinig amach as an bpríosún leathbhliain roimhe sin. Bhí an Ginearál Risteárd Ó Maolchatha, Ceann Foirne an Airm Náisiúnta le linn Chogadh na gCarad ann. Ina theannta sin, bhí an triúr Iar-Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge i láthair: Dubhghlas de hÍde, Eoin Mac Néill agus Seán Ó Ceallaigh. D’fhoilsigh *Fáinne an Lae* ainmneacha na ndaoine a bhí ag an gComhdháil. De réir an ainmliosta sin, bhí thart ar 270 duine ar fad ann.¹⁰⁰ Cé nach raibh sé éasca athbheochan na Gaeilge a phlé idir lucht an tSaorstáit agus lucht na Poblachta gan aon aighneas polaitíochta a nochtadh, bhí na daoine a bhí i láthair ag iarraidh

⁹⁶ *Fáinne an Lae*, 20/12/1924, Ich. 2.

⁹⁷ Ibid.

⁹⁸ *The Leader*, 03/01/1925, Ich. 543.

⁹⁹ *Fáinne an Lae*, 17/01/1925, Ich. 1.

¹⁰⁰ Ibid., Ich. 4.

fealsúnacht Chonradh na Gaeilge a athmhúnlú uair amháin eile agus ag iarraidh an cheist a phlé go réasúnach le chéile ar son na ‘teanga náisiúnta’. Mhol eagarfhocal *Fáinne an Lae* an iarracht mar seo:

Rinne lucht na comhdhála dearmad ar phuinntí áiride easaontais a bhí eatorra agus tháinig eadar le díocas um teanga náisiúnta na tíre a árdú agus a chothu mar is cóir...Níor facthas a leithéid i nÉirinn ariamh cheana. Níl aon chumann eile sa tír a bhfuil sé de bhuidé aige an oiread sin Gaedheal atá ar iolbharamhail fá neithe eile a thabhairt fá'n díon chéanna ach Conradh na Gaedhilge amháin.¹⁰¹

Moladh straitéisí agus athruithe éagsúla maidir le Conradh na Gaeilge a athnuachan. Roghnaíodh Coiste cúig dhuine dhéag chun tuilleadh díospóireachta a dhéanamh ar athstruchtúrú an Chonartha agus tháinig an Coiste le chéile roimh an Ard-Fheis a réachtáladh i mí Aibreáin na bliana.¹⁰²

Tionóladh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar an 14 Aibreán 1925 agus bhí thart ar 350 teachta aici.¹⁰³ Glacadh leis an gcuspóir nua sa Bhunreacht. I measc na n-alt sa “Chóru” nó Bunreacht Chonradh na Gaeilge ar glacadh leo ag an Ard-Fheis, bhí ceisteanna achrannacha maidir le tuairimí na mball ar pholaitíocht náisiúnta:

Tá saoirse tuairime ag Connrathóir ach bheith dílis do chuspóir an Chonartha ach gan bhallríocht sa Chonradh do luadhach nó d'úsáid maidir le ceisteanna iasachta; ní bheidh sé de chead ag craoibh, coiste, cumann ná comhairle de Chonradh na Gaedhilge díospóireacht do dhéanamh ar aon ceist achrannaigh nach mbaineann

¹⁰¹ Ibid., lch. 2.

¹⁰² Seo a leanas na daoine ar an gCoiste: Liam Ó Briain, Seán Ó Ceallaigh, Pádraig Ó Siochfhradha (‘An Seabhac’), an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh, Earnán de Siúnta, Pádraig Ó Dálaigh, Seán MacMaoláin, Saoirse Mac Niocaill, Diarmuid Ó hÉigceartuigh, Seán Ó Murthuille, Séamus Ó Grianna, Séamus Ó hEocha, An Canónach P.S. Ó Móráin, Mícheál Ó Foghludha agus Tadhg Ó Scannail. Ibid., lch. 1.

¹⁰³ *Fáinne an Lae*, 18/04/1925, lch. 1.

leis an nGaedhilge, agus a rachadh chun amhleasa an Chonartha.¹⁰⁴

Rinne siad iarracht aighneas polaitíochta i measc na mball maidir leis an gConradh Angla-Éireannach a réiteach. Lean an t-alt thuas ar aghaidh mar seo a leanas chun leithéid na deighilte a bhí ag an Ard-Fheis in 1915 a sheachaint: “Comhacht a bheith ag an gCoiste Gnótha deire a chur le haon chraobh nó cumann nó comhairle nach mbeidh an sprid Ghaedhlach go beo bríoghmar ann.”¹⁰⁵

Ag an am céanna, bhí daoine nár mhian leo polaitíocht náisiúnta a choinneáil amach as imeachtaí Chonradh na Gaeilge. Maidir leis an gcomhdháil mhór i mí Eanáir, d’áitigh Seán Ó Ciarghusa, ‘Leac Logha’¹⁰⁶, seanbhall den Chonradh mar seo a leanas in *The Leader*: “don’t pass resolutions about excluding politics or that sort of thing. It is the age of politics, and politicians will be in front of the Gaelic League or any other organisation they belong to.”¹⁰⁷ Mhol sé go raibh an ceart ag na polaiteoirí ceangal láidir le Conradh na Gaeilge a choinneáil. D’áitigh sé go raibh polaitíocht ag teastáil ón gConradh agus d’áitigh sé freisin “it isn’t the politicians in the League that have weakened it, but the politicians who deserted it”.¹⁰⁸ Ba í an pholaitíocht a bhí i gceist ag Ó Ciarghusa ná, polaitíocht faoi rialtas Shaorstáit Éireann. Mhol sé obair athbheochan na Gaeilge a rinne an rialtas go dtí sin agus d’áitigh sé gurbh í obair an rialtais a bhí ag teastáil anois: pobal a spreagadh chun athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn. Dúirt sé: “a League to

¹⁰⁴ *Fainne an Lae*, 11/04/1925, lch. 6.

¹⁰⁵ *Ibid.*

¹⁰⁶ Bhí Seán Ó Ciarghusa ina bhall an-ghníomhach de Chonradh na Gaeilge ó thús an Chonartha. Feic, Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Dó*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1990), lgh. 78-79.

¹⁰⁷ *The Leader*, 10/01/1925, lch. 568.

¹⁰⁸ *Ibid.*

enthuse Irishmen about their own language is more or less a slur on the Government, and to be treated as a sort of opposition...All language machinery...should be of concern to the Government.”¹⁰⁹

Thosaigh Saorstát Éireann obair athbheochan na Gaeilge agus bhí sí ag dul ar aghaidh go háirithe sa chóras oideachais agus i gcúrsaí na Gaeltachta. Sa bhliain 1926, bunaíodh An Gúm faoi scáth na Roinne Oideachais chun téacsleabhair Ghaeilge a soláthar do scoileanna.¹¹⁰ Ó thaobh na Gaeltachta de, bhunaigh rialtas Shaorstát Éireann Coimisiún na Gaeltachta in 1925 chun taighde a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta.

Idir rialtas Chumann na nGaedheal agus na Poblachtaigh, thug *Fáinne an Lae* níos mó tacaíochta do na Poblachtaigh, Éamon de Valera go háirithe, maidir lena ngníomhartha agus lena dtuairimí ar chúrsaí teanga. Ar an bpríomhleathanach in eagrán mhí Eanáir 1925, mhol *Fáinne an Lae* de Valera mar go dtugadh sé tacaíocht i gcónaí do dhéantús na hÉireann. Mhol an iris a thuairim: “b’áil leis Éire a shaoradh i gcúrsaí tíoghbhúis cho maith le í shaoradh i gúrsaí polaitidheachta.”¹¹¹ D’aontaigh *Fáinne an Lae* le smaoineamh de Valera ar an nGaelachas. Ina litir chuig an *Evening World*, nuachtán i Nua-Eabhrac, thug de Valera rabhadh go raibh spéis an phobail sa Ghaelachas ag laghdú. D’athchlóigh *Fáinne an Lae* áiteamh de Valera:

Ceard a theastuigheann uainn-ne ó lucht na Poblachta? Teastuigheann uainn Éire do bheith saor ó mhuir go muir agus gan smacht ag tír ar bith eile ar domhan uirri, agus i dteannta na saoirse teastuigheann uainn í do bheith Gaedhealach...An Ghaedhilg agus meon na ndaoine, sin a bhfuil againn anois de’n tsibhialtacht

¹⁰⁹ *The Leader*, 07/02/1925, lch. 17.

¹¹⁰ Adrian Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s-1970s*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2002), lch. 88.

¹¹¹ *Fáinne an Lae*, 10/01/1925, lch 1.

sin...An fhaid a mhairfidh an Ghaedhilg béidh sé ar ár gcumas an tsibhialtacht a thabhairt thar n-ais go hiomlán luath nó mall. Má imthitheann an Ghaedhilg, sin deireadh le sibhialtacht na nGaedheal. Cibé rud eile a bhéas againn annsain ní hí Éire na nGaedheal a bheas againn ach Éire na nGall – is cuma cén saghas rialtais a bhéas againn.¹¹²

Ba é Cormac Breathnach a bhí ina Uachtarán ar an gConradh idir 1926 agus 1928. Faoina uachtaránacht, rinne Conradh na Gaeilge iarracht eile an dá thaobh polaitíochta a thabhairt le chéile chun an Conradh a athbheochan. Bliain i ndiaidh na Comhdhála móire a bhí ann in 1925, d'fhoilsigh Coimisiún na Gaeltachta tuarascáil chuimsitheach ar an nGaeltacht.¹¹³ De réir na tuairisce sin, bhí meath na Gaeilge soiléir, i réimsí ina mbíodh sí á labhairt go nádúrtha, go háirithe, sa bhaile agus ag ócáidí sóisialta sna ceantair Ghaeltachta. Ag deireadh na bliana 1926, d'eagraigh Coiste Gnótha Chonradh na Gaeilge mórchrúinniú poiblí eile chun athbheochan na Gaeilge a phlé. Ba é slánú na Gaeltachta téarma an chruinnithe sin. Tháinig lucht ghluaiseacht na Gaeilge chomh maith leis na polaiteoirí lena chéile ar nós Dubhghlas de hÍde, Éamon de Valera, An tAire Poist agus Teileagraif, J.J. Walsh, Leas Cheann Comhairle, Pádraig Ó Máille, Iar-Uachtarán an Chonartha, Peadar Mac Fhionnlaoich, agus an Seanadóir, P.W. Kenny. Bhí Cormac Breathnach ina Chathaoirleach ar an gcruinniú.¹¹⁴

Labhair Dubhghlas de hÍde ar dtús. Mhol sé obair Choimisiúin na Gaeltachta agus tuarascáil an Choimisiúin chomh maith le hUachtarán an Choiste Fheidhmeannaigh, Liam T. Mac Cosgair, mar cheannaire polaitíochta na linne a

¹¹² *Fáinne an Lae*, 11/04/1925, Ich 1.

¹¹³ Feic, John Walsh *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926*, (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2002).

¹¹⁴ De réir an chláir oibre, thug na daoine thuas óráidí agus craoladh iad beo. 'Conradh na Gaedhilge: Cruinniú Puiblí i dTig an Ard-Mheire, Ar 8 p.m. Dia Ceadaoin 17-11 '26', EPH D264, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

d'fhoilsigh an tuairisc stairiúil sin. Ansin, chuir de hÍde i gcuimhne don lucht éisteachta gur throid gach náisiúnaí lena chéile chun saoirse na hÉireann a bhaint amach agus gur thoradh na saoirse é tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta a fhoilsiú. Spreag sé gach taobh na polaitíochta le comhoibriú lena chéile ar son na Gaeilge. Ansin, thagair sé don cheangal idir polaitíocht na tíre agus Conradh na Gaeilge:

Sinn Fein was the spiritual child of the Gaelic League and the Volunteers were the children of Sinn Fein, and it was they who put us in the position in which we now are of being able to foster the Irish language and foster the Gaeltacht.¹¹⁵

Labhair Éamon de Valera i ndiaidh de hÍde. Bhí sé ina cheannaire ar pháirtí polaitíochta nua darb ainm Fianna Fáil, a bunaíodh i mí na Bealtaine 1926. D'áitigh de Valera go raibh tábhacht leis an 'teanga náisiúnta' don náisiúntacht Éireannach faoi leith agus chuir sé an rún seo os comhair an lucht éisteachta:

Ó tharla nach féidir a rádh go mbeidh talamh slán déanta d'aidhm agus cuspóir ar náisiúin go dtí go mbeidh an Ghaedhilt dá labhairt ag muinntir na hÉireann, ní foláir don náisiún an Ghaedhiltacht do choimeád agus do chaomhaint óir gur b'í an Ghaedhiltacht, agus an Ghaedhiltacht amháin, fíor-thobar an bhéal-oidis is gádh chun an teanga náisiúnta do chur i réim.¹¹⁶

Chuir de Valera i gcuimhne do bhaill Chonradh na Gaeilge gurbh é cuspóir an Chonartha an Ghaeilge a athbheochan agus í a leathnú mar ghnáth-theanga i measc pobail uile in Éirinn agus gur ghá an cuspóir a bhaint amach toisc gurbh í an Ghaeilge 'teanga náisiúnta' na hÉireann. Lean sé ar aghaidh lena óráid i

¹¹⁵ *Fáinne an Lae*, "Supplement to *Fáinne an Lae*", Nollaig 1926, lch. 7.

¹¹⁶ *Ibid.*, lch. 8.

mBéarla agus luaigh sé arís tábhacht na Gaeilge d'fhonn shibhialtacht na nGael a choinneáil:

...The national ideal, no matter in what different forms at different times it may find expression, can in the long run only mean this – the full development of the national individuality, that the national language is a necessary part of that individuality goes, I think, without saying. For a known 3,000 years it has been linked with the nation's fortunes...In it is enshrined, as in a continuing memory, the record of the nation's joys and the nation's sorrows; the nation's triumphs and the nation's defeats. If it is lost, that full development...can never *never* be realised. The unity of our people and of our national territory may be restored, our full political and economic freedom may be gained, but if the language be let die, it is not the Ireland of Pearse or of Davis, the Ireland of Clarke or of Connolly, of Emmet or of Tone – The Ireland of our dreams – that will issue, but a stunted, changing Ireland that will have no past in its memory to glory in, and no future towards which to be inspired.¹¹⁷

Ina óráid, thagair de Valera do 'nation' agus 'national' arís agus arís eile agus thaispeáin sé a thuiscint ar náisiún na hÉireann agus a thiomantas don náisiún agus don 'teanga náisiúnta'. Maidir le tábhacht na Gaeilge sa Ghaeltacht, mhaígh sé: "No advance of the language in the Galltacht can compensate for the loss of the Gaeltacht."¹¹⁸ Léirigh sé a thuairim go raibh sé riachtanach staid eacnamaíochta na Gaeltachta a fheabhsú toisc go raibh gach fadhb sa Ghaeltacht ceangailte le fadhb eacnamaíochta sna ceantair sin.¹¹⁹

Nochtadh aighneas maidir le polaitíocht pháirtí sa Chonradh nuair a labhair J. J. Walsh i ndiaidh de Valera. Ba léir go raibh baill áirithe den Chonradh fabhrach do de Valera agus d'Fhianna Fáil, seachas do Walsh agus do rialtas Chumann na nGaedheal. Thuairiscigh an *Irish Independent* an teannas a bhí ann mar seo:

¹¹⁷ Ibid.

¹¹⁸ Ibid.

¹¹⁹ Ibid.

...Mr. J. J. Wash...was greeted with boos and hisses and cries of “Up de Valera”. The Chairman, appealing for order, asked the interrupters if they were for or against the Gaelic League. “We are against the Government”, an interrupter shouted, and the Chairman exclaimed – “If you are in favour of the Gaelic League don’t interrupt those who came here to assist us.”¹²⁰

Bhí rún daingean ag an gCathaoirleach, Cormac Breathnach nach dtabharfaí polaitíocht pháirtí isteach sa chruinniú. Bhí slua mór daltaí ag freastail ar an gcruinniú agus iad ag caitheamh an fáinne, comhartha suaitheantais go raibh Gaeilge acu nó go raibh suim acu i nGaeilge. D’impigh Breathnach nach ndéanfaí níos mó faíré toisc gurbh ócáid thábhachtach í an cruinniú sin chun comhoibriú a chur chun cinn i measc lucht na Gaeilge: “We want them to get an impression of Gaelic harmony, and I ask you not to show scandal to these young people.”¹²¹

Ansin, chuir an Dr. Seán P. Mac Énrí, a tháinig ar ais go dtí an Conradh tar éis aighnis Ard-Fheis Dhún Dealgan agus a bhí ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge idir 1925 agus 1926, an rún seo chun cinn: “...tá de dhualgas ar an gCléir, ar lucht na bPáipéar agus ar gach dream agus duine puiblí a gcongnamh do thabhairt go fial agus go dúthrachtach mar mhaithe leis an nGaedhiltacht.”¹²² Bhí Mac Énrí den tuairim gur chúis mhór maidir le meath na Gaeilge í neamhshuim na hEaglaise Caitlicí, na bpolaiteoirí agus aicme cheannais na tíre. Ina dhiaidh sin, labhair cúpla duine eile, Pádraig Ó hÓgáin, Teachta Dála de chuid Pháirtí an Lucht Oibre, ina measc:

...it is shamelessly lax and neglectful of even if you remove the present party from

¹²⁰ *Irish Independent*, 18/11/1926, lch. 8.

¹²¹ *Ibid.*

¹²² *Fáinne an Lae*, “Supplement to *Fáinne an Lae*”, Nollaig, 1926, lch. 10.

power and install a Republican form of Government the salvation of the language will in the last analysis depend upon the activity of the Gaeltacht and not on any power you give any political party.¹²³

Níor aontaigh seisean le tuairim Mhic Énrí gur ghá d'oifigigh poiblí agus do lucht polaitíochta tuairimí an phobail ar athbheochan na Gaeilge agus ar an nGaeltacht a mhúnlú. Cháin sé go raibh formhór acu ró-mhuiníneach as an rialtas maidir le cur chun cinn na Gaeilge.

Bhí cuma ar thuairisc *Fáinne an Lae* go raibh sé ag iarraidh seasamh neodrach an Chonartha maidir le cúrsaí polaitíochta a thaispeáint do léitheoirí. Mar aon leis an tuairisc faoin ionsaí ar J. J. Walsh, áfach, thuairiscigh an *Irish Independent* teannas eile a bhí idir an Conradh agus rialtas Chumann na nGaedheal. Dar leis an nuachtán, nuair a mhol an Seanadóir P. W. Kenny Mac Cosgair agus a bhaint le Coimisiún na Gaeltachta, bhí gáir mhagaidh eile ann.¹²⁴ Ina choinne sin, d'áitigh Kenny gurbh í obair an stát anois athbheochan na Gaeilge, seachas obair Chonradh na Gaeilge:

The area of the Gaeltacht was contracting year after year. Voluntary effort had failed, and unless the State intervened the language and its traditions would probably fade out with the present generation.¹²⁵

Murab ionann is an trácht thuas ag an *Irish Independent* a d'áitigh gur theip ar obair dheonach an Chonartha, thuairiscigh *Fáinne an Lae* an t-ábhar sin ó dhearcadh difriúil:

¹²³ Ibid.

¹²⁴ *Irish Independent*, 18/11/1926, lch. 8.

¹²⁵ Ibid.

The founders of the Gaelic League...for the past twenty years have spent themselves in an enthusiastic voluntary effort to save the position, hoping that one day a native Parliament would take over their work and carry it to fruition. Despite these heroic efforts and sacrifices, the Report of the Commission shows that the spoken language is fast dying out...nothing short of State intervention can now check the decay, and save both the spoken language and the Gaeltacht from extinction, probably within the lifetime of some of the younger members of the audience.¹²⁶

Níor ghlac sé go raibh teipthe ar an gConradh in athbheochan na Gaeilge ach bhí sé ag súil leis an rialtas nó leis an bpolaitíocht náisiúnta an obair a chur chun cinn. Ba ghá do Chonradh na Gaeilge a réasúnaíocht a aimsiú tar éis an rialtas dúchais a bheith baint amach áfach. Ba iad athbhreithniú criticiúil ar pholasaí teanga an rialtais agus ar pholasaí a bhí ag ceannairí polaitíochta na tíre cuid de na tascanna tábhachtacha don Chonradh anois.

Bhliain roimh bhunú Fhianna Fáil, scar Éamon de Valera leis na hÓglaigh.¹²⁷ Cuireadh deireadh leis an gceangal a bhí idir de Valera agus an lámh láidir ina shaol polaitíochta agus as sin amach, dhírigh sé ar an bpolaitíocht pháirtí chun a aidhm pholaitíochta a bhaint amach. D'fhógair Fianna Fáil cúig ghealltanas agus bhí beartaithe acu Éire Aontaithe, Ghaelach agus Chríostaí a bhaint amach. I dtús báire, bhí siad ag iarraidh deireadh a chur le riail na Breataine. Tháinig athbheochan na Gaeilge ar an dara háit ina ngealltanas agus chuir siad béim uirthi mar ábhar cultúrtha: "The restoration of the Irish language and development of a native Irish Culture."¹²⁸

Sa chéad olltoghchán eile i mí Iúil 1927, d'fhás Fianna Fáil go suntasach agus

¹²⁶ *Fáinne an Lae*, "Supplement to *Fáinne an Lae*", Nollaig, 1926, Ich. 9.

¹²⁷ Proinsias Mac Aonghusa, *Éamon De Valera: Na Blianta Réabhlóideacha*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982), Ich. 136.

¹²⁸ 'Aims of Fianna Fáil, Press statement, 17 April 1926', luaite ag Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Éamon de Valera 1917-1973*, Ich. 131.

fuair siad 44 suíochán.¹²⁹ Dhiúltaigh iarrthóirí Fhianna Fáil a toghadh san olltoghchán sin, Éamon de Valera agus Seán T. Ó Ceallaigh ina measc, an mionn dílseachta don chead isteach sa Dáil a ghlacadh ar dtús. Bhí díospóireacht ar siúl maidir leis an gcinneadh sin i measc Fhianna Fáil agus mí ina dhiaidh sin, shocraigh siad a n-ainmneacha a scríobh ar an mionn chun dul isteach sa Dáil. I mí Lúnasa na bliana sin, nuair a chuaigh de Valera go Teach Laighean le teachtaí Fhianna Fáil chun sínithe a chur ar an mionn, mhínigh de Valera é don chléireach i nGaeilge: "...nach bhfuil mé le mionn a thógaint, ná aon gheallamhaint dílseachta thabhairt do Rígh Shasana ná d'aon chomhacht taobh amuigh de mhuintir na hÉireann. Táim ag cur m'ainmse anseo chun cead fhagháil dul isteach"¹³⁰. Faoi dheireadh, chuaigh ionadaithe Fianna Fáil isteach i nDáil Éireann mar fhreasúra mór in aghaidh Chumann na nGaedheal.

Idir an dá linn, rinne de Valera iarracht a thionchar a imirt ar Chonradh na Gaeilge chomh maith. De réir thuarascáil an Choiste Gnótha do mhí Aibreáin 1927, bhí beirt pholaiteoirí (Éamon de Valera agus Pádraig Ó Máille, Teachta Dála Chumann na nGaedheal agus a raibh baint aige freisin le páirtí nuabhunaithe Clann Éireann) i measc mór-sheisear a ainmníodh don toghchán Uachtaránachta ar Chonradh na Gaeilge don bhliain 1927-1928.¹³¹ Sa toghchán sin, níor toghadh ceachtar acu ach athoghadh Cormac Breathnach mar an chéad Uachtarán eile. Thart ar an am sin, d'éirigh tionchar na polaitíochta páirtí níos láidre ar imeachtaí Chonradh na Gaeilge agus tharla aighneas maidir leis sin i measc bhaill an Chonartha. Ag an am céanna, tharla teannas idir páirtí an rialtais, Cumann na nGaedhael agus an freasúra nua, Fianna Fáil, maidir lena bpolasaithe difriúla,

¹²⁹ Lee, *Ireland 1912-1985*, lch. 152.

¹³⁰ Ó Néill agus Ó Fiannachta, *De Valera II*, lgh. 205-206.

¹³¹ *Fáinne an Lae*, Aibreán 1927, lch. 5.

polasaithe ar athbheochan na Gaeilge san áireamh.

Chuir Conradh na Gaeilge féin a chuid míshásamh in iúl maidir le polasaí teanga an rialtais, go háirithe, le polasaí ar úsáid an chló Rómhánaigh don Ghaeilge. I mí Lúnasa 1928, d'fhógair Coimisiún um Stát-Sheirbhís go n-úsáidfeadh sé an cló Rómhánach dá scrúduithe ó mhí Iúil 1930 agus go gcaithfeadh iomaitheoirí an Ghaeilge a scríobh sa scríbhinn Rómhánach ó mhí Iúil 1933 ar aghaidh.¹³² In eagrán Dheireadh Fómhair 1928 de *Fáinne an Lae*, cuireadh míshásamh in iúl faoi pholasaí an rialtais i leith an chló Rómhánaigh. Bhí an t-alt sínithe ag pearsana móra athbheochan na Gaeilge, mar shampla, Pádraig Ua Duinnín, Seán Ó Ceallaigh, Peadar Mac Fhionnlaoich, Cormac Breathnach, an Dr. Seán P. Mac Énrí agus Séamus Ó Grianna, 'Máire'.¹³³ Thug an t-alt "cló náisiúnta" ar an gcló Gaelach agus léirigh sé na cúiseanna a raibh siad in aghaidh úsáid an chló Rómhánaigh don Ghaeilge. Ba cheist an náisiúin í ceist an chló dóibh agus cheap siad dá mba 'teanga náisiúnta' í an Ghaeilge, nár mhór í a scríobh i "gcló náisiúnta". D'áitigh siad gurbh é an cló Gaelach a úsáideadh sna leabhair d'fhoghlaimoirí agus scoláirí le tríocha bliain anuas. Bhí imní orthu gur imir an cló Rómhánach drochthionchar ar scríobh mar aon le labhairt na Gaeilge. Maidir le litriú na Gaeilge, d'áitigh siad: "má glactar leis an gcló seo, beidh gach duine ag leitriughadh na bhfocal do réir a bharamhla féin"¹³⁴. D'áitigh siad freisin dá n-úsáidí an cló Rómhánach don Ghaeilge, go mbeadh an Ghaeilge faoi níos

¹³² Fógra ón Coimisiún um Stát-Sheirbhís. *Fáinne an Lae*, Lúnasa, 1928, Ich. 4.

¹³³ Seo leanas na daoine go léir a sínigh don alt: "An tAthair Pádraig Ua Dinnín, Pádraig Ó Conaire, "Iolann Fionn", Seán Ó Ceallaigh (Sceilg), Seán M. Ó Raghallaigh (Sagart), Nioclás Tóibín, Risteárd Ó Foghludha ("Fiachra Éilgeach"), Micheál Ó Maoláin (As Árainn), Cú Uladh, Micheál Mac Craith, C.í, Eoin mac Fhirléighinn, C. í, Seán Mac Maoláin, Cormac Breathnach, An tAthair Pádraig de Brún, Seaghán P. Mac Énrí, "An Beirneach" (An tAthair L. Ó Beirn), Tomás Ua Concheanainn, Eibhlín Bean Uí Choncheanainn, Pádraig ó Domhnalláin, "Marbhán", Pádraig Ó Séaghdha, agus "Máire". *Fáinne an Lae*, Deireadh Fómhair, 1928, Ich. 5.

¹³⁴ Ibid.

mó tionchair an Bhéarla agus dá bharr sin, go mbeadh fuaimeanna na Gaeilge athraithe de réir fuaimeanna an Bhéarla.¹³⁵ Ba iad féiniúlacht na hÉireann agus éifeacht chlosamhairc na Gaeilge a bhí i gceist lena n-áitímh.

In 1931, d'ordaigh an tAire Airgeadais Earnán de Blaghd an cló Rómhánach a bheith ina chló oifigiúil ar fhoilseacháin Ghaeilge an rialtais ón mbliain ina dhiaidh sin ar aghaidh.¹³⁶ I mí Iúil 1931, chuir an Conradh toscaireacht chuig an Dublin Typographical Society chun díospóireacht a dhéanamh le clódóirí maidir le húsáid an chló Ghaelaigh i gclódóireacht na Gaeilge. D'iarr an toscaireacht orthu glacadh leis an nGaeilge mar an 'teanga náisiúnta' seachas mar theanga iasachta lena raibh costas breise ag baint.¹³⁷ Léirigh miontuairiscí an Chonartha go raibh baol ann go mbeadh costas bhreise ar chlódóireacht Ghaeilge, 50% ar an gcló Gaelach agus 25% ar an gcló Rómhánach.¹³⁸ Chun an costas sin a íslíú agus fostaíocht a chruthú do chainteoirí Gaeilge, d'iarr an Conradh ar na clódóirí buachaillí le Gaeilge a ghlacadh mar phrintéirí. Níor glacadh leis an moladh sin, áfach. D'iarr an Conradh freisin orthu buachaillí ón nGaeltacht, cainteoirí dúchais Gaeilge, a ghlacadh mar phrintéirí. Ní raibh na clódóirí sásta leis an moladh sin ach an oiread.¹³⁹

Cé gur mheas dream Chonradh na Gaeilge an cló Gaelach mar "cló náisiúnta", bhí neamhshuim ag na clódóirí a bhí i gceist sa chló dar leis an gConradh. Cheap an Conradh go ndearna an rialtas spior spear de thábhacht na Gaeilge mar theanga an náisiúin agus gur fhág dearcadh an rialtais neamhshuim ag an bpobal

¹³⁵ Ibid.

¹³⁶ Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis*, lch. 188; Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus An Fáinne an Lae*, lch. 212.

¹³⁷ *Irish Independent*, 15/07/1931, lch. 4; *The Irish Times*, 15/07/1931, lch. 4.

¹³⁸ An Coiste Gnótha 14/7/1931, MS19.319-19, Conradh na Gaeilge: Minute Books of the Coiste Gnótha, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

¹³⁹ Ibid.

i gceist na ‘teanga náisiúnta’. Mar a mhaígh Regina Uí Chollatáin, áfach, ní féidir an t-aighneas sin idir an dá thaobh a phlé gan an pointe seo a chur san áireamh: b’as an tobar céanna an dá ghrúpa a raibh na cuspóirí céanna acu i leith na Gaeilge.¹⁴⁰ Bhí roinnt de theachtaí Chumann na nGaedheal, Earnán de Blaghd cur i gcás, díograiseach ar son na Gaeilge freisin agus thacaigh siad le húsáid an chló Rómhánaigh ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge. D’áitigh Uí Chollatáin go raibh eileamh ar úsáid an chló Rómhánaigh don Ghaeilge i measc lucht na hathbheochana roimh bhunú an stáit agus é fréamhaithe in éileamh na n-iriseoirí go háirithe. Bhí tuiscint mhaith acu faoi thábhacht na Gaeilge mar uirlis chumarsáide agus bhí soiléireacht agus simpliúchán ag teastáil uathu chun an Ghaeilge a leathnú agus a fhorbairt mar theanga bheo an phobail.¹⁴¹ Níor chuir an dá thaobh, an dream a thacaigh le cló Gaelach agus an dream eile a thacaigh le cló Rómhánach don Ghaeilge, spéis mhór in eisint na teanga, sin athruithe teanga seachas caomhnú teanga, áfach.¹⁴² Sa chomhthéacs sin, an rud is íorónta faoi nár ghlac Conradh na linne sin le cló Rómhánach, an cló a úsáideadh go forleathan i sochaí na hÉireann, don ‘teanga náisiúnta’ – cé go raibh sé mar aidhm ag an gConradh an Ghaeilge a chur chun cinn mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann, an teanga a sealbhófaí i measc mhuintir na hÉireann uilig.

Chothaigh de Valera ceangal láidir le Conradh na Gaeilge agus idir an dá linn, bhí dóchas ag an gConradh as polasaí teanga de Valera agus Fhianna Fáil. I dtús na bliana 1929, rinne de Valera gníomh polaitíochta shiombalach a thaispeáin a

¹⁴⁰ Regina Uí Chollatáin, ‘Iriseoireacht na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, agus Cúrsaí Polaitíochta sna Fichidí: Gluaiseacht Amháin, Trí Mheán, in Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil (eag.), *Bliainiris 6*, (Ráth Cairn: Carbad, 2006), 173-202, lgh. 192-195.

¹⁴¹ Feic, Regina Uí Chollatáin, ‘Athruithe Teanga agus Caomhnú Teanga i Scéal an Chló i Ré na hAthbheochana’, in Eoin Mac Cárthaigh agus Jürgen Uhlich (eag.), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*, (Indreabhán: An Clóchomhar Cló Iar-Chonnacht, 2012), 961-982.

¹⁴² *Ibid.*, lgh. 976-978.

thacaíocht láidir do Chonradh na Gaeilge. Cé go raibh a fhios ag de Valera gur thug rialtas an Tuaiscirt ordú eisiata dó in 1924, dhiúltaigh sé an t-ordú agus rinne sé iarracht dul go Béal Feirste chun freastal ar imeacht an Chonartha a bhí ar siúl ansin. Ar an mbealach, gabhadh de Valera i gContae Ard Mhacha ar an 5 Feabhra 1929. Bhí a thriail ann trí lá ina dhiaidh sin. Ag an triail, labhair de Valera i nGaeilge amháin mar dhúshlán in aghaidh an chúisimh. Thuairiscigh *The Irish Times* an thriail mar seo a leanas:

Mr. de Valera again spoke in Irish, and was proceeding to address the Court in that language when he was interrupted by Mr. O'Donoghue, who said – You might as well be speaking in Greek, as far as I am concerned...*Prima facie* the defendant does not seem to understand English. (Laughter, in which Mr. de Valera joined.)

Mr. Moorhead – I will be able to give evidence that the defendant understands English. He had conversations with the police. His conduct is somewhat childish...

Mr. O'Donoghue – That is enough; there is evidence that he knows how to converse in the English language. There was further laughter at this statement, and Mr. de Valera again smiled broadly.¹⁴³

Thaispeáin de Valera gurbh í an Ghaeilge teanga na náisiúntachta Éireannaí agus gur cheart í a úsáid mar chuid dá chearta. Ag deireadh na trialach, gearradh téarma príosúnachta míosa ar de Valera.

B'ábhar conspóideach í an eachtra sin agus rinneadh gearáin agus agóidí i gcoinne an bhreithiúnais ar fud Shaorstát Éireann. I mBaile Átha Cliath, eagraíodh cruinniú mór ag a raibh os cionn cúig mhíle duine i láthair. Ag an gcruinniú sin, ní hamháin go raibh príosúnacht de Valera faoi chaibidil, ach tagraíodh do shaoirse

¹⁴³ *The Irish Times*, 09/02/1929, lch. 5.

na hÉireann freisin. Cáineadh críochdheighilt na hÉireann agus moladh baghcat a dhéanamh ar earraí as Béal Feirste. Bhí an t-ábhar ceangailte le ceist an náisiúin agus saoirse na hÉireann. D'áitigh Seán MacEntee, Teachta Dála Fhianna Fáil: "every Irish Citizen was insulted by the arrest of Mr. de Valera, and was bound to resent it."¹⁴⁴ Dúirt Eamonn Donnelly, Feisire Thuaisceart Éireann, "Mr. de Valera's arrest was a challenge to the very fundamental principles of Irish Nationality."¹⁴⁵ Bhí an argóint ceangailte le ceist na Gaeilge agus le Conradh na Gaeilge. Dúirt Seán T. Ó Ceallaigh, Teachta Dála Fhianna Fáil, gurbh í an chúis a bhí le cuairt de Valera ar Bhéal Feirste ná:

...[to] help the Gaelic League and to forward the language movement and Gaelic ideals by opening a bazaar. It was well known that the Gaelic League was a non-political, non-party organisation, and if he had been permitted to deliver his address, it would have been found to be strictly in line with the non-party, non-political character of the organisation which invited him to Belfast.¹⁴⁶

Tháinig naonúr Teachtaí Dála lena chéile ag cruinniú eile chun an t-ábhar a phlé i dTeach Laighean, triúr Teachtaí Dála de chuid Fhianna Fáil san áireamh, ach ní raibh duine ar bith ann as rialtas Chumann na nGaedheal.¹⁴⁷ Cháin Seán Brady, Teachta Dála Fhianna Fáil, neamhshuim an rialtais i gceist an náisiúin shaoir agus Ghaelaigh:

...that the arrest of Mr. de Valera was yet another proof that the statements of President Cosgrave and others that Ireland was free were untrue. The best reply that they could give to de Valera's arrest was to become more Gaelic and buy only

¹⁴⁴ *The Irish Times*, 13/02/1929, lch. 5.

¹⁴⁵ *Ibid.*

¹⁴⁶ *Ibid.*

¹⁴⁷ *Ibid.*

goods made in the Free State.¹⁴⁸

Thug Conradh na Gaeilge tacaíocht mhór do chás de Valera agus ag an am céanna, cheangail an Conradh an cás sin agus a rún oibre féin lena chéile: cur chun cinn na Gaeilge agus cabhrú le déantús na hÉireann. Dhá lá i ndiaidh an mhórchruinniú i mBaile Átha Cliath, reáchtáladh cruinniú Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge. Pléadh cás de Valera ag an gcruinniú. Ar mholadh ó Chormac Breathnach agus ón Athair T. Burbage, glacadh leis na rúin seo a leanas d'aon ghuth:

- (1) go gcáinimid go trom an masla so a thug Rialtas an Tuaiscirt d'Éamonn de Valera le linn a chuarda go Béal Feirsde ar mhaithe le Connradh na Gaedhilge.
- (2) go n-iarraimid ar Ghaedhil a míshástacht féin sgéal so do chur i n-iúl go láidir.
- (3) gur mór againn an seasamh a rinne Éamonn ar son na teangan agus é 'na chime i gCúirt a namhad.¹⁴⁹

Níor thug rialtas Chumann na nGaedheal mórán cúnaimh do chás de Valera. D'iarr Liam T. Mac Cosgair ar Phríomh-Aire an Tuaiscirt maithiúnas a thabhairt do de Valera ar choinníoll gur gheall de Valera nach dtabharfadh sé cuairt ar an dTuaisceart arís ach dhiúltaigh de Valera glacadh leis an gcoinníoll sin.¹⁵⁰

Tharraing cás de Valera conspóid ar fud Shaorstát Éireann ó thaobh na polaitíochta náisiúnta agus Chonradh na Gaeilge de. Ní hamháin gur tháinig lucht polaitíochta, go háirithe lucht tacaíochta Fhianna Fáil, isteach sa chonspóid, ach tháinig eagraíochtaí neamhpholaitiúla isteach ann freisin. Léiríodh an chonspóid mar ábhar náisiúnta: ritheadh rúin in aghaidh ghabháil de Valera ag cruinnithe

¹⁴⁸ Ibid.

¹⁴⁹ *Fáinne an Lae*, Márta 1929, lch. 5.

¹⁵⁰ *The Irish Times*, 13/02/1929, lch. 7.

éagsúla ar fud na tíre, mar shampla, Comhghairm Ollscoil na hÉireann, Comhairle Thuathcheantar Bhaile Átha Cliath Theas, Bord Sláinte Chiarraí agus Comhairle Baile Thuama. Ina measc, cháin Bord Sláinte Chiarraí rialtas Shaorstát Éireann nach ndearna gearán oifigiúil in aghaidh rialtas an Tuaiscirt.¹⁵¹ Bhí díospóireacht chorráithe ann ag cruinniú Bhord Sláinte Mhuineacháin maidir le baghcat na n-earraí as an Tuaisceart i ngeall ar chás de Valera. Bhí cuid de bhaill an Bhoird i gcoinne an bhaghcait agus dúirt duine amháin acu mar seo ag an gcruinniú: “The Gaelic League is the curse of the country, and is one of the reasons why this country is beggared as it is.”¹⁵² Measadh go raibh an ráiteas sin rópholaitiúil agus d’impigh an cathaoirleach ar na baill fanacht amach ó pholaitíocht mar sin.¹⁵³

Tar éis a théarma príosúnachta míosa a bheith slánaithe aige, scaoileadh de Valera saor agus tháinig sé ar ais go Baile Átha Cliath ar an 6 Márta 1929.¹⁵⁴ Thaispeáin cás sin de Valera an ceangal láidir a bhí idir é féin agus an Ghaeilge go dearfach don Chonradh. Bhí Conradh na Gaeilge ag iarraidh an eagraíocht féin a athbheochan taobh amuigh de thionchar na polaitíochta páirtí agus ag an am céanna, bhí sé muiníneach go mbeadh de Valera in ann ceist na Gaeilge a láimhseáil mar cheist de chuid an náisiúin i gcomhthéacs na polaitíochta náisiúnta. Tharraing an mhuinín idir an Conradh agus de Valera, áfach, an Conradh isteach san achrann idir an páirtí a bhí i gcumhacht, Cumann na nGaedheal agus Fianna Fáil. Sa rannóg dheireanach den chaibidil, scrúdófar an bholscaireacht pholaitiúil a rinne an dá pháirtí maidir lena bpolasaí Gaeilge agus maidir lena seasamh ar Chonradh na Gaeilge agus pléifear freagra an Chonartha ar cheist na polaitíochta

¹⁵¹ *The Irish Times*, 13/02/1929, lch. 5.

¹⁵² *The Irish Times*, 25/02/1929, lch. 8.

¹⁵³ *Ibid.*

¹⁵⁴ *The Irish Times*, 07/03/1929, lch. 7.

agus na Gaeilge.

2-3 Fás Fhianna Fáil agus Conradh na Gaeilge

I mí Eanáir 1929, cuireadh tús le nuachtán seachtainiúil darbh ainm *The Star/An Reult*. Ba nuachtán de chuid lucht tacaíochta Chumann na nGaedheal é agus bhí Máire Mac Néill, iníon Eoin Mhic Néill, ina hiriseoir agus ina heagarthóir ar an nuachtán sin.¹⁵⁵ Phléigh *An Reult* polaitíocht, eacnamaíocht agus cúrsaí sóisialta na tíre. Bhíodh ábhar Gaeilge sa nuachtán chomh maith, go háirithe maidir le hathbheochan na Gaeilge, le hoideachas na Gaeilge agus le drámaíocht na Gaeilge. Bhíodh ailt i nGaeilge ann chomh maith agus chuirí ar an gcéad leathanach iad. Thug *An Reult* aitheantas don Ghaeilge mar theanga chumarsáide agus léirigh sé sin an tábhacht a bhain leis an nGaeilge sa pháipéar.¹⁵⁶ Is léir mar sin nach raibh an nuachtán ‘frith-Ghaeilge’ ach cáineadh sé Conradh na Gaeilge mar aon le Fianna Fáil go leanúnach agus go dian.

Ní raibh sé soiléir an raibh baint dhíreach ag Earnán de Blaghd, an tAire Airgeadais, An tAire Poist agus Teileagraif agus Leasuachtarán ar Choiste Fheidhmeannaigh Shaorstáit Éireann, leis an bpáipéar. Ó thaobh cáineadh an pháipéir ar Chonradh na Gaeilge de, áfach, bhí cosúlacht ann idir tuairim an nuachtáin agus dearcadh de Blaghd ar an gConradh. Cé go raibh sé ina sheanbhall den Chonradh, bhíodh sé criticiúil ar Chonradh na Gaeilge. Bhí alt ag cáineadh an Chonartha foilsithe ag de Blaghd in *An Claidheamh Soluis* chomh

¹⁵⁵ Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1983-2002 Beathaisnéis*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2003), lch. 88. De réir *Beathaisnéis*, bhí Máire Mac Néill ag obair do *An Reult* idir 1932 agus 1933 ach bheadh an tréimhse sin mícheart mar ba chosúil gur mhair an páipéar ó 1929 go dtí 1932.

¹⁵⁶ Uí Chollatáin, ‘Iriseoireacht na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, agus Cúrsaí Polaitíochta sna Fichidí’, lgh. 182-183.

luath leis an mbliain 1914. “Which is greater – the Gaelic League or the Irish Language?” teideal an ailt agus ba é freagra na ceiste dar le de Blaghd ná an Ghaeilge.¹⁵⁷ San alt sin, cháin sé an Conradh nach raibh siad éifeachtach na fadhbanna a bhí le Gaeilge na linne a shocrú agus mhol sé polaitiú Chonradh na Gaeilge chun brú a chur ar dhaoine a bhí naimhdeach don Ghaeilge.¹⁵⁸ De réir Breathnach agus Ní Mhurchú, “sórt tuair ar an aigne a bheadh aige i leith an Chonartha i bhfad ina dhiaidh sin” a bhí san aiste sin.¹⁵⁹ Choinnigh de Blaghd an seasamh céanna mar Aire faoi Shaorstát Éireann agus choinnigh sé súil ghéar ar Chonradh na Gaeilge.

Mí i ndiaidh a bhunaithe, thosaigh *An Reult* ag ionsaí Chonradh na Gaeilge go searbhasach. D’áitigh alt ar phríomhleathanach in eagrán 9 Feabhra 1929, go raibh Conradh na Gaeilge an-ghnóthach le hábhair nach raibh bainteach le cultúr Gaelach agus an teanga a phlé, cluichí gallda nó nuachtáin eachtracha, mar shampla. Bhí ceangal idir an pholaitíocht agus Conradh na Gaeilge faoi chaibidil ar an gcéad leathanach in eagrán 30 Márta 1929. D’áitigh an t-alt gur ionsaigh Conradh na Gaeilge “persons and institutions always loyal to the ideal of an Irish Ireland”. Dar le *An Reult*, chiallaigh siad lucht Chumann na nGaedheal. Ag an am céanna, mhol an nuachtán Mac Giolla Bhríde, An Tiarna Ashbourne, Uachtarán Chonradh na Gaeilge idir 1928-1933, mar dhuine ‘neamhpholaitiúil’. Bhíodh tuairim láidir ag Mac Giolla Bhríde i gcónaí gur ghá do Chonradh na Gaeilge polaitíocht a sheachaint amach is amach. Mhol *An Reult* gur dhuine “above political strife” é Mac Giolla Bhríde agus go mbeadh sé in ann “mark the end of the

¹⁵⁷ *An Claidheamh Soluis*, 28/03/1914, lch. 4.

¹⁵⁸ *Ibid.*

¹⁵⁹ Breathnach agus Ní Mhurchú, 1882-1982 *Beathaisnéis a Cúig*, lch. 41.

abnormal period” ag an gConradh.¹⁶⁰ Dá bhrí sin, níor mheas lucht Chumann na nGaedhael go mbeadh gach ball den Chonradh contúirteach ó thaobh a smaointe polaitíochta de. Bhí siad neirbhíseach faoi ghearáin a rinne Conradh na Gaeilge maidir le polasaí teanga an rialtais, áfach.

Bhí siad amhrasach faoin dlúthbhaint a bhí idir an freasúra, Fianna Fáil agus lucht stiúrtha Chonradh na Gaeilge. In eagrán mhí Aibreán 1929 de *Fáinne an Lae*, mar shampla, scríobh ‘M’ i leith Ard-Fheis na bliana an méid seo a leanas:

Caithfear cúrsaí na Gaedhilge agus cúrsaí poilitidheacht’ a cheangal dá chéile. Níl léigheas ar bith eile ar an sgéal. Tá bás nó beatha na teangtha a’ brath ar an Ghaedhealtacht. Tá an Ghaedhealtacht i muinighin an riaghaltais.¹⁶¹

Níor chiallaigh “an rialtas” san abairt thuas rialtas Chumann na nGaedheal. Lean ‘M’ ar aghaidh:

Má labhairfeann Conradh na Gaedhilge feasta ar an Ghaedhilg agus ar an riaghaltas san am chéadna, ba cheart gur ar an riaghaltas s’ chugainn a labhairfidhe agus nach ar an riaghaltas atá i dtreis anois.¹⁶²

Rialtas Fianna Fáil a bhí i gceist a thiocfadh i gcumhacht in 1932. Foilsíodh alt conspóideach eile ar *Fáinne an Lae* mí ina dhiaidh sin. Ba é ‘An Droighneán Fionn’ údar an ailt. Mhol ‘An Droighneán Fionn’ alt le ‘M’ mar “Bhí duine ughdarásach inntleachtach a dhíoghbháil le sin a dhéanamh. Tá sé déanta ag “Máire” sa deireadh agus má ‘s maith is mithid.”¹⁶³ Dá bhrí sin, chuile sheans gur

¹⁶⁰ *An Reult*, 30/03/1929, lch. 1.

¹⁶¹ M, ‘Bás nó biseach?’, *Fáinne an Lae*, Aibreán, 1929, lch. 8.

¹⁶² Ibid.

¹⁶³ An Droighneán Fionn, ‘Conradh na Gaedhilge’, *Fáinne an Lae*, Bealtaine, 1929, lch. 7.

Séamus Ó Grianna, 'Máire', eagarthóir ar an iris ag an am sin, a scríobh an t-alt thuasluaite faoin iniseal 'M'. Lean 'An Droighneán Fionn' ar aghaidh mar seo:

Tá trí dhream polaitidheachta, ar a laighead, tá sin sa tír. Tá ceann amháin aca seo ag iarraidh riaghaltas na Sasana a thabhairt arais; an dara ceann atá ag coinneáil an tSaorstáit againn mar bhall den British Commonwealth of Nations (agus sé condaethe de chuid Chúigeadh Uladh faoi chrann-smola na bhFear Buidhe). Tá an tríomhadh dream ann fosta (nár cuireadh fiacháil go fóill ortha) – iad seo atá ag iarraidh Éire a thabhairt amach glan athsgartha as Impireacht na Sasana... Munab é riaghaltas an tSaorstáit an dream is fearr de na trí dhream seo, de thairbhe na Gaedhilge de, tá Conradh na Gaedhilge ag coinneáil cúil ar an Ghaedhilg, de bharr gan lámh chuidighthe a thabhairt don dream eile atá ag iarraidh deireadh a chur leis an riaghaltas sin.¹⁶⁴

Ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge a tionóladh i dtús mhí Aibreán 1929, tháinig rún mar seo a leanas ó Choiste Chumainn Cheantar Átha Cliath: "Go bhfuil sé i n-am do Chonradh na Gaedhilge cuspóir Saoirseachta na hÉireann a chomh-cheangal le ceist na teangan."¹⁶⁵ Chuidigh iar-Uachtarán an Chonartha, Peadar Mac Fhionnlaoich, leis an rún sin. Cháin Conradh na Gaeilge polasaí an rialtais i leith easpa tacaíochta airgid don Ghaeilge, úsáid an chló Rómhánaigh, agus d'easpa tacaíochta don Ghaeltacht mar lochtanna pholasaí an rialtais. Nuair a bhí an díospóireacht ar siúl, mhol Mac Fhionnlaoich rún conspóideach a mhol ceangal idir Fianna Fáil agus Conradh na Gaeilge a dhaingniú:

Bheirimid údarás don Choiste Gnó, más mian leo agus más féidir leo, margadh a dhéanamh le Fianna Fáil i dtaobh na Gaeltachta d'fhortacht, agus má tá siad sásta leis an socrú agus sásta go gcuirfear i bhfeidhm é de réir acmhainní Fhianna Fáil, go molfaidh siad do Ghaela Éireann cabhrú le Fianna Fáil ag an gcéad toghchán

¹⁶⁴ Ibid.

¹⁶⁵ *Fáinne an Lae*, Aibreán 1929, lch. 3.

mór eile a bheas ann.¹⁶⁶

Léirigh Mac Fhionnlaoich a mhíshástacht nár shíl rialtas Chumann na nGaedheal go raibh ceist na Gaeltachta ina ceist náisiúnta agus go raibh cuid de bhaill an rialtais in aghaidh na Gaeilge go follasach.¹⁶⁷ Dá measfadh Fianna Fáil polasaí i leith na Gaeltachta mar cheist phráinneach an náisiúin, a dúirt sé, ba cheart margadh a dhéanamh le Fianna Fáil.¹⁶⁸ Fuair a rún tacaíocht ó dhuine amháin, Donn Piatt, ach bhí formhór na mball eile den Chonradh in aghaidh an rúin sin. Chuimhnigh an Dr. Seán P. Mac Énrí ar Ard-Fheis 1915 i nDún Dealgan, an ócáid ar scoilt an Conradh ar pholaitíocht náisiúnta. Tar éis tuilleadh díospóireachta, tharraing Mac Fhionnlaoich siar an rún sin.¹⁶⁹

Ní raibh lucht na Gaeilge i gCumann na nGaedheal sásta ar chor ar bith faoin tacaíocht shoiléir a thug Peadar Mac Fhionnlaoich d'Fhianna Fáil. In eagrán 20 Aibreán, d'ainmnigh *An Reult* Mac Fhionnlaoich mar “mover of the bargaining resolution”.¹⁷⁰ Ba í “COMHDHAIL CLAPTRAPPERY: Party Puppets and Prospecting Politicians at 25 Parnell Square: The Wooing of Fianna Fail: Political Tacticians Undermining the Language Movement” an cheannlíne ar alt in *An Reult* faoi Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge. D'áitigh *An Reult* gur gníomh frith-rialtais é gearán a dhéanamh faoi pholasaí teanga an rialtais ar cheist na Gaeltachta agus ar cheist an chló Rómhánaigh. Dúradh gur thug na gníomhaíochtaí seo go léir fianaise go raibh Fhianna Fáil ag baint úsáide as an gConradh chun a thionchar

¹⁶⁶ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 235. Feic freisin, *Irish Independent*, 03/04/1929, lch. 4.

¹⁶⁷ *Irish Independent*, 03/04/1929, lch. 4.

¹⁶⁸ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 235; *Irish Independent*, 03/04/1929, lch. 4.

¹⁶⁹ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lgh. 235-237; *Irish Independent*, 03/04/1929, lch. 4.

¹⁷⁰ *An Reult*, 20/04/1929, lch. 1.

polaitíochta a leathnú i sochaí na hÉireann.¹⁷¹ Mhéadaigh amhras ar *An Reult* faoi Fhianna Fáil agus faoi Chonradh na Gaeilge roinnt míonna ina dhiaidh sin. In eagrán 19 Deireadh Fómhair 1929, d'ionsaigh *An Reult* Fianna Fáil arís agus Conradh na Gaeilge ag an am céanna:

Mr. de Valera's party cry is not "Save the Language", but "Is the Gaeltacht doomed?" and the idea is to get Gaelic League votes for Fianna Fáil...Cumann na nGaedheal does not visualise the problem as one of getting votes from half-crazed hypochondriacs by promising them the moon.¹⁷²

In eagrán 16 Samhain, thug an páipéar fógra báis an Chonartha. Tugadh an cheannlíne gháifeach seo ar an alt: "THE GAELIC LEAGUE IS DEAD: Party Politics Has Killed the Once Great Irish Language Movement: Now Awaiting a Fianna Fail Tomb: A New Non-Party Organisation a Vital National Need To-day".¹⁷³ D'áitigh *An Reult* go raibh ról suntasach ag iris Chonradh na Gaeilge chun an bhaint a bhí idir é agus Fianna Fáil a chruthú:

They were, to a certain extent, wise in their generation who advocated some time ago the merging of the remnant of the Gaelic League in the Fianna Fáil party organization. The move would, at least, have saved faces and cleared the ground for the establishment of a new non-party language movement.¹⁷⁴

D'áitigh an t-alt go raibh gá le gluaiseacht náisiúnta nua don Ghaeilge nach mbeadh baint aici le páirtí polaitíochta a bhunú in áit Chonradh na Gaeilge. Leathbhliain ina dhiaidh sin, thosaigh plé ar an ngá sin go dian in *An Reult*. I

¹⁷¹ Ibid.

¹⁷² *An Reult*, 19/10/1929, lch. 1.

¹⁷³ *An Reult*, 16/11/1929, lch. 1.

¹⁷⁴ Ibid.

gcomhthéacs *An Reult*, chiallaigh an focal ‘polaitíocht’ polaitíocht de chuid an fhreasúra, Fianna Fáil. In eagrán 7 Meitheamh 1930, dúirt an nuachtán go raibh sé thar am ag lucht na Gaeilge an moladh faoi bhunú ghluaiseacht nua don Ghaeilge a chur i gcrích:

We think that the time is almost ripe for the foundation of a new language movement eschewing the idiotic theatricalities and the crazy political nostrums which seem to dominate the minds of those in control of the remnant of the old movement to-day.¹⁷⁵

D’ionsaí *An Reult* Conradh na Gaeilge mar: “The Gaelic League as it exists to-day must be regarded, in our opinion, as a menace to the spread of the language.”¹⁷⁶

Faoin am sin, b’ionann Fianna Fáil agus Conradh na Gaeilge dar leis *An Reult* agus cheap sé go raibh siad araon ‘bagrach’ do rialtas Chumann na nGaedheal. San eagrán céanna, léirigh Hugh A. Law, Teachta Dála de chuid Chumann na nGaedheal, polasaithe Éamoin de Valera mar “a menace to the future safety and well-being of country”.¹⁷⁷

Seachtain ina dhiaidh sin, d’áitigh *An Reult* go mbunófaí gluaiseacht nua don Ghaeilge arís. Cé go ndúirt sé cheana gur ghá gluaiseacht nua nach raibh bainteach le páirtí polaitíochta, mhol siad go soiléir ag an am sin go mba cheart baint dhíreach a bheith ag rialtas Chumann na nGaedheal leis an bplean:

A new language organisation, though entirely independent as such, should we believe, work in the closest co-operation with the Government...have a large part of its personnel nominated by the Department of Education.¹⁷⁸

¹⁷⁵ *An Reult*, 07/06/1930, lch. 67.

¹⁷⁶ Ibid.

¹⁷⁷ *An Reult*, 07/06/1930, lch. 73.

¹⁷⁸ *An Reult*, 14/06/1930, lch. 87.

D'éirigh tuairim an nuachtáin faoi ghluaiseacht nua don Ghaeilge agus faoi dhrochmheas ar Chonradh na Gaeilge thar a bheith conspóideach nuair a tháinig alt le ceannlíne "Why Not Bury the Dead League?" amach in eagrán Dheireadh Fómhair 1930. Dúirt sé go raibh Conradh na Gaeilge marbh cheana féin. Dá bharr sin, a d'áitigh sé, ba chóir gluaiseacht nua a bhunú in áit Chonradh na Gaeilge anois faoi scáth an rialtais:

...the Government Party cherish no ambition whatever to gain control of the corpse they would be glad to see it decently buried. If that were done there might be some chance of establishing the new language movement, the need for which becomes every day more apparent.¹⁷⁹

Lean an díospóireacht ar bhunú gluaiseacht nua don Ghaeilge ar aghaidh sa chéad eagrán eile. Cháin 'Mac Alla', duine a bhí bainteach leis an gConradh i gCorcaigh, mí-éifeacht an Chonartha: "The Gaelic league in Cork is almost standing in the way of the progress of the language."¹⁸⁰ Ansin, mhol 'Mac Alla' go raibh gnó nua dea-eagraithe ag teastáil ar son na Gaeilge: "In so far as Cork is concerned, unless the existing League be dissolved soon, and its place taken by a business language organisation, the future of the Irish language will be seriously jeopardised."¹⁸¹

Mí ina dhiaidh sin, scríobh ball eile ón gConradh, Liam Ó Briain, alt dar teideal 'Will the Gaelic League Survive?'. Ba é Ó Briain an duine a mhol Comhdháil an Chonartha a thionól in 1925 chun an Conradh a athbheochan. Uair amháin eile,

¹⁷⁹ *An Reult*, Deireadh Fómhair 1930, lgh. 28-29. Foilsíodh an páipéar go míosúil ó Mheán Fómhair 1930.

¹⁸⁰ Mac Alla, 'Movement without Motion', *An Reult*, Samhain 1930, lch. 65.

¹⁸¹ *Ibid.*

d'iarr sé ar lucht tacaíochta an Chonartha comhoibriú a dhéanamh ar son na Gaeilge. Chuimhnigh sé go raibh aidhm shoiléir ag an gConradh fós i rith Chogadh na gCarad:

During the worst period of it, I think we were the only national organisation where pro and anti people sat around a table together. Both sides had one main idea, which was to save the old Gaelic League from the wreck to hold it together, and steer it safely through that great storm. We all felt with the same sincerity that that was our supreme duty.¹⁸²

D'áitigh sé gur tháinig meath ar an gConradh tar éis an Chogaidh agus gurbh í ceangal an Chonartha sa pholaitíocht náisiúnta ba chúis leis:

The organisation remains, and yet I feel something did die in that year. ...What, I feel, died, was the spirit that had been the very essence of the old League. It is arguable that what killed it was its own success, the success of that Sinn Féin policy of which it had been the most powerful factor.¹⁸³

Bhí Ó Briain féin ar thaobh an Chonartha Angla-Éireannaigh. Cháin sé gníomh a rinne baill áirithe an Chonartha chun nasc díreach a chruthú idir an Conradh agus an freasúra, Fianna Fáil:

Not long ago *Cú Uladh* proposed that the Gaelic League should affiliate openly with Fianna Fáil, in order to be openly against the present Government. I am almost sorry this wasn't carried. ...It would have cleared the way for a new organisation, which would have been, at least, without traditions, and after that, an sgian is géire ag feannadh, as they say in Connemara, Let the best of them win.¹⁸⁴

¹⁸² Liam Ó Briain, 'Will the Gaelic League Survive?', *An Reult*, Nollaig 1930, 81-82, lch. 81.

¹⁸³ *Ibid.*

¹⁸⁴ *Ibid.*, lch. 82.

Cé go raibh Ó Briain in aghaidh ‘polaitiú an Chonartha’ a mhol Peadar Mac Fhionnlaoich ag Ard-Fheis an Chonartha in 1929, bhí sé den tuairim nárbh é bunú eagraíocht nua don Ghaeilge an réiteach ab fhearr le gluaiseacht na Gaeilge a chur chun cinn ag an tráth sin. Neamhchosúil leis na hailt eile, choinnigh sé guaim air féin ina alt agus mhol sé bealach chun an Conradh a athbheochan. Dar leis, mar gheall ar easpa acmhainní a bheith ar fáil d’obair an Chonartha an deacracht ba mhó a bhí roimh an eagraíocht:

But that is past. The real problem of the Gaelic League is lack of numbers. More people in it would be a cure for all ills. ...Unless the dozens increase to hundreds within the next few years, the former may be compelled to remind the Irish people that it is everybody’s national language as well as theirs, and that unless more, considerably more, adult people take a hand in the work, there will be no use carrying on.¹⁸⁵

Mhol sé mar sin deis a thabhairt don Chonradh an eagraíocht a athbheochan leo féin seachas deireadh a chur leo. Nuair a bheadh deacrachtaí ag baint leis sin, a cheap sé, go mba cheart iarracht nua a thosú chun soiscéal thábhacht na ‘teanga náisiúnta’ a theagasc do mhuintir na hÉireann.

Tar éis d’alt Uí Bhriain thuasluaite a bheith foilsithe ar *An Reult*, ní raibh níos mó cainte ar bhunú ghluaiseacht náisiúnta nua don Ghaeilge cé go raibh ailt a cháin Chonradh na Gaeilge ann fós. Níor mhair an páipéar ach go dtí 1932. Ba é eagrán Feabhra 1932 an ceann deireanach a bhí ar fáil dom, an t-eagrán a foilsíodh roimh lá olltoghchán na bliana sin.¹⁸⁶

¹⁸⁵ Ibid.

¹⁸⁶ Is é eagrán Feabhra 1932 an ceann deireanach atá ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Dar le Regina Uí Chollatáin, tá fianaise ar fáil gur foilsíodh an páipéir go dtí lár

Theastaigh meán cumarsáide dá chuid féin ó Fhianna Fáil chun bolscaireacht a dhéanamh dóibh féin. I Meán Fómhair 1931, bhunaigh Fianna Fáil nuachtán nua náisiúnta darb ainm *The Irish Press/Scéala Éireann*. Bhí sé mar aidhm ag an nuachtán ceangal a dhéanamh idir Fianna Fáil agus pobal na hÉireann agus tuairim choitianta eatarthu a mhúnlú. Bhí blas láidir náisiúnachais ar an nuachtán agus chuir sé béim ar scéalta náisiúnta, ar an nGaeilge agus ar litríocht na hÉireann chomh maith.¹⁸⁷ D'fhoilsigh an nuachtán teachtaireacht dhátheangach ó Dhubhghlas de hÍde ag spreagadh an phobail le Gaeilge a labhairt. Bhí leagan Béarla den teachtaireacht ar an gcéad leathanach ag a raibh ceannlíne gháifeach 'Message to the nation: 'Speak the Irish' says Dr. Hyde'.¹⁸⁸ D'áitigh de hÍde tábhacht scríbhneoireachta na Gaeilge freisin: "...nach mbeidh an Ghaedhilge caillte go deo i nÉirinn. Má chailltear mar theangain labhartha í – is nár leigidh Dia go gcaillfidhe – ní chaillfear mar theangain scríobhtha í. Tá sin deimhnitheach, sílim".¹⁸⁹ Bhí teachtaireacht de hÍde ar an gcéad leathanach den chéad eagrán an-siombalach toisc gur thaispeáin sé ceangal láidir idir an nuachtán agus an Ghaeilge mar cheist náisiúnta.

Cé go raibh *Scéala Éireann* i bhfabhar úsáid na Gaeilge i gcomparáid le nuachtáin náisiúnta na linne eile ar nós *The Irish Times* agus an *Irish Independent* agus cé gur fhoilsigh an nuachtán alt nó dhó i nGaeilge i ngach eagrán, bhí sé fíor gur chuir an méid úsáide a baineadh as an Gaeilge sa nuachtán díomá mór ar roinnt de na hathbheochanóirí freisin. Ar an gcéad dul síos, bhí *Scéala Éireann* i bhfad ó nuachtán dátheangach. Ní fhacthas an Ghaeilge ar an gcéad leathanach,

1932. Feic, Uí Chollatáin, 'Iriseoireacht na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, agus Cúrsaí Polaitíochta sna Fichidí', lch. 179.

¹⁸⁷ Mark O'Brien, *De Valera, Fianna Fáil and the Irish Press*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2001), lgh. 25-26.

¹⁸⁸ *Scéala Éireann*, 05/09/1931, lch. 1.

¹⁸⁹ *Ibid.*, lch. 2.

socrú an-difriúil lena ndearna *An Reult* a chuireadh ailt i nGaeilge ar an gcéad leathanach. Maidir le gnéithe d'ailt i nGaeilge, bhíodh formhór acu bainteach le teanga, cultúr agus litríocht na hÉireann. Ní raibh muintir Chonradh na Gaeilge sásta faoin méid Gaeilge a bhí in úsáid sa pháipéar. D'éiligh Coiste Gnótha Chonradh na Gaeilge go mba cheart leath d'fhoireann an pháipéir a bheith ina gcainteoirí Gaeilge, ach níor ghlac de Valera lena n-iarratas. Seachas sin, gheall de Valera go mbeadh eagrán Gaeilge den pháipéar ann gach seachtain, ach níor comhlíonadh an gealltanas sin ar chor ar bith.¹⁹⁰

Cé nach raibh méid na Gaeilge sásúil, ba mhaith an rud don Chonradh gur thug *Scéala Éireann* tacaíocht dá n-éileamh ar úsáid an chló Gaelaigh. Murab ionann is *An Reult* a d'úsáid cló Rómhánach d'ailt i nGaeilge, bhain *Scéala Éireann* úsáid as an gcló Gaelach. D'fhoilsigh *Scéala Éireann* alt in aghaidh pholasaí teanga Chumann na nGaedheal maidir le húsáid an chló Rómhánaigh, an polasaí a chuir inní mhór ar Chonradh na Gaeilge cheana. Ba é 'Majority for Gaelic Script: Grievance against Use of Roman Type' teideal an ailt agus luaigh sé an cáineadh a rinne an scoláire mór Gaeilge, Pádraig Ó Duinnín in aghaidh úsáid na litreach 'h' in ionad ponc séimhithe toisc go ndearna sé dochar do chruth nádúrtha na teanga.¹⁹¹

I mí Feabhra 1932, thart ar leathbhliain i ndiaidh bhunú *Scéala Éireann*, gaireadh olltoghchán eile. D'fhoilsigh de Valera forógra toghcháin Fhianna Fáil ina raibh a n-ocht ngealltanas. Ar an gcéad dul síos, gheall Fianna Fáil go gcealóidís an t-airteagal ar dhualgas na dTeachtaí Dála an mionn dílseachta a shíniú i mBunreacht Shaorstát Éireann go deo. Gheall siad blianacht a choinneáil do

¹⁹⁰ Éamon Ó Ciosáin, *An t-Éireannach 1934-1937: Nuachtán Sóisialach Gaeltachta*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1993), Ich. 39.

¹⁹¹ *Scéala Éireann*, 09/01/1932, Ich. 2.

mhuintir na hÉireann féin agus tacaíocht a thabhairt do thionscal agus do mhargadh na hÉireann. Bhí siad ag iarraidh Éire aontaithe, neamhspleách agus phoblachta a bhaint amach ach dúirt siad freisin nár chiallaigh sé sin tionchar na Ríochta Aontaithe a dhíbirt amach is amach. Mhaígh Fianna Fáil gur cheart ceangal maith a choinneáil maidir le cúrsaí trádála agus eacnamaíochta idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.¹⁹²

Ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de, mhaígh forógra toghcháin Fhianna Fáil gur gheall siad forbairt gheilleagair na Gaeltachta ionas go n-athbheofaí an Ghaeilge ón nGaeltacht:

To endeavour by systematic effort to preserve the Irish language and make it again the spoken language of the people; to save the native speaker from the emigrant ship, to provide employment for him in the Gaeltacht and make it possible for the language to spread out naturally from the Gaeltacht to the surrounding area.¹⁹³

Áitíodh cheana sa chaibidil seo go raibh athbheochan na Gaeilge ar cheann dá bpríomhaidhmeanna ina ngealltanais nuair a bunaíodh Fianna Fáil in 1926. I bhforógra toghcháin Fhianna Fáil seo, áfach, tháinig an t-alt ar athbheochan na Gaeilge san ochtú háit. Níor léiríodh aon pholasaí teanga go sonrath san fhorógra sin, seachas geilleagar na Gaeltachta a chur chun cinn agus mhuintir na Gaeltachta a choinneáil san áit sin.

Idir an dá linn, léirigh an forógra toghcháin sin dearcadh áirithe ar an nGaeilge: go ndéanfaí an teanga a leathadh ón nGaeltacht go dtí an ceantar máguaird go nádúrtha. Léirigh an smaoineamh seo fealsúnacht Éire de Valera ar an nGaeilge a

¹⁹² 'Election Manifesto' in Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Eamon de Valera 1917-1973*, lgh. 188-190.

¹⁹³ *Ibid.*, lch. 190.

bhí faoi réim i rith ré de Valera. Fealsúnacht a tháinig óna dhearcadh dóchasach ar athbheochan na Gaeilge: an Ghaeltacht a bheith mar fhoinse na Gaeilge agus an teanga go dtiocfadh amach go nádúrtha as saol tuaithe na Gaeltachta. Chreid sé gur phróiseas nádúrtha é a bhí in ainm is a bheith ag tarlú, fad is go raibh pobal na Gaeltachta á chothú i gceantair iargúlta na tíre agus fostaíocht á thabhairt dóibh ann.

De thoradh an olltoghcháin a bhí ann ar an 16 Feabhra 1932, tháinig Fianna Fáil i gcumhacht. Dáil gan páirtí tromlaigh a bhí mar thoradh ar an olltoghchán sin. Fuair Fianna Fáil 72 as 153 suíochán agus le cúnamh Páirtí an Lucht Oibre, tháinig Fianna Fáil i gcumhacht den chéad uair. Bliain ina dhiaidh sin, bhí olltoghchán eile ann agus fuair Fianna Fáil 77 as 153 suíochán. Bhain Fianna Fáil féin tromlach amach sa toghchán seo agus rialaigh siad an dara téarma. Bhí de Valera ina Uachtarán ar an Ard-Chomhairle idir 1933 agus 1937, go dtí an bhliain ina raibh an chéad olltoghchán eile ann.

Coicís i ndiaidh bhua Fhianna Fáil, rinne rialtas de Valera socrú go gcuirfí deireadh le húsáid éigeantach an chló Rómhánaigh do cháipéisí oifigiúla, do théacsleabhair agus do shaothair litríochta a d'fhoilseofaí ag Coiste na Leabhar.¹⁹⁴ Ag cruinniú den Choiste Gnótha ar an 16 Aibreán 1932, tháinig an rún seo a leanas ó Pheadar Mac Fhionnlaoidh: “Tairgimid ár mbuidheachas do Riaghaltas an tSaorstáit chomh tapaidh is scrúigheadar ceist an cló.”¹⁹⁵ De réir mhiontuairisc Chonradh na Gaeilge, áfach, tharraing sé siar an rún tar éis “roinnt díospóireachta”.¹⁹⁶ Ní raibh aon eolas ar fáil cén díospóireacht a bhí ann, ach cé

¹⁹⁴ *Irish Independent*, 01/04/1932, lch. 10; *The Cork Examiner*, 01/04/1932, lch. 7.

¹⁹⁵ ‘An Coiste Gnótha’ 16/04/1932, MS19.319-19, Conradh na Gaeilge: Minute Books of the Coiste Gnótha, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

¹⁹⁶ *Ibid.*

gur chuir Conradh na Gaeilge fáilte roimh rialtas Fhianna Fáil agus gur léirigh sé dóchas mór a bheith aige as an rialtas nua, bhí an Conradh cúramach aon cheangal díreach le páirtí polaitíochta áirithe a léiriú os ard.

B'amhlaidh go raibh baill an Chonartha ann in aghaidh baint láidir a bheith ann idir an Conradh agus polaitíocht páirtí, Fianna Fáil go háirithe. Léirigh cuid acu a míshástacht agus d'fhág siad an Conradh. Thaispeáin miontuairiscí Choiste Gnótha ar an 7 Samhain 1931 gur mhian le ball an Choiste an Conradh a fhágáil:

Donnchadh Ó Gealbháin, ag éirigh as an gCoiste Gnótha agus as an gConradh toisc cúrsaí poilitidheachta bheith dá plé sa Conradh. Mhol Cathal Ó Tuathail agus chuidigh Aindrias Ó Muimhneacháin leis a n-iarrfí air Donnchadh gan eirghe as.¹⁹⁷

Thart ar mhí ina dhiaidh sin, thuairiscigh Buan-Coiste an Chonartha gur mhian le ball eile éirí as an gConradh ar an gcúis chéanna:

Léigheadh litir ó Mícheál Ó Riobhardáin a rádh go raibh sé ag éirigh as Coiste Conndae Chiarraigh agus as an gConradh toisc go raibh sé de chead ag an gCoiste Gnótha, nó ag Craobhachaibh an Chonartha, beith páirteach i n-gnóthaí poilitidheachta. Ná hiarrfidh sé a tuille ar daoine i na parroisde féin cabhrú le bréan na fuil ann anois ach earball de saor éire.¹⁹⁸

Bhí Conradh na Gaeilge go mór i mbaol titim as a chéile arís de bharr cúrsaí polaitíochta náisiúnta. Thuig an Conradh gur ghá an baol sin a sheachaint, ach bhí tacaíocht d'Fhianna Fáil i measc na mball ag dul i méid. Cheap siad go raibh Fianna Fáil i bhfabhar polasaí Chonradh na Gaeilge i gcomparáid le rialtas Chumann na nGaedheal.

¹⁹⁷ 'An Coiste Gnótha' 07/11/1931, *ibid.*

¹⁹⁸ 'An Buan Coiste' 17/12/1931, *ibid.*

Dúirt eagarfhocal in eagrán 2 Aibreán 1932 de *An Claidheamh Soluis* gur iarr Conradh na Gaeilge úsáid a bhaint as athrú an rialtais chun an Conradh a athbheochan. Ba chosúil gur imigh an baol go mbunófaí gluaiseacht náisiúnta nua don Ghaeilge i gcoinne an Chonartha, an plean a pléadh in *An Reult*. Léirigh an t-eagarfhocal dóchas go gcuirfí deireadh le haighneas polaitíochta i measc bhaill Chonaradh na Gaeilge ag an ócáid sin agus go n-aontófaí baill den Chonaradh lena chéile arís:

...do tharla de bharr an aighnis is an achrainn a bhí eadrainn féin gur cuireadh breis suime i gcúrsaí poilitidheachta, ná bíodh ar siubhal i naon áit acht an phoilitidheacht ó mhaidin go hoidhche agus níor bacadh i naonchor leis an nGaedhealachas ná leis an dteangain...Ba dhóigh le duine gur stoirm mhór a bhí ann, go bhfuil imithe d'á neart agus d'á brígh is go bhfuil an saoghal ag dul chun suaimhnis i nathuair.¹⁹⁹

I rith an fheachtais toghchánaíochta, áfach, chonacthas éadóchas maidir le húsáid na Gaeilge ag iarrthóirí Fhianna Fáil. Nocht Peadar Mac Fhionnlaoich, tacaí mór don pháirtí sin, a dhíomá faoi, fiú. Díreach tar éis an toghcháin, rinne sé gearán in *An Claidheamh Soluis* nár úsáideadh dóthain Gaeilge san fheachtas toghchánaíochta, fiú amháin i measc na bpolaiteoirí a raibh Gaeilge acu:

Tá rian an nós-cuma-liom seo ar na teachtaí a thoghtar. Thárla go rabh b'éidir doisín Gaedhilgeoirí sa Dáil atá anois ar neimhní. Béidh tuairim an méid ceudna ins an Dáil Nuadh. Agus tharlúigheann sé nach bhfuil aon Ghaedhilgeoir sa Seanaid, agus is iad na Teachtaí Dála is mó d'ainmnigheadh na Seanaidte. Tá fhios againn gur beag an méid Gaedhilge labhradh sa sean-Dáil. Chan fhuil dóchas ar bith againn go labharfar níos mó ins an Dáil Nuadh.²⁰⁰

¹⁹⁹ *An Claidheamh Soluis*, 02/04/1932, lch. 4.

²⁰⁰ *An Claidheamh Soluis*, 27/02/1932, lch. 4.

Sheas go leor ball de Chonradh na Gaeilge in olltoghchán 1932 mar iarrthóirí Fhianna Fáil. Toghadh baill an Chonartha mar seo a leanas: Éamon de Valera, Uachtarán Ard-Chomhairle Shaorstáit Éireann; Seán T. Ó Ceallaigh, Aire Rialtais Áitiúil agus Sláinte; Proinsias Ó Fathaigh, Ceann Comhairle; Tomás Ó Deirg, Aire Oideachais. Ina dteannta sin, toghadh Donnchadh Ó Briain, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge agus Cormac Breathnach, Iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge, mar Theachtaí Dála.²⁰¹ I measc na ndaoine sin, níor mhol Mac Fhionnlaoich ach duine amháin, Cormac Breathnach, toisc gur thagair Breathnach do cheist na teanga go minic i rith an fheachtais toghchánaíochta. Lean Mac Fhionnlaoich ar aghaidh san eagarfhocal mar seo: “Sé’n briseadh croidhe é nach bhfuil aigne Gaedhealach ag na Pairtidhe Poilitidheacha”.²⁰² Chríochnaigh sé a fhocail leis an méid seo: “...Pairtidhe Poilitidheach fíor-Ghaedhealach do sholáthar. Caithfear leigheas fhághail ar an neamh-suim seo i nGaedhealachas.”²⁰³

Thagair eagarfhocal *Scéala Éireann* d’easpa úsáid na Gaeilge i measc na n-iarrthóirí freisin, ach léirigh an páipéar go mbeadh rialtas Fhianna Fáil in ann an staid sin a chuir ina cheart, mar a rinne rialtas dúchais na Éireann roimh Chogadh na gCarad: “go mbíodh i bhfad Éireann níos mó Gaedhilge le cloisint ins an chéad agus ins an dara Dáil ná mar do bhíodh le cloisint n-a dhiaidh sin...Is mithid...do na teachtaí Dála a thuile Gaedhilge do labhairt.”²⁰⁴ Faoi scáth Bhunreacht Shaorstát Éireann a shainigh an Ghaeilge mar an ‘teanga náisiúnta’ agus faoi scáth an rialtais nua, rialtas Fhianna Fáil, a thug tosaíocht d’athbheochan na Gaeilge dar leis, ba cheart go gcuirfí an teanga chun cinn.

²⁰¹ Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge*, lch. 248.

²⁰² *An Claidheamh Soluis*, 27/02/1932, lch. 4.

²⁰³ Ibid.

²⁰⁴ *Scéala Éireann*, 24/02/1932, lch. 4.

Conclúid

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tréimhse a pléadh sa chaibidil seo ó thaobh stair ghluaiseacht na Gaeilge agus chur chun cinn na Gaeilge mar an ‘teanga náisiúnta’ de. Den chéad uair ariamh, tháinig athbheochan na Gaeilge faoi chúram rialtas dúchais na hÉireann agus cuireadh tús le ceangal láidir idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla. Ba iad sin dhá mhórghné a bheadh i réim i gcúrsaí Gaeilge in Éirinn ón tréimhse atá i gceist sa chaibidil seo ar aghaidh. Nuair a bunaíodh an Chéad Dáil Éireann, b’ionann ceannairí polaitíochta na hÉireann agus ceannairí Chonradh na Gaeilge agus bhí tuairim choiteann acu gurbh í an Ghaeilge teanga an náisiúin. Gan amhras, mar chéad cheannaire ar an gCéad Dáil Éireann, ba é Éamon de Valera a mhúnlaigh bunús na hidé-eolaíochta ar úsáid na Gaeilge mar theanga an náisiúin i bpolaitíocht náisiúnta na hÉireann. Ba bheart siombalach é úsáid na Gaeilge ina óráidí do mhuintir na hÉireann agus do shochaí idirnáisiúnta agus ba ghníomh éifeachtach é freisin chun an Ghaeilge mar theanga shainiúil an náisiúin a thaispeáint dóibh. Cé gur scoilt Dáil Éireann maidir leis an gConradh Angla-Éireannach agus gur bhris Cogadh na gCarad amach de bharr sin, lean an iarracht an Ghaeilge a chothú mar theanga ar leith, teanga a bhain le pobal na hÉireann go léir agus a d’aontaigh náisiún na hÉireann. Faoi scáth Bhunreacht Shaorstát Éireann, sainíodh an Ghaeilge mar an ‘national language’/‘teanga náisiúnta’ den chéad uair i stair na hÉireann. Léirigh sé sin gur daingníodh ceangal idir an Ghaeilge agus an náisiún go hoifigiúil.

Cé gur thug an stádas sin áit lárnach don Ghaeilge mar aon le do ghluaiseacht na Gaeilge sa pholaitíocht náisiúnta, scoilt fórsa athbheochan na Gaeilge áfach,

ina dhá chuid de bharr easaontais maidir le cúrsaí polaitíochta náisiúnta. Ba é rialtas Chumann na nGaedheal a bhí i gceannas ar fheidhmiú pholasaí teanga an stáit. Sa comhthéacs sin a lean de Valera ar aghaidh lena iarracht ceist na Gaeilge a chur chun cinn mar cheist na féiniúlachta náisiúnta. Thug baill áirithe de Chonradh na Gaeilge a bhí míshásta faoi pholasaí teanga an rialtais tacaíocht mhór dó. Ba í idé-eolaíocht an Chonartha a mhúnlaigh idé-eolaíocht de Valera i leith na Gaeilge agus bhí an idé-eolaíocht sin bunaithe ar idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ a cruthaíodh agus a forbraíodh roimh na 1920idí. De bhrí go raibh de Valera ina fhreasúra agus de bhrí go raibh Conradh na Gaeilge ina n-eagraíocht dheonach Ghaeilge, ní raibh smacht ag ceachtar acu ar cheapadh pholasaí teanga an stáit ná ar chur i bhfeidhm an pholasaí féin. Am corrach a bhí ann ach rinne siad comhiarracht béim a chur ar thábhacht na Gaeilge mar fhéiniúlacht Éireannach agus ar chur chun cinn gné shiombalach na Gaeilge – na gnéithe a rinne an rialtas neamhaird de. Ba iad na díospóireachtaí maidir le ceist an chló Gaelaigh agus úsáid na Gaeilge chun náisiúntacht Éireannach a chosaint a léirigh dlúthbhaint maith a bheith eatarthu sa tréimhse sin.

Idir 1929 agus 1930, bhí baol ann go gcuirfí deireadh leis an gConradh agus go mbunófaí eagraíocht náisiúnta nua don Ghaeilge ina áit, an tuairim a nocht lucht tacaíochta Chumann na nGaedheal. Bhí Conradh na Gaeilge faoi thionchar na polaitíochta náisiúnta corraí ach roghnaigh an Conradh an bhaint a bhí acu leis an bpolaitíocht pháirtí a láidriú ar son na heagraíochta féin agus ar son na haidhme bunúsaí .i. Gaeilge a athbheochan mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann. Cé gur chaill an Conradh roinnt de na baill de thoradh a dhlúthbhainte leis an bpolaitíocht pháirtí, d’fhéadfaí a áiteamh go raibh sé fíor gurbh é an socrú sin a tharrtháil an Conradh ón mbás ag an am sin. De bharr athruithe rialtais i dtús na

bliana 1932, níor cuireadh bunú ghluaiseacht náisiúnta in áit an Chonartha ach an oiread. Bhain Conradh na Gaeilge leas as an athrú rialtais chun a gcuid ball a aontú lena chéile arís agus deireadh a chur leis an aighneas polaitíochta i measc na mball. Ba é an t-aighneas maidir leis an bpolaitíocht náisiúnta a chuir an Conradh i mbaol ach ba é an t-ábhar dóchais dó freisin é ceangal láidir a choinneáil idir iad féin agus an pholaitíocht pháirtí chun páirt a ghlacadh sa thionscadal oifigiúil an náisiúin nua – cur chun cinn na Gaeilge mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann.

Más sna fichidí a bunaíodh stádas mar aon le hidé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ go hoifigiúil faoin rialtas dúchais, ba sna tríochaidí a bunaíodh iad go mór faoi scáth rialtas de Valera. Sa chéad chaibidil eile, mionscrúdófar an chaoi ar chuir de Valera an ‘teanga náisiúnta’ chun cinn faoina thionchar polaitíochta féin agus an chaoi ar ghlac gluaiseacht na Gaeilge mar aon le gluaiseacht náisiúnta eile leis an ‘teanga náisiúnta’ sin.

Caibidil 3

Cur chun cinn na Gaeilge faoi Scáth na Polaitíochta Náisiúnta i dTúsré de Valera

Réamhrá

Tháinig Éamon de Valera i gcumhacht i dtús na bliana 1932 agus bhí sé mar aidhm bhunúsach ag de Valera féin agus ag a pháirtí polaitíochta Fianna Fáil Éire aontaithe, Ghaelach agus Chríostaí a bhaint amach.¹ Sa chomhthéacs sin, díreoidh an chaibidil seo ar ghluaiseacht na Gaeilge agus ar an bpolaitíocht náisiúnta ó thús na dtríochaidí go dtí tús na ndaichidí, an tréimhse a dtugtar an chéad leath de ‘ré de Valera’ uirthi.² Sa tréimhse sin, cuireadh idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ chun cinn mar chuid d’aidhmeanna náisiúnta faoi rialtas de Valera.

Tá sé i gceist ag an gcaibidil seo scagadh a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir de Valera an idé-eolaíocht sin chun cinn faoina aidhm pholaitíochta agus ar an gcaoi ar glacadh léi i measc ghluaiseacht na Gaeilge agus ghluaiseacht náisiúnta eile, Muintir na Tíre cuir i gcás. Sa tréimhse sin, rinneadh obair bhunúsach chun

¹ Feic Caibidil 2 agus ‘Aims of Fianna Fáil, Press Statement, 17 April 1926’, luaithe ag Maurice Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Éamon de Valera 1917-1973*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1980), lch. 131; ‘Election Manifesto’, *ibid.*, lgh. 180-190.

² Thug Gearóid Ó Tuathaigh ‘ré de Valera’ (“the age of de Valera”) ar an tréimhse sin, an tréimhse sular bunaíodh an stáit suas go dtí na 1950idí. D’áitigh sé go raibh tábhacht ar leith ag baint leis mar rinneadh go leor iarrachtaí chun dearcadh cultúrtha áirithe na hÉireann, a raibh sé beartaithe ag ceannairí pholaitíochta na hÉireann nuair a baineadh an rialtas dúchais, a chur i bhfeidhm. Gearóid Ó Tuathaigh, ‘Cultural visions and the new state: embedding and embalming’, i Gabriel Doherty agus Dermot Keogh (eag.), *De Valera’s Irelands*, (Corcaigh: Mercier Press, 2003), 166-184, lch. 167.

luachanna áirithe de Valera i leith na hÉireann, .i. Éire tuaithe, Éire Ghaelach agus Chaitliceach a dhaingniú agus ceanglaíodh na heilimintí sin le ceist na Gaeilge. Sa dá chaibidil roimhe seo, bhí an plé bunaithe ar chomhthéacs Chonradh na Gaeilge agus go deimhin ar an bpolaitíocht náisiúnta a bhí ann ag an am, polaitíocht a bhí corrach agus guagach go minic. Déanfar plé sa chaibidil seo i gcomhthéacs níos leithne, mar shampla, i gcomhthéacs shochaí na hÉireann, na Gaeltachta agus chumainn eile taobh amuigh de Chonradh na Gaeilge. Tá an comhthéacs sin difriúil ón gcomhthéacs atá sa dá chaibidil roimhe seo, áit ar pléadh rialtas buanseasmhach Fhianna Fáil a mhair gan stad ar feadh 16 bliana. Ba faoin rialtas buanseasmhach sin idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ a chur chun cinn i measc an phobail agus ina theannta sin comhiarrachtaí idir gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta a chothú. Ba iad cur chun cinn na hidé-eolaíochta sin agus forbairt na dlúthbhainte idir gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta an dá phointe tábhachtacha chun freagra a thabhairt ar an gceist taighde: is é sin scrúdú a dhéanamh ar an ngaol a bhí idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe pholaitiúla agus an tionchar a bhí ag an ngaol sin ar bhuanú agus ar fhorbairt ghluaiseacht na Gaeilge féin.

Tá ceithre rannóg sa chaibidil seo. Sa chéad rannóg, déanfar iniúchadh ar chur chun cinn na Gaeilge laistigh de dhá eilimint de chuid Éire de Valera, is iad sin Éire Chaitliceach agus Éire Ghaelach. Ba é an 31ú Comhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta an ócáid ba mhó suntais do de Valera chun a aidhm pholaitíochta agus chultúrtha a chur i gcrích. Dá réir sin, deis ba ea an Chomhdháil Eocairisteach chun nasc láidir idir an Ghaeilge agus Caitliceachas na hÉireann a thaispeáint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Ansin, pléifear gluaiseacht nua a bhí eagraithe ag muintir na Gaeltachta dóibh féin agus an tionchar a bhí ag

an ngluaiseacht sin ar an bpolaitíocht náisiúnta agus ar an teanga. Sa dara rannóg, scrúdófar staid ghluaiseacht na Gaeilge sa tréimhse sin. Déanfar plé ar an gcaoi ar thuig baill Chonradh na Gaeilge coincheap na 'teanga náisiúnta'. Ina dhiaidh sin pléifear na cumainn nua Ghaeilge a tháinig ar an bhfód agus a bunaíodh taobh amuigh den Chonradh sa tréimhse seo agus na ceangail a bhí acu leis an bpolaitíocht náisiúnta.

Dhaingnigh de Valera stádas bunreachtúil na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann i mBunreacht na hÉireann a cuireadh i bhfeidhm in 1937. Pléifear sa tríú rannóg an stádas bunreachtúil sin agus an comhaontú a bhí ann i dtaca leis an nGaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann i measc an phobail agus na ceisteanna a bhain leis an idé-eolaíocht sin. Sa tréimhse sin, tháinig staid na Gaeilge faoi thionchar na polaitíochta idirnáisiúnta freisin. Pléifear sa dara leath den rannóg sin fealsúnacht de Valera ar an nGaeilge i gcomhthéacs an dara leath de na tríochaidí. Chun náisiún agus críocha na hÉireann a chosaint ó bhagairt an chogaidh, d'iarr de Valera ar mhuintir na hÉireann aontú le chéile faoin gcultúr comhchoiteann a chleachtar sa tír agus chuige sin bhain sé úsáid as an gcultúr Gaelach. Sa rannóg dheireanach, pléifear an cumann Muintir na Tíre i gcomhthéacs na polaitíochta sin agus i gcomhthéacs chur chun cinn na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta'. Eiseamláir ba ea Muintir na Tíre a léiríonn tionchar idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' ar mhuintir na hÉireann, rud atá suntasach ó tharla nach raibh sé mar phríomhaidhm ag an gcumann an Ghaeilge a chur chun cinn.

3-1 Éire Fhíor Chríostaí agus Ghaelach agus an 'Teanga Náisiúnta'

Éire Chaitliceach agus Ghaelach a Thaispeáint

Nuair a tháinig Éamon de Valera i gcumhacht i dtús na bliana 1932, bhí athmhuintearas leis an Eaglais Chaitliceach mar cheann de na tosaíochtaí a bhí aige agus é mar aidhm aige ceangal níos láidre a chothú léi. Cuimsíonn Éire de Valera trí ghné dhifriúil mar atá Éire thuaithe, Éire Ghaelach agus Éire Chríostaí. Go deimhin bhí baint mhór ag muintir na hÉireann i gcoitinne, idir íosaicme agus uasaicme, leis an gCríostaíocht agus leis an gCaitliceachas go háirithe. Ag an bpointe sin, bhí an t-ádhdh ar rialtas nua de Valera ceangal idir an Eaglais a láidriú agus muinín an phobail a fháil. Socraíodh cheana go mbeadh an 31ú Comhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath i mí Mheithimh na bliana 1932. Bhí an bua ag Fianna Fáil ceithre mhí roimh ócáid stairiúil sin an Chaitliceachais.

Ba é rialtas Chumann na nGaedheal a chuir tús leis na hullmhúcháin don Chomhdháil. Rinne an rialtas sin a dhícheall na hullmhúcháin a chur i gcrích roimh an ócáid speisialta sin ar feadh roinnt mhaith míonna roimh an toghchán.³ Cé gur ghlac an Róimh leis go mbeadh Comhdháil na bliana 1932 i mBaile Átha Cliath, bhí imní mhór ar údaráis na Róimhe toisc go raibh sochaí na hÉireann míshocair fós tar éis an Chogaidh Chathartha agus go raibh droch-cháil ar Éirinn maidir le fadhbanna ólacháin agus foréigin a bhí ann ag an am sin.⁴ Dá bhíthin sin, ba ghá a léiriú agus a chruthú go raibh an-rath ar an gComhdháil chun muinín idirnáisiúnta a fháil do Shaorstát Éireann, go polaitiúil agus go reiligiúnach.

³ Dermot Keogh, *The Vatican, The Bishops and Irish Politics: 1919-39*, (Cambridge: Cambridge University Press, 1986), lch. 188.

⁴ Gerry Kane, 'The Eucharistic Congress 1932', *The Furrow*, lml. 58, Uimh. 6, Meitheamh 2007, 343-346, lch. 343.

De thoradh an toghcháin i mí Feabhra 1932, fuair Fianna Fáil an deis pholaitíochta ba chionsiocair le réamhullmhúcháin Chumann na nGaedheal. Bhí an ócáid suntasach do de Valera chun a chreideamh Caitliceach dílis a thaispeáint don Eaglais Chaitliceach: cé go raibh de Valera ina Chaitliceach dílis i rith a shaoil, bhí an Eaglais fós in aghaidh de Valera ag an am sin mar gheall ar a chreideamh poblachtánach agus a sheasamh i gCogadh na gCarad.⁵ Bhí deis mhór ag de Valera an caidreamh idir é féin agus an Eaglais Chaitliceach a fheabhsú ag an ócáid seo dá réir.

Nuair a thosaigh rialtas Chumann na nGaedheal ullmhúchán na Comhdhála i dtús na bliana 1930, bhí sé beartaithe aige gné náisiúnta a chur chun cinn ag an ócáid mhór náisiúnta.⁶ Thapaigh de Valera deis Éire mar náisiún suntasach ina raibh creideamh agus cultúr Gaelach fite fuaite lena chéile a thaispeáint do thíortha eile. Mar a d'áitigh Gerry Kane: "The Congress was triumphalist in both tone and content, but its success was as much national as religious...it was a golden opportunity for a new nation to establish its own separate identity, bolstered by religion."⁷ Bhí an-tábhacht ag baint leis an gComhdháil chun ceiliúradh a dhéanamh ar 1500 bliain a bheith ann ó mhisean Naomh Pádraig in Éirinn freisin. Rinne iris idirnáisiúnta na Fraince an pointe sin: "...pilgrims of thirty-two nations...should be welcomed in a 'Free State'. Not could a more fitting time be chosen for the people of Erin. For this year of 1932 Ireland celebrates the fifteenth centenary of the arrival of St. Patrick".⁸

⁵ Rory O'Dwyer, 'On Show to the World: The Eucharistic Congress, 1932', *History Ireland*, Iml. 15, Uimh. 6, Samhain-Nollaig 2007, 42-47, lch. 46.

⁶ "from the very beginning, the National aspect of the Congress was fully emphasised." Patrick Boylan, *The Book of the Congress: International Eucharistic Congress 31st, Dublin*, (Loch Garman: John English, 1934), lch. 2.

⁷ Kane, 'The Eucharistic Congress 1932', lch. 343.

⁸ Tuairisc in *Revue des Deux Mondes*. Ar fáil i Committee of the 31st International

Bhí an ócáid ar cheann de na hócáidí ba mhó in Éirinn san fhichiú haois. D'áitigh Rory O'Dwyer: "It generated a level of enthusiasm among Irish people that has few real parallels."⁹ Bhí an Chomhdháil ar siúl ar feadh cúig lá, ach tugadh coicís, ó 18 Meitheamh go 1 Iúil, mar thréimhse na Comhdhála go hoifigiúil faoin Acht an Chomhdháil Eocairisteach, 1932.¹⁰ Nuair a tháinig Leagáid an Phápa, Cairdinéal Lorenzo Lauri, go Cuan Dhún Laoghaire, ar an 20 Meitheamh 1937, bhí thart ar chaoga míle duine i láthair. Bhí Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, Edward Byrne agus de Valera ann agus chuir siad fáilte roimh Leagáid an Phápa.¹¹ Ansin, léadh teachtaireacht fáilte ag bailecheantar Dhún Laoghaire. Bhí an teachtaireacht dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla agus tugadh an leagan Gaeilge ar dtús.¹²

D'úsáid de Valera an ócáid chun ceangal a dhéanamh idir Caitlicigh na hÉireann agus an Ghaeilge mar theanga speisialta do Chaitlicigh na hÉireann. D'eagraigh de Valera fáiltiú oifigiúil do Leagáid an Phápa i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an lá ina dhiaidh sin. Bhí slua mór ós cionn ceithre mhíle duine ann: gach préaláid ó thíortha eile agus ceannairí Caitliceacha na hÉireann go léir, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, Edward Byrne san áireamh.¹³ Os comhair na mílte aíonna, chuir de Valera fáilte roimh Leagáid an Phápa, Cairdinéal Lorenzo Lauri. Ag an ócáid sin, thug de Valera óráid shiombalach i nGaeilge, i Laidin agus i mBéarla. Ar dtús, thug sé óráid i nGaeilge a thosaigh mar seo a leanas:

Eucharistic Congress, *31st International Eucharistic Congress Pictorial Record*, (Baile Átha Cliath: Veritas Company Ltd, 1932), lch. 168.

⁹ O'Dwyer, 'On Show to the World', lch. 42.

¹⁰ Ibid., lch. 44.

¹¹ Tá grianghraif den ócáid le feiceáil i Committee of the 31st International Eucharistic Congress, *31st International Eucharistic Congress Pictorial Record*, lch. 27.

¹² Boylan, *The Book of the Congress*, lch. 44.

¹³ Ibid., lch. 53.

Míle míle fáilte rómhat, a Ard-Fhlaith na hEaglaise, a Fhear-Ionaid an Athar Naomhtha, go talamh iath-ghlas na hÉireann! Míle míle fáilte rómhat ón bhfíor-íochtar is doimhne de chroidhe chneasta, chineálta na nGaedheal!... Creideamh na Róimhe a thug Padraig Naomhtha dhúinn. Grádh don Róimh a mhúin sé dhúinn. An creideamh céadna agus an grádh céadna do choiméad muinntear na h-Éireann go beó, bríoghmhar iad ón aimsir ársa úd go dtí an lá atá indiu ann...¹⁴

D'áitigh de Valera go raibh ceangal láidir idir traidisiún na nGael agus traidisiún creidimh na Róimhe agus leanúnachas an cheangail ó aimsir Naomh Pádraig. D'úsáid de Valera an Ghaeilge mar a bheadh príomhtheanga na tíre ann chun fáilte a chur roimh Leagáid an Phápa agus roimh thoscaireachtaí ón gcoigríoch cé nach raibh an teanga ar eolas acu. Tar éis na hóráide i nGaeilge, thug de Valera óráid i Laidin, óráid a bhí ina díol suntais ó tharla nach raibh sí bunaithe ar an leagan Gaeilge ar chor ar bith ach a bhí go hiomlán éagsúil. Seo a leanas tús na hóráide i Laidin a thug de Valera agus thíos faoi sin arís tá aistriúchán oifigiúil na hóráide sin i mBéarla a thug sé ina dhiaidh sin:

Eminentissime Cardinalis,
Indulgebit procul dubio et Eminentia vestra, et hæc adstantium corona, quæ ex tota Hibernia et ex stirpe nostra per orbem dispersa constat, si intra hanc aulam Hibernicam TE lingua prius nostra salutavimus.¹⁵

Agus:

My Lord Cardinal,
Your Eminence, and this audience of all Ireland and of our race throughout the world, will assuredly approve if in this Irish Hall of Assembly Your Eminence has

¹⁴ *Scéala Éireann*, 22/06/1932, lch. 1.

¹⁵ Boylan, *The Book of the Congress*, lch. 53.

been first saluted in our national language.¹⁶

Dar leis an leagan Béarla, d'fhógair de Valera go soiléir gur 'teanga náisiúnta' na hÉireann í an Ghaeilge, an teanga inar chóir fáilte a chur roimh Leagáid an Phápa ar dtús. An lá ina dhiaidh sin, thuairiscigh gach nuachtán náisiúnta faoi óráid de Valera, ach d'fhoilsigh siad go léir an leagan Béarla amháin, seachas an bunleagan Laidine.¹⁷ Léirigh sé sin cé gur theanga na hEaglaise í an Laidin, bhí sé soiléir ag an am sin go raibh deacrachtaí ag formhór phobal na hÉireann a óráid Laidine a thuiscint. Léirigh sé sin freisin gur glacadh leis an leagan Béarla, .i. aistriúchán oifigiúil ón Leagan Laidine, níos forleithne ná an óráid i nGaeilge ar fud an domhain, mar theachtaireacht na hÉireann.

Nuair a bhí an fhírinne thuas san áireamh, bhí reitric shuimiúil le feiceáil idir na trí leagan. Sa leagan Gaeilge, níl aon tagairt don Ghaeilge féin. Sa bhunleagan Laidine, léiríodh an Ghaeilge mar "lingua nostra", ár dteanga. Sa leagan Béarla, áfach, cuireadh focal breise 'náisiún' isteach agus léiríodh an Ghaeilge mar "our national language". Bhí an óráid Laidine dírithe ar lucht éisteachta forleathan in Éirinn agus ar fud an domhain ach nuair a bhí poiblíocht i gceist áfach, ba é an leagan Béarla an leagan ba thábhachtaí. Ní fios cén fáth nár luadh an 'teanga náisiúnta' san óráid i nGaeilge agus i Laidin, ach ba chinnte go raibh de Valera ag iarraidh an Ghaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann a fhógairt os ard ag an ócáid mhór sin. Ní hé amháin gur taispeánadh ceangal idir Caitliceachas na hÉireann agus 'teanga náisiúnta' na hÉireann sa bhaile, ba í fógairt mhór na hÉireann, a bhí dírithe ar thíortha eile, go raibh Éire ina príomhnáisiún Caitliceach

¹⁶ Ibid., lch. 54.

¹⁷ Feic, mar shampla, *The Cork Examiner*, 22/06/1932, lch. 9; *Irish Independent*, 22/06/1932, lch. 9; *Scéala Éireann*, 22/06/1932, lch.1.

a raibh stair bharántúil Chaitliceach aici agus go deimhin go raibh ‘teanga náisiúnta’ na tíre ceangailte go láidir le Caitlicigh na hÉireann.

Ghlac preas na hÉireann agus an preas as tíortha eile leis an nGaeilge mar theanga an náisiúin Éireannaigh. Mhol *Scéala Éireann* an óráid Ghaeilge a rinne de Valera ach ní raibh ábhar na hóráide féin i gceist ach an meán trínar cuireadh an óráid i láthair: “In soft, sweet, musical Irish the address was read. Ireland’s welcome was in Ireland’s tongue. Míle míle fáilte: the words had the cordiality of welcome that no other tongue can express.”¹⁸ Mhol iris na Fraince, *Revue des Deux Mondes* úsáid na Gaeilge chomh maith agus chuir sí an óráid i nGaeilge in iúl mar bhunleagan den óráid i Laidin: “At first, he speaks in the ancient national tongue, Gaelic, then he translates his words into Latin.”¹⁹

Ghlac toscaireachtaí as tíortha eile leis an nGaeilge mar theanga thábhachtach agus shiombalach na hÉireann chun fáilte a chur roimh chléir agus aíonna as tíortha eile. Faoi scáth Ard-Chomhaire Saorstát Éireann, bunaíodh stáisiún craolacháin raidió ardchumhachta i mBaile Átha Luain i mí Aibreán 1932. Ag baint úsáide as an gcóras craolacháin nua, craoladh imeachtaí na Comhdhála ar fud na hÉireann agus thar lear.²⁰ I dteannta an chraolacháin, úsáideadh rannóg thurasóireachta a bhí nua-fhorbartha in Éirinn ag an am sin chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Bhí Éire ag súil leis na mílte turasóir ó thíortha eile i rith na bliana stairiúla sin go ceann blianta ina dhiaidh sin. Scríobh de Valera teachtaireacht dháttheangach do *Irish Travel*, iris an Irish Tourist Association, chun fáilte a chur roimh thurasóirí go hÉirinn agus turasóireacht na hÉireann a chur chun cinn.²¹

¹⁸ *Scéala Éireann*, 22/06/1932, lch. 7.

¹⁹ Committee of the 31st International Eucharistic Congress, *31st International Eucharistic Congress Pictorial Record*, lch, 151.

²⁰ Boylan, *The Book of the Congress*, lgh. 9-10.

²¹ *Scéala Éireann*, 24/06/1932, lch. 5.

Faoin mbliain sin, bhí caidreamh láidir ag roinnt de na sagairt Chaitliceacha le de Valera. Ina measc, bhí an tAthair Seán Séarlas Mac Uaid. Bhí sé ina Uachtarán ar Choláiste na Carraige Duibhe ó 1931 go dtí 1940, an bhliain a ceapadh é ina Ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath. Nuair a bhí sé ag obair sa Choláiste, d'éirigh clann de Valera go léir cairdiúil leis.²² Rinneadh ceangal láidir idir de Valera agus an tAthair Mac Uaid i gcúrsaí éagsúla mar a bhí, reiligiún, polaitíocht, oideachas agus cultúir na hÉireann. Bhí ról suntasach ag an Athair Mac Uaid ag an gComhdháil Eocairisteach. D'eagraigh Eaglais Chaitliceach na hÉireann cóisir ghairdín mhóir i gColáiste na Carraige Duibhe. Mar Uachtarán an Choláiste, chuir an tAthair Mac Uaid, mar aon le de Valera agus pearsana móra na hEaglaise, fáilte mhór roimh Leagáid an Phápa ag an gcóisir sin.²³

D'éirigh go maith leis an ócáid íomhá na tíre mar Éire Ghaelach, Chríostaí agus Chaitliceach go háirithe a dhaingniú faoin bhfís a bhí ag de Valera. D'áitigh Rory O'Dwyer: "there was no doubting his Catholic loyalties. This ultimately helped to consolidate his remarkable political appeal, with his distinct blend of traditional Gaelic Catholic nationalism attracting many voters."²⁴ Láidrih de Valera an ceangal idir 'teanga náisiúnta' na hÉireann agus Caitliceachas na hÉireann. Bhí an ócáid suntasach ó thaobh mhúnlú na náisiúntachta Éireannaí de. Mar a d'áitigh preas Phárais, "the Eucharistic Congress in Dublin is the fact that while it is international, it is at the same time the most national Congress ever witnessed."²⁵

²² Bhí mic de Valera ag an gColáiste agus bhí siad ag freastal ar rang an Athar Mhic Uaid. Ina theannta sin, bhí clann de Valera agus an tAthair Mac Uaid ina gcomharsa le chéile. Dermot Keogh and Andrew McCarthy, *The Making of the Irish Constitution 1937: Bunreacht na hÉireann*, (Corcaigh: Mercier Press, 2007) lch. 106.

²³ *Irish Independent*, 22/06/1932, lch. 9.

²⁴ O'Dwyer, 'On Show to the World', lch. 47.

²⁵ Tuairisc *Etudes*. Ar fáil i Committee of the 31st International Eucharistic Congress, 31st

D'éirigh thar cionn leis an gComhdháil do de Valera agus do rialtas Fhianna Fáil i gcúrsaí taidhleoireachta, sóisialta, polaitíochta agus reiligiúin, mar a dúirt Dermot Keogh, "Few political leaders could ever have hoped for a better flying start."²⁶ Ón mbliain sin suas go dtí 1948, bhí Éamon de Valera i gceannas ar an tír ar feadh 15 bliana gan bhriseadh chun a aidhm pholaitíochta a chur chun cinn.

An Ghaeltacht: Tobar na 'Teanga Náisiúnta'?

In 1925, faoi scáth rialtas Mhic Cosgair, bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta. Ba iad na haidhmeanna a bhí leis an gCoimisiún ná taighde agus tuairisc a dhéanamh don rialtas faoi úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta, moltaí a dhéanamh faoi úsáid na Gaeilge i réimsí riaracháin agus oideachais sna ceantair sin agus faoi staid eacnamaíochta na bpobal sin.²⁷ I measc na moltaí a bhí ag Coimisiún na Gaeltachta, moladh go n-athlonnófaí pobal na Gaeltachta go talamh níos torthúla i gContae na Mí agus coilíneachtaí nua Gaeltachta a chruthú ann. Bhí rialtas an tSaorstáit drogallach an moladh sin a chur i bhfeidhm ach dúirt siad ina bhfreagra nach raibh sé cothrom tús áite a thabhairt ach amháin do lucht labhartha na Gaeilge maidir le scéim athlonnaíochta.²⁸

Gné thábhachtach eile d'Éire de Valera ba ea an bhéim a leagadh ar an tuath agus ar an nGaelachas agus go deimhin bhí an dá ghné fite fuaite lena chéile sa Ghaeltacht go háirithe. Ar an gcaoi chéanna ar chothaigh de Valera caidreamh maith leis an Eaglais, rinne sé iarracht chomh maith céanna gaol maith a chothú leis an nGaeltacht. Nuair a fuair sé greim ar chumhacht na tíre, bhí roinnt de lucht

International Eucharistic Congress Pictorial Record, lch. 169.

²⁶ Keogh, *The Vatican, The Bishops and Irish Politics*, lch. 192.

²⁷ John Walsh, *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926*, (Baile Átha Cliath: Cois life, 2002), lch. 12.

²⁸ *Ibid.*, lgh. 20-21.

ghluaiseacht na Gaeilge ag a raibh suim mhór i bhfeabhsú staid na Gaeltachta dóchasach as a chuid polasaithe Éire tuaithe agus Ghaelach a chur chun cinn agus moltaí an Choimisiúin a chur i gcrích.

Sa bhliain 1931, bunaíodh Cumann na Gaedhealtachta i gConamara chun saol na Gaeltachta a fheabhsú agus chun feachtas a chur ar siúl a d'fhéachfadh chuige go ndáilfí talamh mhéith ar mhuintir na Gaeltachta. Ba é Criostóir Mac Aonghusa duine de bhunaitheoirí an chumainn sin. Labhair sé le triúr múinteoirí scoile i gConamara, Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Coisdeala agus Seosamh Mac Mathúna. Ar dtús, ní raibh Ó Cadhain ná Ó Coisdeala sásta dul isteach sa Chumann agus an scéim athlonnaithe do phobal na Gaeltachta a chur chun cinn. Bhí inní orthu go scriosfadh an scéim pobal na Gaeltachta, mar dúirt Ó Cadhain: “Beadh *uprooting of traditions* ann”.²⁹

Nuair a d'éirigh le Fianna Fáil rialtas a chur i dtoll a chéile i dtús na bliana 1932, cheap Cumann na Gaedhealtachta go mba cheart dóibh an deis a thapú chun dul i gcion orthu. Chuige sin, shocraigh Mac Aonghusa agus Mac Mathúna toscaireacht a chur chuig Uachtarán na hArdchomhairle, Éamon de Valera agus achainí a dhéanamh air maidir leis an scéim. Ar lá na bPoipíní in 1932, cuireadh ceathrar ball den Chumann, Mac Aonghusa féin san áireamh, chuig de Valera mar thoscaireacht. D'éist de Valera leo go dearfach. Dar le Mac Aonghusa, bhí meas mór ag an toscaireacht ar de Valera mar mhórphearsa i ngluaiseacht na Gaeilge:

Bhí de Valera, mar ba nós leis go múinte mánla linn agus phléigh sé an clár uile linn...De réir mar a bhí an t-am ag gluaiseacht bhí pearsantacht de Valera ag dul i bhfeidhm orainn. Bhí seisean ina mháistir orainn.³⁰

²⁹ Criostóir Mac Aonghusa, 'Gaeltacht Ráth Cairn', *Comhar*, Aibreán 1985, 4-7, lgh. 4-5.

³⁰ *Ibid.*, lch. 5.

Níor cuireadh an scéim ar bun díreach tar éis an chruinnithe sin, áfach. Ina theannta sin, d'athraigh ball amháin den toscaireacht, an tAthair Maitiú Ó Cionnaith, a intinn agus chuir sé i gcoinne na scéime ina dhiaidh sin. Bhí imní air faoi bhánú an Iarthair.³¹ Cuireadh an ruaig ar an Athair as an gCumann dá dheasca sin. Chuaigh an Cumann i léig dá bharr sin ó tharla gur dhuine mór le rá sa tsochaí é an tAthair Ó Cionnaith, rud a chiallaigh gur tharraing cuid den phobal siar as an gcumann freisin.³² Ag an am céanna, d'athraigh Máirtín Ó Cadhain agus Seán Ó Coisdeala a n-intinn. Thosaigh siad cumann nua, Muinntir na Gaedhealtachta chun saol na Gaeltachta a fheabhsú agus an scéim chun talamh mhéith a dháileadh ar mhuintir na Gaeltachta a chomhlíonadh.³³ B'iar-Óglaigh Phoblachtacha iad baill an Chumainn agus bhí súil acu dá réir sin go ndéanfadh rialtas Fhianna Fáil beart de réir briathair.³⁴ Tar éis dóibh a bheith ag stocaireacht ar feadh scaithimh, thuig Muinntir na Gaedhealtachta nach mbeadh rath ar bith ar an scéim dá bpléifidís an scéal le státseirbhísigh nó le Teachtaí Dála áitiúla amháin. Bhí siad go mór in amhras an raibh donacht agus drochstaid an scéil sa Ghaeltacht á n-insint ag cumainn áitiúla Fhianna Fáil i gConamara dá gceanncheathrú agus dá bhrí sin, shocraigh siad toscaireacht a chur chuig de Valera go díreach agus achainí a dhéanamh air.³⁵ Ar Aoine an Chéasta 1934, d'eagraigh Muinntir na Gaedhealtachta feachtas rothaíochta ó Ghailimh go Baile Átha Cliath. Chuaigh 36 ball ar rothar agus bhí seisear acu, Ó Cadhain agus Ó

³¹ Ibid., Ich. 6; Proinsias Mac Aonghusa, 'An Feachtas ar son Ráth Cairn', i Mícheál Ó Conghaile (eag.), *Gaeltacht Ráth Cairn: Léachtaí Comórtha*, (Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnachta i gcomhar le Raidió na Gaeltachta, 1986), 32-50, Ich. 40.

³² Mac Aonghusa, 'Gaeltacht Ráth Cairn', Ich. 6.

³³ Ibid.

³⁴ Éamon Ó Ciosáin, *An t-Éireannach 1934-1937: Nuachtán Sóisialach Gaeltachta*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1993), Ich. 156.

³⁵ Ibid., lgh. 156-157.

Coisdeala ina measc, ag dul ann mar chuid den toscaireacht a labhródh le de Valera.³⁶ Dar le *Scéala Éireann*, “agallamh” a bhí ann seachas achainí.³⁷ Mhol an toscaireacht do de Valera an scéim chun pobal na Gaeltachta a aistriú soir go talamh mhéith a chur i bhfeidhm. Bhí an t-agallamh ar siúl sách fada, ar feadh roinnt uaireanta an chloig.³⁸ Thuairiscigh *Scéala Éireann* gur ghlac de Valera leis an toscaireacht go fabhrach agus gur léirigh sé go raibh spéis ag rialtas Fhianna Fáil i gcónaí i staid na Gaeltachta a fheabhsú.³⁹

Thapaigh Muinntir na Gaedhealtachta deis freisin chun poiblíocht mhaith a dhéanamh ar an gcumann agus chun a gcuid tuairimí a scaipeadh ar fud na tíre. D’áitigh Seán Ó Coisdeala gurbh í an chéad chuairt í a d’eagraigh cainteoirí dúchais Gaeilge le rialtas na hÉireann agus gurbh í an chéad chéim í chun athmhúscailt na Gaeltachta a chur i gcrích.⁴⁰ Thuairiscigh *Scéala Éireann* an tuairim seo a bhí ag Ó Coisdeala:

...the only way to break the power of foreign influence in Ireland would be to restore the people of the West to the lands from which they had been expelled in the time of Cromwell...The voice of the Gaeltacht...has never been clearly heard in any of the National movements of the past and that has been a great source of weakness to the nation...⁴¹

D’áitigh Muinntir na Gaedhealtachta gur cheist don náisiún í ceist na Gaeltachta agus cháin siad Conradh na Gaeilge go hindíreach nach raibh siad

³⁶ De réir *Scéala Éireann*, seo iad lucht na toscaireachta a chonaic de Valera: M. O Cadhain, An Spideal; M. O Fathartaigh, An Ceathramadh Ruadh; M. O Cobhthaigh, Leitirmor; Seán Seoighe, an Camus; E. O Curraon, an Tulach; Sean O Coisdealbha, An Tulach. *Scéala Éireann*, 02/04/1934, lch. 7.

³⁷ Ibid.

³⁸ Ibid.

³⁹ Ibid.

⁴⁰ Ibid.

⁴¹ Ibid.

an-éifeachtach mar ghluaiseacht náisiúnta chun freagra a thabhairt ar an gceist náisiúnta sin.

Pé scéal é, thug Coiste Gnótha Chonradh na Gaeilge a chuid tacaíochta do bhaill Mhuinntir na Gaedhealtachta nuair a bhí siad i mBaile Átha Cliath agus lig siad do Mhuinntir na Gaedhealtachta halla an Chonartha a úsáid. Maidir leis sin, dúirt Ó Coisdeala gur thug Seán Beaumont go háirithe, príomh-oide gairmoideachais agus ball de Choiste Gnótha an Chonartha, tacaíocht mhór dóibh.⁴² Dhá mhí ina dhiaidh sin, i Meitheamh na bliana 1934, chuir Beaumont nuachtán nua seachtainiúil Gaeilge ar an bhfód, *An t-Éireannach*, nuachtán sóisialach Gaeltachta a bhí ann.⁴³ Chuir *An t-Éireannach* spéis mhór i ndroch-staid na Gaeltachta agus i ngluaiseacht nua na Gaeltachta, Muinntir na Gaedhealtachta, ón gcéad eagrán. Mhol an páipéar freisin do lucht léite teagmháil a dhéanamh le Máirtín Ó Cadhain agus le Seán Ó Coisdeala chun tuilleadh eolais a fháil i dtaobh na hoibre.⁴⁴ Thug an páipéar cabhair do mhuintir na Gaeltachta anuas go dtí 1937 nuair a cuireadh deireadh leis an bhfiontar.

De réir an mheamraim rialtais faoin toscaireacht, pléadh ní hamháin ceist na talún ach ceist an Bhéarla sa Ghaeltacht freisin.⁴⁵ D'iarr an toscaireacht Béarla a dhíbirt ó scrúduithe poiblí agus curaclaim, ach bhí de Valera amhrasach an mbeadh pobal na Gaeltachta féin sásta faoi sin.⁴⁶ Pléadh ceist an Bhéarla arís tar éis an chruinnithe, ach socraíodh nach gcuirí aon athrú ar cheist an Bhéarla

⁴² Ibid.

⁴³ Ba iad beirt bunaitheoirí eile na irise ná Sorcha Ní Ghuairim, amhránaí, agus Tomás Ó Flaithearta, iriseoir. Feic, Ó Ciosáin, *An t-Éireannach 1934-1937*.

⁴⁴ *An t-Éireannach*, 02/06/1934, lch. 6.

⁴⁵ Ó Ciosáin, *An t-Éireannach 1934-1937*, lch. 157; Suzanne M. Pegley, *The Land Commission and the Making of Ráth Cairn: The First Gaeltacht Colony*, (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2011), lch. 26.

⁴⁶ Ó Ciosáin, *An t-Éireannach 1934-1937*, lch. 157; Pegley, *The Land Commission and the Making of Ráth Cairn*, lch. 26.

éigeantaigh sa Ghaeltacht.⁴⁷

Mí ina dhiaidh sin, thuiriscigh iris oifigiúil an rialtais gur bhreathnaigh siad ar fhéidearthacht le talamh a cheannach do mhuintir na Gaeltachta.⁴⁸ Shocraigh de Valera cuairt a thabhairt ar Chonamara chun staid na Gaeltachta a fheiceáil dó féin. Ar an 27 Bealtaine, tháinig sé go Conamara agus thug sé cuairt ar Ghaeltacht Chois Fharraige agus ar an gClochán. Bhí cruinniú mór eagraithe in aice le Casla agus labhair de Valera go hiomlán i nGaeilge ag an gcruinniú sin. Dúirt sé go raibh bá ag an rialtas le muintir na Gaeltachta i gcónaí agus spreag sé iad an Ghaeilge a choinneáil beo. D'áitigh sé gur “dúchas ríluachmhar” í an Ghaeilge agus gheall sé go mbeadh post maith agus saol gnaíúil ag cainteoirí Gaeilge, amach anseo.⁴⁹ Mhol sé freisin pobal na Gaeltachta mar shlánaitheoir chun náisiúntacht Éireannach a athbheochan:

Tá an teanga imithe as a lán áiteanna sa tír. Tá sí marbh ionnta agus ní féidir teanga marbh mar sin d'aithbheochaint. Ach tobar na Gaedhilge beo iseadh áit mar seo. Mar sin ní mór do mhuintir na hÉireann uilig suim a chur sa Ghaeltacht.⁵⁰

Mar a pléadh i gCaibidil a Dó, léirigh Fianna Fáil fealsúnacht de Valera ar phróiseas athbheochan na Gaeilge ina fhorógra na bliana 1932 mar seo: an Ghaeltacht a bheith mar fhoinsé na Gaeilge agus an teanga ag leathnú amach ón bhfoinsé go nádúrtha agus ag dul isteach sa cheantar máguaird. Mheabhraigh de Valera an próiseas sin do mhuintir na Gaeltachta féin agus d'iarr sé orthu comhoibriú a dhéanamh chun an Ghaeilge a athbheochan ar fud na hÉireann mar

⁴⁷ Pegley, *The Land Commission and the Making of Ráth Cairn*, lch. 27.

⁴⁸ Ibid., lch. 16.

⁴⁹ *Scéala Éireann*, 28/05/1934, lch. 1.

⁵⁰ Ibid.

an ‘teanga náisiúnta’.

Dhá mhí ina dhiaidh sin, d’eagraigh Muintir na Gaedhealtachta “Lá na Gaeltachta”. Bhí go leor cruinnithe ar fud Ghaeltacht Chonamara ar siúl go comhuaineach agus bhí cruinniú amháin ar siúl i mBaile Mhúirne, Contae Corcaí freisin⁵¹. I gConamara, labhair Máirtín Ó Cadhain i gCamus agus i Ros Muc agus labhair Seán Ó Coisdeala sa Spidéal agus ar an Tulach.⁵² Ag an gcruinniú sa Spidéal, d’áitigh Ó Coisdeala dhá rún mór a bheith ag Muintir na Gaedhealtachta - talamh agus Gaeilge:

Bíodh fhios ag an Riaghaltas nach féidir an Ghaedhilg a choinneál beo, gan na daoine a labhrann í a choinneál beo. Le sin a dhéanamh, caithfear talamh a thabhairt dóibh. Caithfear an Ghaedhilg do chur i n-uachtar, agus an Béarla do dhíbirt.⁵³

D’áitigh Muintir na Gaedhealtachta gur cheart úsáid eisiach na Gaeilge sa Ghaeltacht mar theanga dhúchais an phobail a chur chun cinn.

Mí ina dhiaidh sin, ag Feis Iar-Chonnacht ar an gCeathrú Rua, thug Máirtín Ó Cadhain óráid dar teideal ‘Claidhe na Muice Duibhe ar Mhuintir na Gaedhealtachta’. San óráid sin, cháin sé go ndearna sochaí na hÉireann leithcheal ar chainteoirí Gaeilge agus chruthaigh sé bearna idir saol na Gaeltachta agus saol na n-áiteanna eile ina raibh an Béarla á labhairt agus spreag sé muintir na Gaeltachta féin chun an staid sin a fheabhsú.⁵⁴ Cháin Ó Cadhain freisin nach mbainfí Éire Ghaelach amach dá gcoinneodh an rialtas an Béarla a úsáid in

⁵¹ Labhair Pádraic Mac Suimhne, Séamus Ó Séaghdha agus Aindrias Ó Muimhneacháin i mBaile Mhúirne. *An t-Éireannach*, 21/07/1934, lch. 2.

⁵² *Connacht Sentinel*, 17/07/1934, lch. 3.

⁵³ *An t-Éireannach*, 21/07/1934, lch. 2.

⁵⁴ *An t-Éireannach*, 01/09/1934, lch. 1.

uachtar na tíre: “Má tá fúinn ar tír a Ghaedhealú – má’s é caingean an Riaghaltais an tír a Ghaedhealú – Caithfear an Béarla a chur amach glan-easgartha as saol na tíre. Breagh nach gcaitheann an Riaghaltas an chéad chloch?”⁵⁵

Gan é a lua go díreach, rinne sé cáineadh ar fhealsúnacht de Valera maidir leis an athbheochan agus an dualgas á chur aige ar mhuintir na Gaeltachta feidhmiú mar thobar chun go scaipfí an Ghaeilge thar chríocha na Gaeltachta go nádúrtha. Ba é éileamh Uí Chadhain ar an gceist ná, an Ghaeilge mar ‘theanga dhúchais’ agus an talamh a cheangal le chéile: “Caithfear an dá cheist a réidhteach le chéile – ceist na Gaedhilge agus ceist na talmhan. Ní tárrtháilfear an Ghaedhilge gan an Ghaedhealtacht a thárrtháil, agus ní tárrtháilfear an Ghaedhealtacht gan an talamh.”⁵⁶

Ar an 14 Samhain 1934, ag Ard-Fheis Fhianna Fáil, d’fhógair an tAire Tailte Seosamh Ó Conghaile⁵⁷ scéim choilíneachta go mbeadh 27 teaghlach as Gaeltacht Chonamara ag dul soir go Contae na Mí roimh dheireadh mhí Márta 1935.⁵⁸ Bhí go leor díospóireachtaí ag roinnt leis an bplean, ach comhlíonadh an scéim gan an iomarca moille. Ar an 12 Aibreán 1935, cuireadh an chéad ghrúpa as Gaeltacht Chonamara go dtí coilíneacht nua Gaeltachta i Ráth Cairn, Contae na Mí, áit a bhí faighte ag Coimisiún na Talún.⁵⁹ Dhá bhliain ina dhiaidh sin, bunaíodh an dara coilíneacht i mBaile Ghib. Eastát mór a bhí ann agus tugadh

⁵⁵ Ibid.

⁵⁶ Ibid., lch. 2.

⁵⁷ Cé nach raibh Gaeilge mhaith ag Seosamh Ó Conghaile, bhí muinín mhór ag de Valera as agus é ag obair le cúrsaí na Gaeilge. Nuair a bunaíodh rialtas Fhianna Fáil, d’iarr de Valera air ar dtús Aire Oideachas a dhéanamh. Dhiúltaigh Ó Conghaile é, áfach, toisc nach raibh Gaeilge líofa ná céim ollscoile aige. Feic, J. Anthony Gaughan (eag.), *Memoirs of Senator Joseph Connolly (1885-1961): A Founder of Modern Ireland*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1996), lch. 285.

⁵⁸ *Scéala Éireann*, 15/11/1934, lch. 8; Mac Aonghusa, ‘Gaeltacht Ráth Cairn’, lch. 6.

⁵⁹ *Scéala Éireann*, 13/04/1935, lch. 1.

ann teaghlaigh as Gaeltachtaí éagsúla: ar dtús báire, as Ciarraí Thiar⁶⁰, ansin as Corcaigh⁶¹, as Dún na nGall⁶² agus as Maigh Eo Thuaidh⁶³.

Go gairid i ndiaidh don scéim choilíneachta a bheith curtha i gcrích áfach, tháinig ceist mhór teanga a bhain leis an scéim chun solais. I mí Iúil na bliana 1935, thug ionadaithe an *Irish Independent* aird ar an gceist seo:

The language question is the difficulty at the moment. If, to get proper contact with their new neighbours, the Rathcarne colonists must speak English, they themselves will become English speakers and the people of Meath will not get any help from them in becoming Irish speakers. The Connemara people at Rathcarne, I am convinced, do not want to speak English; and for that reason, they are for all practical purposes marooned in a tiny little area, with little or no contact with the English speakers around them.⁶⁴

D'áitigh an t-alt gur ghá an cheist a réiteach go práinneach:

Contact with the outside world is essential if the wish of the Government is to be fulfilled; the desire was that these new Gaelic communities would be centres from which the Irish language would spread. How can the proper contact be established without turning the people of the Rathcarne Gaeltacht into English speakers? That is a problem which must be solved in the immediate future.⁶⁵

Ina theannta sin, tháinig fadhbanna eile chun solais i measc na gcoilíneach, mar shampla, bhí siad féin ag iarraidh Béarla a labhairt chun scileanna feirmeoireachta a fhoghlaim⁶⁶ agus toisc gurbh as Gaeltachtaí éagsúla dóibh, bhí

⁶⁰ *Irish Independent*, 11/03/1937, lch. 13.

⁶¹ *Scéala Éireann*, 13/03/1937, lch. 1.

⁶² *Irish Independent*, 23/03/1937, lch. 12.

⁶³ *Ballina Herald*, 10/04/1937, lch. 4.

⁶⁴ *Irish Independent*, 17/07/1935, lch. 7.

⁶⁵ Ibid.

⁶⁶ Terence Dooley, *The Land for the People: The Land Question in Independent Ireland*,

deacrachtaí ag muintir Bhaile Ghib an iliomad canúintí Gaeilge a thuiscint.⁶⁷ Léirigh sé sin go raibh deacrachtaí móra ag baint le polasaí de Valera i leith na Gaeilge – an Ghaeilge a athbheochan mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann agus an teanga a scaipeadh ón nGaeltacht go nádúrtha, a chur i bhfeidhm sa saol réadúil. Bhí coimhlint ann idir tuiscint de Valera ar an nGaeilge agus tuiscint mhuintir na Gaeltachta ar an nGaeilge: ar an ábhar sin bhí de Valera ag díriú ar an nGaeilge mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann, .i. teanga do phobal na hÉireann go léir, ach bhí muintir na Gaeltachta ag díriú ar an nGaeilge mar a ‘teanga dhúchais’ féin.

I gcomhthéacs Éire Chaitliceach, thapaigh de Valera an deis an Ghaeilge a chur chun cinn mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann ag ócáid na Comhdhála Eocairistí Idirnáisiúnta. D’éirigh leis stádas na Gaeilge a thaispeáint do mhuintir na hÉireann agus don phobal idirnáisiúnta araon. Ar an ábhar sin, ba chéim shuntasach chun tosaigh í ó thaobh athbheochan na Gaeilge mar a chonaic sé í á cur chun cinn sa pholaitíocht náisiúnta. Bhí neamhréireachtaí nárbh éasca iad a leigheas le haireachtáil ar choincheap na ‘teanga dhúchais’ do phobal na Gaeltachta ar láimh amháin agus ar choincheap na ‘teanga náisiúnta’ do mhuintir na hÉireann uile ar an láimh eile. Sa chéad rannóg eile, scrúdófar an chaoi ar glacadh le hathbheochan na Gaeilge mar sin i measc ghluaiseacht na Gaeilge.

(Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2004), lch. 149.

⁶⁷ Ó Ciosáin, *An t-Éireannach 1934-1937*, lch. 166.

3-2 Gluaiseachtaí na Gaeilge i Réimsí Éagsúla agus an ‘Teanga Náisiúnta’

Conradh na Gaeilge agus an ‘Teanga Náisiúnta’

Nuair a tháinig Fianna Fáil i gcumhacht i dtús na bliana 1932, bhí muinín ag lucht Chonradh na Gaeilge as polasaí teanga Fhianna Fáil agus chomh maith leis sin, bhí an Conradh ag iarraidh athnuachan a dhéanamh air féin mar ghluaiseacht agus deireadh a chur leis na haighnis pholaitíochta sa Chonradh. Mar a phléigh Aindrias Ó Cathasaigh go mion ina shaothar *Ré Nua os comhair na nGael?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939* bhí deacrachtaí agus conspóidí móra ag baint le Conradh na Gaeilge i rith na dtríochaidí. Bhí fadhbanna airgeadais an Chonartha géarchúiseach: thuairiscigh an Conradh go raibh bailiúchán in 1932 an-dona go deo agus bhí fiacha móra orthu fós.⁶⁸ Ghin iris oifigiúil an Chonartha, *An Claidheamh Soluis*, fiacha freisin agus cuireadh deireadh leis i ndeireadh mhí na Bealtaine 1932.⁶⁹ Sna heagraín deiridh den iris, áitíodh gur chuir ‘síorchlamhsán’ i measc na mball agus tionchar na polaitíochta ar an gConradh obair an Chonartha siar.⁷⁰

Ábhar mór conspóide sa Chonradh ag an am ba ea an dearcadh cúng a bhí ag cuid de lucht stiúrtha na heagraíochta faoin gcultúr gallda. I mí an Mhárta 1932, mhol Coiste Gnótha Chonradh na Gaeilge má bhí aon bhall páirteach i ndamhsa Gallda nó i láthair ag cluiche Gallda, nach dtoghfaí é/í mar bhall d’aon Choiste sa Chonradh.⁷¹ D’áitigh Ó Cathasaigh go raibh an Conradh i mbaol mór scoilt ina dhá leith dá bharr sin:

⁶⁸ Aindrias Ó Cathasaigh, *Ré Nua os comhair na nGael?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009), lch. 24.

⁶⁹ Ibid., lch. 19.

⁷⁰ Regina Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2004), lch. 223.

⁷¹ Ó Cathasaigh, *Ré Nua os comhair na nGael?*, lch. 42.

Bhí dhá shraith sa gConradh anois, agus dhá aicme Conraitheora. Daoine a mbeadh dúil acu i gcluichí taobh amuigh de dhlínse Chumann Lúthchleas Gael, nó i ndamhsaí eile – i ndamhsaí Gaelacha, fiú, ach gan iad a bheith faoi choimirce an Chonartha – bhí cead acu a bheith san eagras, ach ní fhéadfaidís ionad chomh híseal le rúnaí craoibhe áitiúla a bhaint amach ann.⁷²

Idir an dá linn, bhí baill den Chonradh in aghaidh dearcadh cúng an Chonartha. I mí Lúnasa 1933, ghearán Earnán de Siúnta, ‘An Buachaillín Buidhe’, a raibh baint mhór aige le Conradh na Gaeilge ó dheireadh an naoú haois déag, faoi ghné de Chonradh na linne san alt dar teideal ‘An Teanga Náisiúnta agus Connradh na Gaedhilge’. Bhí Earnán de Siúnta ina Leas-Uachtarán ar Ard-Chraobh Chonradh na Gaeilge ach briseadh as an uachtaránacht é as ucht tacaíocht a thabhairt do dhamhsa gallda trí mhí roimhe sin.⁷³ Shamhlaigh sé ‘club an-eisiach’ le staid Chonradh na linne sin mar seo a leanas:

Club atá ann. Club deas gaedhealach. *Club* faoi n-a chóru beacht, faoi n-a riaghlachaibh caola, faoi n-a bhraintsibh. *Club* nach leigfear isteach ann ach daltaí áirithe a bhfuil a smaointe agus a dtuairimí ar aon dul le smaointibh agus le tuairimibh lucht stiúrtha an *club*...Ní féidir le h-aon dream daoine a ngnóthaí a dhéanamh i gceart gan roinnt riaghlach do cheapadh.⁷⁴

San alt sin, d’áitigh sé nárbh ionann an Conradh sna blianta tosaigh nuair a chuaigh sé isteach ann an chéad uair agus Conradh na linne sin. Dúirt sé gur nós leis an gConradh go stairiúil glacadh le baill ilchineálacha a raibh raon leathan tuairimí acu agus gur cuireadh amach iad ar fud na tíre chun an Ghaeilge a chur

⁷² Ibid.

⁷³ Ibid., Ich. 45.

⁷⁴ An Buachaillín Buidhe, ‘An Teanga Náisiúnta agus Connradh na Gaedhilge’, *An Tír*, Iml. 5, Uimh. 7, Lúnasa 1933, 4, 8, Ich. 4.

chun cinn. Ós a choinne sin, bhí Conradh na linne seo dall ar an éagsúlacht ballraíochta sin a mhealladh isteach san eagraíocht a thuilleadh.⁷⁵

Mar dhuine de sheanghlúin an Chonartha, chuir sé i gcuimhne do lucht athbheochan na Gaeilge gur cheist náisiúnta í cuspóir an Chonartha an ‘teanga náisiúnta’ a chur á labhairt ar fud na tíre ar fad agus go raibh an cheist sin i mbaol de bharr athrú meoin ar Conradh na Gaeilge féin. Ansin, thug sé sainmhíniú na ‘teanga náisiúnta’ mar seo a leanas:

Cad is teanga náisiúnta ann? An chéad uair riamh – tá seacht mbliadhna déag is fiche ó shoin – a raibh baint agam le Conradh na Gaedhilge, cheapas gurbh’ í gcoitchinne i dtír áirithe – nó an teanga ba cheart dóibh a labhairt sa tír – cuma cé’n sórt rinncí a chleachtas siad, cuma cé’n sórt cluichí a gcuireann siad spéis ionnta. Teanga an mhilliúnaidhe ina chaisleán agus teanga an sclábhaidhe ina bhothán. Teanga an bhreithimh ar an mbeinse, agus teanga an phríosúnaigh ar chúl an bharrá ós a chomhair. Teanga an tseadaire atá ag ionnsaighe námhad a thíre ar mhachaire an áir, agus teanga an chladhaire chaim atá ag faire a dheise le n-a thír a dhíol. Teanga na Dála, agus teanga an mhargaidh. Teanga an mháighistir ina oifig, agus teanga na n-oibridhe thíos ins na siopaibh. Teanga na máthar, agus teanga an leinbh ina h-ucht. Teanga na gearr-chaile a bhfuil geal-gháire ar a béal aici, agus teanga na sean-mhná críne atá briste faoi bhráca an bhróin. Teanga an othair, agus teanga an leagha. Teanga an tsagairt, agus teanga an pheacaigh. Teanga na h-iolscoile, agus teanga coirnéil na sráide.⁷⁶

Cé gur pléadh tábhacht na ‘teanga náisiúnta’ ó thús na hathbheochana, b’annamh a pléadh sainmhíniú an choincheapa i gcomhthéacs ghluaiseacht na Gaeilge. Is í sin an chúis a mbaineann tábhacht leis an abairt thuas. D’fhéadfaí a rá gurb é seo an chéad uair a rinneadh iarracht an ‘teanga náisiúnta’ a shainiú go poiblí riamh ag duine a bhí ag obair ar son na Gaeilge. D’áitigh de Siúnta go raibh

⁷⁵ Ibid.

⁷⁶ Ibid.

Conradh na linne sin dúnta isteach ann féin toisc gur chaill sé fealsúnacht na ‘teanga náisiúnta’ a bhíodh aige.

Shainigh de Siúnta an ‘teanga náisiúnta’ ach níor chosúil go raibh ‘teanga dhúchais’ i gceist anseo. Shainigh sé an ‘teanga náisiúnta’ mar theanga do phobal na hÉireann uile agus mar theanga a bheadh in úsáid i ngach réimse de shochaí na hÉireann agus mar “theanga ba cheart dóibh a labhairt sa tír”. Dúirt sé go mbíodh cuspóir ag Conradh na Gaeilge sna blianta tosaigh an ‘teanga náisiúnta’ sa chiall sin’ a chur á labhairt ar fud na tíre. Nuair a chuaigh sé isteach i gConradh na Gaeilge, a chuimhnigh sé: “[bhí] gach uile shórt daoine cruinnighthe le chéile ann agus gan aon cheangal eatortha ach **an teanga náisiúnta.**”⁷⁷ Sna blianta tosaigh, b’éard a thuig sé agus Conradh na Gaeilge leis an ‘national language’ ná an teanga a úsáideadh sa ghnáthshaol laethúil i réimsí éagsúla de shaol na ndaoine agus a raibh ról suntasach aici leis an náisiúntacht Éireannach a dhaingniú, ní hionann agus an teanga do chainteoirí dúchais Gaeilge. Díol suntais is ea go raibh cosúlacht mhór ann idir áitiú de Siúnta agus chur chun cinn na Gaeilge mar an ‘teanga náisiúnta’ ag de Valera.

D’áitigh de Siúnta go raibh sé thar am ag Conradh na Gaeilge beart níos tairbhí agus níos éifeachtaí a dhéanamh chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an gConradh i dtreo is go láidreofaí mian na gluaiseachta athbheochan na ‘teanga náisiúnta’ a chur i gcrích, seachas ábhar rúin a chur roimh chomhdháil.⁷⁸ Tosaíodh iarrachtaí chun na fadhbanna a bhain le Conradh na Gaeilge a shárú agus idir an dá linn, bunaíodh cumainn éagsúla a bhí neamhspleách ar Chonradh na Gaeilge. Bhí ráth ar an iarracht nua sin go háirithe in earnáil na hóige agus cuireadh na

⁷⁷ Ibid.

⁷⁸ Ibid., lch. 8.

cumainn sin chun cinn i gcomhthéacs pholaitíocht náisiúnta na linne sin. Ba iad Coiste na bPáistí, a raibh baint ag de Siúnta leis agus an Comhchaidreamh an dá chumann shuntasacha a bunaíodh sa chéad leath de na 1930idí. Pléifear na cumainn sin sa chéad mhír eile.

Coiste na bPáistí agus An Comhchaidreamh

Bunaíodh Coiste na bPáistí sa bhliain 1933. Ba é Micheál Ó Maoláin (as Árainn)⁷⁹ a mhol an rún ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge sa Spidéal i mí Aibreáin na bliana sin go ndéanfadh ceardchumann bailiúchán speisialta chun páistí an lucht oibre i mBaile Átha Cliath a chur go dtí an Ghaeltacht chun laethanta saoire a chaitheamh ansin agus an Ghaeilge a fhoghlaim ann.⁸⁰ Bhí Ó Maoláin ina bhall de Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge ó 1929 go 1933 agus i rith an ama sin, ba í ceist na Gaeltachta an cheist mhór dó i gcónaí.⁸¹ Bliain ina dhiaidh sin ag cruinniú Choiste na bPáistí, toghadh na daoine mar seo a leanas oifigigh: Seán Ó hUadhaigh mar Chathaoireach, Earnán de Siúnta mar Leas-Chathaoireach, Micheál Ó Maoláin mar Rúnaí Onórach, Séamus Ó Tallamhain mar Chisteoir Onórach, Seán Beaumont agus Cathal Ó Tuathail mar Fheitheoirí.⁸² Chomh maith le hÓ Maoláin, bhí Séamus Ó Tallamhain, Seán Beaumont agus Cathal Ó Tuathail go léir ar an gCoiste Gnótha na bliana 1933-34.⁸³ Mar sin, bhí dlúthbhaint ag na daoine go léir le Conradh na Gaeilge.

Thosaigh an scéim mar ghníomh neamhpholaitiúil ach de réir mar a thug de

⁷⁹ “Bhí fear den ainm céanna agus bhí drochmheas ag Micheál ar an gcinéal Gaeilge a scríobhadh sé. Sin é an fáth a dtugadh sé ‘Micheál Ó Maoláin as Árainn’ air féin.” Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982: Beathaisnéis a Ceathair*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1994), lch. 139.

⁸⁰ *Scéala Éireann*, 20/04/1933, lch. 2.

⁸¹ Breathnach agus Ní Mhurchú, *1882-1982: Beathaisnéis a Ceathair*, lch. 140.

⁸² *Irish Independent*, 13/04/1934, lch. 4.

⁸³ *Scéala Éireann*, 20/04/1933, lch. 2.

Valera agus na hAirí Rialtais, An tAire Oideachais Tomás Ó Deirg go háirithe, tacaíocht airgid don Choiste, bhí gaol ann idir Coiste na bPáistí agus rialtas de Valera. Mar a d'áitigh Aoileann Ní Riain, ba shuntasach go raibh aitheantas ón rialtas ag Coiste na bPáistí ó na blianta tosaigh. Go luath i ndiaidh oifigigh an Choiste a thoghadh, d'ullmhaigh siad toscaireacht chuig an Aire Oideachais Tomás Ó Deirg agus d'éirigh leo síntiús £5 a chuirfeadh páiste amháin ar an scéim a fháil ón stát.⁸⁴ Bhí an rialtas féin ariamh ag iarraidh scéim mar sin a thosú. I mí an Mheithimh 1932, léirigh rialtas de Valera plean chun gasúir idir ocht mbliana d'aois agus dhá bhliain déag d'aois a raibh cumas sásúil sa Ghaeilge acu a chur go dtí an Ghaeltacht i rith an tsamhraidh, ar chostas tuismitheoirí £1 4s. in aghaidh na seachtaine.⁸⁵ Níor tháinig tuairisc eile i rith an tsamhraidh agus ba chosúil nár cuireadh an plean i gcrích, áfach. Dá bharr sin, bhí suim mhór ag an rialtas sa phlean a bhí ag Coiste na bPáistí ón tús.

Is díol suntais é gur mheas rialtas de Valera go raibh tábhacht ar leith ag baint le scéim Choiste a bPáistí i leith chur chun cinn na Gaeilge mar an 'teanga náisiúnta' freisin. I mí Mhárta 1935, ag oscailt Feis Chualann i nDún Laoghaire, mhol Seán Ó hUadhaigh, a bhí i gceannas ar an bhFeis, Coiste na bPáistí mar "most practical movement which had ever been started to bring Irish back in Ireland"⁸⁶. Bhí an tAire Oideachais Tomás Ó Deirg ann agus labhair sé sa chomhthéacs sin faoin ról tábhachtach a bhain le hócáid Ghaeilge don óige taobh amuigh den scoil chun an Ghaeilge a athbheochan mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann: "It is not that we are out to learn an extra language, but we are out to

⁸⁴ Aoileann Ní Riain, "Clann na hÉireann, Coiste na bPáistí agus an Óige san Athbheochan", (Tráchtas M.A. sa Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2006), lch. 27.

⁸⁵ *Scéala Éireann*, 22/06/1932, lch. 12.

⁸⁶ *Irish Independent*, 12/03/1935, lch. 11.

make the Irish language the national language of the country.”⁸⁷ Ag an scrúdú d’iarrthóirí scoláireachta na bliana 1936, dúirt de Valera os comhair na n-iarrthóirí nár cheart go bhfágadh an “obair náisiúnta” mar scéim Choiste na bPáistí i gcúram ghnáthmhuintir na hÉireann. Ag an am céanna, a d’áitigh sé, go gcuirfeadh an gnáthmhuintir an obair mar sin i bhfeidhm níos éifeachtaí dá gcuirfeadh siad a gcroí inti.⁸⁸

Sa bhliain 1936, mhol *Irish Independent* fiúntas obair Choiste na bPáistí mar seo: “it is now generally acknowledged to be the most practical for cultivation and extension of the national language.”⁸⁹ Faoin mbliain 1939, bhí an scéim ceangailte go maith leis an bhfís a bhí ag de Valera d’athbheochan na Gaeilge. Ag an aeridheacht do scoláirí Choiste na bPáistí ar an gCnoc, Conamara, rinne an sagairt paróiste athrá ar fhís sin de Valera agus theagasc sé í do na scoláirí. Thuairiscigh an *Irish Independent* óráid an tsagairt mar seo: “so long as the language lived the nation could not die. Just as the language was to the nation, so was the Gaeltacht to the language... If the language was to be saved and revived that revival would have to come from the natural source – the Gaeltacht.”⁹⁰

Bhí an rialtas an-fhabhrach i leith scéim Choiste na bPáistí agus ba léir go bhfaca siad deis inti chun athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn in earnáil óige na cathrach. I bpaimfléad Fhianna Fáil, *Ireland 1932 to 1942: A Story of Great Achievements* a foilsíodh don toghchán 1943, rinne siad gaisce as an gcúnamh leanúnach a thug siad do Choiste na bPáistí: “Ó 1934 i leith, tá an Rialtas a’cuidiú le Coiste na bPáistí le páistí a chur ar saoire go dtí an

⁸⁷ Ibid.

⁸⁸ *Scéala Éireann*, 11/06/1936, lch. 8.

⁸⁹ *Irish Independent*, 02/04/1936, lch. 10.

⁹⁰ *Irish Independent*, 21/08/1939, lch. 11.

Ghaedhealtacht chuile bhliain.”⁹¹ Mar aon le scéimeanna eile a cuireadh i bhfeidhm faoi scáth rialtas de Valera, ar nós scéim an dá phunt, deontas do dhrámaí Gaeilge sna scoileanna agus líon múinteoirí cumasacha le Gaeilge a mhéadú, chuir Fianna Fáil béim áirithe ar scéim Choiste na bPáistí. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an scéim sin ní hamháin chun an Ghaeilge a athbheochan i measc na hóige, ach chun an Ghaeilge a leathnú mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann.

I lár na dtríochaidí, tosaíodh iarracht mhór eile chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na hóige. Ba é sin an t-eagrais do mhic léinn agus d’iar-scoláirí ollscoile, An Comhchaidreamh. Ar an 17 Feabhra 1935, tháinig baill de Chumann Éigse agus Seanchais i gColáiste na hOllscoile i nGaillimh mar aon le mic léinn eile as na Coláistí eile le chéile in Óstán Eglinton i mBóthar na Trá i gcathair na Gaillimhe. Bhí siad tar éis díospóireacht idir-ollscoile a eagrú i gColáiste na Gaillimhe. Ag an gcruinniú sin, mhol Máirtín Ó Flathartaigh go mbunófaí comheagras nua chun ceangal agus cairdeas idir cumainn Ghaelacha sna hollscoileanna a chur chun cinn agus iad a bheith ag obair le chéile chun dul chun cinn na Gaeilge a chinntiú sa réimse acadúil.⁹²

Ar an 30 Marta 1935, d’eagraigh siad cruinniú eile. Aontaíodh faoi bhunreacht sealadach go gceapfaí Ó Flathartaigh ar an gcéad uachtarán agus ceapadh an chéad ardchomhairle chomh maith. Comhchaidreamh Chumann Gaelach na nOllscoil a tugadh ar an eagrais nua ag an gcruinniú sin agus giorraíodh an teideal

⁹¹ Fianna Fáil, *Ireland 1932 to 1942: A Story of Great Achievements*, (Baile Átha Cliath: Fianna Fáil, 1943), lch. 28.

⁹² Máirtín Ó Flathartaigh, ‘Bunú an Chomhchaidrimh’, i Stiofán Ó hAnnracháin (eag.), *An Comhchaidreamh: Crann a Chraobhaigh*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1985), 17-23, lch. 17.

mar An Comhchaidreamh ina dhiaidh sin.⁹³

De réir Mháirtín Uí Fhlathartaigh, ba iad na cuspóirí a leag an chéad choiste síos don Chomhchaidreamh ná: an Ghaeilge a chur i réim mar ghnáth-theanga sna hOllscoileanna, cinnireacht i gcúrsaí sóisialta agus geilleagair náisiúnta a spreagadh i measc Ollscoileanna na hÉireann, agus freagairt do leas coiteann na mballchumann agus na gcomhaltaí.⁹⁴ Socraíodh an chomhdháil bhliantúil a reáchtáil sa Ghaeltacht ón mbliain 1936 ar aghaidh. Nuair a cuireadh san áireamh na cuspóirí thuas, bhí sé beartaithe ag An Comhchaidreamh gur eagraíocht neamhpholaitiúil agus neamhsheicteach a bheadh inti. Mar a dúirt Dónall Ó Móráin ba í aidhm na comhdhála bliantúla sa Ghaeltacht ná: "...cúrsaí an tsaoil mhóir a phlé eatarthu féin agus leis na céimithe a tháinig ina dteannta – agus, gan amhras, chun caidreamh a ghiniúint idir daoine as na ceithre hairde, daoine de gach aon sórt cúlra sóisialta, polaitíochta, creidimh agus eile."⁹⁵

D'ainneoin na n-aidhmeanna sin, bhí an eagraíocht neamhbhalbh faoi chúrsaí polaitíochta ón tús. Tionóladh céad chomhdháil bhliantúil an Chomhchaidrimh ar an 30 Iúil 1936 sa Rinn, Contae Phort Láirge. Rinneadh freastal maith idir mhic léinn, léachtóirí agus ollúna ó choláistí agus ó ollscoileanna éagsúla ar an gcomhdháil. Bhí gach imeacht ar siúl trí mheán na Gaeilge. Ba é Tomás Ó Ruairc a thug an chéad léacht dar teideal 'Éire agus an Ré Seo na hEorpa i gCúrsaí Polaitíochta'. D'fhógair Ó Ruairc contúirt an ainchreidimh agus na tíorántachta a bhí san Eoraip ag an am agus bhí Éire i mbaol toisc nár glacadh le hÉirinn mar shlánaonad polaitiúil san Eoraip sa mhéid go raibh críochdheighilt ann. Dúirt sé

⁹³ Ibid., lch. 22.

⁹⁴ Ibid., lch. 23.

⁹⁵ Dónall Ó Móráin, 'Múscailt Misnigh', i Stiofán Ó hAnnracháin (eag.), *An Comhchaidreamh: Crann a Chraobhaigh*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1985), 38-47, lch. 42.

gur ghá Éire shaor a thaispeáint don Eoraip agus gur cheart an Gaelachas a chothú mar sin. D'áitigh sé gurbh í an Ghaeltacht eochair do Ghaelachas na tíre: "Is cois teallaighe na tuaithe a coinneightheadh Gaedhealachas na tíre seo, go h-áithrid cois teallaighe na Gaedhealtachta."⁹⁶

Tar éis na léachta, labhair Cilian Ó Brolcháin, ollamh le Fisic Thurgnamhach, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh. D'fhógair sé gurbh é an bealach ab fhearr chun an chríochdheighilt a chur ar ceal ná cultúr na Gaeilge a scaipeadh i measc na bProtastúnach sa Saorstát, ionas go leathnóidís an teanga sa tuaisceart.⁹⁷ Ba iad ceist na polaitíochta mar aon le ceist na Gaeilge ábhair thábhachtacha don Chomhchaidreamh. Ní hamháin polaitíocht náisiúnta a bhí i gceist acu, ach bhí sé beartaithe ag An Comhchaidreamh machnamh a dhéanamh ar cheist na Gaeilge i gcomhthéacs pholaitíochta níos leithne na linne sin. Mar a thuairiscigh an *Irish Independent*: "It was the business of the Gaelic student of the universities to propagate the traditional idea of individual justice and international co-operation."⁹⁸

Ba iad aidhmeanna Choiste na bPáistí agus An Chomhchaidrimh gluaiseacht nua Gaeilge a thosú in earnálacha áirithe nár chuir gluaiseacht na Gaeilge béim ar leith orthu go dtí sin: páistí scoile taobh amuigh den scoil agus an ghlúin óg acadúil. Níor ghluaiseacht mhór náisiúnta iad ó tharla go raibh siad dírithe ar aicmí áirithe den tsochaí seachas ar an bpobal trí chéile, ach ba í an pholaitíocht náisiúnta agus náisiúntacht Éireannach bunaithe ar an nGaeilge a thug go leor tacaíochta do chur chun cinn an dá chumann i sochaí na hÉireann. Taobh amuigh de Chonradh na Gaeilge, bhí iarracht eile ann chun freastal ar phobal na Gaeilge i

⁹⁶ *Scéala Éireann*, 31/07/1936, lch. 4.

⁹⁷ *Irish Independent*, 31/07/1936, lch. 12; *Scéala Éireann*, 31/07/1936, lch. 9.

⁹⁸ *Irish Independent*, 31/07/1936, lch. 12.

gcoitinne agus ba é nuachtán míosúil na Gaeilge *Ar Aghaidh* an chéad sampla eile d'iarracht nua na linne sin.

***Ar Aghaidh* agus Liam Ó Buachalla**

Bunaíodh *Ar Aghaidh* i mí Mhárta na bliana 1931, i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Ba iad an tAthair Micheál Mac an Mhílidh, an Beirneach (Liam Ó Beirn) agus Liam Ó Buachalla bunaitheoirí an nuachtáin.⁹⁹ Bhí Liam Ó Buachalla ina léachtóir le geilleagar, tráchtáil agus cuntasáíocht trí Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Bhí baint mhór aige leis an saol polaitíochta: bhí sé ina bhall d'Fhianna Fáil agus bhíodh sé ina bhall de na hÓglaigh agus ghlac sé páirt i gCogadh na Saoirse.¹⁰⁰ Tar éis dó post a fháil mar léachtóir i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh sa bhliain 1927, bhí sé an-bhainteach le gluaiseacht na Gaeilge, gluaiseacht áitiúil agus náisiúnta chomh maith. Bhí sé ina stiúrthóir ar an iris *An Stoc* a bhí foilsithe sa Choláiste, ach tháinig deireadh leis an iris sin i mí Mhárta na bliana 1931. Sa mhí chéanna, cuireadh tús leis an nuachtán míosúil *Ar Aghaidh*.

Cé go raibh Liam Ó Buachalla ina bhall d'Fhianna Fáil, bhí ceangal maith aige le hEarnán de Blaghd a bhí ina Aire Airgeadais i rialtas Chumann na nGaedheal go dtí Feabhra na bliana 1932. Lena linn sin, thug de Blaghd cabhair d'iriseoireacht na Gaeilge agus bhunaigh sé ciste d'irisí agus do pháipéir na Gaeilge.¹⁰¹ Dar le cuimhní cinn an Athar Eric Mhic Fhinn a raibh baint mhór aige le *Ar Aghaidh* freisin¹⁰², ba é Earnán de Blaghd a ghríosáigh bunú an nuachtáin

⁹⁹ Mairéad Máire Gearóidín Uí Nia, "An tAthair Eric Mac Fhinn agus 'Ar Aghaidh'", (Tráchtas M.A., Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1994), lch. 121.

¹⁰⁰ Breathnach agus Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Ceathair*, lch. 82.

¹⁰¹ Ó Ciosáin, *An t-Éireannach 1934-37*, lch. 216.

¹⁰² Maidir leis an Athair Eric Mac Fhinn agus *Ar Aghaidh*, tá taighde cuimsitheach déanta

agus thug sé go leor tacaíochta agus airgid dó.¹⁰³ Bhí muinín mhór ag Ó Buachalla as Earnán de Blaghd, go háirithe maidir lena thacaíocht don Ghaeilge a chur chun cinn i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh agus sa Ghaeltacht.¹⁰⁴

Bhí deich mbliana caite ón am ar chuir rialtas Shaorstát Éireann tús le hobair athbheochan na Gaeilge. D'fhás an chéad ghlúin a rinne Gaeilge mar ábhar éigeantach sna scoileanna agus bhí ráchairt ar nuachtán Gaeilge ann don phobal a fuair scileanna litearthachta sa Ghaeilge. Dar leis an gcéad eagarfhocal a tháinig amach sa chéad eagrán de *Ar Aghaidh* i mí Mhárta 1931, bhí rath ar an bpáipéar mar nuachtán áitiúil Gaeilge i measc lucht na Gaeilge i gConnacht agus go deimhin do lucht na Gaeilge i gConnacht.¹⁰⁵ Ag an am céanna, bhí *Ar Aghaidh* ag freastal ar Ghaeilgeoirí i gcoitinne ar fud na tíre. Dar leis an eagarfhocal, ba iad cuspóirí an pháipéir ábhar suimiúil léitheoireachta agus eolas a sholáthar agus a fhoilsiú bunaithe ar gach sórt ceist mar a bhí litríocht, éargna, cúrsaí geilleagair agus cúrsaí Gaelachais.¹⁰⁶ Thaispeáin *Ar Aghaidh* suim mhór i bpolaíocht agus in athbheochan na Gaeilge faoi scáth na polaitíochta náisiúnta. Mhaígh an chéad eagarfhocal an seasamh sin mar seo a leanas:

Agus ar bpóilitidheacht! Focal beannuighthe i nÉirinn! Tá póilitidheacht a baint linn. Níl meas mada againn ar aon fhear nach bhfuil póilitidheacht de dhath nó cineál eicint a baint leis. Póilitidheacht na hÉireinn, póilitidheacht an Ghaedhealachais an phóilitidheacht atá a baint linn.¹⁰⁷

ag Mairéad Máire Gearóidín Uí Nia. Feic, Mairéad Máire Gearóidín Uí Nia, "An tAthair Eric Mac Fhinn agus 'Ar Aghaidh'".

¹⁰³ Ibid., lch. 127.

¹⁰⁴ *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1931, lch. 4.

¹⁰⁵ *Ar Aghaidh*, Márta 1931, lch. 4.

¹⁰⁶ Ibid.

¹⁰⁷ Ibid.

D'fhógair siad freisin a seasamh polaitíochta a bhí neodrach ó thaobh na polaitíochta páirtí de. Ag an am céanna, dúirt siad go dtabharfadh siad tacaíocht do smaoinemh ar bith le haon dream nó páirtí polaitíochta dá mbeadh sé réasúnta, cneasta agus múinte:

Ní'l muid i gcuing na i gceangail le haon fhoireann ná páirtí oifigeamhail poilitidehachta. Támuid sásta le cuid de chlár nó caingean nó polasaí gach ceann de na foirneacha poilitidheachta. Molfa muid iad do réir mar feicthear dhúinn go bhfuil moladh tuillte, bhéarfa muid cómhairle dóibh nó cáinfe muid iad do réir mar bhéas dlichte. Béidh fáilte againn roimh dréachta poilitidheachta agus geilleagair ach go gceapfar iad go cneasta agus go múinte. Fuagraigheamuid láithreach nach bhfuil muid len ar ndúthracht a chaitheamh a sgiolladh lucht poilitidheachta, agus nach gceadócha muid "Ar Aghaidh" chuige ach oiread.¹⁰⁸

Ní raibh ainm an eagarthóra ar fáil san eagrán sin ná ar eagrán ar bith eile a foilsíodh idir Márta agus Iúil na bliana 1931, ach ó mhí Lúnasa ar aghaidh, luaití ainm Uí Bhuachalla mar eagarthóir. Chuile sheans gurbh é Liam Ó Buachalla a scríobh an abairt thuas freisin.

Thaispeáin *Ar Aghaidh* naimhdeas leis an mBéarla. Ar an gcéad leathanach den chéad eagrán, bhí dán a bhí cumtha ag 'A.b.' dar teideal 'Ó déanaimis feasta gan Béarla'. Thosaigh an chéad véarsa mar seo a leanas:

Ó déanaimís feasta gan Béarla,
Ná cleachtaimís béasa na nGall,
Ach labhramís teanga ár sinnsear,
An teanga 's binne sa Domhan.¹⁰⁹

¹⁰⁸ Ibid.

¹⁰⁹ Ibid., lch. 1.

Bhí an dearcadh sin ag teacht le dearcaí Uí Bhuachalla maidir le hathbheochan chultúr an Ghaeil agus an náisiúntacht Éireannach. Bliain ina dhiaidh sin, ag cruinniú faoi scáth Chonradh na Gaeilge i gCathair na Mart, d'áitigh sé gur ghá eilimint na nGall a dhíbirt amach as an tír agus traidisiún na nGael a chur chun cinn ag an am céanna: “Without respect for the language, traditions and games of the race there could be no true progress. It was high treason to this ancient nation to encourage foreign games and dances.”¹¹⁰ Ar an gceist áirithe seo, bhí comhdhearcadh aige le lucht stiúrtha Chonradh na Gaeilge chomh fada agus a bhain sé le ceist an chultúir Ghallda.

Bhí Ó Buachalla féin an-ghníomhach i gConradh na Gaeilge chomh maith. Bhí sé ina bhall de Chonradh na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe agus níos déanaí, ina uachtarán ar Chonradh na Gaeilge ar feadh téarma amháin idir 1940 agus 1941. Ó na blianta tosaigh, thuig an Conradh gá le forbairt shocheacnamaíoch agus athbheochan na Gaeilge a dhéanamh ag an am céanna agus rinne an Conradh iarracht na ceisteanna sin a ardú le chéile ag tráthanna éagsúla, ach go háirithe i rith na 1900idí nuair a bhunaigh sé ‘Coisde an tSaothair’.¹¹¹ Bhí Ó Buachalla den tuairim gur ghá do Chonradh na Gaeilge obair a dhéanamh ní hamháin don teanga, ach do gheilleagar agus do thionsclaíocht na tíre freisin. Ag an gcruinniú céanna i gCathair na Mart, d'áitigh Ó Buachalla an gá a bhí le tacaíocht do chainteoirí Gaeilge: “the League was not a linguistic movement only. If they were to have an Irish language they must have people to speak it”¹¹². Maidir leis sin, a dúirt sé, go raibh rath ar theagasc na heacnamaíochta sa Choláiste trí Ghaeilge

¹¹⁰ *Connacht Tribune*, 26/03/1932, lch. 21.

¹¹¹ Feic, John Walsh, *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*, (Bern: Peter Lang, 2011), lgh. 75-81.

¹¹² *Connacht Tribune*, 26/03/1932, lch. 21.

chun na daoine óga a spreagadh chun dul ag obair d' Éirinn Ghaelach.

Ó thaobh na polaitíochta páirtí de, bhí Liam Ó Buachalla féin ina bhall dílis d'Fhianna Fáil. Chuir sé fáilte mhór roimh rialtas Fhianna Fáil nuair a d'éirigh leo cumhacht a bhaint amach san olltoghchán i mí Feabhra 1932. Chuir sé a dhóchas sa rialtas nua in iúl agus cháin sé rialtas an tSaorstáit go dtí sin in eagarfhocal *Ar Aghaidh* i mí Aibreáin 1932:

Tá athrú riaghaltais sna sé conndaethe fiche le gairid agus ní féidir linn a rádh go bhfuil aithmhéal orainn dá bhárr.

Bhí an sean-riaghaltais i réim le ionann's deich mbliadhna, tréimhse státhach fada le slacht a chur ar cúrsaí eacnomuidheachta na tíre. Rinneadh roinnt ach ní dheacaidh an tír chun cinn an oiread agus ba chóir.¹¹³

Chuir sé in iúl go raibh an iomarca measa, dar leis, ag iar-rialtas an tSaorstáit ar Shasana agus ar mhúnlaí teagaisc agus gheilleagair na tíre sin go háirithe.¹¹⁴ Maidir leis an gceist sin, léirigh sé a dhóchas go gcuirfeadh Fianna Fáil neamhspleáchas na tíre i gcrích de réir fhealsúnacht an Phoblachtachais: "Tá súil againn gur dlúithe a chlaoidhfeas an mhuinntir nua le teagasg Sinn Féin."¹¹⁵

Léirigh Ó Buachalla an mhuinín a bhí aige as rialtas Fhianna Fáil arís díreach tar éis an chéad olltoghchán eile a bhí ann i mí Eanáir 1933 agus mhol sé Fianna Fáil go háirithe maidir lena bpolasaí eacnamaíochta in aghaidh Shasana.¹¹⁶ Idir an dá linn, in áit eile, leag sé béim ar thábhacht ghluaiseacht na Gaeilge féin mar seo a leanas:

¹¹³ *Ar Aghaidh*, Aibreán 1932, lch. 4.

¹¹⁴ *Ibid.*

¹¹⁵ *Ibid.*

¹¹⁶ Feic, *Ar Aghaidh*, Feabhra 1933, lch. 4.

Déanfa na cumainn poilitidheachta a gionn den obair seo ach siad na sean-Chumainn cosanta Conradh na Gaedhilge, Cumann na Lúith-Chleas nGaedhealach agus an Fáinne is mó agus is fearr a dhéanfas í. Sean-Ghárdáí an Náisiúin 'seadh na Cumainn seo. Rinne siad a gcuid go dílis agus go dúthrachtach san am atá caithte. Béidh muingín ag an tír orthú san am atá le teacht.¹¹⁷

Cheap Ó Buachalla gur thug an dara bua ag Fianna Fáil deis do ghluaiseacht na Gaeilge atheagar a chur air féin uair amháin eile. Bhí díomá air faoi choimhlint a bheith ann idir lucht athbheochan na Gaeilge agus bhí sé ag súil le go mbeadh comhoibriú eatarthu feasta:

Tá cuid mhaith daoine a d'éirigh as na Cumainn seo an Conradh agus an Fáinne, go h-áithrid, sna bliadhanta atá caithte. Is cuma anois cén fáth a bhí acu le h-eirithe astú, ach tá rud amháin cinnte, go mbéadh áthas ar Gaedhil fré céile, sa mbaile agus i gcéin, go mbéidís uilig páirteach i n-obair na sean-chúise arís. Is féidir dul ar aghaidh gan iad, cinnte, ach ba treise ar ngluaiseacht iad Eire shaor, Eire fíor-Gaedhealach uainn. Cuirimís le céile, seasuighimís guala le gualainn ath-uair faoi bhratach ar gCumann Náisiúnta.¹¹⁸

Cé gur thug *Ar aghaidh* ráiteas uaidh ar an gcéad eagrán go raibh polaitíocht ag baint leis, bhí an páipéar den tuairim go raibh obair chumann Gaeilge a raibh seasamh neodrach acu níos tábhachtaí ná obair an rialtais ó thaobh athbheochan na Gaeilge de. Dar leis an bpáipéar, b'eagraíocht mar sin í Conradh na Gaeilge. San eagarfhocal in eagrán an Mhárta 1934 – chuile sheans gur scríobh Liam Ó Buachalla é – mhol *Ar Aghaidh* gníomhartha an Chonartha mar seo a leanas:

Tá gádh agus géarghád fós le Conradh na Gaedhilge. Níl dream tábhachtach poilitíochta sa tír, dar ndóigh, nach mbíonn ag maoidheamh gur ar mhaithe leis an

¹¹⁷ *Ar Aghaidh*, Márta 1933, lch. 4.

¹¹⁸ *Ibid.*

nGaedhilge (seadh, agus leis an nGaeltacht) atá siad...Tá gádh le dream neamhspleáchach le cúis na Gaedhilge a phlé, agus níl aon dream ar fháil ach Conradh na Gaedhilge.¹¹⁹

Mheas Liam Ó Buachalla go raibh óige na tíre, mic léinn ollscoile go háirithe, an-tábhachtach chun náisiún Gaelach a atógáil. Spreag sé na mic léinn chun an obair a dhéanamh leo féin freisin. I mí Mheithimh na bliana 1932, ag céad Chomhdháil na Mac Léinn a tionóladh in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, léigh Ó Buachalla aitheasc dar teideal 'Dualgas atá ar mhic léinn na hÉireann don Náisiún'. Bhíodh ollscoileanna in Éirinn, a dúirt sé, bunaithe ar chultúr agus ar pholaitíocht Shasana agus faoin staid sin, sheachain na mic léinn a bheith ina mball de chumann a raibh sé beartaithe acu náisiúntacht Éireannach a chur chun cinn, .i. Conradh na Gaeilge agus Cumann Lúthchleas Gael.¹²⁰ Mhol sé do na mic léinn ceangal a láidriú idir na hollscoileanna agus saol an náisiúin.

Sa bhliain 1935, tionóladh an ceathrú Comhdháil na Mac Léinn i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Ba é todhchaí chultúir agus pholaitíochta na hÉireann téama Chomhdháil na bliana sin. Bhí timpeall trí chéad céimí agus mac léinn ó ollscoileanna agus ó choláistí na hÉireann i láthair. I measc na gcainteoirí, bhí Uachtarán na hArd-Chomhaire, Éamon de Valera ann. Thosaigh de Valera a óráid i nGaeilge agus mhínigh sé an fáth a raibh sé ag an gComhdháil sin. Dúirt sé go raibh sé ann chun a chuid suime san obair a bhí idir lámha ag lucht ollscoileanna a thaispeáint agus a thuiscint maidir leis na deacrachtaí a bhí ag an nglúin óg obair ar son an náisiúin a léiriú. Ansin, lean sé ar aghaidh i mBéarla. Dúirt sé gur thuig sé na deacrachtaí a bhí roimh ghlúin óg na linne maidir leis an nGaeilge a

¹¹⁹ *Ar Aghaidh*, Márta 1934, lch. 4.

¹²⁰ *Scéala Éireann*, 29/06/1932, lch. 4.

athbheochan nuair a bhí geilleagar na tíre ag cúlú: "...I have always felt that we cannot hope for a great deal under present conditions from university students as far as fundamental cultural subjects or a greater study of the Irish language is concerned."¹²¹

Mhol de Valera do na mic léinn go háirithe leanúint le hiarracht Uí Bhuachalla agus le hobair Chonradh na Gaeilge. Bhí meas ag de Valera ar Liam Ó Buachalla ó thaobh a chuid oibre d'athbheochan na Gaeilge agus d'iarr sé ar na mic léinn leanúint leis an obair sin: "...it is those who take it seriously we would like to capture for the great work that has been indicated by Mr. O'Buachalla."¹²² Maidir le Conradh na Gaeilge, mhol de Valera do na mic léinn iarracht nua bunaithe ar fhealsúnacht an Chonartha a thosú. Spreag sé na mic léinn mar seo: "The attacks of the opposing civilisation are growing greater every day. If we do not begin our counter-attack now it will be too late. You have the opportunity. The Gaelic League laid the foundation."¹²³

Ansín, leag sé béim ar thábhacht na Gaeilge don náisiúntacht Éireannach os comhair an lucht éisteachta acadúil:

Most of us have studied Irish. No matter how we talk about Irish culture, the only way to succeed is through the language...All that is wanted now is the will to persist. An effort like this requires good will power. There are a number who will give great sacrifices for a short time, but it is not the 100 yards dash man we want this time but the long distance runner, who can estimate distance from the start and who knows a second wind will come... but there does not seem to be a systematic plan, the result of which over a number of years could be said to achieve the result we want.¹²⁴

¹²¹ *Connacht Tribune*, 06/07/1935, lch. 22.

¹²² *Ibid.*

¹²³ *Ibid.*

¹²⁴ *Ibid.*

Mar fhreagra ar an gceist sin, d'áitigh de Valera gurbh í an Ghaeltacht an eochair do dhul chun cinn na Gaeilge: "The only thing I can think of is to concentrate on the Gaeltacht areas where the language is a living force and try to have the whole of these areas preserved."¹²⁵ Bhí cúiseanna maithe aige leis an áiteamh sin a dhéanamh ag an ócáid sin. Bhí de Valera díreach tar éis an scéim choilíneachta, a bhunaigh an Ghaeltacht i gContae na Mí, a chur i gcrích. Ina theannta sin, bhí sé ag iarraidh Liam Ó Buachalla a mholadh don aos óg mar dhuine d'eiseamláirí lucht na athbheochana mar gheall ar a cheangal le cúrsaí Gaeltachta, le Conradh na Gaeilge agus leis an bpolaitíocht náisiúnta agus le polaitíocht Fhianna Fáil go háirithe.

Bhí ceangal láidir ag Liam Ó Buachalla le ciorcal ghluaiseacht na Gaeilge agus le rialtas Fhianna Fáil. Chomh maith leis sin, bhí sé ina shaineolaí ar anailís shocheacnamaíoch i gcúrsaí Gaeltachta agus náisiúnta. Ba cheart a rá gurbh é Liam Ó Buachalla duine de na gníomhaithe Gaeilge ba shuntasáí ón tréimhse sin ar aghaidh go dtí tús na ndaichidí, .i. an chéad leath de ré de Valera.

Bhí cosúlacht mhór ann idir an 'teanga náisiúnta' a chuir de Valera chun cinn d'fhonn an náisiúntacht Éireannach a spreagadh agus an 'teanga náisiúnta' a shainmhínigh Earnán de Siúnta chun Conradh na Gaeilge a athbheochan: mheas siad araon gur cheart gurbh í an Ghaeilge teanga na bpobal uile in Éirinn agus gur chóir do phobal na hÉireann í a athbheochan i réimsí éagsúla dá saol. Bhí páirt thábhachtach ag an bpolaitíocht náisiúnta chun coincheap na 'teanga náisiúnta' a chur chun cinn. Thosaigh iarrachtaí nua ar chur chun cinn na Gaeilge sa tréimhse sin ar nós Coiste na bPáistí, An Comhchaidreamh agus nuachtán nua *Ar Aghaidh*. Bhí siad go léir bainteach leis an bpolaitíocht náisiúnta ar bhealaí éagsúla agus

¹²⁵ Ibid.

d'fhorbair na hiarrachtaí nua sin faoina tionchar. Sa tríú rannóg, déanfar tuilleadh plé ar chur chun cinn idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' i gcomhthéacs pholaitíocht náisiúnta na linne sin, i gcomhthéacs Bhunreacht na hÉireann agus Aimsir na hÉigeandála.

3-3 'Teanga Náisiúnta' agus Bunreacht Nua

Ar mhaithe leis an bhfís a bhí ag de Valera don tír a chur i gcrích, fíís a chuimsigh Éire aontaithe, Ghaelach agus Chríostaí, bhí sé beartaithe aige Bunreacht Shaorstáit Éireann a leasú. Sa bhliain 1934, tosaíodh ar scéim chun Bunreacht an tSaorstáit a athbhreithniú agus chun bunreacht nua, Bunreacht na hÉireann, a chur ina áit. Bunaíodh coiste chun mionscrúdú a dhéanamh ar Bhunreacht Shaorstát Éireann ar an dá bhonn seo: "Ascertaining which of its Articles should be regarded as fundamental in the sense that they safeguard democratic rights" agus "Submitting a recommendation as to how these Articles might be specially protected from change".¹²⁶

D'fhoilsigh an coiste tuairisc i mí Iúil 1934 agus chuir siad liosta i dtoll a chéile de na hairteagail bhunúsacha i mBunreacht an tSaorstáit ar ghá athbhreithniú a dhéanamh orthu. Bhí 21 airteagal ar an liosta sin agus is díol suntais é nach raibh Airteagal 4 de Bhunreacht an tSaorstát san áireamh, an t-airteagal ina bpléitear an 'teanga náisiúnta'. Mhol an coiste, áfach, breithniú speisialta a dhéanamh ar Airteagal 4. Mhínigh siad an fáth nár cuireadh Airteagal 4 i liosta na n-airteagal bunúsach:

¹²⁶ 'The Constitution Committee Report, 1934', luaite ag Keogh agus McCarthy, *The Making of the Irish Constitution 1937*, lch. 253.

While in our opinion this Article is not fundamental in the sense that it safeguards democratic rights, we recognise that from the National point of view it is important because of the status which it gives to the Irish language. We realise, however, that in course of time it may be found desirable to modify the recognition which it accords to English as an equally official language throughout the State, and for that reason we are of opinion that the Article should be left open to change by ordinary legislation.¹²⁷

Ghlac an coiste leis go raibh an Ghaeilge an-tábhachtach mar dhlúthchuid den náisiún, ach ag an am céanna, ghlac siad leis an bhfírinne nár úsáid formhór na ndaoine in Éirinn an Ghaeilge. Nuair a bhí an daonlathas i gceist, bhí an coiste den tuairim nach raibh an Ghaeilge sách láidir chun cearta daonlathacha na hÉireann a chosaint ó bhagairt ó thíortha eile. Dá réir sin ba ghá glacadh leis an bhfírinne go raibh an Béarla ina theanga phraiticiúil do phobal na hÉireann i gcoitinne. Ó thús go deireadh phróiseas dréachtaithe agus athdhréachtaithe an Bhunreachta, níor cuireadh aon athrú i bhfeidhm ar stádas na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’.

Bhí de Valera féin den tuairim go raibh an Béarla níos tábhachtaí ná an Ghaeilge nuair a bhí úsáid phraiticiúil na teanga i sochaí na hÉireann i gceist. Maidir le stádas bunreachtúil na Gaeilge, cé gur tugadh stádas na ‘teanga náisiúnta’ don Ghaeilge i mBunreacht Shaorstát Éireann, bhí sé soiléir ón tús nár glacadh leis an nGaeilge mar theanga an ghradaim i sochaí na hÉireann. Cé go raibh Gaeilge ag roinnt de na baill a scríobh dréacht an Bhunreachta nua, ní raibh cumas sa Ghaeilge riachtanach chun an obair sin a dhéanamh.¹²⁸ Chomh maith

¹²⁷ ‘The Constitution Committee Report, 1934’, Appendix C, page 1. Luaite ag *ibid.*, lch. 292.

¹²⁸ Bronagh Mairéad Allison, “State Policy and the Revival of the Irish Language 1922-1948”, (Tráchtas Ph.D., Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, 1999), lch. 193.

leis sin, rinneadh formhór na ndíospóireachtaí i mBéarla toisc nach raibh cumas sa Ghaeilge ag gach ball a scríobh dréacht an Bhunreachta.¹²⁹ Dá bharr sin, níor chosúil gur cheap de Valera ná an coiste go raibh an Ghaeilge ina meán cuí inarbh fhéidir an bunleagan den Bhunrecht a scríobh.

Mar sin féin, ba mhian le de Valera an leagan Gaeilge a bheith mar bhunleagan agus chuir sé béim ar an leagan sin.¹³⁰ Cuireadh tús le scríobh dréacht an Bhunreachta i mBéarla ar dtús agus ina dhiaidh sin tosaíodh ag obair ar an dréacht den leagan Gaeilge. Bhí an leagan Gaeilge bunaithe ar an dréacht Béarla neamhchríochnaithe ar dtús agus mar a d'áitigh Micheál Ó Cearúil, “the Irish text...was prepared as the Constitution was being drafted, as against the usual translation process which commences with a definitive text.”¹³¹ Chun leagan Gaeilge den Bhunrecht a fhorbairt, rinneadh comhoibriú idir an rialtas, an státseirbhís agus lucht acadúil. I ndeireadh na bliana 1936, bunaíodh coiste chun tús a chur leis an obair ar an aistriúchán Gaeilge faoi Roinn an Uachtaráin. I ndeireadh Fómhair na bliana sin, chuir Mícheál Ó Gríobhtha ón nGúm, rannóg fhoilseacháin na Roinne Oideachais, tús leis an obair sin agus i Samhain na bliana sin, ainmníodh Risteard Ó Foghludha, duine a raibh baint mhór aige le Conradh na Gaeilge, mar eagarthóir ar an aistriúchán Gaeilge agus é le bheith ag obair i gcomhar le hÓ Gríobhtha.¹³² Ansin, tháinig cúpla duine eile isteach sa choiste mar a bhí, Liam Ó Rinn agus Tomás Page ó Rannóg an Aistriúcháin inDáil

¹²⁹ Ibid., lch. 210.

¹³⁰ Feic, Micheál Ó Cearúil, *Bunrecht na hÉireann: Two Texts or Two Constitutions?*, (Baile Átha Cliath: Institiúid na hÉireann, 2002), lch. 25.

¹³¹ Ibid., lch. 33.

¹³² Micheál Ó Cearúil, *Bunrecht na hÉireann: A study of the Irish text*, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1999), lch. 3. Feic freisin, Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a hAon*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1986), lch. 73.

Éireann i dtús mhí Aibreáin 1937.¹³³ Gan mhoill, fiafraíodh d'ionadaithe ón saol acadúil a saineolas a roinnt leis na daoine a bhí ag obair ar an aistriúchán. Ina measc sin bhí Tomás Ó Máille as Coláiste na hOllscoile, Gaillimh agus Tomás Ó Rathaille as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.¹³⁴

Nuair a bunaíodh comhairle nua eile i mí na Bealtaine 1937 chun litriú na Gaeilge a athbhreithniú agus a shimpliú, bhí formhór de bhaill an choiste bainteach leis an saol acadúil agus ina measc bhí, Eoin Mac Néill, Pádraig Ó Siochfhradha agus Peadar Mac Fhionnlaoich ann.¹³⁵ Bhí Peadar Mac Fhionnlaoich ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge ag an am sin. Bhí litriú na Gaeilge ina ábhar conspóideach don Chonradh fós agus bhí tuairim ag an gConradh go ndéanfaí díobháil don teanga dá gcuirfí an iomarca athruithe i bhfeidhm ar litriú na Gaeilge.

Cuireadh dréacht deiridh de Bhunreacht na hÉireann i láthair an phobail ar an gcéad lá de Bhealtaine 1937. In Airteagal 4 de Bhunreacht an tSaorstáit, bhí trí phointe mar seo a leanas in alt amháin: Gaeilge mar an teanga náisiúnta; Béarla mar theanga oifigiúil; úsáid na teanga oifigiúla maidir le forálacha speisialta do cheantair nó limistéir ar leith. Ó thaobh Bhunreacht na hÉireann de, roinneadh an t-airteagal ina bpléitear an teanga ina thrí alt mar seo a leanas: alt a haon ar stádas na Gaeilge; alt a dó ar stádas an Bhéarla; alt a trí ar fhoráil speisialta ar úsáid an dá theanga i limistéar áirithe. Seo leanas Airteagal 8, an t-airteagal ina bpléitear an teanga i ndrúacht deiridh de Bhunreacht na hÉireann, sa leagan Béarla agus sa leagan Gaeilge:

¹³³ Allison, "State Policy and the Revival of the Irish Language 1922-1948", lch. 199.

¹³⁴ Ibid., lch. 200.

¹³⁵ Ibid., lgh. 208-9.

Article 8

1. The Irish language as the national language is the first official language.
2. The English language is recognised as a second official language.
3. Provision may, however, be made by law for the exclusive use of either of the said language for any one or more official purposes, either throughout the State or in any part thereof.¹³⁶

Airteagal 8

1. Ó is í an Ghaedhilg an teanga náisiúnta is í an phríomh-theanga oifigeamhail í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theangain oifigeamhail eile.
3. Acht féadfar socrughadh do dhéanamh le dligheadh d'fhonn ceachtar den dá theangain sin a bheith ina haon-teangain le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigeamhla ar fuaid an Stáit ar fad nó in aon chuid de.¹³⁷

Foilsíodh dréacht iomlán den Bhunreacht ar thrí phríomhnuachtán sa tír, *The Irish Times*, an *Irish Independent* agus *Scéala Éireann* ar an lá céanna, ach bhí difríocht shuntasach le feiceáil maidir leis an gcaoi a ndearnadh poiblíocht ar an gceist. Níor fhoilsigh *The Irish Times* agus an *Irish Independent* ach leagan Béarla den dréacht. Murab ionann agus an dá pháipéar sin, thug *Scéala Éireann* tús áite don leagan Gaeilge. D'fhoilsigh *Scéala Éireann* an leagan Gaeilge ar dtús agus an leagan Béarla ina dhiaidh sin le nóta "Translation" air.¹³⁸ Leag páipéar nuachta de Valera béim ar an leagan Gaeilge mar leagan bunaidh den Bhunreacht mar ba mhian le de Valera.¹³⁹ D'fhoilsigh *Scéala Éireann* an leagan Gaeilge sa chló Gaelach ar fad, an cló ar a thug baill áirithe den Chonradh "cló náisiúnta".¹⁴⁰

Tar éis dréacht iomlán den Bhunreacht a theacht amach go poiblí, rinneadh díospóireachtaí éagsúla maidir leis sa Dáil. Maidir le hAirteagal 8, bhí

¹³⁶ *Scéala Éireann*, 01/05/1937, lch. 12.

¹³⁷ *Ibid.*, lch. 9.

¹³⁸ Feic, *Scéala Éireann*, 01/05/1937, lch. 12.

¹³⁹ Feic, Ó Cearúil, *Bunreacht na hÉireann: Two Texts or Two Constitutions?*, lch. 25.

¹⁴⁰ Feic, Caibidil 2.

díospóireacht teasaí ann sa Dáil ar an 25 Bealtaine. Ba é stádas na ‘teanga náisiúnta’ sa chéad alt an t-ábhar conspóide sa díospóireacht. Ba é Frank MacDermot a thosaigh an díospóireacht. Bhí sé ina Theachta Dála de chuid Fhine Ghael, páirtí polaitíocht nua a bunaíodh sa bhliain 1933 le Cumann na nGaedheal, an Lár-Pháirtí Náisiúnta agus na Léinte Gorma ag teacht le chéile.¹⁴¹ Mhol Frank MacDermot go ndéanfaí leasú ar Alt 1 agus 2 d’Airteagal 8 mar seo a leanas: “The Irish and English languages are recognised equally as national and official languages.” Mar, a d’áitigh sé, “to call the Irish language the sole national language is to fly in the face of facts. Why not let us be honest?”¹⁴² D’áitigh MacDermot go ndearna stádas na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ dochar mór do thodhchaí na hÉireann. Lean sé ar aghaidh:

To put it no higher, there is at least as much of Irish culture, history and tradition embodied in the English language as there is in the Irish language. A far larger number of the inhabitants of Eire or Ireland is able to speak in the English language than in the Irish language, and this artificial and mischievous Gaelicisation does not do a single thing to advance the prestige or the culture of our country, but serves as an extra and unnecessary barrier between ourselves and the Northern Unionists.¹⁴³

Mar fhreagra ar an áiteamh thuas, thug de Valera a shainmhíniú féin ar a raibh i gceist, dar leis, leis an ‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs an Bhunreachtá:

I do not know that I need speak about the question of what is intended by the “national language”. It is the language that is most associated with this nation; the language that is in accordance with the traditions of our people. We are a separate people, and our language was spoken until little over 100 years ago generally by

¹⁴¹ Deirdre McMahon, *Republicans and Imperialists: Anglo-Irish Relations in the 1930s*, (New Haven: Yale University Press, 1984), lch. 124.

¹⁴² Díospóireachtaí Dála, lml. 67, Uimh. 8, col. 986, 25/05/1937.

¹⁴³ *Ibid.*, col. 987.

our people. The English language was the language of those who came as invaders. Therefore, I think there is no question at all about the meaning of “national”. It must be obvious that the Irish language is the national language, and we have Irish as the first official language.¹⁴⁴

D’áitigh sé, óna dhearcadh staire féin, gur theanga an náisiúin í an Ghaeilge amháin. Mar a dúirt sé le linn a chéad toghcháin, an fothoghchán i gContae an Chláir díreach fiche bliain roimhe sin,¹⁴⁵ d’áitigh sé arís gur ghá do mhuintir na hÉireann Béarla a úsáid ach gur cheart a mheas gur réiteach sealadach é an gá sin. Dúirt de Valera:

I think it would be a misuse of terms to put in anything else. Irish is the national language, and consequently, we put it in the first place as one of the two official languages. Unfortunately, at the moment we have to use English as the second official language. I do not think we could meet the facts of the situation better than that. The fact is that we have to settle our differences by voting when it is controverted that Irish is the national language. I have no doubt that the majority of the House will support that view.¹⁴⁶

Bhí formhór na dTeachtaí i bhfabhar an dréacht d’Airteagal 8 a fhágáil mar a bhí, agus stádas na ‘teanga náisiúnta’ a thabhairt don Ghaeilge amháin. Dúirt MacDermot: “I do not desire, unless other Deputies wish, to press the matter to a division, but I wish to be put on record as opposing the section as it stands.”¹⁴⁷ Léirigh sé sin go raibh comhaontú áirithe ann i measc na dTeachtaí Dála gurbh í an Ghaeilge ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann agus cé nár aontaigh MacDermot féin leis, níor mhian leis an chomhthuisint sin a cheistiú a thuilleadh. Caitheadh vóta

¹⁴⁴ Ibid.

¹⁴⁵ Feic, Caibidil 2.

¹⁴⁶ Díospóireachtaí Dála, Iml. 67, Uimh. 8, col. 988, 25/05/1937

¹⁴⁷ Ibid., col. 989.

maidir le leasú MacDermot ina dhiaidh sin agus diúltaíodh dó.¹⁴⁸

Glacadh leis an nGaeilge mar 'theanga náisiúnta' i mBunreacht an tSaorstáit in 1922. Mar thoradh ar an stádas bunreachtúil sin, measadh ó 1922 i leith nárbh fhéidir an stádas sin a cheistiú. D'áitigh J. M. Kelly gurbh annamh a ceistíodh an stádas sin os comhair na cúirte agus nach raibh ach cás amháin faoi Bhunreacht Shaorstát Éireann, *Ó Foghludha v McClean* [1934] IR 469, an cás idir iontaobhaithe de Chonradh na Gaeilge agus a dtionónta sa Chúirt Uachtarach.¹⁴⁹ Sa chás sin, thug breitheamh tuiscint na cúirteanna ar an 'teanga náisiúnta' mar seo a leanas:

The declaration by the Constitution that the national language of the Saorstát is the Irish language does not mean that the Irish language is, or was at that historical moment, universally spoken by the people of the Saorstát, which would be untrue in fact, but it did mean that it is the historic distinctive speech of the Irish people, that it is to rank as such in the nation, and, by implication, that the State is bound to do everything within its sphere of action (as for instance in State-provided education) to establish and maintain it in its status as the national language and to recognise it for all official purposes as the national language...None of the organs of the State, legislative, executive or judicial, may derogate from the pre-eminent status of the Irish language as the national language of the State without offending against the constitutional provisions of Article 4. If the rule of court in question so offends then it is in my opinion unconstitutional and invalid.¹⁵⁰

Mar sin, ghlac an breitheamh leis go raibh dualgas mór ar an stát an Ghaeilge a chosaint mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann cé nárbh í an Ghaeilge gnáth-theanga na tíre ag an am.

¹⁴⁸ Ibid., col. 990.

¹⁴⁹ J. M. Kelly, Gerard Hogan agus Gerry Whyte, *J. M. Kelly: The Irish Constitution, 4th Edition*, (Baile Átha Cliath: Tottel Publishing Ltd., 2003), lch. 151. Seo a leanas na gearánaithe: Micheál Ó Foghludha, Máire Ní Raghallaigh, Micheál Ó Loingsigh agus Nóra Aghas.

¹⁵⁰ Ibid., lgh. 152-153.

Bhí Airteagal 8 den dréacht Bhunreacht ina ábhar conspóide ag Conradh na Gaeilge freisin. Níorbh é stádas na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ a bhí ag dó na geirbe ag an gConradh ach stádas ‘oifigiúil’ na Gaeilge agus an Béarla. Tháinig moltaí áirithe maidir leis an ábhar sin ó Chraobh na Gaillimhe ar dtús agus glacadh leis na moltaí sin ag an mBuan-Choiste i mBaile Átha Cliath. Ar an gcéad lá de Mheitheamh 1937, sheol Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Séamus Mac Conglinne, litir chuig de Valera. Sa litir sin, mhol an Conradh an focal “príomh” a bhaint amach as Alt 1 d’Airteagal 8. Mhínigh siad an fáth mar seo: “feictear dhúinn nach ceart go mbeadh oifigeamhlacht i gceist ach le h-aghaidh aon teangadh amháin, teanga an Náisiúin.”¹⁵¹ Maidir le hAlt 2 agus le hAlt 3 d’Airteagal 8 ina sainítear stádas an Bhéarla, mhol an Conradh iad a fhágáil ar lár ar fad, toisc, dar leo, “tiubharfar breis nirt agus ughdaráis do’n Béarla.”¹⁵² D’áitigh an Conradh gurbh í cumhacht an Bhéala i gcúrsaí poiblí an t-aon chonstaic amháin a bhí i gcoinne an Ghaeilge a athbheochan ar fud na tíre mar ghnáth-theanga an phobail.¹⁵³

Tháinig moltaí eile ó lucht na Gaeilge ar Theachtaí Dála agus ar bhaill de ghluaiseachtaí eile Gaeilge iad. Maidir le hAlt 1 d’Airteagal 8, mhol an Teachta Dála Donnchadh Ó Briain, a bhí ina Ard-Rúnaí ar Chonradh na Gaeilge idir 1929 agus 1933, an leasú cosúil le moltaí Chonradh na Gaeilge. Maidir le hAlt 2 ar stádas oifigiúil a bheith ag an mBéarla, ghlac Ó Briain leis an mBéarla mar theanga eile de chuid an stáit, ach mhol sé an focal ‘oifigiúil’ a bhaint amach mar seo a leanas: “Glactar, an fhad is gádh, leis an Sacs-Bhéarla mar theangain

¹⁵¹ An Connradh agus an Bunreacht, i TAOIS/S9796 ‘Constitution 1937: Proposals relating to Position of Irish’, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

¹⁵² Ibid.

¹⁵³ Ibid.

eile.”¹⁵⁴ I lár na Bealtaine, sheol Cumann Gaedhealach na hÉireann, cumann a bunaíodh i dtús na bliana 1936¹⁵⁵, sraith moltaí chuig de Valera freisin. Maidir le hAlt 2 d’Airteagal 8, mhol an Cumann an coinníoll seo a chur ag deireadh an ailt: “go dtí go mbeidh an Ghaedhilg fá réim i nÉirinn athuair.” Mhínigh siad an fáth mar seo: “go gcaithfear glacadh leis an Sacs-Bhéarla mar theangain oifigeamhail eile fá láthair ach go mba chóir teora ama do chur leis an nglacadh san.”¹⁵⁶ D’áitigh siad gur cheart staid na Gaeilge in Éirinn a chur droim ar ais i dtreo is go mbeidh sí i réim in am trátha, ach go dtí sin, gur cheart an Béarla a úsáid go forleathan i sochaí na hÉireann. Réiteach ba ea é seo ar tháinig de Valera leis freisin.

Reáchtáladh reifreann ar Bhunreacht na hÉireann ar an gcéad lá den mí Iúil 1937 agus ar an lá céanna, bhí an chéad olltoghchán eile ann freisin. Glacadh le Bunreacht na hÉireann ag an reifreann sin agus dá réir sin glacadh le hAirteagal 8 mar a bhí sé sa dréacht deiridh. Cé gur chaill Fianna Fáil ocht suíochán, coinníodh stádas an pháirtí ba mhó sa Dáil. Achtaíodh Bunreacht na hÉireann ar an 29 Nollaig 1937 agus tháinig sé i ngníomh ar an gcéad lá d’Eanáir 1938. Shainigh an Bunreacht nua oileán na hÉireann go hiomlán mar chríoch na hÉireann. Dhaingnigh sé stádas na Gaeilge mar an t-aon teanga náisiúnta sa tír, an teanga do chríoch na hÉireann go hiomlán.

De Valera agus an Ghaeilge: An Dara Leath de na 1930idí

Bhí tionchar mór ag staid na polaitíochta idirnáisiúnta ar chúrsaí Gaeilge ó na 1930idí ar aghaidh. Roimhe sin, nuair a bhíodas ag plé leis an nGaeilge i

¹⁵⁴ Fógra Leas-Rúin, i TAOIS/S9796 ‘Constitution 1937: Proposals relating to Position of Irish’.

¹⁵⁵ Feic, *Scéala Éireann*, 16/07/1936, lch. 4. Déanfar tuilleadh plé ar Chumann Gaedhealach na hÉireann i gCaibidil a Ceathair.

¹⁵⁶ Litir ó Chumann Gaedhealach na hÉireann chuig de Valera, i TAOIS/S9796 ‘Constitution 1937: Proposals relating to Position of Irish’.

gcomhthéacs na ngnóthaí eachtracha, bhíodh sé i gcónaí i gcomhthéacs na gaolmhaireachta idir Éire agus Sasana. Sna 1930idí agus sna 1940idí, cuireadh an Ghaeilge i gcomhthéacs níos leithne, i gcomhthéacs na hEorpa agus i gcomhthéacs domhanda.

Ó Mheán Fómhair 1932 ar aghaidh, d'fhreastail de Valera ar Chonradh na Náisiún sa Ghinéiv. Bhí sé ina Uachtarán ar chomhairle an Chonartha agus ag Tionól Chonradh na Náisiún in 1938, toghadh é mar an 19ú Uachtarán air.¹⁵⁷ Thosaigh Cogadh Cathartha na Spáinne i mí Iúil 1936 agus bhí staid na hEorpa corrach faoin am sin. Mí roimhe sin, ar an 19 Meitheamh, mhol de Valera sa Dáil polasaí neodrach na hÉireann: “if we were a neutral State, and if we were attacked, other States would have an interest in seeing that the attack was not successful. My thoughts were not confined to Great Britain alone.”¹⁵⁸ Chun neodracht na hÉireann a chosaint, bhí sé tábhachtach Éire mar thír ar leith le náisiúntacht ar leith a thaispeáint don phobal idirnáisiúnta.

Ag an am céanna, d'áitigh de Valera go raibh neamhspleáchas intinne phobal na hÉireann níos tábhachtaí ná neamhspleáchas fisiciúil na tíre. Cheap sé gurbh é an t-aon bhealach chun stádas na tíre i measc na bpobal idirnáisiúnta a choinneáil ná, ‘náisiún sainiúil’ a chur chun cinn. Ag Ard-Fheis Fhianna Fáil, ar an 12 Deireadh Fómhair 1937, dúirt de Valera gurbh í an Ghaeilge an bealach ab fhearr chun traidisiún na hÉireann a chothú agus chomh maith leis sin, an chosaint ab fhearr in aghaidh teannas idirnáisiúnta.¹⁵⁹ D’úsáid sé na focail “distinctive nation” cúpla uair san óráid sin, rud a chiallaigh, dar le de Valera,

¹⁵⁷ The Earl of Longford agus Tomas O'Neill, *Eamon De Valera*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1970), lgh. 335-338.

¹⁵⁸ Díospóireachtaí Dála, lml. 62, Uimh. 19, col. 2798, 19/06/1936.

¹⁵⁹ ‘No Going Back’, i Maurice Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Eamon De Valera: 1917-1973*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1980), lch. 342.

gurbh ionann Éire agus náisiún neamhspleách a raibh teanga shainiúil agus oidhreacht ar leith aici:

We must get the people to realise what the restoration of the language means for our nationality. The only way to hold our nation, and the only way the position I spoke of at Geneva will be effective before the world, is by securing our language as the language of the Irish people.¹⁶⁰

Dar le de Valera, bhí sé riachtanach an teanga a chosaint chun muintir na hÉireann a chosaint in aghaidh na dtrioblóidí idirnáisiúnta.

Sa tréimhse sin, ba mhinic a luaigh de Valera Tomás Dáibhis agus a chuid smaointe ar an teanga agus ar an náisiún. Ag an Ard-Fheis chéanna, dúirt de Valera: “Davis said the language was a more secure protection than fortress or river.”¹⁶¹ Tháinig tuairim de Valera as abairt cháiliúil le Tomás Dáibhis a tugadh in 1843 mar a chonacthas i gCaibidil a hAon.¹⁶² D’úsáid de Valera an abairt i gcomhthéacs na linne sin ina raibh teorainn na hÉireann faoi bhagairt. Ag leanúint fhealsúnacht an Dáibhisigh, d’áitigh de Valera go raibh an teanga níos tábhachtaí ná an limistéar geografach chun an náisiúntacht Éireannach a chosaint.

Feictear tionchar an Dáibhisigh ar de Valera arís agus an t-ionannú idir an náisiúntacht Éireannach agus an Ghaeilge faoi thrácht. Dar leis an Dáibhiseach, ba é coincheap an náisiúin shainiúil an réiteach ba thábhachtaí chun neamhspleáchas náisiún na hÉireann a bhaint amach. Chun an neamhspleáchas a chur i gcrích, bhí sé riachtanach ‘náisiúntacht Éireannach’ a bhí an-difriúil ó

¹⁶⁰ Ibid.

¹⁶¹ Ibid., lch. 342.

¹⁶² “A people without a language of its own is only half a nation. A nation should guard its language more than its territories – ’tis a surer barrier, and more important frontier, than fortress or river.” *The Nation*, 30/12/1843, lch. 186.

'náisiúntacht Shasana' a thaispeáint agus a chruthú dá mba ghá. Bhí Tomás Dáibhis ag iarraidh 'féiniúlacht Éireannach' a bhí cuimsitheach agus ilchineálach a chruthú, féiniúlacht a chuimseodh Caitlicigh, Protastúnaigh, Gael-Éireannaigh agus Angla-Éireannaigh a bhí dílis d'Éirinn. Bhí Éire dhifriúil ar intinn ag de Valera – Éire Chaitliceach agus Éire Ghaelach, áfach.

Áitíodh i gCaibidil a hAon gur chruthaigh Pádraic Mac Piarais nóisean ar leith de choincheap na 'náisiúntachta Éireannaí' nuair a thug sé an óráid cháiliúil úd ag sochraid Dhiarmaid Uí Dhonnabháin Rosa in 1915. Ag an ócáid sin, shainigh an Piarasach an cuspóir a bhí leis an náisiún Éireannach, dar leis, nuair a dhearbhaigh sé gurbh í a mhian Éire ní hamháin saor ach 'Gaelach' agus ní hamháin 'Gaelach' ach saor a bhaint amach. As sin amach, ba é ba chuspóir le ceannairí na réabhlóide in Éirinn ná Éire shaor agus Éire Ghaelach a bhaint amach. Ba é sin le rá go mbeadh Éire ina tír neamhspleách ina mbeadh an pobal ag labhairt na Gaeilge. Níor éirigh leis an dá chuspóir sin in éineacht nuair a bunaíodh an Chéad Dáil ná nuair a bunaíodh Saorstát Éireann.

I mBunreacht na hÉireann, fógraíodh 'Éire' mar ainm an stáit, ainm do chríocha na hÉireann go léir. Bliain ina dhiaidh sin, thug de Valera óráid ar an raidió agus bhreathnaigh sé siar ar an mbliain roimhe sin mar bhliain stairiúil. Tugadh tús agus lár na hóráide i mBéarla agus tugadh an chonclúid i nGaeilge. Sular thug sé an chonclúid i nGaeilge, mheabhraigh sé in athuir don lucht éisteachta an tábhacht a bhain le hathbheochan na Gaeilge:

...we cannot fulfil our destiny as a nation unless we are an Irish nation – and we can only be truly that if we are an Irish-speaking nation. The restoration of our language

is for us vital, and that too must be the work of our generation.¹⁶³

Léirigh de Valera gurbh ionann an náisiún Éireannach agus náisiún inar labhrófaí an Ghaeilge, mar a dúirt sé le lucht Fhianna Fáil ag Ard Fheis na bliana 1937: “There is no use talking of Irish nationality if you talk of it in terms of the English language.”¹⁶⁴ D’áitigh de Valera gurbh í athbheochan na Gaeilge an t-aon leigheas chun pobal díshealbhaithe na hÉireann a shlánú. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, d’fhoilsigh *The Catholic Bulletin* ráiteas de Valera maidir leis an bpointe sin:

Bringing back the language is a national necessity; if we do not do it in our generation it can never be done, and that is why it is so imperative for us to attend to that problem...If we want to undo the conquest completely then we must speak our own language.¹⁶⁵

Dúirt de Valera gur ghá do chainteoirí Béarla in Éirinn, .i. an chuid is mó de phobal na hÉireann, an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, mar: “All the sacrifices that have been made for 700 years in trying to undo the conquest will not be in vain.”¹⁶⁶

Taobh istigh dá pháirtí féin, ag Ard-Fheis Fhianna Fáil in 1937, chuir sé i gcuimhne do lucht Fhianna Fáil gurbh é an dara aidhm de chuid Fhianna Fáil ná an Ghaeilge a athbheochan mar theanga labhartha chomh maith le cultúr sainsiúil na hÉireann a chur chun cinn.¹⁶⁷ Bhí fiche bliain ann ó sheas sé san fhothoghchán mar iarrthóir do Shinn Féin i gContae an Chláir Thoir nuair a gheall sé go

¹⁶³ ‘The constitution of Ireland’, i Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Eamon De Valera*, lch. 365.

¹⁶⁴ ‘No Going Back’, i *ibid.*, lch. 343.

¹⁶⁵ *The Catholic Bulletin*, lml. XXIX, Iúil 1939, lch. 428.

¹⁶⁶ *Ibid.*

¹⁶⁷ ‘No going back’, i Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Eamon De Valera*, lch. 342.

dtiocfadh lá go n-úsáidfí an Ghaeilge i gcúrsaí polaitíochta na hÉireann.¹⁶⁸ Bhí athrú tagtha ar staid na polaitíochta faoin am sin: bhí de Valera i gceannas ar an tír agus achtaíodh Bunreacht na hÉireann ag deireadh na bliana 1937. Bhí obair bhunúsach déanta aige chun a chuid gealltanais a chur chun cinn. Ní dhearnadh aon trácht sa Bhunreacht ar fhreagracht a bheith ar an bpobal as athbheochan na Gaeilge a bhaint amach. Os a choinne sin, d'fhógair de Valera ina óráid Ard-Fheise dualgas agus freagracht a bheith ar an bpobal as athbheochan na Gaeilge agus gur tionscnamh a bheadh ann do bhaill Fhianna Fáil freisin. Dúirt sé nach mbeadh Fianna Fáil in ann céad aidhm an pháirtí a bhaint amach, neamhspleáchas agus poblacht a bhuanú in Éirinn, mura mbeadh an dara aidhm, athbheochan na Gaeilge mar theanga labhartha, bainte amach freisin.¹⁶⁹

Sa leagan 1938 de *Córu*, arbh é bunreacht an pháirtí é, d'fhoilsigh Fianna Fáil rialacha maidir le cumas úsáide na Gaeilge a bhí dírithe ar lucht feidhmiúcháin an pháirtí sin: "At least one of the [two] Honorary Secretaries shall be a speaker of the Irish language."¹⁷⁰ De réir *Córu*, bhí na rialacha céanna ar iarrthoirí an pháirtí freisin:

Conventions, in selecting Candidates, and the National Executive in deciding ratifications, will be expected to give preference to Irish-speaking nominees, provided they are otherwise properly qualified. This shall be especially so in dealing with Gaeltacht constituencies, and it shall be the duty of the Presiding Officer at any Convention for the selection of Candidates to explain and emphasise this policy to the Convention before selection.¹⁷¹

¹⁶⁸ Feic, Caibidil 2.

¹⁶⁹ Ibid.

¹⁷⁰ Fianna Fáil, *Córu: Constitution 1938*, (Baile Átha Cliath: Fianna Fáil, 1938) Ich. 16.

¹⁷¹ Ibid., Ich. 11.

Sa tréimhse sin, chothaigh de Valera ceangal idir Éireannaigh agus an Ghaeilge mar an 'teanga náisiúnta' go gníomhach. De réir *Córú*, ba iad an chéad agus an dara aidhm de chuid Fhianna Fáil:

1. Poblacht d'Éirinn uile.
2. An Ghaedhilg a chur d'á labhairt mar theanga náisiúnta agus cultúr Gaedhealach a chur chun cinn.¹⁷²

Bhí an dá aidhm seo ag teacht leis an gcéad dhá aidhm a bhí luaite i bpreasráiteas Fhianna Fáil in 1926 a leagadh amach i gCaibidil a Dó.¹⁷³ Níor athraigh de Valera an dá aidhm polaitíochta sin i rith a shaoil pholaitíochta. Idir an dá aidhm, bhí de Valera den tuairim gurbh í athbheochan na Gaeilge an t-ábhar ba phráinní. Bhí a thuairim bunaithe ar a chreideamh go raibh neamhspleáchas intinne de chuid phobal na hÉireann níos tábhachtaí ná neamhspleáchas fisiciúil na tíre agus chomh maith leis sin, go raibh forás intinne na nÉireannach chun Éire Ghaelach a bhaint amach níos tábhachtaí ná forbairt fhisiciúil na tíre.

Bhíodh an aidhm sin an-chonspóideach nuair a bhí tuaisceart na tíre i gceist toisc nár ghlac formhór an phobail le coincheap na hÉireann aontaithe ná na hÉireann Gaelaí. B'ábhar conspóide í an tuairim sin ní hamháin i gcomhthéacs thuaisceart na hÉireann ach i gcomhthéacs na hÉireann uile. Ba mhinic gur cháin an freasúra a thuairim go géar agus ina measc sin bhí Frank MacDermot. Bhí MacDermot ina iar-cheannaire ar an Lár-Pháirtí Náisiúnta agus bhí sé ina chéad leasuachtarán ar Fhine Gael freisin. Ina theannta sin, ba dhuine de na

¹⁷² Ibid., lch. 1.

¹⁷³ Ba iad an chéad agus an dara aidhm a bhí ag Fianna Fáil in 1926 ná: (1) Securing the political independence of a united Ireland as a republic; (2) The restoration of the Irish language and the development of a native Irish culture. 'Aims of Fianna Fáil, Press statement, 17 April 1926' i Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Eamon De Valera*, lch. 131.

dianchriticeoirí seasmhacha é a bhíodh ag cur in aghaidh pholasáí de Valera. Ar an gcaoi chéanna ar ardaigh sé ceist maidir leis an ‘teanga náisiúnta’ in Airteagal 8 den Bhunreacht, d’ardaigh sé chomh maith céanna ceist faoi chur chun cinn Éire Ghaelach agus Chaitliceach toisc go raibh sé den tuairim gur dhaingnigh an coincheap sin an chríochdheighilt. D’áitigh MacDermot go raibh sé tábhachtach traidisiún na Breataine a aithint sa Bhunreacht i dtreo is go gcosnófaí féiniúlacht an choda sin den phobal a raibh bá acu leis an traidisiún sin i gcónaí. Ag díospóireacht Dála ar Bhunreacht na hÉireann, thug MacDermot rabhadh do de Valera: “Until we are willing to do this we are partitionists at heart, no matter how loudly we shout about unity.”¹⁷⁴

Cé nár aontaigh de Valera leis, d’éist de Valera le MacDermot agus cheadaigh sé dó a thuairim a nochtadh. Nuair a chuir de Valera deireadh le Seanad Shaorstát Éireann in 1936, bhí MacDermot in aghaidh an chinnidh sin. Nuair a bunaíodh Seanad Éireann nua in 1938, d’ainmnigh De Valera MacDermot mar Sheanadóir.¹⁷⁵ Mar sin féin, bhíodh MacDermot cáinteach i leith chur chuige Fhianna Fáil maidir leis an tuaisceart fós. Ag Díospóireachtaí Sheanad Éireann i dtús na bliana 1939, mhol MacDermot gur ghá don rialtas: “[to] take more serious account of the sentiments and interests of the majority of the people in Northern Ireland.”¹⁷⁶ Ba í a thuiscint ar cheist na críochdheighilte ná: “the external symptom of an internal disease; that this disease is curable; that it is curable only by ourselves and after proper diagnosis and treatment”¹⁷⁷. Bhí sé den tuairim gur bh é réiteach ar cheist na críochdheighilte ná súil a chaitheamh ar an bhfadhb ó

¹⁷⁴ Díospóireachtaí Dála, Iml. 67, Uimh. 1, col. 80, 11/05/1937.

¹⁷⁵ John Bowman, *De Valera and the Ulster Question 1917-1973*, (Oxford: Clarendon Press, 1982), lch. 128n.

¹⁷⁶ Díospóireachtaí Sheanad Éireann, Iml. 22, Uimh. 10, col. 807, 26/01/1939.

¹⁷⁷ *Ibid.*, col. 809.

dhearcadh an phobail i dtuaisceart na hÉireann maidir le heacnamaíocht, polaitíocht agus stair, in áit an Ghaelachais a bhrú orthu in aghaidh a dtola. Dúirt MacDermot nach raibh aon difríocht idir muintir na hÉireann agus muintir na Breataine ó thaobh cine agus teanga de, ach d'aithin sé, mar sin féin, difríocht shuntasach amháin eatarthu agus ba é sin an dearcadh difriúil a bhí acu ar stair na hÉireann. D'ardaigh sé ceist na teanga sa Seanad: "Are we going to create a language barrier between ourselves and the North and to create a race barrier between ourselves and the North?"¹⁷⁸ Bhí de Valera ag an díospóireacht ach ba é Peadar Mac Fhionnlaoich, a ainmníodh mar Sheanadóir ag de Valera sa bhliain 1938 freisin, a chuir i gcoinne thuairim MacDermot.¹⁷⁹

Maidir le stádas na Gaeilge, mhaígh MacDermot nár 'teanga náisiúnta' í an Ghaeilge:

Gaelic is not the national language. Gaelic has ceased to be the national language for a very long time. English is now our national language. We have given it our own tang and savour, and our writers have nobly enriched it. The larger part of Irish culture is embedded in the English language.¹⁸⁰

Ní dharna Mac Fhionnlaoich aon mhachnamh tomhaiste ar ráiteas MacDermot ar chor ar bith agus d'fhreagair sé é in aon abairt ghearr i nGaeilge, "Ní fíor" a dúirt sé.¹⁸¹ Bhí Mac Fhionnlaoich ina Sheanadóir ar feadh ceithre bliana ó 1938 go 1942 an bhliain ar cailleadh é. Bhí polasaí aige gach ach Gaeilge amháin a labhairt sa Seanad.¹⁸²

¹⁷⁸ Ibid., col. 822.

¹⁷⁹ Ibid.

¹⁸⁰ Díospóireachtaí Sheanad Éireann, Iml. 22, Uimh. 10, col. 821, 26/01/1939.

¹⁸¹ Ibid.

¹⁸² Breathnach agus Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a hAon*, lch. 40.

Níor ghlac de Valera le háiteamh MacDermot thuas ar chor ar bith. Ag deireadh na bliana 1938, dúirt de Valera go raibh an Ghaeilge ceangailte len “ár gcine” agus d’áitigh sé go raibh fréamhacha an náisiúin ann “roimh éag do Chríost”.¹⁸³ Bhí sé den tuairim go raibh gach gné de chultúr na hÉireann bunaithe ar na fréamhacha seo. Chreid sé, cé gur eachtrannaigh iad Aontachtaithe sa tuaisceart, go raibh siad ina gcroíthe istigh bródúil as a bheith ina nÉireannaigh. Ar an mbonn, chreid sé freisin go mbeadh suim ag na hAontachtaithe i stair, traidisiún agus cultúr na hÉireann.¹⁸⁴ Ar an gcoinníoll sin, cheap de Valera go raibh Aontachtaithe sa tuaisceart ag glacadh páirte i stair na hÉireann chomh maith céanna le dream ar bith eile.

Léirigh John Bowman go raibh Frank MacDermot ina abhcóide láidir ar son an iolrachais.¹⁸⁵ Bhí MacDermot go mór in amhras faoin tuairim a bhí ag gluaiseacht na Gaeilge ag an am maidir leis an nGaelachas a chur chun cinn i sochaí na hÉireann ar fad. Le linn na chéad díospóireachtaí eile i Seanad Éireann, nocht MacDermot a thuiscint ar theagasc an Dáibhisigh mar seo:

...those of us who disbelieve in the language movement do not disbelieve in it because we wish Ireland not to be Irish; quite the contrary. I hold by the principle laid down by no less an authority than Thomas Davis, that in the true conception of Irish nationality Ireland must be neither Gaelic nor Saxon, but Irish.¹⁸⁶

Níor dhiúltaigh MacDermot do theagasc an Dáibhisigh féin, ach dhiúltaigh sé don léamh a bhí ag gluaiseacht na Gaeilge ar an teagasc sin. Cheap MacDermot go

¹⁸³ ‘Radio broadcast, 29 December 1938’, i Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Eamon De Valera*, lch. 365.

¹⁸⁴ The Earl of Longford agus O’Neill, *Eamon De Valera*, lch. 460.

¹⁸⁵ Bowman, *De Valera and the Ulster Question*, lch. 151.

¹⁸⁶ Díospóireachtaí Sheanad Éireann, lml. 22, Uimh. 11, col.1011, 07/02/1939.

raibh Éire sa nua-aois níos tábhachtaí ná Éire san am a caitheadh. Tháinig an t-áiteamh thuas mar fhreagra ar théis de Valera maidir leis an nGaeilge, téis a chuir sé in iúl mar seo a leanas ag an seisiún céanna de Sheanad Éireann :

If I were told to-morrow: "You can have a united Ireland if you give up your idea of restoring the national language to be the spoken language of the majority of the people", I would, for myself, say no...I believe that as long as the language remains you have a distinguishing characteristic of nationality which will enable the nation to persist. If you lose the language the danger is that there would be absorption...Certainly I do not think it is a point of view I am going to change. I believe that the restoration of the national language is the surest guarantee that this nation will continue to exist.¹⁸⁷

Mar a d'áitigh Bowman, bhí de Valera den tuairim dá mbeadh muintir na hÉireann in ann an Ghaeilge a athbheochan, go rachadh an teanga trasna na teorann. Chiollaigh sé sin gur mhian le de Valera Aontachtaithe Protastúnacha na sé chontae a chomhshamhlú isteach in Éirinn trí athbheochan na Gaeilge a chur i gcrích ar fud chríocha na hÉireann.¹⁸⁸ Díreach mar a léirigh sé i leagan 1932 d'fhorógra Fhianna Fáil – dá gcothófaí an Ghaeilge sa Ghaeltacht scaipfí an Ghaeilge ón nGaeltacht go nádúrtha¹⁸⁹ – chreid de Valera dá n-athbheofaí an Ghaeilge sna sé chontae fichead, go scaipfí an Ghaeilge i measc an phobail sna sé chontae go nádúrtha. Dúirt sé arís agus arís eile go raibh athbheochan na Gaeilge níos tábhachtaí ná ceist na críochdheighilte. Sa bhliain 1940, foilsíodh tuairim de Valera faoin gceist sin trí mheán na Gaeilge in *Éire: Bliainiris Ghaedheal*:

¹⁸⁷ Ibid., col. 988-989.

¹⁸⁸ Bowman, *De Valera and the Ulster Question*, lch. 311.

¹⁸⁹ Feic, *Scéala Éireann*, 12/02/1932, lch. 5.

Dá gcuirtí chugam mo roghain a ghlacadh idir shaoirse phoilitidheachta d'uireasbhaidh na teangadh agus an teanga d'uireasbhaidh na saoirse poilitidheachta, ghlacfaínn leis an dara roghain. Mar an tsaoirse sin a chailleas náisiún tá sí ionbhainte amach arís, ach an teanga a cailítear níl aithbheodhadh i ndán di. Dá gcailltí an teanga, caillfidhe an tréith is treise ar a mbraitheann náisiúnacht. I ngeall ar an suidheamh atá orainne, ní bheadh romhainn annsin ach leithead beag ama nó go mbeadh dí-rath glan orainn mar náisiún, agus ár gceart ar ár n-áireamh imeasg náisiún an domhain cailte again.¹⁹⁰

D'áitigh sé arís dá bhféadfaí an teanga a choimeád agus a athbheochan, go gciallódh sé sin go mbeadh náisiún na hÉireann sábháilte go deo agus go mbeadh Éire aontaithe ag teacht mar thoradh nádúrtha air sin. Bhí an chuma ar an scéal gur cheap sé gur phróiseas nádúrtha é scaipeadh na Gaeilge i measc na nAontachtaithe Protastúnacha agus nach dteastódh aon pholasaí eile chuige sin

Thuig de Valera go raibh sé tábhachtach náisiúnachas cultúrtha a chur chun cinn chun tír bheag mar Éirinn a chosaint in aghaidh ionradh féideartha uirthi. I dtús Mheán Fómhair na bliana 1939, tháinig an tAcht Cumhachtaí Práinne 1939 i bhfeidhm agus lig an tAcht don rialtas smacht a chur ar na meáin, ar chumarsáidí agus ar ghluaiseachtaí sóisialta agus chun daoine a ghabháil gan bharántas gabhála agus iad a chur i gcampa géibhinn gan triail.¹⁹¹ Ón uair sin go dtí 1946, an tréimhse ar a dtugtar Aimsir na hÉigeandála, bhí cosaint mhíleata na tíre agus cothú cultúir agus traidisiúin na tíre ceangailte le chéile go tréan, go háirithe tar éis Bealtaine 1940 nuair a bhí staid an chogaidh ag éirí níos measa san Eoraip. Thug de Valera rabhadh do mhuintir na hÉireann go raibh baol ann go ndéanfadh arm na Gearmáine ionradh ar Éirinn agus go mbeadh muintir na hÉireann díreach i lár

¹⁹⁰ Roibeárd Ó Faracháin (eag.), *Éire: Bliainiris Ghaedheal: Rogha Saothair Ghaedheal mBeó*, (Baile Atha Cliath: Muinntear Chathail Teo, 1940), lch. 9.

¹⁹¹ Feic, 'Emergency Powers Act, 1939', ar fáil ag suíomh idirlín Leabhar Reachtaíochta na hÉireann, <http://www.irishstatutebook.ie>

an chogaidh dá dheasca sin.¹⁹² Chun muintir na hÉireann a spreagadh le haontú le chéile in aghaidh an bhaoil sin, bhí sé tábhachtach go n-aireodh daoine go raibh sprid phobail ann agus gur chodanna den chomhphobal tuaithe, Gaelach agus Críostaí iad.

Maidir leis an bpointe sin, ghlac idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’, a cothaíodh go mór i dtús de Valera, páirt ar leith sa phróiseas sin. Sa rannóg dheireanach, breathnófar ar an bpointe sin i gcomhthéacs ghluaiseacht na Gaeilge agus i gcomhthéacs na gluaiseachta náisiúnta.

3-4 ‘Teanga Náisiúnta’ agus Gluaiseacht Náisiúnta: Cás Mhuintir na Tíre

Bhí Conradh na Gaeilge ag dul i léig arís sa dara leath de na tríochaidí. Sa bhliain 1934, bhí 270 craobh ann¹⁹³ ach thit líon na gcraobhacha go dtí 151 sa bhliain 1938.¹⁹⁴ I ndeireadh na dtríochaidí, bhí fadhb an airgid ag dó na geirbe ag an gConradh chomh maith le ceist na polaitíochta páirtí agus an chultúir Ghallda a bheith ina n-ábhar easaontais agus achrainn i measc na mball. Cuireann Aindrias Ó Cathasaigh an Conradh in iúl sa tréimhse sin mar seo: “Eagraíocht sheanórtha a bhí sa gConradh, é rórighin len í féin a athnuachan go rialta, daoine nua a thabhairt isteach is a chur chun tosaigh ar an nglúin a tháinig rompu.”¹⁹⁵

Mar a áitíodh cheana sa chaibidil seo, ba í an pholaitíocht náisiúnta ba chúis le hidé-eolaíocht agus le stádas bunreachtúil na ‘teanga náisiúnta’ a chothú i sochaí na hÉireann agus ina theannta sin bhí ról tábhachtach le himirt ag cumainn nua

¹⁹² Clair Willis, *That Neutral Island: A Cultural History of Ireland During the Second World War*, (Londain: Faber and Faber, 2007), lch. 85.

¹⁹³ Pádraig Ó Fearáil, *The Story of Conradh na Gaeilge*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1975), lch. 47.

¹⁹⁴ Ó Cathasaigh, *Ré Nua os Comhair na nGael?*, lch. 71.

¹⁹⁵ *Ibid.*, lch. 112.

Ghaeilge i gcur chun cinn na teanga sa tréimhse seo freisin. Idir an dá linn, cuireadh an Ghaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ chun cinn ag gluaiseacht náisiúnta eile nach raibh athbheochan teanga mar phríomhaidhm aici. Bunaíodh Muintir na Tíre sa bhliain 1937, dhá bhliain sular fhógair Éamon de Valera an tAcht Cumhachtaí Práinne agus is léiriú maith é de ghluaiseacht a chuir an Ghaeilge chun cinn mar ‘theanga náisiúnta’. Gluaiseacht náisiúnta ba ea Muintir na Tíre do phobal na tuaithe go bunúsach.

Cé nach raibh athbheochan na Gaeilge mar phríomhaidhm acu, bhí suim mhór acu an Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid thábhachtach de chultúr an phobail mar a léiríonn teideal Gaelach na heagraíochta. Ba é an tAthair Seán Ó hAodha a thosaigh gluaiseacht darbh ainm Muintir na Tíre Teoranta in 1931 chun táirgeoirí talmhaíochta a bhainistiú cé nár mhair an cumann ach go dtí 1933.¹⁹⁶ Cúpla bliain ina dhiaidh sin, d’athbhunaigh sé gluaiseacht nua darbh ainm Muintir na Tíre, gluaiseacht náisiúnta a mbeadh idé-eolaíocht chorparáidíoch aici. Tráth a raibh Muintir na Tíre ag teacht faoi anáil bhráithreachas na Críostaíochta, ba iad aidhmeanna na heagraíochta, sochaí, eacnamaíocht agus cultúir na bpobal a chur chun cinn i gcomhar le comhairlí paróiste chun gildeanna paróiste a eagrú i ngach paróiste ar mhaithe le féinchúnamh agus féintuilleamaí a fhorbairt i measc na ndaoine; tugadh cuireadh do gach duine sa phobal a bheith ag obair le chéile chun leas an phobail féin a bhaint amach.

Ní hamháin go raibh fealsúnacht Mhuintir na Tíre an-chosúil le fealsúnacht de Valera .i. béim a chur ar Éirinn thuaithe, Chríostaí agus Ghaelach, ach go raibh modhanna oibre na heagraíochta bunaithe ar shaoránaigh mhaithe a chothú in

¹⁹⁶ Eoin P. Devereux, “The Theory and Practice of Community Development: Muintir na Tíre 1931-1988”, (Tráchtas M.A., Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1988), lch. 12.

Éirinn, an fhealsúnacht a bhí ag teastáil chun Éire neodrach agus shíochánta a choinneáil le linn Aimsir na hÉigeandála. Bhí modh oibre Mhuintir na Tíre mar seo a leanas: Comhrá Cois Teallaigh, Fóram Díospóireachta, Seachtain na Tuaithe, agus foilseachán.¹⁹⁷ Ó thaobh na polaitíochta de, bhí fealsúnacht neamhpholaitiúil ag an Athair Ó hAodha. Thuairiscigh *The Irish Times* a thuairim faoin eagraíocht: “avoid class friction...as the organisation was a professional one party politics could have no place in its work.”¹⁹⁸

Is féidir a rá gur sa bhliain 1937 a cuireadh tús le gluaiseacht Mhuintir na Tíre mar ghluaiseacht mhór náisiúnta. Sa bhliain sin, bunaíodh an chéad ghild paróiste i dTiobraid Árann.¹⁹⁹ Ag deireadh mhí Lúnasa na bliana sin, d’eagraigh Muintir na Tíre Seachtain na Tuaithe den chéad uair a reáchtáladh ar an Aird Mhór i gContae Phort Láirge. I rith na seachtaine sin, pléadh gach uile ghné de shaol na tuaithe lenar áiríodh, cúrsaí feirmeoireachta, cúrsaí eacnamaíochta agus go deimhin cúrsaí sochaí agus teaghlaigh faoin tuath.

Ba ag an ócáid seo a thosaigh an ceangal láidir idir de Valera agus Muintir na Tíre. Chaith de Valera a laethanta saoire ar an Aird Mhór nuair a bhí Seachtain na Tuaithe ar siúl agus d’fhreastail sé ar na himeachtaí. Cé nach raibh sé ar cuairt oifigiúil, cuireadh fáilte mhór roimhe. Shocraigh de Valera nach gcuirfeadh sé aon tuairim ná ráiteas in iúl ag na himeachtaí toisc gur chuairt phríobháideach a bhí i gceist aige, ach ghabh sé buíochas i nGaeilge leis an Tiarna Abbot agus le pobal Chnoc Mheilearaí ag fáiltiú a eagraíodh. Mhol de Valera an tsiamsaíocht a bhí ann, an cheolchoirm agus an damhsa san áireamh. Thuairiscigh *Scéala Éireann* gur

¹⁹⁷ Gearóid Ó Tuathaigh, ‘Cultural visions and the new state: embedding and embalming’, i Gabriel Doherty agus Dermot Keogh (eag.), *De Valera’s Irelands*, (Corcaigh: Mercier Press, 2003), 166-184, lch. 177-178.

¹⁹⁸ *The Irish Times*, 04/09/1937, lch. 9.

¹⁹⁹ Devereux, “The Theory and Practice of Community Development”, lch. 46.

shiamsaíocht idéalach iad do shaol na tuaithe: “The best way of providing pleasure for the people of rural Ireland had been discussed at Ardmore, and the work being done by that band was an example to the whole country.”²⁰⁰

Thaispeáin an Tiarna Abbot tacaíocht do thuairim de Valera maidir le cultúr agus le traidisiún na hÉireann a chothú ar mhaithe le náisiún na hÉireann a chosaint. Ghabh an tAthair Ó hAodha buíochas mór le de Valera ag an bhfáiltiú. Mhol an tAthair Ó hAodha de Valera mar seo: “In other places, persons in authority were respected because they were feared, but in this country the president was respected because he was loved”.²⁰¹

Le linn Sheachtain na Tuaithe, chonacthas comhthuisicint idir Muintir na Tíre agus de Valera maidir le saol idéalach na tuaithe agus luach na hoibre deonaí do na pobail féin. Thaispeáin de Valera a thuisicint ar Mhuintir na Tíre mar eagraíocht dheonach a bheadh neamhspleách ar an stát, ach ag an am céanna, chonaic sé fiúntas Mhuintir na Tíre chun an fhís a bhí aige féin don tír a chur chun cinn i gcomhthéacs Aimsir na hÉigeandála. Bhí eagrú na cosmhuintire, go háirithe muintir na tuaithe, ina ábhar práinneach ag rialtas de Valera ó 1939. Mheas an rialtas gurbh é saol na tuaithe an eochair do leanúnachas an náisiúin agus bhí siad ag iarraidh muintir na tuaithe a eagrú faoi scáth an rialtais. Ag seisiún Sheanad Éireann ar an 4 Deireadh Fómhair 1939, d’áitigh sé go raibh an comhoibriú deonach le comhairlí paróistí ina chabhair don rialtas in Aimsir na hÉigeandála. Dúirt de Valera:

“If you are going to centralise and make the Government responsible for the life of the people generally, then the Government can carry out its responsibilities only by

²⁰⁰ *Scéala Éireann*, 03/09/1937, lch. 1.

²⁰¹ *Ibid.*

regimenting the people...But if you deny the Government that power, it cannot do the job...I do not think that the Irish people care for that particular form of social organisation. What is alternative? The alternative is voluntary co-operation...For instance, I think, it would be of tremendous value to the country if we could get parish organisations...That is the natural unit, next above the family. It is the next natural unit of our community.”²⁰²

Bhí eagrú mhuintir na tuaithe ina ábhar mór plé arís i Seanad Éireann sa bhliain 1940. Dúirt Seanadóir Shinn Féin, Martin O’Dwyer: “...a free and Gaelic State...It is only by organizing the rural community on permanent abiding lines that we can achieve this and I ask the house seriously to consider it.”²⁰³

Ba dheis phraiticiúil eile líonrú an phobail tuaithe a neartú. Chonaic rialtas de Valera deis le Muintir na Tíre a úsáid chun polasaí an stáit a chosaint agus chun polasaí na ciondála bia agus breosla a scaipeadh go héifeachtach ar phobail tuaithe na tíre.²⁰⁴ I Meitheamh na bliana 1936, fógraíodh gur eagraíocht neamhdhlíthiúil i súile rialtas Shaorstát Éireann é an tIRA. Ón am sin amach, bhí sé mar pholasaí ag de Valera brú a chur ar ghluaiseacht na poblachta, go háirithe tar éis Meán Fómhair 1939 nuair a fógraíodh An tAcht Cumhachtaí Práinne. Mheas de Valera go bhféadfadh grúpaí corparáidíocha, fearacht Mhuintir na Tíre, an chosmhuintir a chosaint ó bhagairt eilimintí “antoisceacha” le linn Aimsir na hÉigeandála.²⁰⁵

Maidir le hathbheochan na Gaeilge, ní raibh sí mar phríomhaidhm ag Muintir na Tíre riamh, ach bhí an teanga i gceist ó tharla go raibh fealsúnacht na heagraíochta bunaithe ar luach saoil a bhí fréamhaithe sa tuath agus i dtraidisiún

²⁰² Díospóireachtaí Sheanad Éireann, Iml. 23, Uimh. 11, col. 1255, 04/10/1939.

²⁰³ Díospóireachtaí Sheanad Éireann, Iml. 24, Uimh. 24, col. 2136, 28/08/1940.

²⁰⁴ Willis, *That Neutral Island*, lch. 361.

²⁰⁵ *Ibid.*, lch. 353.

na hÉireann ag dul siar i bhfad. Luachanna saoil ba ea iad seo ar fad ar bhain tábhacht nach beag leo do ghluaiseacht na Gaeilge freisin, rud a chiallaigh go raibh gaol an-soiléir idir Muintir na Tíre agus gluaiseacht na Gaeilge. Ag an gcéad Seachtain na Tuaithe in 1937, bhí oideachas na tuaithe ar cheann de na hábhair mhóra a pléadh. Ag an seisiún tionscnaimh, léigh P. J. O'Reilly, Príomhfheidhmeannach gairmoideachais Thiobraid Árann Theas, páipéar dar teideal 'Vocational Education in Rural Centres'. I measc na moltaí a rinne sé chun oideachas daoine óga na tuaithe a fheabhsú, bhí moladh maidir leis an nGaeilge ann:

...efforts to restore the National language would be reinforced if it could be arranged that a native speaking family with a mobile theatre would visit in succession each month all the centres where classes in Irish were in progress.²⁰⁶

Thaispeáin sé sin gurbh í athbheochan na Gaeilge mar an 'teanga náisiúnta' ceist thábhachtach i gcúrsaí oideachais na tuaithe ach léirigh sé sin freisin nach raibh dóthain deiseanna ag pobal na tuaithe Gaeilge a labhairt le cainteoirí dúchais na Gaeilge. Bhí seisiún na mban ar siúl ina dhiaidh sin agus thug sé aird ar chúrsaí oideachais na tuaithe freisin. Léadh dhá pháipéar le beirt bhanfheirmeoirí agus ba í gar-ghariníon le Whitley Stokes, scoláire Ceilteach aithnidiúil, duine de na cainteoirí. Dúirt sí gur theip mhór a bhí i modh múinteoireachta na Gaeilge i gcóras oideachais na tuaithe agus phléigh sí an staid mar "a hopeless washout"²⁰⁷. Mhol sí gurbh í obair Mhuintir na Tíre an bealach chun drochstaid an oideachais faoin tuath a leigheas.²⁰⁸

²⁰⁶ *Scéala Éireann*, 03/09/1937, lch. 7.

²⁰⁷ *Ibid.*

²⁰⁸ *The Irish Times*, 03/09/1937, lch. 5.

Bhí na tuairiscí a foilsíodh ar phríomhnuachtáin na hÉireann dearfach i leith Sheachtain na Tuaithe ón tús ar an ábhar gur choinnigh Muintir na Tíre caidreamh maith leis an bpreas. Ag an gcéad Seachtain na Tuaithe, ghabh an tAthair Ó hAodha buíochas le preas na hÉireann go léir mar gheall ar “the way they had reported the proceedings during the week” agus mhol sé iad mar “the most powerful body in the country, and that the Press of Ireland was the soundest and most Christian in the world.”²⁰⁹

Thuig Muintir na Tíre tábhacht na meán cumarsáide agus dá réir sin thosaigh siad bliainiris dá gcuid féin a fhoilsiú in 1941. Bhíodh alt nó dhó i nGaeilge i ngach eagrán agus in eagrán 1942, bhí aiste dar teideal ‘Gaedhealú Muintir na Tíre’ a scríobh ‘Éamon A’Chnuic’. Bhí an aiste dírithe go príomha ar chainteoirí Gaeilge na gcathracha nach raibh ina mbaill de Mhuintir na Tíre fós. D’áitigh sé go raibh dhá dhualgas ar chainteoirí Gaeilge. Ar an gcead dul síos, bhí dualgas orthu troid in aghaidh “galántacht bhréige Bhaile Átha Cliath” chun saol na tuaithe traidisiúnta a chosaint agus bhí dualgas orthu a bheith páirteach i Muintir na Tíre, ar an ábhar, dar leis an údar, go raibh baint mhór ag saol na tuaithe le traidisiún na nGael, go háirithe, leis an nGaeilge:

‘Sé Muintir na Tíre an t-aon ghluaiseacht náisiúnta amháin atá d’iarraidh na daoine ar an dtuaithe d’árdach agus do chosaint ar an ngalar lobhtha san atá ag brú isteach ar an saoghal dúthchais. Dá bhrí sin ba cheart do gach Gaedheal bheith lán-pháirteach sa ghluaiseacht Ghaedhealúcháin sin.’²¹⁰

²⁰⁹ *Scéala Éireann*, 04/09/1937, Ich. 13. Mhol an tAthair Ó hAodha preas na hÉireann arís ag Seachtain na Tuaithe 1945: “We owe a deep debt of gratitude to the press of this country, because, I may say, that it is one of the cleanest in the world.” Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre: Authorised Record of the 8th National Rural Week*, (Muintir na Tíre, 1945), Ich. 119.

²¹⁰ Éamon A’Chnuic, ‘Gaedhealú Muintir na Tíre’, in, Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre Official Book*, 91-93, Ich. 92.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, d'iarr sé ar na Gaeilgeoirí dul ag obair taobh istigh de Mhuintir na Tíre chun obair na heagraíochta a Ghaelú.²¹¹ Ba é 'Éamon an Chnoic' an t-ainm cleite a d'úsáideadh Éamonn Ó Donnchadha. Bhí sé gníomhach i gConradh na Gaeilge ó 1899 agus ar nós go leor ball eile de chuid na linne bhí baint aige le Sinn Féin.²¹² D'fhéadfaí a rá gur léiriú maith é 'Éamon A 'Chnuic' den tseanghlúin a bhain le athbheochan na Gaeilge.

Mhúscaíl agus chorráigh bliainiris Mhuintir na Tíre spéis i nglúin eile de lucht athbheochana chomh maith. San eagrán céanna, bhí aiste i nGaeilge ag Gearóid Ó Cuinneagáin, ceannaire óg de chraobh nua radacach Chonradh na Gaeilge, Craobh na hAiséirghe. Ba iad Ó Cuinneagáin agus Caoimhín Ó Seachnasaigh a chéadbhunaigh an Chraobh i Meán Fómhair 1940 agus é mar aidhm acu an Ghaeilge a chur á labhairt ar fud na tíre gan mhoill agus feidhm a bhaint as iliomad gléasanna nua-aimseartha chuige sin. Ina measc sin bhí craolachán, scannáin, ceirníní, nuachtáin agus bolscaireacht mar shampla.²¹³ Ina aiste, thug Ó Cuinneagáin a léirmhíniú radacach ar an gcosúlacht idir Muintir na Tíre agus gluaiseacht na Gaeilge mar seo a leanas:

...ní thig linn an meon Gallta a athrú gan an ceangal le Béarla a bhriseadh agus arís i n-Éirinn ionann an meon Gallta agus meon na cathrach, agus meon na cathrach, do réir mar tuigim-se, atá Muintir na Tíre 'a' mhaithe le n-a scrios.²¹⁴

Mhol sé freisin do Mhuintir na Tíre an chaoi a mbeadh siad in ann cabhair a

²¹¹ Ibid., lch. 91.

²¹² Breathnach agus Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a hAon*, lch. 64.

²¹³ Proinsias Mac an Bheatha, *Téid Focal le Gaoith*, (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo., 1967), lgh. 98-99.

²¹⁴ Gearóid Ó Cuinneagáin, 'A mBratacha ar Luascadh i n-Éinfheacht', i *Muintir na Tíre, Muintir na Tíre Official Book*, 119-121, lch. 120.

thabhairt in obair ghluaiseacht na Gaeilge. D'áitigh sé nárbh fhéidir le Muintir na Tíre tacaíocht a thabhairt d'athbheochan na Gaeilge dá mbeadh siad ag coinneáil “meon an Ghaill” agus “meon na cathrach” agus mhol sé do bhaill Mhuintir na Tíre a raibh Gaeilge acu ranganna Gaeilge agus ciorcail staidéir a bhunú faoi scáth a gcomhairlí paróiste féin agus an Gaelachas a chur chun cinn faoin tuath dá réir.²¹⁵

Thug ‘Éamon A’Chnuic’ mar aon le Gearóid Ó Cuinneagáin le fios go raibh dlúthbhaint ag an nGaeilge le saol na tuaithe. Thuig lucht na Gaeilge go raibh Gaelú shaol na tuaithe ar cheann de chuspóirí Mhuintir na Tíre. Mar sin, mheas lucht athbheochan na Gaeilge go raibh an cuspóir céanna ag Muintir na Tíre agus ag gluaiseacht na Gaeilge araon.

Ní raibh Gaelú Mhuintir na Tíre ar cheann de na príomhaidhmeanna a bhí ag an Athair Ó hAodha nó ag baill na heagraíochta ach an oiread. Feictear suim na heagraíochta ó bunaíodh é a bheith páirteach i sruth gluaiseachtaí náisiúnachais. Ar an ábhar sin, bhí an tAthair Ó hAodha i bhfabhar úsáid na Gaeilge mar an ‘teanga náisiúnta’, mar shiombail láidir de chuid na náisiúntachta Éireannaí. Léirigh an cur síos a rinne sé ar fhoinse ainm Gaelach na heagraíochta a dhearcadh sin go soiléir:

I remember the difficulty we had to get a name. Some wanted in English and some wanted in Irish. We thought that if, after all, there be any value in a name, it should be in the national language. I think over sixty names were suggested...Muintir na Tíre was national in its meaning and sufficiently embracing to include all our people...²¹⁶

Cé nach raibh Gaeilge ag an Athair Ó hAodha féin, bhí baill le Gaeilge i Muintir na

²¹⁵ Ibid.

²¹⁶ Seán Micheál Ó hAodha (John M. Hayes), ‘The Beginning’, i Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre Official Book*, (Muintir na Tíre, 1941), 43-47.

Tíre agus tháinig iarracht uathu an Ghaeilge a chur chun cinn san eagraíocht. Trí mhí roimh an dara Seachtain na Tuaithe ar an Aird Mhór in 1938, scríobh Leas Ard-Rúnaí Mhuintir na Tíre, P. S. Ó Raghallaigh, litir chuiridh i nGaeilge chuig Dubhghlas de hÍde ar son an Athar Ó hAodha.²¹⁷ Cúpla seachtain roimh an bhféile sin, seoladh litir chuiridh eile i nGaeilge thar ceann Mhuintir na Tíre chuig de hÍde agus í scríofa ag Mícheul Ó Foghludha, ar stiúrthóir choláiste na hAirde Móire é.²¹⁸ Bhí de hÍde díreach tar éis tús a chur lena Uachtaránacht faoi Bhunrecht na hÉireann. Ní fhéadfadh de hÍde bheith i láthair agus chuir a rúnaí litreacha i nGaeilge chuig na seoltóirí ar son an Uachtaráin de hÍde.²¹⁹ Léirigh úsáid na Gaeilge ag Muintir na Tíre sna comhfhreagrais le de hÍde an meas a bhí ag Muintir na Tíre ar an nGaeilge mar theanga an náisiúin. Ag an am céanna, bhí sé éifeachtach chun Muintir na Tíre a thaispeáint mar eagraíocht thábhachtach a raibh gné Ghaelach agus náisiúnta go smior inti.

Bhí baint mhór ag cuid de bhaill Mhuintir na Tíre le gluaiseacht na Gaeilge cheana féin. I mí Lúnasa na bliana 1939, reáchtáladh an tríú Seachtain na Tuaithe i nGaillimh. Socraíodh Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, mar ionad na féile. Bhí baint mhór ag beirt d'fhoireann acadúil na Gaeilge sa Choláiste le Muintir na Tíre: Liam Ó Buachalla, léachtóir le Geilleagar agus Liam Ó Briain, Ollamh na dTeangacha Rómánsacha. Bhí Ó Buachalla agus Ó Briain ina mbaill de Choiste na Gaillimhe de Mhuintir na Tíre agus bhí siad beirt ina bpearsana móra i gConradh na Gaeilge freisin.

²¹⁷ Litir ó P. S. Ó Raghallaigh chuig Dubhghlas de hÍde, 30/05/1938, i TAOIS/96/8/4 'Muintir na Tíre: General File, 27 August 1938 – 20 August 1961', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

²¹⁸ Litir ó Mícheul Ó Foghludha chuig Dubhghlas de hÍde, 10/08/1938, i TAOIS/96/8/4 'Muintir na Tíre: General File, 27 August 1938 – 20 August 1961'.

²¹⁹ Litir ó M. Mc Dunphy chuig P. S. Ó Raghallaigh, 29/07/1938 agus Litir ó M. Mc Dunphy chuig Mícheul Ó Foghludha, 12/08/1938, i TAOIS/96/8/4 'Muintir na Tíre: General File, 27 August 1938 – 20 August 1961'.

Ag cruinniú de Choiste na Gaillimhe de Mhuintir na Tíre i dtús mhí Iúil 1939, pléadh rún ó Chraobh na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge a d'iarr comhoibriú idir gluaiseacht na Gaeilge agus Muintir na Tíre chun an 'teanga náisiúnta' a chur chun cinn ar fud na tíre:

...tá súil againn nach dtiúbharfar faillighe i gcúrsaí Náisiúntachta ag lucht cheannais Mhuintir na Tíre, agus i gcruithamhnas nach dtiúbharfar, go gcabhrócha siad le h-aith-bheochaint na teangan Náisiúnta agus le h-ath Ghaedhealú na tíre...Ní gádh dhúinn a meabhrú acht oiread go mbeidh Gaedhil agus Gaedhilgeóirí na Gaillimhe a' súil go dtiubharfar an tús-áit is dual di do'n Ghaedhilge le linn do'n Chomóradh seo a bheith ar siubhal i bpríomh-chathair na Gaedhealtachta faoi choimirce Muintir na Tíre, arae tá cúiseanna faoi leith an nach cáill dúinn a luadh go mbeadh sé sin amhlaidh.²²⁰

Maidir leis an rún, mhol Liam Ó Briain: "The rural week will be as Irish as those who attended wish to make it".²²¹ Tuairiscíodh go raibh ball amháin de Mhuintir na Tíre i gcoinne an rúin agus nocht sí a míshástacht maidir le ceangal idir gluaiseacht na Gaeilge agus Muintir na Tíre: "Muintir na Tíre was not got up primarily to help the language."²²² Dhiúltaigh na baill shinsearacha de Choiste na Gaillimhe, do thuairim an bhaill sin. Dúirt Leas-Cathaoirleach, Liam Ó Buachalla:

...the committee should reply to the League stating that as far as lay in their power the committee would meet the request. There was nothing very contentious in the Gaelic League's letter; the League made a reasonable suggestion.²²³

Léirigh Ó Briain mar aon le Cathaoirleach Choiste na Gaillimhe de Mhuintir na Tíre

²²⁰ *The Connacht Tribune*, 08/07/1939, lch. 11.

²²¹ *Ibid.*

²²² *Ibid.*

²²³ *Ibid.*

chomh maith leis an gCanónach P. Ó Móráin a gcuid tacaíochta do Chonradh na Gaeilge ag rá go raibh siad ina mbaill den Chonradh le blianta fada. Faoi dheireadh, socraíodh litir a sheoladh chuig Conradh na Gaeilge ag rá go raibh an Coiste réidh lena ndícheall a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn.²²⁴

Ag oscailt oifigiúil Sheachtain na Tuaithe i nGaillimh, thug Liam Ó Buachalla léacht i nGaeilge dár teideal ‘Oideachas agus Muintir na Tuaithe’ agus craoladh an léacht ar an raidió.²²⁵ Ghlac ball foirne eile de chuid na hollscoile, Tomás Ó Raghallaigh, Ollamh le Nua-Ghaeilge, le cuireadh páipéir ar ábhar na Gaeilge a scríobh agus a thabhairt ag Seachtain na Tuaithe freisin.²²⁶ Tar éis na hoscailte, cuireadh tús le Taispeántas Tionscail na Gaillimhe agus tháinig baill Mhuintir na Tíre agus muintir na Gaillimhe le chéile. Ag an ócáid sin, chuir J.J. Bergin as Baile Átha Í i gContae Chill Dara chomh maith le Comh-Ard-Rúnaí Mhuintir na Tíre seasamh na heagraíochta in iúl maidir leis an nGaelachas: “In coming to Galway, Muintir na Tíre was coming to the real capital of Ireland, because Galway was Gaelic and the ideals of Muintir na Tíre should be Gaelic.”²²⁷ Ag seisiún ar an lá deireanach, thug Joseph Hanly as Baile Átha Cliath, duine d’Ard-Choiste Mhuintir na Tíre, óráid faoi dhualgas mhuintir na hÉireann maidir le hathbheochan na Gaeilge. D’áitigh sé go raibh lucht an airgid i gcoinne na Gaeilge, ach nárbh fhéidir leis an rialtas amháin stop a chur leis an gclaonadh seo. Mhol sé comhoibriú a dhéanamh idir gluaiseacht na Gaeilge agus Muintir na Tíre chun tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge:

²²⁴ Ibid.

²²⁵ *The Connacht Tribune*, 12/08/1939, lch. 4, 5.

²²⁶ *The Connacht Tribune*, 29/07/1939, lch. 6. Feic *The Connacht Tribune*, 12/08/1939, lch. 8 freisin. Ní tugadh ainm an chainteora, ach bhí léacht dár teideal ‘An Ghaeilge - Béaloideas agus Cultúr na Tuaithe’ ar chlár na Seachtaine agus tá seans mór ann gurb leisean an léacht sin.

²²⁷ *The Connacht Tribune*, 19/08/1939, lch. 5.

It was the people who helped the language in the past, mainly the Gaelic League, who also supported Irish manufactured goods when the going was hard. Those who manufactured Irish Goods to-day should be made to support the language recovery...²²⁸

Mhéadaigh ballraíocht Mhuintir na Tíre faoin mbliain 1941 agus bhíodh na céadta duine ag freastal ar Dheireadh Seachtaine na Tuaithe. Tharraing spiorad Mhuintir na Tíre daoine éagsúla le chéile a raibh baint acu le cúrsaí Gaeilge, le cúrsaí cultúir agus le creidimh éagsúla na hÉireann. Bhí P. Ó Caoimh, Ard-Rúnaí Chumann Lúthchleas Gael, ina bhall d'Ard-Choiste Mhuintir na Tíre. Bhí Ministir Preispitéireach, an tUrramach Dr. J. A. H. Irwin, ina leaschathaoirleach de Ghild Leamhcáin Mhuintir na Tíre.²²⁹ I measc baill ghníomhacha eile de Mhuintir na Tíre, bhí Máire de Rút a raibh baint mhór aici le Cumann Gaelach Eaglais na hÉireann agus le scoil Phrotastúnach, Coláiste Moibhí.²³⁰ Mhol iriseoir san *Irish Independent*, sárscil eagraithe an Athar Uí Aodha mar seo: "Politicians of all parties, clergymen and audience of all denominations, labour and capital, meeting in harmony, I wonder if anyone else but Father Hayes could have brought it about."²³¹

Mheas lucht na Gaeilge a bhí ag iarraidh Gaeilge a chothú mar an 'teanga náisiúnta' go raibh cosúlacht mhór ann idir a ndearcadh agus dearcadh Mhuintir na Tíre maidir le luach an tsaoil faoin tuath agus go deimhin faoi Éire Ghaelach. Ó

²²⁸ *Weekly Irish Times*, 26/08/1939, lch. 9.

²²⁹ *Scéala Éireann*, 08/11/1941, 3.

²³⁰ Breathnach agus Ní Mhurchú, *1882-1982: Beathaisnéis a Cúig*, lgh. 264-265. Maidir le stair Choláiste Moibhí, tá saothar cuimsitheach déanta ag Valerie Jones. Feic, Valerie Jones, *A Gaelic Experiment: the Preparatory System 1926-1961, Coláiste Moibhí*, (Baile Átha Cliath: Woodfield Press, 2006).

²³¹ Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre Official book*, (1942), lch. 48.

bunaíodh an eagraíocht an chéad lá chonaic de Valera deis tábhachtach do Mhuintir na Tíre mar ghluaiseacht náisiúnta idéalach freisin. Chun muintir na hÉireann a spreagadh le hobair le chéile chun náisiún agus náisiúntacht Éireannach a dhaingniú sa ré dheacair sin, bhí sé tábhachtach dlúthpháirtíocht i measc na muintire a chothú a bhí bunaithe ar an luach sin. Go deimhin féin bhí an spioraid sin ag teastáil chun an ‘teanga náisiúnta’, an teanga don náisiún, a athbheochan freisin.

Conclúid

Sa chaibidil seo, pléadh cur chun cinn idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ agus athbheochan na Gaeilge i gcomhthéacs thúsre de Valera in Éirinn. Ó tháinig de Valera i gcumhacht in 1932, bhí sé beartaithe aige an Ghaeilge a athbheochan mar ‘teanga náisiúnta’ faoina thionchar polaitíochta. Chun an aidhm sin a bhaint amach, thuig sé gur ghá ceangal láidir a chruthú idir an Ghaeilge mar ‘teanga náisiúnta na hÉireann agus gnéithe áirithe de náisiún na hÉireann, mar a bhí an Chríostaíocht, an Caitliceachas agus saol na tuaithe. Ag an bpointe sin, bhí sé tábhachtach caidreamh maith a chruthú idir é féin agus an Eaglais Chaitliceach agus muintir na Gaeltachta. Mar a léirigh úsáid shiombalach na Gaeilge ag an 31ú Comhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta, is féidir a rá gur éirigh le de Valera tús maith a chur le cur chun cinn na ‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs Chaitliceachas na hÉireann.

I gcomhthéacs na Gaeltachta, áfach, nocht an iarracht sin ceann de na príomhcheisteanna maidir le hidé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ in Éirinn. Tháinig sé chun solais go raibh coimhlint mhór ann idir tuiscint mhuintir na Gaeltachta ar an nGaeilge agus tuiscint de Valera ar an nGaeilge .i. coimhlint idir coincheap na

'teanga dhúchais' agus coincheap na 'teanga náisiúnta'. Bhí tuiscint Chonradh na Gaeilge ar an nGaeilge níos cosúla le tuiscint de Valera. Bhí deacrachtaí agus conspóidí móra ann taobh istigh den Chonradh ag an am sin agus rinne ball den Chonradh, Earnán de Siúnta machnamh ar aidhm bhunúsach an Chonartha chun spiorad na heagraíochta a athbheochan. D'áitigh sé gur thug Conradh na linne sin neamhaird ar choincheap na 'teanga náisiúnta' a bhí de dhlúth agus d'inneach sa Chonradh roimhe sin. Shainigh sé 'teanga náisiúnta' mar an teanga a úsáideadh i réimsí éagsúla de shochaí na hÉireann mar theanga do phobal na hÉireann uile. B'ionann tuiscint de Valera agus tuiscint de Siúnta agus b'ionann na tuiscintí sin agus tuiscint Chonradh na Gaeilge ó na blianta tosaigh.

Bhí idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' agus tábhacht na 'teanga náisiúnta' fréamhaithe sa pholaitíocht náisiúnta faoin am sin. Ag deireadh na bliana 1937, daingníodh stádas bunreachtúil na Gaeilge mar an 'teanga náisiúnta' i mBunreacht na hÉireann. Léirigh na díospóireachtaí a bhí ar siúl maidir leis an stádas sin fírinne an scéil nach raibh an Ghaeilge á húsáid ag formhór de mhuintir na hÉireann ach mar sin féin bhí comhaontú i measc na bpolaiteoirí stádas absalóideach a bhronnadh ar an nGaeilge mar an t-aon 'teanga náisiúnta' in Éirinn. Bhí an tuiscint sin bunaithe ar stádas na Gaeilge mar theanga stairiúil na hÉireann san am a caitheadh. Tar éis 1938, bhí Éire faoi thionchar ag teannas idirnáisiúnta agus cuireadh ceist na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann i gcomhthéacs idirnáisiúnta níos minice. Sa chomhthéacs sin, bhí sé oiriúnach do de Valera aithris ar théis Thomáis Dáibhis maidir leis an nGaeilge agus maidir le críocha na hÉireann. D'áitigh de Valera arís agus arís eile go raibh athbheochan na Gaeilge níos tábhachtaí ná ceist na críochdheighilte agus mhol sé go gcosnófaí neamhspleáchas an náisiúin trí úsáid a bhaint as an nGaeilge mar

chomhartha náisiúntachta, go náisiúnta mar aon le go hidirnáisiúnta.

Chun an obair náisiúnta sin a chur i gcrích, ba ghá dó comhoibriú a chothú agus a spreagadh i measc phobal na hÉireann ar mhaithe leis an saothar deonach a chur chun cinn. Ba í an anailís ar Mhuintir na Tíre a mhínigh go fiúntach an comhoibriú sin agus an chaoi ar ghlac an ghluaiseacht náisiúnta le hidé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' i gcomhthéacs Aimsir na hÉigeandála. I gcás Mhuintir na Tíre, chuir siad an Ghaeilge chun cinn toisc go raibh tuiscint acu gurbh í an Ghaeilge 'teanga náisiúnta' na hÉireann agus go raibh sé de cheart acu í a chothú mar eagraíocht náisiúnta. Chiallaigh sé sin go raibh idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' fréamhaithe i measc ghnáthmhuintir na Éireann faoin am sin freisin. Ag an am céanna, cheap de Valera mar aon le lucht na Gaeilge a bhí ag iarraidh Gaeilge a chothú mar an 'teanga náisiúnta' go raibh deis acu leas a bhaint as Muintir na Tíre chun an Gaelachas a chur chun cinn ar fud na tíre. Chun an 'teanga náisiúnta' a chosaint agus a chothú ar son an náisiúin sa ré dheacair sin, bhí ghéarghá le gluaiseacht mhór náisiúnta faoi scáth na polaitíochta náisiúnta.

Ó tharla gur tháinig meath ar Chonradh na Gaeilge agus easaontais i measc na mball agus ó tharla gur tháinig gluaiseachtaí éagsúla Gaeilge chun cinn agus iad neamhspleách ar Chonradh na Gaeilge go minic, bhí deacrachtaí ag an gConradh pobal na hÉireann go léir a ghríosú uair amháin eile i dtreo na haidhme céanna – athbheochan na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta' chun an náisiún agus an náisiúntacht Éireannach a chosaint agus a choinneáil slán.

D'iarr de Valera ar mhuintir na hÉireann uile, idir phobal na tuaithe agus phobal na cathrach, a bheith páirteach i ngluaiseacht náisiúnta faoi scáth aidhm bhunúsach náisiúnta, an Ghaeilge a athbheochan mar 'theanga náisiúnta'. Ba thráthúil an aidhm sin a chur chun cinn sa bhliain 1943, an bhliain ina ndearnadh

comóradh caoga bliain ar bhunú Chonradh na Gaeilge agus inar socraíodh scátheagras nua Gaeilge a bhunú, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Sa chaibidil dheireanach, mionscrúdófar cúlra bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus pléifear an dlúthbhaint a bhí idir gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta agus an tionchar a bhí ag an nasc sin ar chur chun cinn na Gaeilge agus ar ghluaiseacht na Gaeilge féin.

Caibidil 4

Bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Réamhrá

Ba bhliain shuntasach í an bhliain 1943 do stair athbheochan na Gaeilge. Caoga bliain roimhe sin, bunaíodh Conradh na Gaeilge, an chéad eagraíocht dheonach náisiúnta don Ghaeilge a d'imir tionchar mór ar fhorbairt na Gaeilge mar theanga an náisiúin. Ba dheis mhór í an bhliain 1943 do lucht ghluaiseacht na Gaeilge agus don Taoiseach, Éamon de Valera, spiorad athbheochan na Gaeilge mar a bhí ag an gConradh caoga bliain roimhe shin a thabhairt chun cuimhne agus é a chur os comhair an phobail arís ar bhealach éigin. Ar an dóigh sin, ní bheadh comhtharlú i gceist gur bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, an chéad scátheagras náisiúnta don Ghaeilge a raibh sé mar aidhm aici eagraíochtaí agus cumainn Gaeilge a chomhordú agus comhaontú le chéile, sa bhliain áirithe sin.

Sa chaibidil dheireanach seo, mionscrúdófar cúlra bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge i gcomhthéacs thionchar na polaitíochta náisiúnta, dhearcadh ghluaiseacht na Gaeilge agus chur chun cinn na Gaeilge mar an 'teanga náisiúnta'. Mar a léiríodh sa chaibidil roimhe seo, rinne de Valera iarracht muintir na hÉireann go léir a ghríosú le cur chun cinn na Gaeilge mar an 'teanga náisiúnta' agus spioraid an náisiúin a spreagadh i gcomhthéacs Aimsir na hÉigeandála. Bhí sé éifeachtach sa chomhthéacs sin iarracht úrnua náisiúnta

d'athbheochan na Gaeilge a thosú i dtreo go dtiocfadh muintir na hÉireann le chéile chun aidhm de Valera a bhaint amach.

Tá sé d'aidhm ag an gcaibidil seo míniú a thabhairt ar an tionchar a bhí ag an mbaint idir gluaiseacht na Gaeilge agus polaitíocht de Valera ar bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge i gcomhthéacs an chaoga bliain ó bhunú Chonradh na Gaeilge. Scrúdófar an cúlra i gcomhthéacs ré de Valera agus Aimsir na hÉigeandála trí úsáid a bhaint as réimse leathan bunfhoinsí. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an scagadh seo: nochtfaidh an fíorú seo go raibh baint chasta idir an pholaitíocht náisiúnta agus gluaiseacht na Gaeilge taobh thiar de bhunú na Comhdhála. Ní fhéadfaí cúis bhunú na Comhdhála a mhíniú go simplí trí thionchar polaitiúil de Valera amháin a lua, ach d'fhéadfaí í a mhíniú trí thionchar idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' a cothaíodh ón am ar bunaíodh Conradh na Gaeilge.

Mar a léirigh teideal na heagraíochta, ba í Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge comhdháil 'náisiúnta' ar son na 'teanga náisiúnta'. Mar aon le tionchar polaitiúil de Valera, ba í idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' a threoraigh gluaiseacht na Gaeilge chun dul i dtreo bhunú eagrais nua náisiúnta ach gan deireadh a chur le Conradh na Gaeilge. Léiríonn an scagadh sa chaibidil seo an tionchar dearfach a bhí ag an bpolaitíocht náisiúnta ar fhorbairt ghluaiseacht na Gaeilge féin, an léargas a chabhróidh liom freagra a thabhairt ar cheist an taighde: cén tionchar a bhí ag an dlúthbhaint idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla sa tréimhse idir 1893 agus 1943.

Tá trí rannóg sa chaibidil seo. Sa chéad rannóg, pléifear moltaí i dtaca le bunú ghluaiseacht nua don Ghaeilge a bhí ag lucht gluaiseacht na Gaeilge agus ag de Valera i ndeireadh na dtríochaidí. Pléifear freisin an chúis go raibh na moltaí sin

ann cé go raibh Conradh na Gaeilge ann cheana. Sa dara rannóg, cíorfar freagra an rialtais agus de Valera i leith na moltaí thuas. Léirigh de Valera a shuim i ngluaiseacht nua don Ghaeilge a bhunú, eagrais deonach náisiúnta nua a bheadh ag obair mar threoir don phobal. Ag deireadh na caibidle, tabharfar cur síos ar imeachtaí a bhí ann idir féile leathchéad bliain Chonradh na Gaeilge agus cruinniú tionscnaimh Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Pléifear gurbh é náisiúnú na teanga nó idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ an chúis le bunú na Comhdhála freisin faoi thionchar na polaitíochta náisiúnta agus míneofar an tairbhe a bhain gluaiseacht na Gaeilge féin as.

4-1 Cúlra bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge: Plean do Ghluaiseacht Náisiúnta Nua don Ghaeilge

I mí Dheireadh Fómhair na bliana 1943, bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a raibh sé mar aidhm acu comhoibriú a chur ar bun i measc chumann agus eagraíochtaí éagsúla don Ghaeilge. Ón am sin amach go dtí le gairid nuair a cuireadh deireadh léi go tobann in 2014, bhí beagnach gach cumann a raibh baint aige le gluaiseacht na Gaeilge ceangailte le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ó thaobh stair na heagraíochta de, níor cuireadh a leithéid ar fáil go dtí an bhliain 1983 nuair a scríobh Eibhlín Ní Chathailriabhaigh¹, chéadrúnaí Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, sraith alt ar stair dhaichead bliain na Comhdhála don iris *Feasta*. Deich mbliana ina dhiaidh

¹ Ba státseirbhíseach í Eibhlín Ní Chathailriabhaigh a bhí ina ball de Chonradh na Gaeilge ó 1927. Bhí sí gníomhach san Ard-Chraobh agus níos déanaí, bhí sí ina huachtarán ar an gcraobh sin. Bhí baint mhór aici le hathbhunú Oireachtas na Gaeilge in 1939. Feic, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1630#> (ceadaithe ar 15/03/2016).

sin, scríobh an t-iriseoir agus an scríbhneoir, Mairéad Ní Chinnéide², stair chaoga bliain na Comhdhála.³ Níor foilsíodh an taighde sin go hoifigiúil ach is féidir a rá nach bhfuil aon stair chuimsitheach na Comhdhála ó thús aimsire ar fáil seachas an dá shaothar sin. Níl mionscrúdú ar chúlra bunú na Comhdhála déanta sna saothair sin, áfach. Tá míniúcháin shimplí ar an gcúlra sin ar fáil i saothair ar stair Chonradh na Gaeilge agus deirtear go minic go raibh baint ag de Valera agus ag an stáit lena bunú.⁴ Glactar go forleathan leis an míniúchán sin go ginearálta i dtagairtí do bhunú na Comhdhála i saothair éagsúla.⁵

Ag tús a sraith alt, mhínigh Ní Chathailriabhaigh go raibh smaoineamh ag lucht na Gaeilge maidir le comhoibriú eatarthu a bhunú ó thús na dtríochaidí agus bhí de Valera sásta éisteacht leo agus cabhair an rialtas a fháil chun tacaíocht airgid a chur ar fáil ar son na gcuspóirí sin: “Ba eagraíocht é a tháinig ar an saol de bharr dea-thoil agus dian-mhachnamh lucht na Gaeilge agus lucht an Rialtais a bhí ann

² Bhí Mairéad Ní Chinnéide ina hiriseoir agus ina húdar aitheanta. Scríobh sí go rialta do fhoilseacháin náisiúnta, *Scéala Éireann*, *The Irish Times*, *Comhar* agus *Foinse* san áireamh. Bhí baint mhór aici le *Comhar* mar scríbhneoir agus mar bhall boird. D'éag sí i mí Aibreáin 2015. Tá cuntas iarbháis i Tuairisc.ie, 22/04/2015, ar fáil ag <http://tuairisc.ie>. Feic freisin, cuntas ag Pól Ó Muirí ar *The Irish Times*, 29/04/2015, ar fáil ag <http://www.irishtimes.com>

³ Mairéad Ní Chinnéide, “Stair Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge”, (taighde neamhfhoilsithe, [1995?]). Tá mé fíor-bhuíoch do Mhairéad a thug cead tagairt a dhéanamh dá taighde i mo thráchtas.

⁴ Feic, mar shampla, Proinsias Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1993), Proinsias Mac an Beatha, *Téid Focal le Gaoith*, (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo., 1967).

⁵ Feic, mar shampla, na tagairtí mar seo a leanas: “...[Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge] was established with the support of de Valera’s government in 1943. There were those who believed that this government support for co-ordination was a shrewd tactic to get the various strands of the Irish-language movement in the community together under one tent before the radicals became too subversive.” Gearóid Ó Tuathaigh, ‘Cultural visions and the new state: embedding and embalming’, in, Gabriel Doherty agus Dermot Keogh (eag.), *De Valera’s Irelands*, (Corcaigh: Mercier Press, 2003), 166-184, lch. 180; “...shocraigh an Rialtas institiúid a bhunú a dhéanfadh comhordú ar iarrachtaí an phobail. Bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge in 1943 agus bhí páirt lárnach ag Taoiseach na huaire, Éamon de Valera, ina bunú.” Peadar Ó Flatharta, ‘Institiúidí agus Eagraíochtaí na Gaeilge’, i, Tadhg Ó hIfeanáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2012), 261- 275, lch. 262; “Ba é an Stát féin, áfach, a chuir tús leis an ngléas comhordaithe, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, sa bhliain 1943.” Helen Ó Murchú, *Dúshlán agus Treo d’Eagraíochtaí na Gaeilge*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2003), lgh. 28-29.

an uair sin.”⁶ Murab ionann agus Ní Chathailriabhaigh, dúirt Proinsias Mac an Bheatha go raibh suim ag de Valera i mbunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus go raibh ‘ráflaí’ áirithe ann gurbh é de Valera féin a spreag an bunú. Cé nach raibh aon eolas cinnte ag Mac an Bheatha, thug sé a thuairim féin mar seo a leanas:

Ach tuigtear dom go raibh sé féin agus cuid éigin de bhaill Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge i gcomhairle le chéile tamall roimhe sin faoi thuairimí a bhí nochta aigesean i dtaobh eagraíocht náisiúnta Gaeilge a bhunú agus gur as an chaint seo a tháinig an moladh a rinne an Seabhac.⁷

Níor mhínigh Mac an Bheatha cén uair a bhí i gceist leis an scéal sin, ach chiallódh sé sin gurbh é de Valera féin a nocht plean do bhunú eagraíocht náisiúnta don Ghaeilge ar dtús agus thug an Coiste Gnótha agus ansin Pádraig Ó Siochfhradha tacaíocht don phlean sin. Níl tuairim Mhic an Bheatha agus áiteamh Eibhlín Ní Chathailriabhaigh ag teacht le chéile, áfach, toisc gur áitigh Ní Chathailriabhaigh gurbh iad lucht na Gaeilge a bhí ag smaoineamh faoi chomhoibriú lucht na Gaeilge ar dtús agus gurbh é de Valera a thug tacaíocht dóibh. Chun iniúchadh a dhéanamh ar an dá chuntas chontrártha agus ar chúla bhunú na Comhdhála, tabharfaidh mé aghaidh ar dhíospóireachtaí a bhí ann sa dara leath de na tríochaidí. Sa tréimhse sin, tháinig moltaí chun cumann nua náisiúnta nó gluaiseacht nua náisiúnta a bhunú ó dhaoine éagsúla agus cuireadh na moltaí faoi bhráid Éamon de Valera. Bhí baint mhór ag na daoine le Conradh na Gaeilge ach phléigh siad na rúin i gcumainn eile a bhí neamhspleách nó

⁶ Eibhlín Ní Chathailriabhaigh, ‘Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 1943-1983’, *Feasta*, Deireadh Fómhair, 1983, 8-11, lch. 8.

⁷ Mac an Bheatha, *Téid Focal le Gaoith*, lch. 175.

leathneamhspleách ar an gConradh. Sa rannóg seo, scrúdófar na díospóireachtaí a bhí ann idir lucht ghluaiseacht na Gaeilge agus de Valera ó 1936 suas go dtí 1943. Déanfar iniúchadh ar na moltaí agus ar na tuairimí a bhí acu ar eagraíocht nua don Ghaeilge a bhunú.

Moltaí ó Chumann Gaedhealach na hÉireann: Bord nó Coimisiún a bhunú agus timire a fhostú

Ar Oíche na Féile Bríde in 1936, tionóladh cruinniú de lucht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath mar fhreagra ar chiorclán a seoladh ag “a score of prominent and influential language workers resident in Dublin and the provinces”⁸. Ba é Pádraig Ó Siochfhradha a bhí ina chathaoirleach agus bhí thart ar chéad duine i láthair, bhí baill shuntasacha den Chonradh ina measc sin freisin, Eibhlín Ní Chathailriabhaigh, Liam Ó Briain agus Seán Ó hUadhaigh, mar shampla.⁹ Léirigh siad inní go raibh lucht na Gaeilge i mbaol scartha ó chéile mar gheall ar aighneas eatarthu. Bhí sé mar aidhm ag an gcruinniú eagraíocht nua don Ghaeilge a cheapadh chun lucht na Gaeilge a thabhairt le chéile arís.

Ba mhian leo gluaiseacht na Gaeilge a atheagrú faoi thionchar na polaitíochta náisiúnta agus í ag cabhrú agus ag obair le rialtas de Valera chun athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn mar cheist náisiúnta. Léiríodh an pointe sin ina rún thíos:

Whereas it is the national policy to revive Irish, and as it is necessary for the life of the Irish nation to react that objective as quickly as possible... we ask and we strongly urge upon the President and the Executive Council to advance effectively and courageously with the work of Gaelicisation. We pledge our support and co-operation and our advice on behalf of every such effort of the Government for the

⁸ *Scéala Éireann*, 04/02/1936, lch. 7.

⁹ *Ibid.*

good of Irish.¹⁰

Ag an am céanna, chuir siad béim mhór ar a n-áitímh nach raibh an cumann nua i gcoinne aon chumann Gaeilge a bhí ann cheana féin ach go raibh sé ag iarraidh comhoibriú a chothú i measc lucht na Gaeilge: "...nach le fonn ionnsuighthe ná le namhdas chun aon dreama de na dreamanna Gaedhealacha atá ann a cuireadh aon tionól ar bun ach le fonn chun caradais is cabhartha. Ní miste é sin a dheimhniú arís is arís eile."¹¹ Cúpla seachtain i ndiaidh an chruinnithe, sheol siad litir chuig Uachtarán na hArd-Chomhairle, Éamon de Valera. Ina litir, d'áitigh siad gur chuspóir náisiúnta é an Ghaeilge a athbheochan agus náisiún Gaelach a chomhlíonadh agus sa phointe sin, thairg siad comhoibriú le rialtas de Valera:

ÍARRAIMÍD agus deinimíd a thathant go dían ar an Uachtarán agus ar an Árd-Chomhairle gluaiseacht ar aghaidh go feidhmeamhail dána le gnó an Ghaedhealúcháin, agus GEALLAIMÍD ár gcomh-oibriú agus ár gcomhairle a thabhairt ar son gach iarrachta mar san ón Rialtas ar mhaithe leis an nGaedhilg.¹²

Ba chosúil gur glacadh le Cumann Gaedhealach na hÉireann mar ainm don chumann go gairid ina dhiaidh sin mar foilsíodh an t-ainm nua go poiblí ar *An t-Éireannach* i mí Mhárta. D'fhoilsigh *An t-Éireannach* léacht a thug Pádraig Ó Siochfhradha dar teideal "Éire na Gaedhilge nó Anglo-Ireland – Ciocu?" don Chumann. Ina léacht, d'áitigh Ó Siochfhradha nárbh fhéidir le pobal na hÉireann a bheith Gaelach agus a bheith Gallda ag an am céanna mar "naimhde aiceanta dá

¹⁰ Ibid.

¹¹ *An t-Éireannach*, 15/02/1936, lch. 1.

¹² Litir ó Rúnaí Sealadach an chumainn nua, Risteárd Mac Maghnusa, chuig Éamon de Valera, 24/02/1936, i TAOIS/S9193 'Irish Language: recommendations for the advancement by Cumann Gaedhealach na hÉireann', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

chéile iad”.¹³ D’áitigh sé freisin go raibh náisiúntacht ar leith ag lucht na Gaeilge agus “is iad na trí gnéithe tosaigh díobh na coinghill bunúsacha – comh-ionannas cinidh, comh-ionannas teangan, comh-ionannas staire is cultúra is nós.”¹⁴

Ar an 11 Bealtaine 1936, thionóil Cumann Gaedhealach na hÉireann cruinniú mór i mBaile Átha Cliath. Pléadh an teip a bhí ar athbheochan na Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais.¹⁵ Tamall ina dhiaidh sin, thionóil an Cumann an chéad chruinniú cinn bhliana agus nocht siad na trí príomhchuspóir mar seo a leanas:

- (1) An Ghaedhilg do shaothrú agus do leathnú ina ghnáth-theangain in Éirinn.
- (2) Aigne an phobail do theagasg maidir le tábhacht na Gaedhilge i gcúrsaí náisiúntais na hÉireann.
- (3) Léigheann, litridheacht, ceol agus ealadhna eile a rachaidh chun fóghnaimh do náisiúntas Gaedheal do chaomhnadh agus do saothrú.¹⁶

Nuair a tháinig siad le chéile ar dtús i dtús na bliana 1936, ba iad bunú eagraíocht nua don Ghaeilge agus comhoibriú a dhéanamh leis an rialtas ábhair an chruinnithe, ach, ní fhacthas iad sin sna príomhchuspóirí thuas.

Ní fheicfí mórán difríochta idir na cuspóirí thuas agus reitric Chonradh na Gaeilge, ach seachas comhoibriú leis an gConradh a lorg, rinne an Cumann teagmháil le de Valera go gníomhach chun a gcuid moltaí a phlé leis. Sheol siad litir agus cóip de mheamram faoi scéim a bhí ceaptha acu chuig de Valera. Mhol siad don rialtas Bord nó Coimisiún speisialta a bhunú le saineolaithe ar an

¹³ ‘An Seabhac’ (Pádraig Ó Siochfhradha), ‘Éire na Gaedhilge nó Anglo-Ireland – Cioca?’, *An t-Éireannach*, 11/04/1936, lgh. 1 agus 4, lch. 4.

¹⁴ ‘An Seabhac’ (Pádraig Ó Siochfhradha), ‘Éire na Gaedhilge nó Anglo-Ireland – Cioca?’, *An t-Éireannach*, 28/03/1936, lgh. 1 agus 8, lch. 1.

¹⁵ *Scéala Éireann*, 12/05/1936, lch. 9, *Irish Independent*, 12/05/1936, lch. 10.

¹⁶ *Scéala Éireann*, 16/07/1936, lch. 4.

nGaeilge chun an Ghaeilge agus an Gaelachas a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí sa chóras oideachais agus i measc an phobail. Mhol siad freisin go bhfostódh an Bord 500 duine óga agus oiliúint a chur orthu, ansin iad a sheoladh ar fud na tíre mar thimirí. Ar an 27 Meitheamh 1936, chuir Cumann Gaedhealach na hÉireann toscaireacht chuig de Valera chun an meamram a phlé leis. Bhí Ó Siochfhradha ar cheann na toscaireachta.¹⁷

Ní raibh Earnán de Blaghd i measc na toscaireachta ná ní raibh a ainm i liosta bhaill an Chumainn a foilsíodh ar *Scéala Éireann* ar an 16 Iúil 1936 ach chuile sheans go raibh baint áirithe aige le Cumann Gaedhealach na hÉireann. I measc Pháipéir Earnáin de Blaghd, tá cóip de litreacha ón gCumann agus ina measc, bhí cóip de cuireadh chun chruinniú an Chumainn a tionóladh an oíche díreach roimh an lá a cuireadh a dtoscaireacht chuig de Valera.¹⁸

Idir an dá linn, cuireadh cóip den mheamram, an bunleagan Gaeilge chomh maith leis an leagan Béarla, chuig baill d'Ard-Chomhairle Shaorstát Éireann chun mionscrúdú a dhéanamh faoi mholadh an Chumainn i ngach roinn den rialtas. Ar an 6 Deireadh Fómhair 1936, fuair an Ard-Chomhairle tuairisc ón Roinn Airgid. De réir na tuairisce, bhí amhras mór ar Aire Airgeadais na linne, Seán Mac an tSaoi, maidir leis an moladh chun Bord nó Coimisiún speisialta na Gaeilge a bhunú:

In regard to the main proposal in the memorandum, viz., the recruitment of as large a staff as 500 persons...the Minister has grave doubts as to the efficacy of the proposal and is in any case very much concerned with the heavy expenditure which it would involve.¹⁹

¹⁷ Meabhracháin i dtaobh na Gaedhilge, i TAOIS/S9193 'Irish Language: recommendations for the advancement by Cumann Gaedhealach na hÉireann',.

¹⁸ Feic, IE UCDA P24 Páipéir Earnán de Blaghd, An Chartlann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Thug Earnán de Blaghd léacht don Chumann freisin. Feic, *Irish Independent*, 20/01/1938, lch. 7.

¹⁹ Tuairisc ó Roinn Airgid, 05/10/1936, i TAOIS/S9193 'Irish Language: recommendations

Measadh go mbeadh costas thart ar £100,000 sa bhliain i gceist chun an scéim sin a fheidhmiú agus bhí an Roinn Airgid drogallach faoi sin.²⁰

Bliain ina dhiaidh sin, sheol an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, litir chuig de Valera maidir le meamram Chumann Gaedhealach na hÉireann. Chuir Ó Deirg in iúl go mbeadh roinn nó eagrais nua don Ghaeilge ag teastáil chun aon obair shuntasach don Ghaeilge a chur i gcrích:

...either a new section will have to be added to one of the Government Departments to take the whole question in hands, or a semi-independent body will have to be set up to do the work that the Gaelic League and other bodies have failed to do.²¹

Bhí Ó Deirg i gcoinne na tuairime go mbunófaí aon eagraíocht dheonach nua don Ghaeilge an tráth sin, áfach. D'áitigh sé nach n-éireodh le haon ghluaiseacht Ghaeilge mura mbeadh bá an phobail go léir aici. Bhí sé den tuairim gur ghá don rialtas bolscaireacht a dhéanamh leis an bpobal chun iad a spreagadh i dtreo eagraíocht dheonach bhríomhar a bhunú.²²

Ar an 1 Deireadh Fómhair 1938, seoladh tuairisc ón Roinn Airgid chuig Roinn an Taoisigh a thug achoimre ar thuairimí na ranna éagsúla: an Roinn Oideachais, Coimisiún na Talún, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Roinn Airgid féin. Go praiticiúil, bhí siad go léir in aghaidh mholtaí ó Chumann Gaedhealach na hÉireann ar chúiseanna éagsúla, ach ba í easpa acmhainní

for the advancement by Cumann Gaedhealach na hÉireann'.

²⁰ Ibid.

²¹ Litir ó Thomás Ó Deirg chuig Éamon de Valera, 30/09/1937, i TAOIS/S9193 'Irish Language: recommendations for the advancement by Cumann Gaedhealach na hÉireann'.

²² Ibid.

agus airgid an cheist ba mhó.²³ Mar sin, bhí an Ard-Chomhairle féin drogallach glacadh le moltaí an Chumann Gaedhealach agus tuilleadh airgid a chaitheamh ar scéim nua.

Níor éirigh le Cumann Gaedhealach na hÉireann a moltaí maidir le bord a bhunú nó coimisiún a chur le chéile ná 500 timire a fhostú a chur i gcrích, ach bhí siad fós ag lorg cúnamh de Valera agus an rialtais chun gluaiseacht na Gaeilge a atheagrú. Sa chéad agus sa dara mír eile, scrúdófar forbairt na moltaí sin idir deireadh na bliana 1938 agus deireadh na bliana 1939 nuair a tionóladh an chéad Oireachtas athbhunaithe.

Díospóireacht i leith eagrais nua don Ghaeilge: Deireadh na bliana 1938

Ar an 14 Samhain 1938, ghlac de Valera, a bhí anois ina Thaoiseach faoi Bhunrecht na hÉireann, le toscaireacht ó Chumann Gaedhealach na hÉireann arís. Ag an gcruinniú sin, d'iarr siad arís ar de Valera bord nó coimisiún don Ghaeilge a bhunú faoi scáth an rialtais agus gluaiseacht na Gaeilge a stiúradh as a stuaim féin. Léirigh de Valera nach raibh sé sásta faoina dtuairim gurbh é obair an rialtais cúram na Gaeilge a ghlacadh taobh amuigh de na scoileanna ná faoina moladh go mbunófaí bord nó coimisiún faoi scáth an rialtais, áfach.²⁴ Mhínigh de Valera nárbh é an costas an chúis a chúb sé siar ó na moltaí, ach de bharr go raibh tuairim eile aige:

What was required, in his view, was not primarily Governmental action but spontaneous action by a group of enthusiasts who would approach the problem in much the same way as a group desiring to foster particular political ideas and to

²³ Tuairisc ón Roinn Airgeadais chuig Roinn an Taoisigh, 01/10/1938, i TAOIS/S9193 'Irish Language: recommendations for the advancement by Cumann Gaedhealach na hÉireann'.

²⁴ Toscaireacht i dtaobh na Gaeilge, 14 Mí na Samhna, 1938, i TAOIS/3/S11241 'Toscaireacht Cumann Gaelach', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

found and build up an organisation for that purpose...They would then organise a National Conference representing the local branches; arrange for the election of a Central Directing Board etc. It might be that if an organisation was brought into existence by agencies outside the Government, consideration could then be given to the question of providing financial assistance out of State funds.²⁵

D'aontaigh de Valera le tuairim Chumann Gaedhealach na hÉireann go raibh iarracht nua dea-eagraithe don Ghaeilge ag teastáil. Léirigh an trácht thuas faoi tuairim de Valera, áfach, go raibh sé ag iarraidh eagraíocht dheonach náisiúnta áirithe faoi thionchar an chórais polaitiúil. Nuair a bheadh sé cinnte go mbeadh an eagraíocht nua ag teacht le córas polaitiúil ceart, a cheap sé, go dtabharfadh sé cúnamh oifigiúil di.

Ag an gcruinniú, chuir Cumann Gaedhealach na hÉireann a míshásamh in iúl go soiléir faoi mhíéifeacht an Chonartha: “nach raibh aon ghléas eile ar fagháil – nach fiú bheith ag brath ar Chonradh na Gaedhilge agus gan ach durnán beag de chraobhacha sa tír fé láthair”.²⁶ Ba í tuairim de Valera ar an ábhar: “It would be necessary to bear in mind the fact that the Gaelic League still existed although he was not aware to what extent the Gaelic League was now an effective organisation for the purposes for which it was founded.”²⁷ Seachas an dá abairt thuas, níl aon trácht ar Chonradh na Gaeilge ar fáil i miontuairiscí an chruinnithe sin. Níor thug de Valera aon fhreagra cinnte ar an gCumann ach gheall sé go ndéanfadh sé tuilleadh machnaimh ar an gceist sin.

Ceithre lá i ndiaidh an chruinnithe, ar an 18 Samhain, d'eagraigh de Valera

²⁵ Draft: Deputation to Taoiseach regarding the advancement of Irish, i TAOIS/3/S11241 ‘Toscaireacht Cumann Gaelach’.

²⁶ Toscaireacht i dtaobh na Gaeilge, 14 Mí na Samhna, 1938, i TAOIS/3/S11241 ‘Toscaireacht Cumann Gaelach’.

²⁷ Draft: Deputation to Taoiseach regarding the advancement of Irish, i TAOIS/3/S11241 ‘Toscaireacht Cumann Gaelach’.

cruinniú neamhfhoirmiúil le rúnaithe ó sheacht gcraobh de Chonradh na Gaeilge agus le hionadaithe ó chumann eile.²⁸ Mhínigh de Valera don chruinniú go raibh gá le cumann nua don óige idir 17 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois a chur i bhfeidhm. Ag an ócáid sin, rinne sé trácht ar an gConradh, an trácht a bhí an-chosúil leis an méid a dúirt Cumann Gaedhealach na hÉireann: "Ní raibh Conradh na Gaedhilge láidir go leór fé láthair chun obair na Gaedhilge do chur ar aghaidh go héifeachtúil agus bhí gluaiseacht nua ag teastáil."²⁹ Cé nár nocht sé an tuairim sin ag an gcruinniú le Cumann Gaedhealach na hÉireann ceithre lá roimhe sin, dúirt de Valera ag an ócáid seo go raibh an t-am aibí chun gluaiseacht nua a chur ar bun, áit a mbeadh daoine óga iad féin lárnach inti.³⁰

Cheistigh Diarmuid Ó hAlmhain ó Chraobh Chéitinnigh cén gá a bhí le gluaiseacht nua toisc go raibh Conradh na Gaeilge ann. Mhol ionadaí ó Chlann na hÉireann gur cheart é a chur i bhfeidhm faoi scáth an Chonartha agus gur cheart clár oibre a cheapadh agus a leagadh os comhair an Oireachtais athbhunaithe a thionólfá an bhliain dár gcionn. Bhí na daoine eile, rúnaithe ón Ard-Chraobh agus ó Chraobh na gCúig gCúigí de Chonradh na Gaeilge san áireamh, i bhfabhar cumann nua a chur ar bun de réir mholadh de Valera.³¹

Ní raibh ainm Leon Uí Dhubhghaill ar mhiontuairiscí an chruinnithe ach tugann cáipéis eile le fios gur labhair Ó Dubhghaill agus de Valera le chéile ar an lá sin freisin agus gur gheall Ó Dubhghaill do de Valera go rachadh sé i gcomhairle lena

²⁸ Bhí ionadaithe ó Chumann Gaelach na Stát-Sheirbhíse, Clann na hÉireann agus Gasra an Fháinne san áireamh. Cumann Nua Gaedhilge: Cruinniú i nÁrus an Rialtais, 18/11/1938, i TAOIS/3/S/11240 'Advancement of Irish: Meeting with Representatives of Conradh na Gaeilge', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

²⁹ Ibid.

³⁰ Ibid.

³¹ Ibid.

chairde a raibh suim mhór acu sa cheist sin.³² Bhí Leon Ó Dubhghaill ina rúnaí ar Oireachtas na Gaeilge ón mbliain 1938 agus bhí sé ina bhall de Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge ón mbliain 1935.³³

Tar éis an chruinnithe lena chairde, sheol Ó Dubhghaill tuairisc chuig de Valera. Ba é ‘Scéim chun gluaiseacht mhór náisiúnta a bhunughadh a chuirfeadh daoine óga a bhfuil Gaedhilg acu cheana ag labhairt na teangan’ teideal na tuairisce. D’aithin an tuairisc trí dheacracht mar seo a leanas maidir le gluaiseacht nua don Ghaeilge a bhunú: aineolas agus neamhshuim i measc an ghnáthphobail; easpa eolais chruinn ar an gcineál gluaiseachta a d’fheilfeadh; naimhdeas na gcumann Gaelach a sheachaint. Mhol an tuairisc go mbunófaí comhairle nó cumann sealadach ar dtús seachas gluaiseacht nua a bhunú láithreach.³⁴ Mhol siad freisin a bheith cúramach nach gcothódh an ghluaiseacht nua aon deighilt thromchúiseach i measc lucht athbheochana na Gaeilge, go háirithe i measc mhuintir Chonradh na Gaeilge:

...má bunuighítear an ghluaiseacht seo ba chóir go ndeinfí é i slighe go gcuirfeadh sé feabhas mór ar ghluaiseacht na Gaedhilge san iomlán agus sa tslighe sin go gcabhróchadh sé leis na cumainn atá ann go h-áirithe Conradh na Gaedhilge. Chuige sin molfaimid:

Nach mór do’n chumann sealadach seo a mhíniughadh go soiléir ó tosach nach bhfuil siad-san ag bunughadh aon ghluaiseachta nua láithreach ach go bhfuilid ag réidhteach an bhealaigh chuige agus ag féachaint cé’n ghluaiseacht nua

³² Litir agus tuairisc ó León Ó Dubhghaill chuig Éamon de Valera, 21/11/1938, i TAOIS/3/S11075 ‘Scheme by Leon Ó Dubhghaill for promotion of Irish language among young people’, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

³³ Seosamh Ó Duibhginn, ‘Bhí Mianach an tSagairt ann’, *Feasta*, Lúnasa 1967, 6-7, lch.7.

³⁴ Litir agus tuairisc ó León Ó Dubhghaill chuig Éamon de Valera, 21/11/1938, i TAOIS/3/S11075 ‘Scheme by Leon Ó Dubhghaill for promotion of Irish language among young people’.

d'fheilfeadh do riachtanaisí na ceiste...³⁵

Ar an gcuma sin, léirigh siad meas ar an gConradh agus mhol siad an ghluaiseacht nua a chur faoi scáth Chonradh na Gaeilge nó í a chur faoi scáth comhchoiste de na cumainn Ghaelacha ar a n-áireofaí Conradh na Gaeilge freisin. Anuas air sin, mhol siad nach mbunófaí craobh den ghluaiseacht nua in áit a raibh craobh Chonradh na Gaeilge ann cheana agus go n-íocfadh craobh den ghluaiseacht nua táille leis an gConradh. Léirigh siad freisin plan do chruinniú tionscnaimh an chumainn nua:

Nuair a bhéas an bealach réidhtighthe tionólfar cruinniú mór tionscnaimh i mBaile Átha Cliath chun tús oifigeamhail a chur leis an ngluaiseacht le beannach na hEaglaise, an Riaghaltais agus an Phobail.³⁶

Bhí cuid mhór de na daoine a bhí ag an gcruinniú le de Valera bainteach le Conradh na Gaeilge ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ní raibh Coiste Gnótha Chonradh na Gaeilge féin sásta le cumann nua don Ghaeilge mar sin a chruthú, áfach. Chuir siad toscaireacht chuig de Valera trí seachtaine ina dhiaidh sin chun dul i gcomhairle leis i leith an plan a bhí aige. Bhí Peadar Mac Fhionnlaoich, Uachtarán ar an gConradh, ar cheann na toscaireachta.³⁷ Mhínigh de Valera dóibh an gá le cumann a bhunú don óige idir 18 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois ach chuir Liam Ó Buachalla a imní in iúl dá mbunófaí cumann nua

³⁵ Ibid.

³⁶ Ibid.

³⁷ Bhí naonúr mar seo a leanas sa toscaireacht: Peadar Mac Fhionnlaoich, An tAthair Eric Mac Fhinn, Liam Ó Buachalla, Seán Beaumont, Micheál Ó Maoláin, Máire Ní Raghallaigh, Micheál Ó Foghludha, Eibhlín Ní Chathailriabhaigh agus Séamus Mac Conglinne. Cursaí na Gaedhilge: Toscaireacht ó Coiste Gnótha de Chonradh na Gaedhilge, 6adh Mí na Nodlaig 1938, i TAOIS/S1197 'Advancement of Irish: Proposals of Conradh na Gaeilge 1938-1953', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

mar sin, go gciallódh sé sin go raibh ré Chonradh na Gaeilge thart.³⁸ Mhínigh Eibhlín Ní Chathailriabhaigh go mbeadh feabhas ar obair an Chonartha dá mbeadh seomraí nó hallaí cuí ar fáil dó. Mhol Mac Fhionnlaoich comhchaidreamh éigin a dhéanamh idir an Conradh, cumainn eile agus an rialtas.³⁹ Ba é tátal an chruinnithe ná gur iarr de Valera ar an gCoiste Gnótha meamram a dhéanamh agus a moltaí a thabhairt dó chun an scéal a leigheas.

Réitigh an Conradh meamram agus sheol siad é chuig de Valera i Márta na bliana 1939. Rinne siad moltaí i dtaobh na Gaeltachta, na státseirbhíse, cúrsaí oideachais, na Dála agus an tSeanaid sa mheamram sin ach aisteach go leor, ní raibh trácht ar bith ar chumann nó eagraíocht nua don Ghaeilge ar fáil sa mheamram.⁴⁰

Tar éis an scagadh a dhéanamh ar na díospóireachtaí a bhí ann idir Cumann Gaedhealach na hÉireann, Leon Ó Dubhghaill, Coiste Gnótha Chonradh na Gaeilge agus de Valera, tá sé soiléir go raibh fonn ar lucht na Gaeilge mar aon le de Valera iarracht nua a dhéanamh chun gluaiseacht na Gaeilge a atheagrú. Ní raibh bunú eagrais éigin in áit Chonradh na Gaeilge i gceist ar chor ar bith, ach ba é an comhoibriú a d'fhéadfaidís a dhéanamh idir gluaiseacht na Gaeilge agus an rialtas an príomh-ábhar ag gach taobh. I mí Mheithimh 1939, d'fhoilsigh *Scéala Éireann* meamram Chumann Gaedhealach na hÉireann a seoladh chuig an rialtas cheana. Pléigh an nuachtán an meamram sin le tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht Éireannach i gcomhthéacs Aimsir na hÉigeandála. Maidir le gluaiseacht na Gaeilge, d'áitigh sé: "The vital question therefore, is whether a

³⁸ Toscaireacht chuig an Taoisigh ó Chonradh na Gaedhilge, 06/12/38, i, TAOIS/S1197 'Advancement of Irish: Proposals of Conradh na Gaeilge 1938-1953'.

³⁹ Toscaireacht ó Coiste Gnótha de Chonradh na Gaedhilge, 6adh Mí na Nodlaig 1938, i TAOIS/S1197 'Advancement of Irish: Proposals of Conradh na Gaeilge 1938-1953'.

⁴⁰ An Meamram, i, TAOIS/S1197 'Advancement of Irish: Proposals of Conradh na Gaeilge 1938-1953'.

Government, or Government aided, scheme can be devised and directed so as to secure the voluntary co-operation of the people.”⁴¹

O thaobh Cumann Gaedhealach na hÉireann de, d’áitigh Aindrias Ó Cathasaigh nár mhair sé rófhada toisc gur moladh Cumann Gaedhealach na hÉireann a thabhairt faoi choimirce an Chonartha mar chraobh ag Comhdháil Chonradh na Gaeilge 1939.⁴² I Márta na bliana 1940, thosaigh Cumann Gaedhealach na hÉireann cumann nua faoina scáth féin, Golf-Chumann Gaedhealach. Tharraing an Golf-Chumann aird an phobail. Toghadh Risteárd Mac Maghnusa, rúnaí sealadach Chumann Gaedhealach na hÉireann, mar rúnaí ar an gcumann nua. I measc na mball, bhí Cormac Breathnach, Iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil, Earnán de Blaghd agus Pádraig Ó Siochfhradha.⁴³ Níor tháinig aon scéal faoi ghníomhaíochtaí Chumann Gaedhealach na hÉireann chun cinn ó shin agus bhí an chosúlacht ann gur cuireadh deireadh leis an gcumann chomh maith leis an scéim do ghluaiseacht nua Gaeilge a mhol siad.

Mhair an Cumann, áfach, go dtí 1944 ar a laghad. I *Láimh-Leabhar* Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge a thuiriscigh aidhmeanna agus cúlraí thart ar ochtó cumann Gaeilge go mion, bhí cuntas an-ghearr ar fáil faoi Chumann Gaedhealach na hÉireann mar seo: “Cumann Caidrimh agus Propaganda don Ghaedhilg. Cathaoireach, “An Seabhac””.⁴⁴ Léireodh sé sin nach raibh an Cumann an-ghníomhach níos faide toisc gur baineadh amach a gcuid aidhmeanna, eagrais nua don Ghaeilge a chur le chéile faoi scáth an rialtais, faoin

⁴¹ *Scéala Éireann*, 07/06/1939, lch. 8.

⁴² Aindrias Ó Cathasaigh, *Ré Nua os comhair na nGaeilge?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009), lch. 85.

⁴³ *Scéala Éireann*, 09/03/1940, lch. 2.

⁴⁴ Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, lch. 35.

tráth sin. Is féidir a rá go raibh brúgrúpa i gceist le Cumann Gaedhealach na hÉireann a eagraíodh ar son ghníomhaíocht nua don Ghaeilge a thosú faoi scáth an rialtais. Ní raibh sé beartaithe acu eagraíocht nua a bhunú as a stuaim féin.

Sa chéad mhír eile, tabharfar aghaidh ar an Oireachtas athbhunaithe in 1939 ag a raibh díospóireachtaí ar atheagrú ghluaiseacht na Gaeilge agus chur chun cinn na 'teanga náisiúnta'.

Léachtaí an Oireachtais athbhunaithe 1939

I Samhain na bliana 1939, athbhunaíodh Oireachtas na Gaeilge den chéad uair ón mbliain 1924. Ina sraith alt ar stair Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, luaigh Eibhlín Ní Chathailriabhaigh go raibh comhthionól Gael ann go luath ina dhiaidh sin. D'áitigh sí go raibh dlúthbhaint ann idir an comhthionól sin agus bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge mar, dar léi, "idir bun-smaoineamh agus ainmneacha daoine beidh sé soiléir go mba chéim ar an mbealach chun na Comhdhála a bhí ann."⁴⁵ Cé go raibh an tuairim taobh thiar den chomhthionól sin bunaithe ar chomhoibriú idir lucht na Gaeilge, ní fhacthas baint dhíreach idir í agus bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, áfach. Ba chosúil nach raibh ach cúpla cruinniú eile acu agus cuireadh deireadh leis an gcomhthionól i gceann bliana.⁴⁶ Dúirt Ní Chathailriabhaigh féin nár éirigh leo dul ar aghaidh leis an gcomhthionól sin.⁴⁷

Idir an dá linn, bhí imeachtaí suntasacha eile ag an Oireachtas athbhunaithe 1939. Ag an ócáid sin, reáchtáladh léachtaí a phléigh todhchaí ghluaiseacht na

⁴⁵ Ní Chathailriabhaigh, 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 1943-1983', lch. 8.

⁴⁶ IR49162 G1 'Tuarascáil an Coiste Gnótha 1939-1940', Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁴⁷ Ní Chathailriabhaigh, 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 1943-1983', lch. 9.

Gaeilge ag triúr pearsan móra in athbheochan na Gaeilge: Domhnall Ó Corcora, Earnán de Blaghd agus Liam Ó Buachalla.

Ba é Domhnall Ó Corcora a roghnaíodh ina phríomhchainteoir ón triúr sin. Bhí cáil air mar údar ar *The Hidden Ireland* a foilsíodh in 1924. Sa saothar sin, d'áitigh sé go raibh tábhacht ag dearcadh agus ag traidisiún na nGael chun stair agus filíocht na Gaeilge san ochtú haois déag a thuiscint: "To that Hidden Ireland of the Gaels, then, we turn our faces. To reach it one must, leaving the cities and towns behind, venture among the bogs and hills, far into the mountains even, where the native Irish...still lurked."⁴⁸ Bhí an-tionchar ag an saothar ar shochaí na hÉireann ag an am sin. Bhí comhaontú ann idir an dearcadh sin agus Éire gur mhian le de Valera – Éire thuaithe, Ghaelach agus Chaitliceach – a chur chun cinn. I rith na 1930idí, ghlactaí leis sa chóras oideachais mar stair agus mar thraidisiúin an stáit.⁴⁹ Bhí ceangal mór ag Ó Corcora leis an bpolaitíocht náisiúnta agus le gluaiseacht na Gaeilge freisin mar a léirigh a bheathaisnéis go raibh sé "dílís d'Fhianna Fáil ar feadh a shaoil" agus go mba é "fealsamh Chonradh na Gaeilge" é.⁵⁰

Ar an 6 Samhain 1939, thug sé léacht an Oireachtais dar teideal 'An Stát agus an duine in Aithbheochaint na Gaedhilge'. Ina léacht d'áitigh Ó Corcora go raibh tionscnamh an stáit tábhachtach d'fhonn Gaelú na tíre a bhaint amach agus nárbh fhéidir é sin a bhaint amach gan "Aire na Teanga" a bheith sa rialtas. D'áitigh sé gurbh í obair an Aire sin an státseirbhís agus cúrsaí gnó a Ghaelú chomh maith le cúnamh a thabhairt le hoideachas na Gaeilge ar scoil agus le drámaíocht na

⁴⁸ Daniel Corkery, *The Hidden Ireland*, (Baile Átha Cliath: Gill and Mcmillan, [1975?]), lgh. 19-20.

⁴⁹ Patrick Walsh, 'Daniel Corkery's *The Hidden Ireland* and Revisionism', *New Hibernia Review*, lml. 5, Uimh. 2, Samhradh 2001, 27-44, lch. 27.

⁵⁰ Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982: Beathaisnéis a Chúig*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.), lch. 140, lch. 142.

Gaeilge. D'fhógair sé: "Creidim go láidir nach féidir ár dteanga do chur chun tosaigh gan lán-neart an Rialtais a bheith laistiar de'n ghluaiseacht."⁵¹

De bhrí gur luaigh sé gurbh obair ar son 'an chine' í athbheochan na Gaeilge agus gur dhiúltaigh sé don Éirinn Angla-Éireannach, bhí a thuairim cosúil le 'De-Anglicising Ireland', an coincheap a nocht Dubhghlas de hÍde in 1892. Thug Ó Corcora míniú níos soiléire ar an gceangal idir muintir na hÉireann agus an Ghaeilge i gcomhthéacs na difríochta idir an stát agus an náisiún, áfach. Dar leis go raibh an teanga ceangailte le náisiún na hÉireann, .i. pobal na hÉireann seachas le stát, .i. an slánaonad polaitiúil. Bunaithe ar an tuiscint sin, thug sé sainmhíniú ar an 'teanga náisiúnta':

I ngach tír institiúid náisiúnta iseadh an teanga náisiúnta; ní institiúid stáit í, a bhuidhe le Dia. Dá mba ná beadh innti ach institiúid stáit, do b'fhéidir do'n stát an obair go léir do dhéanamh. De bhrígh gur institiúid náisiúnta í ní mór lámh an duine mar dhuine a bheith i gcomhnuidhe san obair... Sin é an chúis nach ceart ná cóir an ghluaiseacht so go léir do chur idir lámhaibh ag an Rialtas.⁵²

Ar an mbonn sin, a d'áitigh Ó Corcora go raibh sé riachtanach go n-oibreodh an rialtas agus lucht na hathbheochana le chéile le fíorthuiscint ar an difríocht idir coincheap an náisiúin agus coincheap an stáit i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge a thabhairt chun solais:

An taobh san de'n ghluaiseacht a bhaineann go dlúth le corp an náisiúin, obair do'n Rialtas iseadh é feuchaint 'n-a diaidh. Ach an taobh eile dhi, an taobh san go bhfuil baint aici le spioraid an náisiúin, obair do'n duine í. Níl á rádh agam ach nach ionann náisiúntas agus státachas, bíodh is gur minic a deintear iad do mheascadh

⁵¹ Léacht le Domhnall Ó Corcora, i TAOIS/97/9/110 'Irish Language: Suggestions for Establishing a Ministry', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

⁵² Ibid.

ar a chéile.⁵³

Chun an Ghaeilge a chur ar ais mar theanga a labhrófaí go forleathan i measc phobal na hÉireann, a cheap sé, ba ghá do lucht athbheochan na Gaeilge tuiscint mhaith a bheith acu ar an difríocht idir “corp an náisiúin” – go mbeadh polasaí an stáit i gceist – agus “spiorad an náisiúin” – go mbeadh toil an phobail i gceist. Dá bharr sin, a cheap sé, ba ghá do ghluaiseacht na Gaeilge oibriú leis an dá thaobh, an rialtas agus an pobal ar son “institiúid náisiúnta”, an ‘teanga náisiúnta’, a shlánú.

An lá ina dhiaidh sin, thug Liam Ó Buachalla a d’ainmnigh de Valera mar Sheanadóir mí roimhe sin, léacht eile ar athbheochan na Gaeilge dar teideal ‘Conus ár gCabhair do Chomh-Aontughadh’. Ba chomhoibriú i measc lucht na Gaeilge téama na léachta sin. I dtús na léachta dúirt sé go raibh ar lucht na Gaeilge an scoilt a bhí ina measc a admháil go macánta. D’áitigh sé nár cheart ceist athbheochan na Gaeilge a phlé in éineacht le cúrsaí polaitíochta mar nár bhain an teanga féin leis an aighneas polaitíochta idir lucht na Gaeilge. Chun comhaontú i measc lucht na Gaeilge a atógáil, mhol Ó Buachalla athchóiriú a dhéanamh ar Chonradh na Gaeilge le cúnamh ó sheanghlúin an Chonartha:

Ní mór dúinn na sean-Chonradhthóirí a thabhairt ar ais sa ngluaiseacht. Déarfa cuid againn gur ag dul amudha atá mé, nach iad na sean-daoine a theastuigheas uainn, chor ar bith, ach na daoine óga! Is as na daoine óga atá ár muiníghin go cinnte ach feictear dom-sa go láidir nach n-éireochaidh linn aon dul ar aghaidh rathamhail a dhéanamh i measc an dreama óig go dtí go mbí muid fhéin, an mhuintir a d’árduigh brat na Gaedhilge agus a choinnigh ar folamhain ar feadh na fuide é, sásta an deagh-shompla poiblidhe maidir le cáirdeas, carthannacht agus

⁵³ Ibid.

comh-oibriú a thabhairt.⁵⁴

Bhí Ó Buachalla daichead bliain d’aois an bhliain sin. D’fheadfaí a rá go raibh sé ina sheasamh idir an tseanghlúin agus an ghlúin óg ach bhí níos mó muiníne aige as an tseanghlúin, athbheochanóirí traidisiúnta a thóg agus a d’fhorbair Conradh na Gaeilge: “chítear dom gur i gConradh na Gaedhilge ba chóir dúinn aontú.” Ag an am céanna, áfach, dúirt sé: “Dá bhféadtaidhe ár gcáirdí ar fad a thabhairt le chéile i n-aon chumann ar bith eile, bhéinn díreach comh sásta go dtiocfaimís le chéile ann.”⁵⁵ Chreid sé go raibh muintir na hÉireann ag fanacht leis an ngluaiseacht chultúrtha nua agus “neamh-pholaitiúil” le teacht chun cinn. Ar an ábhar sin, mhol sé go láidir an tOireachtas athbhunaithe mar ghluaiseacht idéalach: “Tasbánnann an t-Oireachtas seo céard is féidir a dhéanamh má bhíomaid sásta aontú.” Níor mhór do lucht na Gaeilge atheagrú agus obair a dhéanamh as a stuaim féin, seachas a bheith ag brath ar thionscnaimh an rialtais.⁵⁶ Chun gluaiseacht na Gaeilge a neartú, mhol sé teachtaí ó gach cumann Gaeilge a eagrú ar mhúnla Oireachtas na Gaeilge. Mar a luadh cheana chuir Ó Buachalla a imní in iúl bliain roimhe sin dá mbeadh gluaiseacht nua don Ghaeilge ag teacht, go gcuirfí deireadh ar an gConradh. Ina léacht, mhol sé go mbunófaí eagraíocht nua agus go gcuirfí í faoi scáth an Oireachtais, .i. faoi scáth thionchar Chonradh na Gaeilge. Níor mhór é sin a dhéanamh, a dúirt sé, go luath san athbhliain.

Ba é Earnán de Blaghd an tríú duine a thug léacht an Oireachtais dar teideal ‘An t-Aos Óg agus an Pobal i n-Obair na Gaedhilge’. Bhí sé go láidir den tuairim

⁵⁴ Léacht le Liam Ó Buachalla, i TAOIS/97/9/110 ‘Irish Language: Suggestions for Establishing a Ministry’.

⁵⁵ Ibid.

⁵⁶ Ibid.

go raibh gluaiseacht dheonach bhríomhar don Ghaeilge ag teastáil chun an teanga a athbheochan agus a chur chun cinn i measc an ghnáthphobail, go háirithe i measc na hóige. Murab ionann agus tuairim Uí Bhuachalla, áfach, d'áitigh de Blaghd nach mbeadh sé oiriúnach gurbh iad Conradh na Gaeilge a stiúrfadh athbheochan na Gaeilge an tráth sin:

Caithfear admháil nach bhfuil ar fáil, i láthair na h-uaire, an ghluaiseacht leathan láidir go bhfuil gádh léi. Mura mbíonn gluaiseacht mhór bheontach againn sara fada beidh an tubaiste ar chuid mhór d'obair na Gaedhilge... Tá, is dóigh liom, oiread daoine diograiseacha suas anois agus a bhí suas an t-am ba threise do Chonradh na Gaedhilge; ach ós rud é go bhfuil athrú saoil ann, tá níos mó le déanamh agus tá sé níos deacra dhóibh buille fóna a bhualadh ná mar bhíodh sé triocha bliain ó shoin.⁵⁷

D'áitigh sé go raibh éilimh éagsúla i measc ghluaiseacht na Gaeilge agus go raibh athrú áirithe ag teastáil ó ghluaiseacht na linne sin chun iad a réiteach: “Tá dian-ghádh le seift éigin chun cuid de’n aos óg a chorrúí ná b’fhéidir go mba chirte a rádh go bhfuil gádh le seifteanna éagsúla agus nach n-oirfeadh scéim amháin do gach ceanntar.” Bhí sé den tuairim freisin cé go raibh sé ceart ag gluaiseacht dheonach don Ghaeilge athbheochan na Gaeilge a stiúradh, nárbh fholáir don stáit cúnamh a thabhairt di.

Ar an ábhar sin, chuir sé i leith an rialtais nár ghlac siad leis an moladh ó Chumann Gaedhealach na hÉireann – chuile sheans go raibh baint ag de Blaghd leis – deontas a thabhairt do scéim thimireachta. Mhol de Blaghd don rialtas bord Gaeilge a bhunú chun an Ghaeilge a chur chun cinn taobh amuigh de na scoileanna agus de na státseirbhísigh, an moladh a rinne Cumann Gaedhealach

⁵⁷ Léacht le Earnán de Blaghd, i TAOIS/97/9/110 ‘Irish Language: Suggestions for Establishing a Ministry’.

na hÉireann leis an rialtas cheana.

Tar éis léacht de Blaghd, cuireadh an rún seo a leanas os comhair thionól an Oireachtais athbhunaithe: “Molann an Tionól Gaedheal so go gcuirfí aireacht nó bórd ar leith ar bun do’n Gaedhilg, agus do’n Gaedhealachas do réir mar atá i gceist sa léigheacht a thug Domhnall Ó Corcora agus Earnán de Blaghd uatha.”⁵⁸

Ag deireadh mhí Eanáir 1940, sheol Leon Ó Dubhghaill, Rúnaí an Oireachtais, tuairisc maidir leis an rún chomh maith le cóipeanna de na trí léacht chuig de Valera.

Léirigh sé sin gur iarr an tOireachtas ar de Valera údarás ar leith don Ghaeilge a bhunú, mar aon le heagras nua don Ghaeilge a bhunú. Cé go raibh difríochtaí ann idir na smaointe maidir le modh oibre do ghluaiseacht nua – faoi scáth Chonradh na Gaeilge nó faoi scáth an rialtais nó neamhspleách uathu – iarradh ar de Valera níos mó machnaimh a dhéanamh ar na moltaí sin. Sa chéad rannóg eile, mionscrúdófar freagra de Valera ar an gceist sin i gcomhthéacs polaitíocht náisiúnta na linne agus na díospóireachta maidir le hobair dheonach agus le hobair an stáit i leith dul chun cinn athbheochan na Gaeilge.

4-2 Freagra de Valera i leith na Moltaí

De réir tuairisce faoi staid na Gaeilge sna ranna stáit a d’fhoilsigh Coimisiún i dtaobh na Gaeilge sa Státseirbhís in 1938, úsáideadh an Béarla go forleathan i measc na státseirbhíseach, go háirithe i measc “an formhór mór de sna hÁrd-Oifigigh san Stát-Sheirbhís”.⁵⁹ Léirigh an tuairisc inní faoi dhearcadh na

⁵⁸ Litir ó Leon Ó Dubhghaill chuig an Taoiseach, Éamon de Valera, i TAOIS/97/9/110 ‘Irish Language: Suggestions for Establishing a Ministry’.

⁵⁹ ‘Tuairisc ar obair an Choimisiúin i dtaobh na Gaeilge sa Státseirbhís: Tuairisc ar obair

státseirbhíseach i leith na Gaeilge: “Is baoghlach go bhfuil an tuairim cuibheasach láidir agus forleathan ar fud na Stát-Sheirbhíse nach cuid de ghnó nó cuid de dhualgas an Stát-Sheirbhísigh an Ghaedhilg a shaothrú agus a chur chun cinn”.⁶⁰ Lean an tuairisc gur mhórchonstaic freisin é neamhshuim i leith na Gaeilge ag an Dáil agus ag an Seanad agus mhol sí go mór úsáid na Gaeilge i réimsí gradamacha sa tsochaí: “Ba mhór an congnamh do’n Gaedhilg é bheith de nós ag daoine le Gaedhilg go bhfuil árd-phostanna nó árd-réim acu sa tír an Ghaedhilg a úsáid chómh minic as is féidir.”⁶¹

Seachas aireacht Ghaeilge nó bord Gaeilge a chur ar bun faoi scáth an rialtais, an moladh a tháinig ó lucht na Gaeilge sa tráth sin, léirigh Éamon de Valera a thuairim go raibh sé tábhachtach béim a chur ar státseirbhísigh chun an Ghaeilge a chur chun cinn. I mí Aibreáin 1940 sheol de Valera achainí chuig na státseirbhísigh agus d’iarr sé orthu sáriarracht a dhéanamh eatarthu féin chun an Ghaeilge a chur chun cinn le linn Aimsir na hÉigeandála:

... is deimhin liom gur mar sin is cóir féachaint ar cheist na teangan; agus tá dóchas agam go n-aontóchaidh lucht na Stát-Sheirbhíse liom gur cheart dóibh-sin treoir do thabhairt don phobal i gcoitinne in obair na Gaedhilge.

Is é ba mhaith liom féin go mbéadh gach oifigeach, ó’n duine is sine agus is sinnsearaí sa tSeirbhís anuas go dtí an duine is óige agus is déanaí a tháinig isteach inntí, ar a dhícheall ag iarraidh an Ghaedhilg a chur chun cinn i saol an náisiúin.⁶²

Bhí de Valera muiníneach as státseirbhísigh na linne sin nach ndiúltóidís dá

na mblíadhan 1937 agus 1938’, in Seán Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn: 1919-1985*, (Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge, 1994), 122-130, lch. 127.

⁶⁰ Ibid.

⁶¹ Ibid., lch. 128.

⁶² ‘Ráiteas ón Taoiseach, Éamon de Valera, faoin Státseirbhís agus Gluaiseacht na Gaeilge, Aibreán 1940’, in *ibid*, 134-135, lch. 134.

iarratas agus go gcuideoidís le hathbheochan na Gaeilge, mar dúirt sé “go dtuigfidh siad an dualgas atá ar gach duine ariamh aca a chion féin a dhéanamh le dúthracht agus díoghras chun teanga ár sinnsir a chur i réim in Éirinn arís.”⁶³ Go luath ina dhiaidh sin, d’fhoilsigh *Scéala Éireann* leagan Béarla den achainí go léir dar teideal ‘Taoiseach Urges Effort For Irish’.⁶⁴ Mheabhraigh an t-alt don phobal i gcoitinne gan Ghaeilge gur threoraithe iad na státseirbhísigh in athbheochan na Gaeilge.

Idir an bhliain 1940 agus an bhliain 1942, níor thosaigh an rialtas aon scéim shuntasach chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na státseirbhíseach ná aon phlean do ghluaiseacht nua don Ghaeilge a chur chun cinn. Ba chosúil, áfach, go raibh an cheist sin in intinn de Valera i gcónaí. Ag an gcéad Ard-Fheis eile de Chonradh na Gaeilge, toghadh Liam Ó Buachalla mar Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge. Bhí beartaithe aige an Conradh a atógáil agus a fheabhsú, ach níor mhair a uachtaránacht ach ar feadh bliana. Toghadh Seán Óg Ó Tuama ina áit ag an toghchán conspóideach i mí Dheireadh Fómhair na bliana 1941 agus tuigeadh toradh an toghcháin, dar le Proinsias Mac Aonghusa, mar mhíshásamh in aghaidh de Valera agus a pholasaí.⁶⁵ Le linn uachtaránacht Uí Thuama, bhí daoine i dteagmháil le Liam Ó Buachalla maidir le plean faoi ghluaiseacht nua don Ghaeilge. Ag deireadh na Bealtaine 1942, thug Ó Buachalla le tuiscint go raibh daoine ag moladh dó le linn na míonna roimhe sin gluaiseacht nua a bhunú agus í faoi scáth ‘pháirtí polaitíochta áirithe’. Léirigh Ó Buachalla go raibh sé den tuairim, áfach: “Such, however, might lead to rivalry and no good purpose would be

⁶³ Ibid., lch. 135.

⁶⁴ *Scéala Éireann*, 09/05/1940, lch. 7.

⁶⁵ Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, lgh. 256-257.

served.”⁶⁶ Bhí Ó Buachalla ina Sheanadóir de chuid Fhianna Fáil ag an am sin agus chuile sheans gur chiallaigh an ‘páirtí polaitíochta áirithe’ a pháirtí féin, .i. Fianna Fáil.

I Meán Fómhair 1942, thug de Valera teachtaireacht do chruinniú tosaigh d’Ard-Chraobh Chonradh na Gaeilge. Sa teachtaireacht sin, dúirt de Valera go raibh sé dearfach de go dtiocfadh an teanga ar ais dá ndéanfaí iarracht mhór náisiúnta láithreach le dúthracht is le dáiríre.⁶⁷ Ansin, thrácht de Valera arís ar an ngá le gluaiseacht mhór náisiúnta don Ghaeilge chun úsáid na Gaeilge i measc na hóige a spreagadh i mbliain chomórtha caoga bliain ó bhunú Chonradh na Gaeilge: “Tá, le naghaidh seo, call le gluaiseacht fhoirleathan náisiúnta, gluaiseacht nach mbeidh aon chuspóir eile roimpi ach amháin aithbheóchain na Gaeilge.”⁶⁸ Níor gheall sé, áfach, an tionscadal sin a chur i gcrích faoi threoir an stáit. Sa teachtaireacht sin d’úsáid sé an focal ‘náisiún’ chun athbheochan na Gaeilge mar obair an phobail féin a aibhsiú agus mhol sé don Ard-Chraobh, ar a raibh de Valera féin ina Uachtarán, bualadh faoin tionscnamh:

Déanamais rún anois, mar náisiún, go dtiúbhramaid an iarracht seo agus go músclóchamid arís an dúthracht a bhíodh a’freagairt sa gConradh an chéad fiche bliain nó mar sin dá haois. Éireóid linn ar shon is go bhfuil chuile dheis againn, má’s toil linn an iarracht a dhéanamh. Tá mé cinnte dhe go ndéanfa an Árd-Chraobh a cion féin, mar is iondúil léi, in aon iarracht náisiúnta a thiocfas ar mhaithe le haithbheóchain na teangadh.⁶⁹

Nuair a toghadh Diarmuid Mac Fhionnlaoidh mar Uachtarán in áit Sheáin Óig

⁶⁶ *Scéala Éireann*, 01/06/1942, lch. 3.

⁶⁷ ‘Teachtaireacht de Valera a tugadh do Chruinniú Tosaigh den Ard-Chraobh’, i TAOIS/97/9/15 ‘An Ard-Chraobh de Chonradh na Gaedhilge’, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

⁶⁸ Ibid.

⁶⁹ Ibid.

Uí Thuama ag Comhdháil Chonradh na Gaeilge a tionóladh ar an 25 Deireadh Fómhair 1942, tháinig míshásamh chun cinn arís faoi dhualgas a bheith ar an rialtas i leith athbheochan na Gaeilge. Ritheadh rún a d'áitigh nach raibh feabhas mór ann maidir le húsáid na Gaeilge i measc na státseirbhíseach. D'iarr an rún ar an rialtas ordú do ranna stáit, do bhoird phoiblí agus d'aon eagraíocht eile a bhí ag obair leis an stát freagra a chur i nGaeilge ar litreacha i nGaeilge.⁷⁰

D'oscail Oireachtas na bliana ar an lá ina dhiaidh sin. Ag díospóireacht an Oireachtais, rinneadh níos mó cáinte faoi fhaillí an stáit i leith na Gaeilge, go háirithe i gcúrsaí oideachais na tíre. Dúirt cathaoirleach na díospóireachta Pádraig Ó Siochfhradha nár thug an Ollscoil Náisiúnta mórán léachtaí trí mheán na Gaeilge dá gcuid mac léinn, ach nár chuir bunscolaíocht agus meánscolaíocht béim ar theagasc ná ar úsáid na Gaeilge.⁷¹ Cháin E. Ó Donnchadha an rialtas á rá gur chuma le roinnt ball den rialtas Ghaeilge a bheith beo nó marbh.⁷²

Ag an am céanna, i measc bhaill den Chonradh, bhí duine ann a léirigh tuiscint áirithe do pholasaí an rialtais. Cé gur ghlac Pádraig Mac Con Midhe, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, go raibh dualgas ar an rialtas i leith chur chun cinn na Gaeilge, ghlac sé freisin gurbh é dualgas an phobail a raibh Gaeilge acu an teanga a chothú i gcónaí.⁷³ Bhain *Scéala Éireann* úsáid as an abairt sin chun sheasamh an rialtais a chosaint agus thug sé 'People Too Have Duty To Irish, Oireachtas Is Told' do cheannlíne an ailt ar áiteamh Mhic Con Midhe.⁷⁴ Ina theannta sin, ina eagarfhocal den chéad eagrán eile dar teideal 'EVERYBODY'S

⁷⁰ *Scéala Éireann*, 26/10/1942, lch. 1.

⁷¹ Thuairiscigh an trí páipéir go léir an trácht seo. *Irish Independent*, 27/10/1942, lch.1; *The Irish Times*, 27/10/1942, lch. 1; *Scéala Éireann*, 27/10/1942, lch. 3.

⁷² B'fhéidir gurbh é Éamonn Ó Donnchadha giorrúchán an ainm "E. Ó Donnchadha". *Scéala Éireann*, 27/10/1942, lch. 3; *Irish Independent*, 27/10/1942, lch. 1.

⁷³ *Scéala Éireann*, 27/10/1942, lch. 3.

⁷⁴ *Ibid.*

WORK', chuir *Scéala Éireann* a mhíshásamh in iúl maidir leis an gcáineadh géar a rinne muintir Chonradh na Gaeilge ar an rialtas. D'áitigh an nuachtán gur obair d'eagraíocht dheonach na Gaeilge í an Ghaeilge a athbheochan.⁷⁵

Chuir an trácht sin Conradh na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge ar buile. D'fhoilsigh an chéad eagrán eile d'iris Chonradh na Gaeilge *An Glór* alt dar teideal 'Scéala Éireann – Laissez Faire?' ar an leathanach tosaigh. Cháin siad tuairimí *Scéala Éireann* agus d'áitigh siad go raibh tacaíocht an rialtais de dhíth chun an Ghaeilge a athbheochan mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann ach gur úsáid an rialtas Aimsir na hÉigeandála mar leithscéal faoi dhul chun cinn mall d'athbheochan na Gaeilge:

Ach cad mar gheall ar an dteangain náisiúnta? Ní h-amhlaidh atá conthabhairt cogaidh dá bagairt uirthi le trí bliadhna anuas. Tá an chogadh dá chur cheana. Tá an cogadh dá chur uirthi le breis is trí céad bliadhan...Oireann lánchabhair is comhacht an Stáit dí má thátar chun teanga náisiúnta na tíre a dhéanamh dí an athuair.⁷⁶

Ba chosúil, áfach, nár ghlac *Scéala Éireann* le cáineadh mhuintir Chonradh na Gaeilge i ndáiríre go dtí go bhfuair siad comhlitir ghearáin ó Uachtarán an Chonartha, Diarmuid Mac Fhionnlaoidh agus Cathaoirleach an Oireachtais, Pádraig Ó Siochfhradha. Ina litir, chuir an bheirt in aghaidh dhearcadh an nuachtáin agus d'áitigh siad dualgas an rialtais maidir le bunú fhoras nua chun feabhais a chur ar staid na Gaeilge:

Speakers at the Oireachtas, mindful of the anomalies and misunderstandings which

⁷⁵ *Scéala Éireann*, 28/10/1942, lch. 2.

⁷⁶ *An Glór*, 07/11/1942, lch. 1.

threaten the success of the movement after fifty years of effort, stressed the importance and urgency of establishing a competent body with authority to formulate a comprehensive plan for the restoration of the language and with powers to implement it. Surely this is not unreasonable! Yet you rate the Oireachtas speakers for asking the Government to do this. Who else should do it? Who else can?⁷⁷

D'iarr an litir freisin ar *Scéala Éireann* comhoibriú leis an rialtas chun scéim athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn. Ag deireadh na litreach, dúirt siad:

...we assure the Government that the people would welcome a progressive scheme because the people want it. We appeal to you, a Eagarthoir, to use the influence of "Sceala Eireann" to bring about this end rather than to defeat or retard it.⁷⁸

Níor mhian le *Scéala Éireann* níos mó comhfhreagrais theasaí a bheith acu le Conradh na Gaeilge ná le hOireachtas na Gaeilge, dhá phríomhghluaiseacht Ghaeilge na linne. D'fhoilsigh *Scéala Éireann* an litir ghearáin thuasluaite agus ghabh siad leithscéal san eagarfhocal ar an leathanach céanna den nuachtán.⁷⁹ Mar cheann de na meáin chumarsáide náisiúnta a bhí ar son rialtas de Valera, gheall *Scéala Éireann* go gcabhróidís le gluaiseacht na Gaeilge go mór: "we are prepared to place our columns at the disposal of any lovers of the language who have views on how their ideals can best be realised"⁸⁰. I rith na bliana 1943, ba é *Scéala Éireann* ba mhó a thug tacaíocht ó thaobh phoiblíocht na Féile de agus ina dhiaidh sin, ó thaobh poiblíochta ar bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Cúpla mí ina dhiaidh sin, mí Eanáir 1943, thosaigh sraith imeachtaí speisialta

⁷⁷ *Scéala Éireann*, 04/11/1942, lch. 2.

⁷⁸ Ibid.

⁷⁹ Ibid.

⁸⁰ Ibid.

chun Iubhaile Órga an Chonartha a cheiliúradh. Faoi mar a gheall siad, d'fhoilsigh *Scéala Éireann* ailt faoi na himeachtaí, go háirithe, imeachtaí na hArd-Chraoibhe ina raibh de Valera mar Uachtarán. Bhí de Valera ina Uachtarán ar an Ard-Chraobh le blianta fada ó na fichidí⁸¹, ach mar gheall go raibh sé gnóthach ina shaol polaitíochta, ní raibh sé in ann freastal ar gach cruinniú nó imeacht. Ar an 13 Márta 1943, sheol Rúnaí na hArd-Chraoibhe, Riobárd A. Bramham, litir chuig de Valera. Mhínigh an litir go raibh ceist na Gaeilge sa státseirbhís, san ollscoil agus i gcúrsaí poiblí i gcoitinne faoi chaibidil ag cruinniú choiste na hArd-Chraoibhe a bhí ann le gairid agus d'iarr an coiste ar de Valera ceannaireacht pholaitiúil a úsáid chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna réimsí thuas:

Bhí lucht an Choisde de'n bharamhail freisin nach raibh aon chaoi le for-fhás a chur ar na cursaí seo acht Aire ar leith a cheapadh leis an nGaedhilge a chur chun cinn agus a fhoirbhiú ar nós mar a bhí faoin gcéad Dáil. Béal ag súil le feagra cinnte uait ar an litir seo.⁸²

Léirigh an rún seo an frustrachas a bhí ar fiú baill den Ard-Chraobh i ngeall ar thost an rialtais agus de Valera i dtaobh mholtaí a bhí ag lucht ghluaiseacht na Gaeilge aireacht nó coimisiún Gaeilge a bhunú. Ghlac Roinn an Taoisigh leis an litir thuas ar an 15 Márta 1943, léadh an litir agus marcáladh na línte "Aire ar leith a cheapadh leis an nGaedhilge" agus "feagra cinnte" i ndath dearg. Seans gurbh é de Valera féin a bhreac.

Dhá lá ina dhiaidh sin, thug de Valera ceann de na hóráidí ba cháiliúla dar thug sé riamh, a óráid Lá Fhéile Pádraig na bliana 1943 a craoladh ar an raidió. Ina

⁸¹ *Scéala Éireann*, 09/10/1943, lch. 2.

⁸² Litir ón Ard-Chraobh Chonradh na Gaeilge chuig an Taoiseach, Éamon de Valera, 13 Márta 1943, i TAOIS/97/9/15 'An Ard-Chraobh de Chonradh na Gaedhilge'.

óráid, a dtugann lucht a cháinte 'dream speech' uirthi go minic,⁸³ thrácht de Valera ar Éirinn idéalach a bhí lán d'aoibhneas na tuaithe, a bhí lán de shonas agus bhríomhaireacht.⁸⁴ D'áitigh sé go raibh saibhreas an tsaoil spioradálta níos tábhachtaí ná saibhreas an tsaoil fhisiciúil agus mhol sé don phobal an Ghaeilge a athbheochan mar an 'teanga náisiúnta' chun an saol spioradálta a chur chun cinn:

...if they choose, to devote themselves more completely to cultivating the things of the mind, and in particular those which mark us out as a distinct nation.

The first of these latter is the national language. It is for us what no other language can be. It is our very own. It is more than a symbol; it is an essential part of our nationhood.⁸⁵

D'fhógair sé gur spiorad an náisiúin é 'teanga náisiúnta' na hÉireann agus léirigh sé go raibh dualgas ar an bpobal a raibh Gaeilge acu an teanga a úsáid.⁸⁶

Ansin, d'fhógair sé a phlean gurbh í 1943 an bhliain speisialta d'athbheochan na Gaeilge:

Let us all, then, do our part this year...Let us devote this year especially to the restoration of the language; let the year be one in which the need for this restoration will be constantly in our thoughts and the language itself as much as possible on our lips.⁸⁷

Ba sháriarracht dheonach i measc phobal na hÉireann, seachas cruthú aireachta nó bunú choimisiún don Ghaeilge, an freagra a thug de Valera ar cheist a bhí á

⁸³ Michele Dowling, 'The Ireland that I would have': De Valera and the Creation of an Irish National Image', *History Ireland*, lml. 5, Uimh. 2, Samhradh 1997, 37-41, lch. 38.

⁸⁴ 'The Ireland that we dream of', ar fáil i Maurice Moynihan (eag.), *Speeches and Statements by Éamon de Valera, 1917-1973*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1980), lch. 466.

⁸⁵ Ibid., lch. 467.

⁸⁶ Ibid., lch. 468.

⁸⁷ Ibid.

cur ag lucht na Gaeilge. D'iarr sé ar mhuintir na hÉireann go léir, pobal na tuaithe agus pobal na cathrach, a bheith páirteach sa ghluaiseacht náisiúnta faoi scáth ag aidhm bhunúsach, Gaeilge a athbheochan agus a chur chun cinn. D'áitigh sé:

It is a task in which the attitude of the individual is what counts most. It is upon the individual citizen, upon you who are listening to me, that the restoration of the language finally depends. The State and public institutions can do much to assist, but if the individual has not the inclination or the will-power to make the serious efforts initially required or to persevere till reasonable fluency is attained, outside aids will be of little use. The individual citizen must desire actively to restore the language and be prepared to take the pains to learn it and to use it, else real progress cannot be made.⁸⁸

D'fheadfaí a rá gurb é sin an chéad fhógra oifigiúil ó cheannaire na hÉireann maidir le tosaíocht a thabhairt d'obair dheonach chun an Ghaeilge a athbheochan agus a chur chun cinn. Bliain speisialta chomórtha ar chaoga bliain bhunú Chonradh na Gaeilge a bhí in 1943 agus bhí an t-am oiriúnach do de Valera spiorad deonach an Chonartha a chur os comhair an phobail arís.

Go luath ina dhiaidh sin, thug sé faoin bplean sin a chur i gcrích. Bhí an chéad olltoghchán eile beartaithe am éigin i mí Mheithimh na bliana sin de bhrí go n-imeodh téarma na Dála in éag. Ní raibh dáta an olltoghcháin socraithe fós ach ar an 8 Bealtaine, tionóladh Coinbhinsiún Fhianna Fáil i Luimneach chun iarrthóirí don olltoghchán a roghnú. Ag an ócáid sin, d'ainmnigh de Valera athbheochan na Gaeilge chomh maith le hÉirinn aontaithe mar an aidhm náisiúnta. Ansin, d'áitigh sé gur ghá gluaiseacht náisiúnta nua don 'teanga náisiúnta' a bhunú sa bhliain áirithe sin. Thuairiscigh *Scéala Éireann* áiteamh de Valera ag an gCoinbhinsiún

⁸⁸ Ibid.

mar seo a leanas:

For many reasons there was not in existence any great popular movement for the restoration of the national language. He believed such a great popular movement could be brought about. The work done in the schools and so on for a number of years had given the foundation for a new effort which did not exist some years ago...It was essential, if they were not going to lose the language, to have a popular movement to support it.⁸⁹

Níor thrácht *Scéala Éireann* anseo ar Chonradh na Gaeilge a bhí ag obair ar son na Gaeilge le caoga bliain anuas agus é ag pleanáil comhdháil mhór na nGael dá lubhaile Órga sa bhliain sin. Ní raibh sé soiléir an raibh de Valera ag labhairt faoin gConradh ag an gCoinbhinsiún, ach bheadh cúis mhaith aige trácht ar an gConradh a sheachaint ag an ócáid sin. D'iarr de Valera ina óráid Lá Fhéile Pádraig tacaíocht fhorleathan ar phobal na hÉireann chun athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn mar thionscadal náisiúnta na bliana sin. Chun gluaiseacht nua náisiúnta don Ghaeilge a thionscnamh, theastódh tacaíocht fhorleathan ó gach taobh den pholaitíocht mar a dúirt sé ina theachtaireacht don Ard-Chraobh bliain roimhe sin: "Seo bealach agus páirtithe agus ag dreama, nach dtigeann le chéile ar bhealaigh eile, aontú go fonnmhar le chéile agus oibriú as lámha a chéile."⁹⁰ Ní dhéanfadh sé aon trácht ar Fhianna Fáil ag ócáid Chonradh na Gaeilge agus ní dhéanfadh sé aon trácht ar Chonradh na Gaeilge ag ócáid Fhianna Fáil. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh sé aon cháineadh ar cheangal idir Conradh na Gaeilge agus polaitíocht Fhianna Fáil a sheachaint.

Níor léirigh Conradh na Gaeilge féin tacaíocht ar leith d'Fhianna Fáil i leith a

⁸⁹ *Scéala Éireann*, 10/05/1943, lch. 1.

⁹⁰ 'Teachtaireacht de Valera a tugadh do Chruinniú Tosaigh den Ard-Chraobh', i TAOIS/97/9/15 'An Ard-Chraobh de Chonradh na Gaedhilge'.

bpolasaí Gaeilge go háirithe. De réir *An Glór*, áfach, dúirt Coiste Chathair Átha Cliath an méid seo a leanas: “is eol dúinn go bhfuil fir náisiúnta ins gach peartaí dá bhfuil ann. Is eol dúinn leis, dar ndóigh, go bhfuil fir ins gach peartaí aca ná fuil aon gnó aca den Gaedhilg.”⁹¹ Cháin siad easpa pholasaí praiticiúil chun an Ghaeilge a chosaint i measc “na páirtithe polaitíochta” agus d’iarr siad ar phobal na Gaeilge an pointe sin a scrúdú:

...níor labhair aon peartaí go hoifigeamhail fós á moladh go ndéanfí beart feille i gcoinnibh na teangan, go lorgeófaí guthanna an phobail ar scáth námhadais i gcoinnibh a haithbheoidhthe. Iarraimid ortha uile a gcuid iarrathóirí do chosg ar ghníomh dá leithéid dhéanamh. Iarraimid ar ár léightheoirí deimhin dhéanamh de mheon na n-iarrathóirí don Ghaedhilg ina gceanntar sara gcaithid a nguthanna.⁹²

Cúpla lá roimh an olltoghchán, cháin *An Glór* arís an seasamh a bhí ag páirtí polaitíochta áirithe maidir leis an nGaeilge. Níor thrácht an iris ar ainm an pháirtí ach cháin sí neamh-chomhsheasmhacht an pháirtí sin i leith úsáid na Gaeilge ag an toghchán:

Adhbhar grinn dúinn tárlachtaint amháin i mBaile Átha Cliath. Roinnt bheag focal Gaedhilge i n-úsáid ar stocaireacht toghacháin pheartaidhe áirithe sa taobh thuaidh den chathair. Chomh fada agus is eol dúinn níl an roinnt beag san féin gá h-úsáid aca san dtaobh theas den cathair. Nach deimhin atáid muintear an cheanntair sin bheith Gallda amuigh is amach!⁹³

Le haghaidh olltoghchán na bliana 1943, d’fhoilsigh Fianna Fáil paimfléad dar teideal *Ireland 1932 to 1942: A story of Great Achievements*.⁹⁴ D’éiligh Fianna Fáil

⁹¹ *An Glór*, 22/05/1943, lch. 1.

⁹² Ibid.

⁹³ *An Glór*, 19/06/1943, lch. 2.

⁹⁴ Fianna Fáil, *Ireland 1932 to 1942: A Story of Great Achievements*, (Baile Átha Cliath:

go raibh forbairt mhór in Éirinn faoina rialtas féin ó 1932 ar aghaidh i réimsí éagsúla, athbheochan na Gaeilge san áireamh. D'iarr siad ar an bpobal a vótaí a thabhairt d'iarrthóirí Fhianna Fáil ag an gcéad toghchán eile chun leanúnachas fhorbairt na tíre faoi rialtas de Valera a chinntiú. Níor cuireadh béim mhór ar cheist na Gaeilge sa phaimfléad, áfach. Bhí tríocha leathanach ag an bpaimfléad ach níor úsáid siad ach leathanach amháin chun ceist na Gaeilge a phlé. Ba é 'Fianna Fáil agus an Teanga' teideal an ailt sin. Liostáladh na beartais ar son na Gaeilge a bhí bainteach le rialtas Fhianna Fáil, formhór acu bainteach le deontais airgid agus le cúrsaí léinn, mar shampla, scéim an dá phunt a thug deontais do ghasúir na Gaeltachta a bhí ag labhairt na Gaeilge mar ghnáth-theanga bhaile, Coimisiún Béaloideas Éireann a bunaíodh in 1935, Gaeilge i gcúrsaí oideachais agus Scoil an Léinn Cheiltigh a bunaíodh san Institiúid Ard-Léinn in 1940. Ó thaobh ghluaiseacht na Gaeilge de, níor luadh ach dhá eagraíocht a fuair tacaíocht agus deontais: Coiste na bPáistí agus Oireachtas na Gaeilge.

I leathanach deiridh an phaimfléid, léirigh Fianna Fáil obair a bhí beartaithe acu amach anseo. Níor luaigh siad go díreach bunú ghluaiseacht nua don Ghaeilge ach thug an abairt thíos le fios go raibh sé beartaithe acu í a bhunú:

If the language is to be put beyond all danger there must be a national drive to get all classes of the community to realise the importance of this great work and to secure their active co-operation in it by providing opportunities for the speaking of Irish after school and for its use in the normal life of all adults who have learned it.⁹⁵

Ar an 31 Bealtaine 1943, labhair de Valera ag cruinnithe Fhianna Fáil i

Fianna Fáil, [1943?]). Níl dáta ar an bpaimfléad ach ón eolas atá ar fáil ann, seans gur foilsíodh é am éigin idir Bealtaine agus tús Mheithimh, roimh an olltoghchán ar an 23 Meitheamh 1943.

⁹⁵ Ibid., lgh. 30-31.

gCeatharlach agus i mBaile Átha Í. Dúirt sé gurbh í Éire aontaithe príomhchuspóir Fhianna Fáil agus gurbh í athbheochan na Gaeilge mar theanga labhartha na hÉireann cuspóir náisiúnta eile. Dúirt sé ag an gcruinniú sin i gCeatharlach:

I mention this, not because it is an issue in this election. I am glad that there are people in all parties who want to see the language restored and that it is a common objective with all the principal parties. I mention it because it is now, and always has been the policy of Fianna Fáil to bring back Irish as the spoken language of the people.⁹⁶

Ó thús an fheachtais toghchánaíochta, dúirt sé arís agus arís eile nár cheist toghcháin Fhianna Fáil í athbheochan na Gaeilge de bhrí go raibh gach uile pháirtí polaitíochta in Éirinn ar aon intinn faoin gceist sin.⁹⁷ Ag an am céanna, d'áitigh sé gur chuir Fianna Fáil béim mhór ar athbheochan na Gaeilge i gcónaí. Bhí coimhlint ann idir na habairtí ach ba chinnte go raibh gluaiseacht náisiúnta nua don Ghaeilge ar intinn ag de Valera, gluaiseacht le tacaíocht ó gach taobh den speictream polaitíochta a bhunú faoina thionchar féin. Ag an gcruinniú i mBaile Átha Í, thrácht de Valera ar ghluaiseacht nua don Ghaeilge freisin: "I hope you will be called upon some time this year to build up a great national movement for the restoration of the language and that you will give it your support."⁹⁸ Ag cruinniú eile i mBiorra ar an 3 Meitheamh, thrácht sé arís ar ghluaiseacht nua don Ghaeilge, gluaiseacht a bheadh ag obair as lámha a chéile leis an rialtas:

We hope when these elections are over to try to get a good, popular movement going, a strong, popular movement for the restoration of the language which will

⁹⁶ *Scéala Éireann*, 31/05/1943, Ich. 1.

⁹⁷ Féach *Scéala Éireann*, 17/05/1943, Ich. 1; *Scéala Éireann* 24/05/1943, Ich. 1.

⁹⁸ *Scéala Éireann*, 31/05/1943, Ich. 3.

assist the Government in anything the Government may be able to do. Because the Government alone, or in anything it can do directly, cannot save the language. The language can only be saved if the people themselves want to save it.⁹⁹

Idir an dá linn, bhí duine ann a bhí ag iarraidh an ceangal idir de Valera, Fianna Fáil, agus gluaiseacht na Gaeilge a láidriú. Ar an 8 Meitheamh 1943, d'fhoilsigh *Scéala Éireann* litir ó Riobárd A. Bramham, Rúnaí Ard-Chraobh Chonradh na Gaeilge. D'áitigh Bramham nach ndearna ceannairí Pháirtí an Lucht Oibre agus Fhine Gael aon trácht ar chur chun cinn na Gaeilge i measc an phobail. Mhol sé de Valera mar Thaoiseach na hÉireann a thug tacaíocht mhór do ghluaiseacht na Gaeilge agus a chuir béim ar an nGaeilge sa chlár toghcháin. Thrácht Bramham ar cheangal idir de Valera agus Ard-Chraobh an Chonartha chomh maith le plean de Valera don ghluaiseacht nua Gaeilge:

In a recent message to an Ard-Chraobh...he [de Valera] said: "There is need for a nation-wide organisation that shall have the propagation of the Irish Language and that alone, as its programme." The implication is clear. Victory in the coming election will enable him to found this organisation or else give his wholehearted support to those charged with its development.¹⁰⁰

Thaispeáin an litir seo go raibh an tArd-Chraobh, nó na baill fheidhmiúla ar a laghad, ag tabhairt tacaíocht iomlán don ghluaiseacht nua agus í a chruthú faoi thionchar de Valera. Ní bheadh imní orthu faoin tráth sin go lagódh sé sin Conradh na Gaeilge mar ghluaiseacht náisiúnta na Gaeilge, ach cheapfaidís go láidreodh sé sin an Conradh dá mbeadh ról lárnach acu ina bunú faoi thionchar de Valera.

Murab ionann agus *Scéala Éireann*, bhí nuachtáin náisiúnta eile amhrasach

⁹⁹ *Scéala Éireann*, 04/06/1943, lch. 1.

¹⁰⁰ *Scéala Éireann*, 08/06/1943, lch. 3.

faoi phlean de Valera. D'áitigh *The Irish Times* gurbh í ceist na Gaeilge an polasaí ba thábhachtaí do de Valera thar aon ábhar eile ag an toghchán sin agus nár thug de Valera aird ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre.¹⁰¹ Ba léir gur thug an *Sunday Independent* tacaíocht don pháirtí freasúra, Fine Gael agus d'fhoilsigh an nuachtán alt ag 'Ben Mayo' (Frank O'Connor) in aghaidh pholasaí oideachais Gaeilge Fhianna Fáil. Ina alt, d'áitigh 'Ben Mayo' go raibh polasaí Gaeilge Fhianna Fáil míréadúil agus nach raibh ann ach amaidí.¹⁰² In aghaidh áitimh 'Ben Mayo', chuir Bramham litir chuig an *Sunday Independent* agus mhaígh sé go mbeadh plean ag de Valera gluaiseacht nua don Ghaeilge a chruthú don náisiúntacht Éireannach:

Ben Mayo, however, must admit that if we are to improve social conditions, "to give our people a pride in themselves" as he so succinctly put it, we must have some badge of nationhood and that badge is undoubtedly the Irish language... An Taoiseach has stated... that he proposes to start a popular movement for the revival of the language – a movement that will combine all that is best in organisational effort, with a common-sense judgment of the people's requirements. Such a movement is bound to be successful.¹⁰³

Bhuaigh Fianna Fáil dóthain suíochán chun an rialtas a bhunú cé gur chaill an páirtí deich suíochán san olltoghchán sin.¹⁰⁴ Mar a áitíodh cheana, choinnigh de Valera féin ceist na Gaeilge mar ábhar polaitíochta neodrach i rith an fheachtais toghchánaíochta. Níor chosúil go raibh polasaí athbheochan na Gaeilge, go

¹⁰¹ *The Irish Times*, 13/05/1943, lch. 3.

¹⁰² *Sunday Independent*, 06/06/1943, lch. 3.

¹⁰³ *Sunday Independent*, 20/06/1943, lch. 2.

¹⁰⁴ I gcomparáid leis an olltoghchán 1938, chaill Fianna Fáil 10 suíochán agus Fine Gael 14 suíochán san olltoghchán 1943. Ar an taobh eile, mhéadaigh líon suíochán Pháirtí an Lucht Oibre – 8 suíochán agus bhí méadú 9 suíochán i gceist ag Clann na Talmhan. *Irish Independent*, 26/06/1943, lch. 3.

dearfach nó go diúltach, mar cheist lárnach i measc an ghnáthphobail ag an olltoghchán sin, ach an oiread. Seachtain i ndiaidh an olltoghcháin, áfach, d'áitigh eagarfhocal *Scéala Éireann* go raibh seasamh an-difriúil ann idir Fianna Fáil agus an freasúra maidir le ceist na Gaeilge. Mhaígh an t-eagarfhocal sin gurbh iad 'naimhde' na Gaeilge an freasúra agus mhaígh sé gurbh í seo ceann de na cúiseanna go bhfuair Fianna Fáil níos mó tacaíochta ón phobal:

During the recent election there were not wanting those who, in a frantic search for votes, sought to represent the movement for the revival of the Irish Language as a waste of time and energy. To them, the Golden Jubilee of the Gaelic League meant nothing at all. Completely anglicised themselves, they imagined that the people had turned against the revival and that by attacking the language they would get a little extra support on polling day. They were, we are happy to say, profoundly disappointed.¹⁰⁵

Roimh an olltoghchán, dúirt de Valera go mbeadh gluaiseacht nua don Ghaeilge ag teacht chun cinn díreach tar éis an olltoghcháin. Cé nár tháinig aon nuashonrú faoin bplean ina dhiaidh sin, bhí an plean fós ar bun. Bhí lá an olltoghcháin ann díreach cúig seachtaine roimh chomóradh Iubhaile Órga Chonradh na Gaeilge agus iad ag ullmhú do chomhdháil na nGael mar chuid de na himeachtaí. Bhí an Conradh mar aon le de Valera in ann úsáid a bhaint as an ócáid sin le chéile chun bunú ghluaiseacht nua don Ghaeilge a phlé.

Cé go raibh roinnt de lucht na Gaeilge ag iarraidh ar an rialtas bord nó coimisiún don Ghaeilge a bhúnú faoina scáth, tar éis óráid de Valera ar Lá Fhéile Pádraig 1943, bhí siad muiníneach go mbeadh tacaíocht mhór an rialtais agus an phobail ar fáil d'atheagrú ghluaiseacht na Gaeilge mar thionscadal náisiúnta. Bhí

¹⁰⁵ *Scéala Éireann*, 30/06/1943, lch. 2.

siad muiníneach freisin go mbeadh páirt lárnach ag an gConradh mar aon le de Valera sa tionscadal sin sa bhliain speisialta sin, Iubhaile Órga Chonradh na Gaeilge.

Sa rannóg dheireanach, scrúdófar go mion imeachtaí a bhí ann idir féile leathchéad bliain Chonradh na Gaeilge i mí Lúnasa 1943 agus cruinniú tionscnaimh Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge i mí Dheireadh Fómhair 1943 de réir dátaí. Cuirfear béim mhór ar an tionchar a d'imir Éamon de Valera ar na himeachtaí sin.

4-3 Féile Leathchéad Bliain Chonradh na Gaeilge agus Bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Thionóil Conradh na Gaeilge féile speisialta dá n-Iubhaile Órga idir 28 Iúil agus 1 Lúnasa 1943. Cuireadh tús leis an bhféile le hoscailt oifigiúil Thaispeántas Chonradh na Gaeilge in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Taispeánadh ábhair chuimhneacháin agus cáipéisí a bhain le stair an Chonartha, ábhair ar an Oireachtas nó ar choláistí Gaeilge, earraí de chuid na ndaoine a raibh baint acu leis an ngluaiseacht neamhspleáchais, Pádraig Mac Piarais san áireamh.¹⁰⁶ Cuireadh dealbh agus pictiúr de Dhubhghlas de hÍde i lár an tseomra in ómós do bhunaitheoir Chonradh na Gaeilge.¹⁰⁷

Ba é an Taoiseach Éamon de Valera a d'oscail an taispeántas. Ag an ócáid sin, thug sé óráid i nGaeilge agus rinne sé iarracht ceangal láidir idir é féin, Conradh na Gaeilge agus bunú náisiún na hÉireann a thaispeáint. Dúirt sé ar dtús gurbh é

¹⁰⁶ Tá liosta de phríomhábhair an taispeántais ar fáil i TAOIS/97/9/332 'Conradh na Gaeilge 50th Anniversary', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

¹⁰⁷ Tá pictiúr den leacht chuimhneacháin ar fáil in *Irish Independent*, 29/07/1943, lch. 3.

Conradh na Gaeilge a d'iarr air an taispeántas a oscailt agus gur ghlac sé leis an onóir sin. Ansin, mhol de Valera fiúntas an Chonartha. D'áitigh sé gurbh é an Conradh a thug aird ar an nGaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann:

Bhí Cumann ann roimh an gConradh a shaothruigh an teanga – acht ba cumainn acadúla iad i slighe. Fir is mná a bhí ionnta ar thaithnigh an Ghaedhilge leo mar theangaidh ársaidh. Chuir lucht bunaithe an Chonartha áfach spéis sa nGaedhilg mar theangaidh náisiúnta na hÉireann.¹⁰⁸

Ina dhiaidh sin, mhol sé de hÍde agus Eoin Mac Néill mar bhunaitheoirí an Chonartha a raibh fad saoil acu fós. Mhol de Valera obair de hÍde go háirithe mar, a dúirt sé, gurbh é de hÍde thar aon duine eile “do spreag an sluagh agus a rinne den Chonradh an ghluaiseacht iongantach náisiúnta a bhí ann nuair do bhí sé in a cheannus – gluaiseacht a d'athraigh stair na tíre agus a chuir crot nua uirthi mar náisiún.”¹⁰⁹ Maidir le ceangal idir de Valera féin, an Conradh agus an náisiún, thaispeáin ceann de na hearraí sa taispeántas an pointe sin go héifeachtach: ciorclán de Valera a scríobhadh in 1920 chun achainí a dhéanamh ar an bpobal tacaíocht a thabhairt don Conradh sa ré dheacair sin.¹¹⁰

Ba é ceann de phríomhimeachtaí na féile ná, seoladh pláta cuimhneacháin leathchéad bliain Chonradh na Gaeilge ag uimhir 9 sráid Uí Chonaill, an áit ar cuireadh tús leis an gConradh. Cé nach raibh de hÍde in ann freastal ar an bhféile, ghlac de hÍde le bheith ina phatrún ar an bhféile. Thug sé teachtaireacht don ócáid sin agus craoladh a theachtairacht ar an raidió. Mar a d'áitigh sé caoga bliain roimhe sin, d'iarr de hÍde ar mhuintir na hÉireann an Ghaeilge a úsáid mar

¹⁰⁸ *Scéala Éireann*, 28/07/1943, lch. 1.

¹⁰⁹ *Scéala Éireann*, 29/07/1943, lch. 2. Tá dréacht na hóráide sin ar fáil i TAOIS/97/9/332 'Conradh na Gaeilge 50th Anniversary'.

¹¹⁰ *Scéala Éireann*, 29/07/1943, lch. 2.

ghnáth-theanga an náisiúin: “nach teanga marbh an Ghaedhilg agus go gcaithfimid i labhairt eadrainn féin.”¹¹¹ Mar chomhphatrún na féile, nocht Eoin Mac Néill an pláta cuimhneacháin don phobal. Luaigh sé áiteamh an Chonartha faoi thábhacht na teanga don náisiúntacht Éireannach. D’iarr sé ar mhuintir na hÉireann leanúint le spiorad bunúsach an Chonartha: “go raibh náisiúin Éireannach againn i gcomhnaidhe, cé go rabhamar gan Rialtas náisiúnta. Thuig an Craoibhin fós gur chuid dár náisiúntacht ar dteanga féin.”¹¹²

Ba iad atheagrú na gluaiseachta féin agus athbheochan spiorad ghluaiseacht na Gaeilge ábhair na féile chomh maith. De bhrí go raibh sé beartaithe, don 30 Iúil, d’eagraigh an Conradh comhdháil na Gaeilge i dTeach an Ard-Mhéara. Bhí sé eagraithe mar fhóram oscailte agus cuireadh fáilte roimh an phobal i gcoitinne a raibh suim acu i staid na Gaeilge.¹¹³

Ba iad cuspóirí na comhdhála “Réiteach an Gnímh Feasta” a dhéanamh agus cúrsaí an Chonartha agus cúrsaí Gaelachais a phlé.¹¹⁴ Bhí Uachtarán an Chonartha, Diarmuid Mac Fhionnlaoich, i gceannas. Rinneadh díospóireachtaí éagsúla ar Ghaeilge agus ar an ollscolaíocht, ar Ghaeilge agus ar státseirbhíseach agus ar pholasaí an Ghúim mar shampla. Le linn na díospóireachta, chuir Seán Óg Mac Gearailt, Tánaiste an Chonartha,¹¹⁵ rún chun cinn a mhol comhdháil mhór do chumainn na Gaeilge agus lucht na Gaeilge a bhunú:

¹¹¹ *Scéala Éireann*, 02/08/1943, lch. 1.

¹¹² *Irish Independent*, 02/08/1943, lch. 3.

¹¹³ *Scéala Éireann*, 23/07/1943, lch. 1.

¹¹⁴ *Scéala Éireann*, 31/07/1943, lch. 2.

¹¹⁵ Bhí Seán Óg Mac Gearailt ar Uachtarán an Chonartha faoi dhó ina dhiaidh sin sna tréimhsí 1945-1946 agus 1952-1955. Breathnach agus Ní Mhurchú, *1983-2002 Beathaisnéis*, lch. 79.

Iarrann an Chomhdháil Gaedheal so ar an uile Ghaedhilgeoir, agus ar gach caraid do'n teangain agus do na cuspóirí náisiúnta eile, teacht i bpáirt agus i gcomh-oibriú le chéile ar intinn mór-ghluaiseacht neartmhar a dhéanamh a chuirfeas an Ghaedhilg, gan teip, i seilbh cinnte uachtaránachta i nÉirinn le n-ár linne.¹¹⁶

Níor luaigh na nuachtáin náisiúnta ainm Phádraig Uí Shiochfhradha sna ailt ar an gcomhdháil, ach de réir Eibhlín Uí Chathailriabhaigh agus Phroinsiais Mhic an Bheatha, an bheirt a bhí ag an gcomhdháil sin, bhí páirt shuntasach ag Ó Siochfhradha sa chomhdháil.¹¹⁷ Dar le Ní Chathailriabhaigh, ba é Ó Siochfhradha a mhol an rún seo a leanas ag an gcomhdháil agus eisean a chuir tús le gléas nua Gaeilge:

Go nainmneothaí ar an láthair sin uimhir daoine a mbeadh aithne fhoirleathan orthu i n-obair athbheochana na Gaedhilge agus gurbh eol a ndúthracht don teangain, chun bheith mar ghairmtheóirí ar Chomhdháil Mhór Náisiúnta de lucht na Gaedhilge a thiofadh le chéile le linn an Oireachtais seo chugainn (Mí Deireadh Fógmhair 23adh - 30adh) chun gléas a chur ar fagháil le athghluaiseacht mhór éifeachtach a thosú chun na Gaedhilge a chur ar aghaidh; gurab iad a glacfaí chun na Comhdhála san daoine gurab eol do'n Choiste Ghairmtheóirí suim dáiríribh a bheith aca i n-athbheochan na Gaedhilge agus iad a bheith gníomhach san gnó sin.¹¹⁸

De réir Phroinsiais Mhic an Bheatha, d'ainmnigh Ó Siochfhradha Mac Fhionnlaoidh agus Mac an Bheatha féin ar an gcéad bheirt de na roghnóirí chun tús a chur leis an obair.¹¹⁹ Bhí baint mhór ag Mac an Bheatha le Craobh na hAiséirghe, ach de bharr aighnis idir an Coiste Gnótha agus an chraobh chomh

¹¹⁶ *Scéala Éireann*, 31/07/1943, lch. 2.

¹¹⁷ Mac an Bheatha, *Téid Focal le Gaoith*, lch. 175; Ní Chathailriabhaigh, 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1983', lch. 9.

¹¹⁸ 'Litir chuiridh chuig Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ó Eibhlín Ní Chathailriabhaigh, Deireadh Fómhair 1943', i MS 33,954(2) 'Páipéir Phiaras Béaslaí, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Feic freisin, Ní Chathailriabhaigh, 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1983', lch. 9.

¹¹⁹ Mac an Bheatha, *Téid Focal le Gaoith*, lch. 175.

maith le heasaontas i measc na mball den chraobh, cuireadh deireadh le Craobh na hAiséirghe i mí na Samhna 1942.¹²⁰ Bhunaigh Mac an Bheatha eagraíocht úrnu, Glún na Buaidhe ag deireadh mhí na Nollag 1942 agus thosaigh sé nuachtán nua Gaeilge, *Indiu* i mí an Mhárta 1943. Ó tharla gur roghnaigh Ó Siochfhradha an bheirt sin, Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus stiúrthóir Ghlún na Buaidhe agus gur iarr an Conradh comhdháil mhór náisiúnta de lucht na Gaeilge a bheith ann le linn an Oireachtais, d'fheadfaí a rá gurbh é Ó Siochfhradha ar dtús a d'iarr ar Chonradh na Gaeilge agus ar Ghlún na Buaidhe comhoibriú le chéile chun eagraíocht nua a bhunú agus a stiúradh.

Chun an obair seo a chur ar bun, ainmníodh 27 duine ar fad mar Choiste na nGairmtheoirí. Bhí formhór acu bainteach le Conradh na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge agus ina measc bhí Pádraig Ó Siochfhradha, Diarmuid Mac Fhionnlaoich, Proinsias Mac an Bheatha, Dónall Ó Corcora, Liam Ó Briain, Leon Ó Dubhghaill, Earnán de Blaghd agus Eibhlín Ní Chathailriabhaigh.¹²¹

I dtús mhí Lúnasa, chuir an seisear, Diarmuid Mac Fhionnlaoich, Pádraig Ó Siochfhradha, Dónall Ó Corcora, An Canónach P. Mac Giolla Cearra, Séamus Ó hEocha agus Pádraig Mac Con Midhe amach gairm an chruinnithe chuig baill de Choiste na nGairmtheoirí.¹²² Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste ar an 4 Meán Fómhair 1943 ag Árus Thomás Ághais, .i. Áras Chonradh na Gaeilge i 14

¹²⁰ Ibid., Ich. 135.

¹²¹ Seo a leanas ainmneacha na ndaoine eile a bhí ar an gCoiste: Peadar Ó hAnnracháin, Seán Ó hUadhaigh, Dommhnall Ó Ceocháin, Éamonn Ó Donnchadha, An Monsignor Ó hEidhin, An Canónach P. Mac Giolla Cearra, An Fear Mór, Mícheál Ó Foghludha, Lil Ní Dhonnchadha, Pádraig Mac Con Midhe, An tAthair Fearghus Bairéad, Labhrás Mac Bhrádaigh, Mícheál Ó Rodaigh, Ceallachán Mac Carthaigh, Tomás Ó Muircheartaigh, Conchubhar Ó Coileáin, An tAthair Mac Gadhair agus Cathaoirleach an Chomhchaidrimh. Irish Revival – Committee appointed at conference held in Dublin in conjunction with Gaelic League Jubilee Celebrations, i TAOIS/S13304A 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1945', Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

¹²² Ní Chathailriabhaigh, 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1983', Ich. 9.

Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath.¹²³ Tháinig 18 de na baill le chéile ag an gcruinniú sin agus toghadh an tAthair Fearghus Bairéad, O.F.M., ina chathaoirleach agus Eibhlín Ní Chathailriabhaigh ina rúnaí.¹²⁴ Tionóladh cúpla cruinniú eile ina dhiaidh sin agus comhthoghadh 15 duine eile ar an gCoiste, Liam Ó Buachalla, Aindrias Ó Muimhneacháin agus Seán Ó hÉigearthaigh ina measc.¹²⁵

Idir an dá linn, luaigh de Valera plean do ghluaiseacht nua don Ghaeilge ag ócáidí éagsúla. Níor luaigh sé, áfach, aon cheangal idir é féin, an Conradh agus an tionscadal sin. Ar an 10 Meán Fómhair, bhí sé i láthair ag cruinniú bliantúil Ard-Chraobh Chonradh na Gaeilge. D'áitigh sé gur ghá deis a thabhairt do dhaoine óga chun Gaeilge labhartha a chleachtadh agus dúirt sé: “Bhí ortha, mar sin, gluaiseacht nua a chur ar bun nó an ghluaiseacht a bhí aca do treisiú. Ba chuma ach go mbeidh an aidhm agus an cuspóir ceart ag an ngluaiseacht sin.”¹²⁶ Ag deireadh na míosa sin, ag 15ú hArd-Fheis Fhianna Fáil, luaigh sé arís gluaiseacht nua don Ghaeilge. Ba iad críochdheighilt na hÉireann, an Éigeandáil agus athbheochan na Gaeilge na ceisteanna lárnacha ag Ard-Fheis na bliana sin.¹²⁷ Maidir le ceist na Gaeilge, d'áitigh de Valera arís go raibh sé tábhachtach Gaeilge labhartha a athbheochan i measc na hóige agus dúirt sé: “In order to succeed in this you will have to have a large, broad and diffuse national organisation. An organisation that will go into every parish and every home.”¹²⁸ D'iarr de Valera ar bhaill Fhianna Fáil an eagraíocht féin a úsáid freisin chun an aidhm sin a bhaint amach: “We in Fianna Fáil must not be waiting for other

¹²³ Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, lch. 5.

¹²⁴ Ní Chathailriabhaigh ‘Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1983, lch. 9.

¹²⁵ Ibid.

¹²⁶ *Scéala Éireann*, 11/09/1943, lch. 3.

¹²⁷ *Scéala Éireann*, 29/09/1943, lch. 1.

¹²⁸ Ibid., lch. 3.

organisations to do this. We have a duty ourselves to do it.”¹²⁹

Is díol suntais é, an lá céanna a thug de Valera an óráid thuas ag Ard-Fheis Fhianna Fáil, gur chuir nuachtán Fianna Fáileach *Scéala Éireann* alt gearr i gcló ar chomhdháil Ghael a bheadh ann i mí Dheireadh Fómhair. Nocht an t-alt teideal na comhdhála mar ‘Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge’ go poiblí agus d’fhógair sé go mbeadh gluaiseacht mhór ‘náisiúnta’ ar son na ‘teanga náisiúnta’ i gceist leis an gcomhdháil sin:

A Gaelic Convention (Comhdhail Naisiunta na Gaedhilge) to be held in Dublin on October 26, will urge all Irish speakers and all friends of the language and the supporters of all national movements to participate in a movement which would secure the supremacy of the national language in our time.¹³⁰

Cé nár luaigh de Valera a bhaint le bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge go poiblí, bhí sé soiléir go raibh baint áirithe aige le hullmhú chruinniú tionscnaimh na Comhdhála. Dar le hEibhlín Ní Chathailriabhaigh, thosaigh sí ag seoladh litreacha cuiridh chuig lucht na Gaeilge ó thús mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh. Sheol sí na litreacha cuiridh chuig os cionn 7,000 duine ar fud na tíre: níos mó ná 4,000 faoin tuath agus thart ar 3,000 duine i mBaile Átha Cliath.¹³¹ I bhfianaise líon mór na litreacha a seoladh, d’fhéadfaí a shamhlú go bhfuair siad tacaíocht airgid ó chiste stáit. Bhí Coiste na nGairmtheoirí ag iarraidh lucht freastail mór a fháil ón earnáil oideachais. Ar an 12 Deireadh Fómhair, scríobh an Coiste litir chuig de Valera agus d’iarr siad air lá saoire a thabhairt do na múinteoirí agus státseirbhísigh do lá na comhdhála ionas go mbeadh siadsan, go mór mór, muintir

¹²⁹ Ibid.

¹³⁰ *Scéala Éireann*, 28/09/1943, lch. 3.

¹³¹ *Scéala Éireann*, 12/11/1943, lch. 2. Tá coip den litir cuiridh sin ar fáil imeasc Páipéir Phiaras Béaslaí. MS 33, 954 (2) Páipéir Phiaras Béaslaí.

na tuaithe, in ann freastal ar an gComhdháil.¹³² Trí lá ina dhiaidh sin, ghlac de Valera le toscaireacht ón gCoiste – Seán Ó hUadhaigh, Mícheál Ó Foghludha agus Eibhlín Ní Chathailriabhaigh chun an t-ábhar sin a phlé.¹³³ Ansin, ar an 22 Deireadh Fómhair, cuireadh amach ciorclán mar seo a leanas:

Is mian leis an rialtas go speisialta go n-eireochaidh leis an ngluaiseacht nuadh so, agus tá súil aca go mbeidh cabhair is cuidiú do'n Comhdháil le fáil ó lucht na Stát-Sheirbhíse comh fairsing agus is féidir ag féachaint do riachtainís na Seirbhíse Puiblí...ceadúinn an tAire leath-lá nó dhá leath-lá saoire speisialta ion-pháigh...¹³⁴

Dá bharr sin, thug rialtas de Valera lá saoire oifigiúil do na státseirbhísigh chun go mbeidís in ann freastal ar an gComhdháil.

Bhí fianaise eile ann a léirigh an bhaint mhór a bhí ag de Valera le cruinniú tionscnaimh na Comhdhála ar an 26 Deireadh Fómhair agus go raibh páirt áirithe ag Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, Seán Séarlas Mac Uaid leis an gcruinniú sin. De réir Phroinsiais Mhic an Bheatha, ba é de Valera a d'iarr ar an Ardeaspag Mac Uaid a bheith i láthair ag an gcruinniú.¹³⁵ Ní raibh aon fhianaise ar fáil chun an ráiteas sin a fhíorú, ach léirigh litir lámhscríofa ó de Valera chuig an Ardeaspag Mac Uaid a fuarthas i measc Pháipéir Sheán Séarlas Mac Uaid gur ghlac an tArdeaspag leis an gcuireadh le bheith i láthair ag an gComhdháil agus go raibh

¹³² Tá cóip den litir ar fáil i measc Páipéir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. 'Litir chuig an Taoiseach, 12 Deireadh Fómhair 1943', [Gan curtha i gcatálog fós] Pháipéir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

¹³³ Leathán Miontuairisce, nóta 18/10/1943, i TAOIS/S13304A 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1945',.

¹³⁴ Circular no. 22/43, 20/10/1943, Saoire speisialta i gcóir freastail ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, i TAOIS/S13304A 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1945'. Dar le Mairéad Ní Chinnéide, i gcomhair le de Valera, sheol An tAturnae, Seán Ó hUadhaigh, na litreacha ag iarraidh cinn roinne sa státseirbhís lá saoire a thabhairt d'aon duine ar mhaith leis nó léi freastal ar an gcomhdháil. Ní Chinnéide 'Stair Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge'.

¹³⁵ Mac an Bheatha, *Téid Focal le Gaoith*, lch. 175.

sé i dteagmháil le de Valera maidir leis roimh ré. Sa litir ghearr dátaithe 22 Deireadh Fómhair, luaigh de Valera dhá abairt shuntasach mar seo: “I send you herewith as promised a copy of the opening prayer. I have asked the Committee to send you a copy of the resolutions when they are reviewed.”¹³⁶ Léirigh an litir gur ullmhaigh de Valera cóip de phaidir don Ardeaspag. Bheadh sé sin an-neamhghnách ach thabharfadh sé le tuiscint gur ullmhaíodh paidir i nGaeilge don Ardeaspag Mac Uaid de bharr a easpa cumais sa Ghaeilge.¹³⁷ Tá cóip den phaidir a bheadh faoi iamh leis an litir sin ar iarraidh i measc Pháipéir Mhic Uaid, faraor. Ba phointe suntasach eile é ná go raibh an tArdeaspag fiosrach faoi chlár oibre na Comhdhála agus go cinnte go raibh de Valera agus an tArdeaspag Mac Uaid i dteagmháil le chéile maidir le sonraí an chláir oibre roimh ré.

Bhí Oireachtas na bliana 1943 i mBaile Átha Cliath ón 23 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Deireadh Fómhair.¹³⁸ Cuireadh tús leis na himeachtaí leis an bhFáiltiú d’Uachtarán na hÉireann i Halla Naomh Pádraig i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ní raibh an tUachtarán, Dubhghlas de hÍde, in ann a bheith ag an ócáid toisc go raibh sé tinn, áfach. Bhí sé beartaithe go dtabharfadh de hÍde óráid mar aon le de Valera. Craoladh teachtaireacht réamhthairfeadta de hÍde ar an raidió ina ionad sin

¹³⁶ Litir ó de Valera go Mac Uaid, i bPáipéir Sheán Séarlas Mac Uaid, Government XVIII/6/4, Diocesan Archives, Ard Deoise Átha Cliath.

¹³⁷ Táthar in amhras an raibh cumas ard sa Ghaeilge ag an Ardeaspag Mac Uaid. I leabhar ceannródaí ar shaol Mhic Uaid, *John Charles McQuaid: The man & the mask* a foilsíodh in 1974, níor luaigh an t-údar John Feeney baint a bheith ag Mac Uaid leis an nGaeilge ach oiread. Feic, John Feeney, *John Charles McQuaid: The man & the mask*, (Baile Átha Cliath: Cahill & Co., 1974).

Scríobh John Cooney leabhar beathaisnéise Mhic Uaid, *John Charles McQuaid: Ruler of Catholic Ireland* níos déanaí agus dúirt sé go raibh teagasc Gaeilge ag Mac Uaid nuair a bhí sé seacht mbliana d’aois. Mar eolas a fuair sé ó T. K. Whitaker, dúirt Cooney: “Although McQuaid never learned Irish as well as he was to master the Classics and French, he spoke the Ulster dialect competently.” John Cooney, *John Charles McQuaid: Ruler of Catholic Ireland*, (Baile Átha Cliath: The O’Brien Press, 1999), Ich. 28. Níor tugadh aon scéal eile maidir le húsáid na Gaeilge ag Mac Uaid ná maidir le heachtra eile ag baint leis féin agus an Ghaeilge sa bheathaisnéis mhór sin, áfach.

¹³⁸ Feic, clár Fhéile an Oireachtais in *Indiu*, Deireadh Fómhair 1943, Ich. 3.

agus d'éist thart ar 400 aíonna le teachtaireacht de hÍde le chéile sa Halla.¹³⁹ Eagraíodh an imeacht mar ócáid mhór náisiúnta agus shiombalach. Ba iad na haíonna sin lucht na Gaeilge a chomhoibrigh le de hÍde nuair a bhí sé ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge.¹⁴⁰

Ina theachttaireacht, mhol de hÍde lucht athbheochan na Gaeilge as bunús an náisiúin a chruthú agus as tábhacht na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann a thabhairt chun solais:

Sibh-se do mhúin do na daoinibh chomh riachtanach agus a bhí sé teanga náisiúnta do bheith aca féin, agus do scaip spiorad náisiúntachta ar fud na tíre, gur bhaineamar amach fá dheireadh, ár saoirse. Is díbh-se, ba chóir do'n Ríaghaltas bheith buidheach ar son an chloch-bhuinn ar a bhfuil sé ag obair anois, agus, dar ndoigh, tá fhios agam go bhfuil. Tá an Taoiseach in éineacht libh indiú agus tá mé cinnte gur mhaith leis rud éigin a rádh libh fá'n obair atá le déanamh feasta.¹⁴¹

Thug de Valera a óráid féin ina dhiaidh sin. In éagmais de hÍde, d'fhéadfaí a rá gur thug an ócáid deis mhór do de Valera a thionchar ar stair ghluaiseacht na Gaeilge, ar bhunú an náisiúin agus ar chur chun cinn na 'teanga náisiúnta' a thaispeáint. Ba ag Éamon de Valera a bhí príomhpháirt in áit de hÍde ag an ócáid sin. Ghabh sé mórbhuíochas le de hÍde a spreag agus a theagasc an pobal chun oibriú don náisiún agus don teanga. Ansin, mhol de Valera an lucht éisteachta, seanghlúin Chonradh na Gaeilge, as a n-obair ar son Éire shaor Ghaelach agus ar son na 'teanga náisiúnta':

Marach an obair a rinne sibhse, ní dóigh go mbeadh Rialtas dúthchais againn co a

¹³⁹ *Scéala Éireann*, 25/10/1943, lch. 1.

¹⁴⁰ *Scéala Éireann*, 23/10/1943, lch. 2.

¹⁴¹ *Scéala Éireann*, 25/10/1943, lch. 1.

bith. Ach dá dtagadh sé sa saol go mbeadh agus gan bhur saothar sibhse i gConnradh na Gaedhilge a bheith déanta agaibh, is cinnte nach dtuigfí brigh ná tabhacht na teangadh náisiúnta mar tuigtear.¹⁴²

Bhain muintir na hÉireann a rialtas dúchais féin amach agus bhí dul chun cinn athbheochan na Gaeilge ann de bharr comhoibriú maith idir an rialtas agus an pobal. D'áitigh sé, áfach, go raibh toil na ndaoine ag teastáil thar aon rud eile, toil na ndaoine i leith na Gaeilge agus i leith comhoibriú leis an rialtas:

Tig leis na daoine an Ghaedhilge a shábháil in aghaidh tola an Rialtais cé go mba doiligh a dhéanamh, ach tá sé fánach ag an Rialtas a bheith ag iarraidh í a shábháil mara bhfuil toil an phobail leo. As láimh a chéile, tá an pobal agus an Rialtas i ndon beart cumasach, éifeachtach a dhéanamh; í gcoinne a chéile nó sgartha ó na chéile, níl siad araon ach ag díomáilt a nirt.¹⁴³

Bhí de Valera i láthair ag gach príomhimeacht den Oireachtas agus leag sé béim ar an nasc idir an náisiúntacht agus an teanga. Thaispeáin an tOireachtas ceangal láidir idir de Valera agus náisiún na hÉireann freisin. Ar an 25 Deireadh Fómhair, bhí Fáiltiú an Oireachtais ar siúl i dTeach an Ard-Mhéara agus bhí thart ar 1,100 duine i láthair.¹⁴⁴ Nuair a tháinig de Valera isteach, cuireadh fáilte mhór roimhe nuair a chan cór Chraobh an Cheitinnigh Amhrán na bhFiann.¹⁴⁵

Ó thaobh stair ghluaiseacht na Gaeilge de, ba é an 26 Deireadh Fómhair an lá ba shuntasá le linn an Oireachtais sin. Ag a trí a chlog sa tráthnóna i Seomra Cruinn i dTeach an Ard-Mhéara, tionóladh cruinniú tionscnaimh Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Ba é an cruinniú Gael ba mhó le blianta anuas é agus bhí

¹⁴² Ibid.

¹⁴³ Ibid., lch. 3.

¹⁴⁴ *Scéala Éireann*, 26/10/1943, lch. 1.

¹⁴⁵ Ibid.

na mílte duine éagsúla ann ó chuile cheard den tír – daoine óga, sagairt, múinteoirí, dochtúirí, státseirbhísigh agus lucht oibre san áirímh.¹⁴⁶

Ar an ardán, bhí an Taoiseach, Éamon de Valera, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, Seán Séarlas Mac Uaid, An tAthair Fearghus Bairéad, O.F.M., An tAthair Aindrias Mac Aodhagáin, C.S.Sp., Pádraig Ó Siochfhradha, Seán Ó hUadhaigh, Eibhlín Ní Chathailriabhaigh agus Coiste na nGairmtheoirí.¹⁴⁷ Thosaigh an cruinniú ag canadh Amhrán na bhFiann.¹⁴⁸ Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an amhrán a chanadh ag an ócáid sin. Glacadh leis an amhrán mar amhrán náisiúnta sna 1920idí ach chantaí an bunleagan i mBéarla, ‘The Soldiers’ Song’, beagnach go heisiach ag an am sin. Ba i rith na 1930idí a tosaíodh an leagan Gaeilge sin a chanadh ag ócáidí náisiúnta agus Gaelacha, ag imeachtaí Chumann Lúthchleas Gael, mar shampla.¹⁴⁹ D’áitigh Benedict Anderson go bhfuil éifeacht mhór ag baint leis an amhrán náisiúnta toisc go dtabharfadh sé “occasions for unisonality, for the echoed physical realization of the imagined community”.¹⁵⁰ Chiallaigh sé sin go samhlódh Amhrán na bhFiann náisiún na hÉireann a bheith ina náisiún lán-Ghaelach ag an ócáid speisialta sin.

I dtús an chruinnithe, léigh An tArdeaspag Mac Uaid paidir i nGaeilge agus thug sé beannacht don Chomhdháil.¹⁵¹ Chuile sheans gurbh í an phaidir sin an phaidir a d’ullmhaigh de Valera don Ardeaspag roimh ré. Bhí tábhacht eile ag

¹⁴⁶ *Scéala Éireann*, 27/10/1943, Ich. 1 agus Ich. 2.

¹⁴⁷ Ní Chathailriabhaigh ‘Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1983’, Ich. 9 agus Ich. 11.

¹⁴⁸ *Ibid.*, Ich. 11.

¹⁴⁹ Ruth Sherry, ‘The Story of the National Anthem’, *History Ireland*, Iml. 4., Uimh. 1 Earrach 1996, 39-43, Ich. 42.

¹⁵⁰ Benedict Anderson, *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism*, (leagan leasaithe), (Londain: Verso, 1991), Ich 145.

¹⁵¹ Tá an phaidir ar fáil in Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, (Baile Átha Cliath: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, [1944?]), lgh. 5-6. Ar fáil freisin san *Irish Independent*, 27/10/1943, Ich. 2 agus in Eibhlín Ní Chathailriabhaigh ‘Comhdháil’, *Feasta*, Deireadh Fómhair 1983, 8-11, Ich. 11.

baint le paidir an Ardeaspag ag an ócáid sin. Ní hamháin gur thaispeáin sí go raibh Eaglais Chaitliceach na hÉireann i bhfabhar an tionscadal nua don Ghaeilge, ach thug sí le tuiscint go mbeadh baint ag an Ardeaspag Mac Uaid leis an nGaeilge cé nach raibh cumas ard aige inti. Bhí sé riachtanach do de Valera agus don Chomhdháil an tArdeaspag Mac Uaid a bheith ag ócáid náisiúnta na Gaeilge chun an Ghaeilge mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann a bhuanú. Bhí an ócáid sin ag teacht le fíis de Valera don tír – Éire Ghaelach agus Éire Chaitliceach. Shamhlaigh idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ an Ghaeilge mar theanga na bpobal uile in Éirinn. Níor cuireadh mórán suime i gcumas Gaeilge an duine mar gurbh é an rud ba thábhachtaí go mbeadh an teanga ina gné shuntasach ag an ócáid speisialta agus náisiúnta sin.

Labhair de Valera ina dhiaidh sin agus chuir sé aidhm an chruinnithe i láthair. Mhínigh sé gur eagrais do gach cumann Gaeilge agus do gach duine a raibh suim aige sa Ghaeilge a bhí i gceist léi. Ansin, chuir sé an líne seo a leanas lena raibh ráite agus rinne sé iarracht a léiriú nach raibh an Chomhdháil faoina thionchar:

Tá fhios agam go bhfuil obair speisialta le déanamh agaibh agus cé go bhfuil cuid mhaith smaointe gur mhaith liom a nóchtadh, sílim gur fearr dom gan cur isteach orraibh. Is dócha go mbeidh caoí eile agam chun na smaointe sin do nochtadh.¹⁵²

Tar éis a óráide, d’imigh de Valera agus An tArdeaspag Mac Uaid le chéile. Lean an cruinniú ar aghaidh dá n-oireasa.

Dúirt an tAthair Mac Aodhagáin gurbh ábhar áthas agus misnigh dóibh an bheirt a bheith ann, duine acu ar son na hEaglaise agus duine eile acu ar son an stáit. Mhol sé comhoibriú idir an Eaglais, an stát agus an pobal ar son na Gaeilge:

¹⁵² *Scéala Éireann*, 27/10/1943, lch. 1.

“cruthuigheann sin...go bhfuil an Eaglais agus an Stát agus muintear na hÉireann i bhfabhar na Gáedhilge agus má’s mar sin an scéal cé cuirfidh stop lin?¹⁵³ Ullmhaíodh oscailt na Comhdhála go cúramach chun béim a chur ar an gceangal idir na trí eilimint, an stáit, an Eaglais agus an pobal faoi scáth na ‘teanga náisiúnta’. Léiríodh é sin go soiléir in alt faoina himeachtaí ar *Scéala Éireann*:

The Archbishop of Dublin, Most Rev. Dr. McQuaid, opened the proceedings with a prayer in Irish and gave his blessing to the kneeling assembly. Then, after addresses by an Taoiseach and an Seabhadh, everyone present rose and with right hand raised took the pledge of fidelity to the national language.¹⁵⁴

Chuaigh Pádraig Ó Siochfhradha agus Seán Ó hUadhaigh i gceannas.¹⁵⁵ Mhínigh Ó Siochfhradha go mbeadh seans ag gach duine agus ag gach eagraíocht Ghaeilge a bheith páirteach in obair na Gaeilge faoin ngléas nua.¹⁵⁶ Ansin, chuir Mícheál Ó Rodaigh¹⁵⁷ an rún seo a leanas os comhair an tionóil:

Orduighmíd Comhdháil Náisiúnta na Gaedhilge do bheith ann feasta mar ghléas chun comh-oibriú do chur ar bun idir na cumainn Ghaedhilge is na cairde uile atá ag an dteangain náisiúnta agus chun iad do spreagadh i gcomh-aontais le chéile ar mhaithe leis an nGaedhilg do chur dá labhairt ar fuaid na tíre go léir.¹⁵⁸

¹⁵³ Ibid.

¹⁵⁴ Ibid.

¹⁵⁵ Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, lch. 6.

¹⁵⁶ *Irish Independent*, 27/10/1943, lch. 2.

¹⁵⁷ Ba é Mícheál Ó Rodaigh duine de phearsana móra na hathbheochana i ndeireadh na 1920idí agus duine gníomhach in athbheochan an Oireachtais in 1939. Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, lch. 232 agus lch. 264. Thuairiscigh *Irish Independent* gur chigire scoile é Ó Rodaigh. *Irish Independent*, 27/10/1943, lch. 2. De réir an cháipéis ag Roinn an Taoisigh a pléadh cheana sa chaibidil seo, ba státseirbhíseach é Ó Rodaigh agus bhí sé ina Uachtarán ar an bhFáinne freisin. ‘Irish Revival – Committee appointed at conference held in Dublin in conjunction with Gaelic League Jubilee Celebrations’, i TAOIS/S13304A ‘Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1945’.

¹⁵⁸ *Scéala Éireann*, 27/10/1943, lch. 1.

Ó bhlianta tosaigh na heagraíochta, bhíodh sé mar aidhm ag Conradh na Gaeilge an Ghaeilge a choinneáil mar ‘theanga thírúil’ nó mar ‘theanga náisiúnta’ agus í a leathnú mar ghnáththeanga in Éirinn.¹⁵⁹ Caoga bliain tar éis an bhunaithe, bhí dul chun cinn mór déanta ag gluaiseacht na Gaeilge stádas na Gaeilge mar an ‘teanga náisiúnta’ a chothú agus a dhaingniú, ach níor éirigh leo an teanga a leathnú mar theanga labhartha i measc an ghnáthphobail fós. Dar leis an rún, ba í aidhm na Comhdhála comhoibriú i measc lucht na Gaeilge a chur chun cinn chun athbheochan na Gaeilge a chur i gcrích ar fud na tíre.

Chuidigh Diarmuid Mac Fhionnlaoich leis an rún sin. Ag an am céanna, mhaígh sé go tréan nach raibh teipthe ar an gConradh agus nárbh é gnó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge deireadh a chur leis an gConradh:

Ní raibh teipthe ar an gConradh. Bhí sé níos láidire anois ná mar a bhí le roinnt maith blian agus ní thiocfadh deire leis agus freisin ní chuirfí riar air ach riar a thola féin. Bhí an Conradh sásta mar sin féin comh-oibriú in aon rud a rachfadh do leas na Gaedhilge. Do bé a thuairim daingean féin gur fearr an gConradh amhain chun comh-oibriú do dheanamh ach cur leis ach go dtí go raibh siad ar aon inntinn na thaobh san b’fhíor go raibh gadh le comh-oibriú agus ar an adhbhar san bhí sé ar thaobh an rúin.¹⁶⁰

Díreach roimh an gcruinniú sin, d’áitigh eagarfhocal *An Glór* go mbeadh “gléas” fíor-náisiúnta agus fíor-chomhaontaithe i gceist le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, seachas eagraíocht nua don Ghaeilge a bheadh ag coimhlint le Conradh na Gaeilge.¹⁶¹ Léirigh Mac Fhionnlaoich, thar ceann an Chonartha, an pointe seo go tréan. Bhí sé den tuairim go dtabharfadh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge deis

¹⁵⁹ Feic Caibidil 1.

¹⁶⁰ *Scéala Éireann*, 27/10/1943, lch. 1.

¹⁶¹ *An Glór*, 23/10/1943, lch. 5.

do lucht na Gaeilge comhoibriú le chéile arís mar a bhí an Conradh ag déanamh ag tús an chéid seo caite. Cheap sé go mbeadh ré an Chonartha ag teacht chun cinn arís nuair a thiofadh spiorad an chomhoibrithe ar ais eatarthu. D'aontaigh Earnán de Blaghd leis. Dúirt sé nár chiallaigh bunú na Comhdhála go raibh teipthe ar ghluaiseacht na Gaeilge agus mura ndéanfaí iarracht nua anois, go gcaillfí an obair go léir a bhí déanta go dtí sin.¹⁶² Glacadh le rún bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge d'aon ghuth.

Ansin, thairg Seán Ó hUadhaigh rún eile a mhol Comhairle Náisiúnta a mbeadh na cúraimí thíos orthu a bhunú faoi scáth Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge:

- (a) Toil na Comhdhála i dtaoibh gnáth úsáid na Gaeilge a chur i bhfeidhm.
- (b) Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a thionól uair sa bhliain ar a laghad agus gach socrú chuige sin a dhéanamh.
- (c) Comh-oibriú a bhuanú idir cumainn is gasraí uile na Gaeilge agus cabhrú leo.
- (d) Conamh a éileamh ar gach cara don Ghaeilge agus iad a spreagadh chun oibre.
- (e) A iarraidh ar dhreamanna cumhachta na tíre, mar atá, an Eaglais, lucht polaitíochta, lucht oideachais, lucht na bpáipéar, lucht gnó is tionscail, agus ar an bpobal i gcoitinne dúnghaois cinte a bheith acu chun úsáid na Gaeilge a leathnú ina ngnó féin.¹⁶³

Ní smaointe nua a bhí sa chéad ná sa dara cúram, ach léirigh an chuid eile de na cúraimí go raibh athrú tagtha ar ghluaiseacht na Gaeilge. Léirigh an tríú agus an ceathrú cúraimí cúlra agus cúis bhunú na Comhdhála a achoimríodh mar seo: spreag Conradh na Gaeilge ag tús an chéid seo caite an pobal a raibh éagsúlacht chultúrtha agus polaitíochta acu teacht le chéile ar son athbheochan na 'teanga

¹⁶² *Scéala Éireann*, 27/10/1943, lch. 1.

¹⁶³ *Ibid.*, lch. 1, lch. 3., Ní Chathailriabhaigh 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1983', lch. 11.

náisiúnta'; tar éis neamhspleáchas na hÉireann a bhaint amach, áfach, scoilteadh an Conradh de bharr éagsúlacht na hidé-eolaíochta a bhí ag baill taobh amuigh de cheist na teanga; ba cheart do lucht na Gaeilge teacht le chéile arís faoi scáth ghluaiseacht mhór náisiúnta agus comhaontú eatarthu a chothú arís.

Nuair a cuireadh cúigiú cúram na Comhairle Náisiúnta san áireamh, bhí tréithe Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge níos soiléire. Ó bunaíodh an rialtas dúchais, measadh gurbh obair an stáit í aird a thabhairt ar Ghaelú dhreamanna cumhachtacha na tíre ar nós na bpolaiteoirí agus na státseirbhíseach agus gurbh í obair an stáit í freisin polasaí teanga éifeachtach a chur i bhfeidhm do mhuintir na hÉireann. In aghaidh an chleachtais sin, léirigh an cúigiú cúram go mbeadh an ceart ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge treoir a thabhairt do na dreamanna cumhachtacha sin mar aon leis an bpobal i gcoitinne maidir lena ndualgais i leith athbheochan na Gaeilge. Bhí an rún sin ag teacht le hintinn de Valera a mhol tionscnamh bríomhar ar son athbheochan na Gaeilge a dhéanamh leis an bpobal féin agus úsáid a bhaint as tionchar na hEaglaise chun an pobal a thabhairt le chéile ar son chur chun cinn an 'ionannais náisiúnta' agus na 'teanga náisiúnta'.

Ghlac an Chomhdháil leis an rún a mhol Ó hUadhaigh d'aon ghuth agus bunaíodh Comhairle Náisiúnta a mbeadh an t-údarás acu gníomhú thar cheann Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Toghadh thart ar chéad duine san iomlán mar bhaill den Chomhairle Náisiúnta ar an láthair agus ina measc, bhí níos mó ná fiche sagart. Bhí an Chomhairle Náisiúnta faoi thionchar láidir Bhaile Átha Cliath. Roghnaíodh ionadaithe as gach ceann de na cúigí ach roghnaíodh deichniúr ionadaí eile as Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, roghnaíodh cumainn Ghaeilge ag a raibh a gceanncheathrúna acu i mBaile Átha Cliath chun a

n-ionadaithe a chur ar aghaidh don Chomhairle Náisiúnta: Cine Gaedheal¹⁶⁴, An Réalt¹⁶⁵, An Claisceadal¹⁶⁶, Cumann na mBuidhean Piobairí¹⁶⁷, Coiste na bPáistí, An Comhchaidreamh agus Cumann Gaelach Choláiste na Tríonóide.¹⁶⁸ Maidir le Cumann na mBuidhean Piobairí, bhí sé soiléir go raibh sé faoi thionchar an Chonartha toisc go raibh seoladh aige in Árus Thomáis Ághais, an áit chéanna ina raibh ardoifig an Chonartha suite.¹⁶⁹

Chomh maith leis na seacht gcumann thuasluaite, bhí dhá chumann ag a raibh níos mó ná ionadaí amháin. Bhí beirt ionadaithe ag Coiste Gnótha Chonradh na Gaeilge agus bhí seisear ionadaithe ag Cumann na Sagart Gaedhealach.¹⁷⁰ Léirigh sé sin go raibh tionchar mór ag Conradh na Gaeilge agus ag an Eaglais Chaitliceach sa Chomhairle Náisiúnta. Ba chumann do shagairt Chaitliceacha é Cumann na Sagart Gaedhealach a raibh sé mar aidhm acu an Ghaeilge a chur chun cinn i gcúrsaí creidimh agus in obair na hEaglaise. Ba é an tAthair Aindrias Mac Aodhagáin, C. S. Sp., a bhí ina Uachtarán ar Chumann na Sagairt Gaedhealach.¹⁷¹ Ba i mBaile Átha Cliath freisin a bhí ceanncheathrúna an dá eagraíocht sin suite.

¹⁶⁴ Ba chumann na Gaeilge don óige é An Cine Gaedheal a d'eagraigh ranganna céilí, turais agus cluichí. Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, Ich. 57.

¹⁶⁵ Ba chumann cultúir Gaelach faoi scáth Léigiún Muire é An Réalt. Bunaíodh é in 1942. Bhí sé mar chuspóirí acu an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a shaothrú agus a chothú agus san am céanna, deis chaidrimh Chríostaíochta a thabhairt don phobal. Ibid., Ich. 29.

¹⁶⁶ Ba ghrúpa Gael a bhí ag canadh amhrán claisceadail Gaelacha le chéile é An Claisceadal. Dar leis, bhí céad craobh aige ar fud na tíre sa bhliain 1944. Ibid., Ich. 45.

¹⁶⁷ Thug *Láimh-Leabhar* Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge cuntas gearr ar chuspóir Chumann na mBuidhean Piobairí "Ceól an phíob mhór agus obair na mbuidheanta piobairí." Ibid., Ich. 46.

¹⁶⁸ *Irish Independent*, 27/10/1943, Ich. 2. Dar le Mairéad Ní Chinnéide, toghadh 247 duine iomlán mar bhaill den chomhairle: 40 duine le haghaidh gach ceann de na cúigí, deichniúr le haghaidh mhórchathair Bhaile Átha Cliath, 37 ionadaí nó teachtairí ó na cumainn Ghaelacha agus 40 a bhí ar Choiste na nGairmtheoirí. Níor tugadh eolas faoi ainmneacha na mball, áfach. Ní Chinnéide, 'Stair Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge'.

¹⁶⁹ Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, Ich. 46.

¹⁷⁰ *Irish Independent*, 27/10/1943, Ich. 2.

¹⁷¹ Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, Ich. 21.

D'áitigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge gur ghá don phobal féin oibriú go dian chun an teanga a chur chun cinn. Ag an am céanna, áfach, d'iarr an Chomhdháil ar an rialtas níos mó údaráis a bheith acu ar athbheochan na Gaeilge. Ba é an tAthair Feargus Bairéad, O. F. M., a raibh páirt ghníomhach aige i mbunú na Comhdhála, a thairg rún a mhol don rialtas ní hamháin go gcoinneodh an rialtas a thionchar ar athbheochan na Gaeilge, ach go n-imreodh sé níos mó tionchair ar an gceist as sin amach. Seo a leanas an rún a mhol an tAthair Bairéad:

Tá Rialtas an Stáit freagarthach do'n náisiúin i gcosaint na Gaedhilge mar chuid bhunudhasach Riachtanach dár náisiúntacht. Dá bhrígh sin eilighimid ar an Rialtas tionchur an Stáit go h-iomlán d'úsáid chun an Ghaedhilg do leathnú agus an Riarachán poiblí a bhéith mar thaca do teangain.¹⁷²

Chuidigh Proinnsias Mac an Bheatha go mór leis an rún. D'áitigh sé gur cheap de Valera nach mbeadh an rialtas in ann an teanga a athbheochan gan tacaíocht ón bpobal, ach nárbh fhíor í an tuairim sin toisc go raibh rialtas Shasana in ann an Béarla a chur i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann gan mórán tacaíochta ón phobal.¹⁷³ D'iarr an Chomhdháil ar rialtas Fhianna Fáil ceannasaíocht a bheith acu in obair athbheochan na Gaeilge agus d'iarr sí orthu freisin treoir cheart a thabhairt don bpobal chun an teanga a chosaint. Léirigh áiteamh eile ag Labhrás Mac Brádaigh, ball de Choiste Gairmtheoirí na Comhdhála agus de Choiste Gnótha an Chonartha, an pointe sin chomh maith. D'áitigh Mac Brádaigh go mbeadh sé ceart ag an rialtas níos mó cumhachta a imirt ar athbheochan na Gaeilge, mar shampla, a gCumhachtaí Práinne a úsáid chun brú a chur ar

¹⁷² *Scéala Éireann*, 27/10/1943, lch. 3.

¹⁷³ *Irish Independent*, 27/10/1943, lch. 2.

nuachtán a d'fhoilsigh ailt i gcoinne na Gaeilge, *The Irish Times*, dar leis.¹⁷⁴

Ghlac an Chomhdháil le rún an Athar Bhairéid. Lean cruinniú tionscnaimh Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge óna trí a chlog san iarnóin go dtí an deich a chlog istoíche agus chríochnaigh an cruinniú le canadh an Amhráin Náisiúnta le chéile arís. Cuireadh tús leis an gcéad iarracht náisiúnta chun eagraíochtaí na Gaeilge a chomhaontú ar son an náisiúin agus ar son chur chun cinn na 'teanga náisiúnta' agus chun comhoibriú idir an stát agus lucht na Gaeilge a bhuanú.

Conclúid

Tar éis na himeachtaí a bhí taobh thiar de bhunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge a rianú agus a scrúdú go mion i gcomhthéacs ghluaiseacht na Gaeilge agus na polaitíochta náisiúnta, tá sé soiléir go raibh dlúthbhaint ann idir an stát agus an pobal i leith bhuanú ghluaiseacht na Gaeilge.

Bhí smaoineamh faoi ghluaiseacht nua don Ghaeilge a bhunú ag lucht na Gaeilge féin chomh maith le de Valera féin ó dheireadh na dtríochaidí. D'áitigh Eibhlín Ní Chathailriabhaigh gurbh iad lucht na Gaeilge féin a d'iarr gluaiseacht nua a bhunú agus gurbh é de Valera a thug cúnaimh dóibh. Ba léir, áfach, gur imir de Valera níos mó tionchair ná mar a luaigh sí agus go raibh baint aige ar bhonn gníomhach le plean faoi ghluaiseacht nua don Ghaeilge. I ndeireadh na dtríochaidí, ba é de Valera féin a léirigh go raibh sé den tuairim gur cheart gluaiseacht náisiúnta nua don óige a bhunú. Ó 1942 ar aghaidh, rinne sé iarracht eagraíocht náisiúnta nua don Ghaeilge a bhunú faoina thionchar féin chun

¹⁷⁴ *Scéala Éireann*, 27/10/1943, lch. 3; *The Irish Times*, 27/10/1943, lch. 2.

De léir *Beathaisnéis* gurbh é Labhrás Mac Brádaigh a mhol an rún go mbunófaí Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag an gcruinniú tionscnaimh sin. Níl an t-eolas soiléir, áfach, mar áitíodh cheana gur thairiscigh nuachtán na linne gurbh é Micheál Ó Rodaigh a thairg an rún ag an gcruinniú. Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Trí*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1992), lch. 60.

ceangal láidir a chruthú idir an stát, an Eaglais agus an pobal i gcomhthéacs Aimsir na hÉigeandála. Bhí an smaoineamh sin i gcomhréir le moladh ó Leon Ó Dubhghaill in 1938. Mhol Ó Dubhghaill gur cheart tús a chur le gluaiseacht nua i mBaile Átha Cliath agus gur cheart í a dhéanamh le toil an rialtais agus an phobail agus le beannacht na hEaglaise.

Comhlíonadh an beart sin ag cruinniú tionscnaimh Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa bhliain 1943 agus ba í polaitíocht de Valera a chuir an beart i bhfeidhm go héifeachtach. Cé go raibh dreamanna éagsúla ag baint le hatheagrú ghluaiseacht na Gaeilge sa tréimhse sin, i bhfírinne, ní raibh siad ag iarraidh deireadh a chur leis an gConradh agus eagraíocht nua a bhunú ina áit. Níor de thoradh ar dheighilt i measc lucht na Gaeilge ná ar mhíshásamh de Valera faoi lucht na Gaeilge é bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Is de thoradh ar dhlúthbhaint agus ar chomhiarracht idir lucht ghluaiseacht na Gaeilge agus de Valera chun cothromaíocht a dhéanamh idir obair dheonach agus obair an stáit é bunú na Comhdhála.

Bhí náisiúnú agus lárú ghluaiseacht na Gaeilge riachtanach chun gluaiseacht na Gaeilge a atheagrú, a bhuanú agus a neartú agus an aidhm athbheochan na Gaeilge mar 'teanga náisiúnta' na hÉireann a chur i gcrích. Ba í an bhliain 1943 inar comóradh leathchéad bliain ó bhunú Chonradh na Gaeilge an bhliain b'oiriúnaí do mhuintir Chonradh na Gaeilge chun atheagrú, buanú agus neartú ghluaiseacht na Gaeilge a chur i bhfeidhm le cabhair pholaitíochta de Valera, agus gan deireadh a chur leis an gConradh féin.

Ba iad muintir Chonradh na Gaeilge a chruthaigh bunús idé-eolaíochta na 'teanga náisiúnta' agus a thug tábhacht na hidé-eolaíochta sin chun solais caoga bliain roimhe sin. Ba í an bhliain speisialta, an bhliain 1943, inar buanaíodh an

idé-eolaíocht sin in eagrais nua 'náisiúnta' Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a raibh nasc láidir leis an idé-eolaíocht sin aici. Bhí coincheap na Comhdhála ceangailte le dhá mhórghné den fhís a bhí ag de Valera don tír – Éire Ghaelach agus Éire Chaitliceach. Bhí an Chomhdháil ceangailte go maith freisin le coincheap náisiún na hÉireann agus le hidé-eolaíocht 'teanga náisiúnta' na hÉireann. Eagraíocht 'náisiúnta' ar son na 'teanga náisiúnta ba ea Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, eagraíocht 'náisiúnta' a bhain le pobal na hÉireann uile. Léiríonn an dlúthnasc idir trí eilimint an náisiúin, an stáit, an Eaglais agus an pobal i leith bhunú na Comhdhála an pointe sin go soiléir.

Conclúid

Rinneadh iniúchadh sa tráchtas seo ar pholaitiú na Gaeilge agus ar idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ sa chaoga bliain idir bunú Chonradh na Gaeilge agus bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Tar éis na bunfhoinsí forleathana a mhionscrúdú, léirigh an tráchtas seo go mbíodh dlúthbhaint ann idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla mar gheall ar an aidhm bhunúsach a bhí ag Conradh na Gaeilge, .i. an Ghaeilge a athbheochan mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann.

Thug an tráchtas seo chun solais go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an téarma ‘teanga náisiúnta’, nath nár tugadh aird mhór ar a bhunús, ar a ghné pholaitiúil agus ar idé-eolaíocht a bhain leis i gcomhthéacs na hÉireann riamh. Tháinig an téarma isteach sa Ghaeilge tríd an bhfocal Béarla ‘national language’ ar dtús. I gcomhthéacs na hÉireann, d’imir coincheap an ‘national language’ coincheap na ‘teanga dhúchais’, an coincheap a bhí bainteach le teanga an phobail. Ba í gluaiseacht na Gaeilge a chruthaigh coincheap na ‘teanga náisiúnta’ i gcomhthéacs na Gaeilge agus ba í an dlúthbhaint a bhí idir gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta a bhunaigh idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’. Fuinneamh riachtanach chun gluaiseacht na Gaeilge a fhorbairt ba ea idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ – an fuinneamh a bhí bainteach le náisiúnachas agus le polaitíocht in Éirinn.

D’ainneoin gur dhiúltaigh Dubhghlas de hÍde agus daoine eile mar é do thionchar na polaitíochta a bheith i ngluaiseacht na Gaeilge, níor dhiúltaigh siad an ‘teanga náisiúnta’ a chur chun cinn faoi rialtas dúchais na hÉireann. D’áitigh an

tráchtas seo cé go raibh difríocht mhór ann idir coincheap na ‘teanga náisiúnta’ agus coincheap na ‘teanga dhúchais’ gur chuir formhór lucht na hathbheochana agus an rialtais dúchais níos mó béime ar an nGaeilge mar an ‘teanga náisiúnta’. Rinne siad iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga a bhain le muintir na hÉireann go léir, seachas mar theanga a bhain le pobal na teanga go heisiach. Ba í an ‘teanga náisiúnta’ leis an mbrí sin a ghlac gluaiseacht na Gaeilge agus an rialtas dúchais mar bhunús le hathbheochan na Gaeilge. Bronnadh stádas bunreachtúil ar an nGaeilge agus measadh go raibh athbheochan na Gaeilge mar an ‘teanga náisiúnta’ ina thionscadal oifigiúil náisiúnta.

I measc pholaiteoirí na linne a bhí i gceist sa tráchtas seo, cuireadh béim mhór ar Éamon de Valera mar an phearsa ba mhó a raibh páirt lárnach aige i gcur chun cinn na Gaeilge mar ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann. Ó chuaigh sé leis an bpolaitíocht náisiúnta, bhaineadh sé úsáid as an idé-eolaíocht sin. Nuair a bhí sé ina cheannaire ar an bhfreasúra, dhaingnigh sé an ceangal idir é féin agus Conradh na Gaeilge. Nuair a bhí sé i gcumhacht i dtús na dtríochaidí, bhí muintir Chonradh na Gaeilge muiníneach go gcuirfeadh ré de Valera feabhas mór ar staid na Gaeilge agus ar staid ghluaiseacht na Gaeilge a raibh fadhb shíoreasaontais i measc lucht na hathbheochana go rialta. In Aimsir na hÉigeandála, bhí páirt lárnach ag idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ i gcur chun cinn an Ghaelachais agus an náisiúnachais faoi scáth rialtas de Valera. Rinneadh mionanailís ar an gcaoi ar úsáid gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta an idé-eolaíocht sin chun an náisiúntacht Éireannach a chosaint agus ar an gcaoi ar ghlac pobal na hÉireann leis an idé-eolaíocht sin go fabhrach, Muintir na Tíre cur i gcás. In Aimsir na hÉigeandála, bhí úsáid idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ éifeachtach chun pobal na hÉireann a thabhairt le chéile agus an náisiún

Éireannach a dhaingniú.

Léirigh an tráchtas seo gurbh í an dlúthbhaint a bhí idir gluaiseacht na Gaeilge agus polaitíocht de Valera chun gluaiseacht na Gaeilge a atheagrú ar son na 'teanga náisiúnta' a bhí mar chúl taca le bunú Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa bhliain 1943. I bpróiseas bhunú na Comhdhála, bhain an dá thaobh tairbhe as. Bhí de Valera in ann úsáid a bhaint as an ócáid sin chun náisiúnachas ina stíl féin a spreagadh. Shamhlaigh cruinniú tionscnamh na Comhdhála, Éire Ghaelach, aontaithe agus Chaitliceach agus spreag sé spiorad na hoibre deonaí in am ina raibh cruatan is anró ann. Ó thaobh ghluaiseacht na Gaeilge de, bhí siad in ann 'gléas' nua a bhunú seachas deireadh a chur le Conradh na Gaeilge. Úsáideadh an focal áirithe sin 'gléas' chun béim a chur ar an bpointe nach mbeadh gluaiseacht nua i gceist acu. Ar an mbonn sin, bhí an Conradh féin in ann páirt lárnach a ghlacadh sa tionscadal nua sin. Ba í an bhliain 1943 bliain chomórachd lubhaile Órga Chonradh na Gaeilge agus i rith na bliana sin, bhí de Valera, ina Thaoiseach ar Éirinn agus bhí ar a chumas páirt lárnach a ghlacadh in ócáidí speisialta a bhain le hathbheochan ghluaiseacht na Gaeilge.

Bhíodh an pholaitíocht náisiúnta agus gluaiseacht na Gaeilge araon cúramach i gcónaí faoi cheangal láidir eatarthu a thaispeáint. Is léir, áfach, go mbíodh sé ann agus go mbeadh sé ann mar gheall ar chur chun cinn idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' agus ba é an ceangal eatarthu a thug dinimic do ghluaiseacht na Gaeilge agus a rinne buanú uirthi. Ba é de hÍde a dhiúltaigh den cheangail idir polaitíocht agus an Ghaeilge ar son athbheochan na 'teanga náisiúnta', ach ba é de Valera a bhain úsáid as a thionchar polaitiúil ar son chur chun cinn idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' agus bhain sé úsáid as an idé-eolaíocht sin chun seasmhacht pholaitiúil dá rialtas agus don stát a bhaint amach.

Bhí cúis ghluaiseacht na Gaeilge bunaithe ar athbheochan na Gaeilge mar ‘theanga náisiúnta’ na hÉireann. Bhí sí ina coincheap polaitiúil a bhí bainteach leis an náisiún Éireannach agus chun an aidhm sin a bhaint amach, bhí dlúthbhaint leis an bpolaitíocht náisiúnta riachtanach. Ba é tionchar na polaitíochta náisiúnta a chabhraigh leis an aidhm sin a chur i gcrích agus a bhunaigh agus a d’fhorbair gluaiseacht na Gaeilge. Sa chaoi sin, idir 1893 agus 1943, bhí tionchar dearfach ag an dlúthbhaint a bhí idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla ar bhuanú agus ar fhorbairt gluaiseacht na Gaeilge féin.

Bhí míbhuntáistí a bhain leis an dlúthbhaint a d’fhás idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitíochta, áfach. Mar a dúirt Gearóid Ó Tuathaigh, ba é an meon coimeádach a cothaíodh eatarthu ceann de na fadhbanna a bhain leis: “Sé sin le rá, bhí polasaí na hathbheochana á lua le foirmiúlacht sheasc na reitriche oifigiúla, le fimínteacht, le tláithinteacht agus le cur i gcéill”.¹ Mar fhreagra ar an gcoimeádachas a samhlaíodh leis an nGaeilge, tháinig gluaiseachtaí radacacha nó “traidisiún na n-easaontóirí nó traidisiún réabhlóideach”² chun cinn. Ba é Máirtín Ó Cadhain an duine ba mhó a rinne iarracht athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn mar chuid dhílis de réabhlóid shóisialta agus pholaitíochta in Éirinn.³ Chreid Ó Cadhain agus daoine mar é gur bhain an Ghaeilge le pobal na Gaeilge, muintir na Gaeltachta go háirithe. Thug an dlúthbhaint idir gluaiseacht na Gaeilge agus na príomhpháirtithe polaitiúla, áfach, áit chomh lárnach sin d’idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’, seachas d’idé-eolaíocht na ‘teanga dhúchais’.

¹ Gearóid Ó Tuathaigh, ‘An Stát, an Féiniúlacht Náisiúnta agus an Teanga: Cás na hÉireann’, in Breandán Mac Cormac (eag.), *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2011), 76-112, lgh. 83-84.

² Ibid., lch. 104.

³ Ibid.

Gluaiseacht chathrach go bunúsach a bhí i gConradh na Gaeilge, a chruthaigh agus a d'fhorbair idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' agus ba í Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, eagraíocht nó 'gléas' cathrach a bhunaigh an idé-eolaíocht sin i sochaí na hÉireann. Chruthódh an idé-eolaíocht sin bearna áirithe idir gluaiseacht chathrach mar iad agus pobal na Gaeilge sa Ghaeltacht. Níos déanaí sna 1960idí, bhí Máirtín Ó Cadhain agus daoine mar é ag iarraidh an bhearna sin a líonadh agus comhoibriú eatarthu a dhaingniú i gcomhthéacs ghluaiseachtaí radacacha don Ghaeilge.⁴ Ba í ceann de na deacrachtaí a bhí rompu ná cuspóir mhuintir na Gaeltachta a raibh suim acu i gcaomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht agus cuspóir phobal na cathrach a raibh suim acu in athbheochan na Gaeilge ar fud na tíre a réiteach le chéile.⁵ Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí a áiteamh gur chuir idé-eolaíocht na 'teanga náisiúnta' bac ar chomhpháirtíocht ní hamháin idir na gluaiseachtaí coimeádacha agus na gluaiseachtaí radacacha, ach idir na gluaiseachtaí cathracha agus gluaiseachtaí sa Ghaeltacht. Ag ócáid leathchéad bliain ó Éirí Amach na Cásca, rinne Ó Cadhain cáineadh géar ar athbheochan na Gaeilge faoi ré de Valera: "Taoiseach gan Gaeilge. Stát-sheirbhísigh gan Gaeilge. Breithiúin gan Gaeilge. Scoláirí gan Gaeilge...iadsan Éire 1966."⁶ Níor úsáid Ó Cadhain an focal 'teanga náisiúnta' ach chreidfeadh sé go raibh teipthe ar athbheochan na Gaeilge mar 'theanga náisiúnta' na hÉireann, gan trácht air mar 'theanga dhúchais' do phobal na Gaeilge.

Maidir le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, bhí Ó Cadhain an-amhrasach fúthu toisc gur chreid sé nach raibh idé-eolaíocht na Comhdhála agus idé-eolaíocht

⁴ Feic, Chinatsu Hakamada "Máirtín Ó Cadhain, Misneach, and Irish Language Movements in the 1960s", (Tráchtas M.A. sa Léann Éireannach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2004).

⁵ Ibid., lch. 75.

⁶ Máirtín Ó Cadhain, *Ar Céalacan, ar Stailc Ocras: in aghaidh na n-Ocastóirí*, (Baile Átha Cliath: 1966), lch. 1.

Chonradh na Gaeilge ag teacht le chéile go bunúsach: “Ó thús, bhí freasúra idir Conra agus Comhdháil... is mó sriana a choinnigh an Chomhdháil ar an gConra ná a mhalairt.”⁷ Bhí sé den tuairim nach ndearna an Chomhdháil aon mhaitheas do ghluaiseacht na Gaeilge ach gur chuir mí-eagar ar eagraíochtaí don Ghaeilge: “Bhain an Chomhdháil amach an cuspóir a chuir de Valera in áirid di, gan aon teacht aniar ná aon déantús maitheasa a bheith inti féin ach easaontas a bhuanú agus a bheith in a ceap tuisle ar aon ghluaiseacht eile.”⁸ Sin iad focail Uí Chadhain mar a labhair sé iad sa bhliain 1969. Ina dhiaidh sin féin, mhair Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar feadh 45 bliain eile, go dtí gur cuireadh deireadh léi go tobann in 2014. Idir an dá linn, tá Conradh na Gaeilge ann fós agus é ina eagraíocht bhríomhar agus lárnach ar son na Gaeilge. Maím go gcabhróidh anailís agus torthaí an taighde seo linn míniú úr a thabhairt ar chur chun cinn ghluaiseacht na Gaeilge agus ar ár dtuiscint ar ghné pholaitiúil agus sóisialta na Gaeilge sa tréimhse ón mbliain 1943 ar aghaidh freisin.

Comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916 atá á reáchtáil i mbliana. Glactar leis gurb í an Ghaeilge ‘teanga náisiúnta’ na hÉireann, ní hamháin i gcomhthéacs an Bhunreacht, ach i gcomhthéacs gnáthshaoil mhuintir na hÉireann. Ní chaitear amhras ar stádas sin na Gaeilge agus samhlaítear an ‘teanga náisiúnta’ mar ‘ár dteanga’, fiú mura bhfuil an teanga sin ar a thoil ag gach duine. Ar an mbonn sin, tá idé-eolaíocht na ‘teanga náisiúnta’ a shamhlaigh agus a bhunaigh gluaiseacht na Gaeilge agus an pholaitíocht náisiúnta sa tréimhse atá i gceist sa tráchtas seo fréamhaithe go domhain i sochaí na hÉireann.

⁷ Máirtín Ó Cadhain, *Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae*, (Baile Átha Cliath: Misneach, 1970), lch. 2.

⁸ Ibid.

Leabharliosta

Bunfhoinsí

Irisí agus Nuachtáin

Ar Aghaidh

Ballina Herald

The Catholic Bulletin

An Claidheamh Soluis/Fáinne an Lae

Connacht Sentinel

Connacht Tribune

The Cork Examiner

An t-Éireannach

The Freeman's Journal

An Glór

Indiu

Irish Independent

The Irish Times

An t-Irisleabhar Coláiste na Gaillimhe

Irisleabhar na Gaeilge

Kerry Weekly Reporter

The Leader

The Nation

An Reult

Scéala Éireann

Leabharliosta

The Times

Weekly Irish Times

Bailiúcháin agus Cartlanna

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

EPH D264 'Conradh na Gaedhilge: Cruinniú Puibli i dTig an Ard-Mheire, Ar 8 p.m. Dia
Ceadaoin 17-11 26'.

IR49162 G1 'Tuarascáil an Coiste Gnótha 1939-1940'.

MS19,319 'Conradh na Gaeilge: Minute Books of the Coisde Gnótha'.

MS 33,954(2) 'Páipéir Phiaras Béaslaí'.

NL-EPH B50, 'Conradh na Gaeilge: A Public Meeting to further the interests of the Gaelic
League', [1910?].

[Gan curtha i gcatálog fós], 'Pháipéir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge'.

Cartlann Náisiúnta na hÉireann

DE/2/54 'Department of Irish Reports on Work and Correspondence with the Dáil Éireann
General Secretariat'.

DE4/3/4 'Papers Relating to 1st Dáil, Stiophán Bairéad, Conradh na Gaeilge, to Secretary,
Dáil Éireann, as to establishment of Ministry for Irish'.

TAOIS/S9193 'Irish Language: Recommendations for the Advancement by Cumann
Gaedhealach na hÉireann'.

TAOIS/S9796 'Constitution 1937: Proposals relating to Position of Irish'.

TAOIS/S1197 'Advancement of Irish: Proposals of Conradh na Gaeilge 1938-1953'.

TAOIS/S13304A 'Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1943-1945'.

TAOIS/3/S11075 'Scheme by Leon Ó Dubhghaill for promotion of Irish language among

Leabharliosta

young people’.

TAOIS/3/S11240 ‘Advancement of Irish: Meeting with Representatives of Conradh na Gaeilge’.

TAOIS/3/S11241 ‘Toscaireacht Cumann Gaelach’.

TAOIS/96/8/4 ‘Muintir na Tíre: General File, 27 August 1938 – 20 August 1961’.

TAOIS/97/9/15 ‘An Ard-Chraobh de Chonradh na Gaedhilge’.

TAOIS/97/9/110 ‘Irish Language: Suggestions for Establishing a Ministry’.

TAOIS/97/9/332 ‘Conradh na Gaeilge 50th Anniversary’.

Cartlanna Eile

IE UCDA P24 ‘Páipéir Earnán de Blaghd’, An Chartlann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

‘Páipéir Sheán Séarlas Mac Uaid’, Government XVIII/6/4, Cartlann na Deoise, Ard Deoise Átha Cliath.

Bunfhoinní ar an Idirlíon

‘Constitution of the Irish Free State (Saorstát Éireann) Act, 1922’ ar fáil ag suíomh idirlín Leabhar Reachtaíochta na hÉireann, <http://www.irishstatutebook.ie> .

‘Emergency Powers Act, 1939’, ar fáil ag suíomh idirlín Leabhar Reachtaíochta na hÉireann, <http://www.irishstatutebook.ie> .

Díospóireachtaí na Dála, <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie> .

Díospóireachtaí an Seanaid, <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie> .

Irish Newspaper Archive, <http://www.irishnewsarchive.com> .

The Irish Times, <http://irishtimes.com> .

Tuairisc.ie, <http://tuairisc.ie> .

Foinsí Tánaisteacha

Ailt, Leabhair agus Paimfléid

Acadamh Ríoga na hÉireann, *Corpas na Gaeilge, 1600-1882*, (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 2004).

Akenson, D.H. and Fallin, J.F., 'The Irish Civil War and the Drafting of the Free State Constitution', *Éire-Ireland*, Spring, 1970, 10-26.

Akenson, D.H. and Fallin, J.F., 'The Irish Civil War and the Drafting of the Free State Constitution', *Éire-Ireland*, Summer, 1970, 42-93.

Anderson, Benedict, *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism*, (leagan leasaithe), (Londain: Verso 1991).

Bew, Paul, *Ideology and the Irish Question: Ulster Unionism and Irish Nationalism 1912-1916*, (Oxford: Clarendon Press, 1994).

Bowman, John, *De Valera and the Ulster Question 1917-1973*, (Oxford: Clarendon Press, 1982).

Boylan, Patrick, *The Book of the Congress: International Eucharistic Congress 31st, Dublin*, (Loch Garman: John English, 1934).

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a hAon*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1986).

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Dó*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1990).

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Trí*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1992).

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Ceathair*, (Baile

- Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1994).
- Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Cúig*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1997).
- Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú, *1983-2002 Beathaisnéis*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 2003).
- An Buachaillín Buidhe, 'An Teanga Náisiúnta agus Connradh na Gaedhilge', *An Tír*, Iml. 5, Uimh. 7, Lúnasa 1933, 4, 8.
- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, *Láimh-Leabhar*, (Baile Átha Cliath: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, [1944]).
- Committee of the 31st International Eucharistic Congress, *31st International Eucharistic Congress Pictorial Record*, (Baile Átha Cliath: Veritas Company Ltd, 1932).
- Connellan, Thaddeus, *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Schools*, (Baile Átha Cliath: Graisberry & Campbell, 1814).
- Conradh na Gaeilge, *Connradh na Gaedhilge, ar n-a chur ar bun leis an nGaedhilg do chongbháil d'á labhairt i néirinn*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1894).
- Conradh na Gaeilge, *Clár Oireachtais na Gaeilge, 17 Bealtaine 1897*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1897).
- Conradh na Gaeilge, *Connradh na Gaedhilge do cuireadh ar bun i mí iúil 1893*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1900).
- Conradh na Gaeilge, *The Constitution of the Gaelic League: As Amended by the Árd-Fheis, May 1902*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1902).
- Conradh na Gaeilge, *Córughadh Connartha na Gaedhilge, do réir mar leasuigh an Árd-Fheis, Fá Lughnasa 1905*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1905).
- Conradh na Gaeilge, *Córughadh Connartha na Gaedhilge: do réir mar leasuigh an Árd-Fheis, Fá Lughnasa 1908*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1908).

Conradh na Gaeilge, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i mí Iúil, 1912, é*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1912).

Conradh na Gaeilge, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1916*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1916).

Conradh na Gaeilge, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1919*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1919).

Conradh na Gaeilge, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1920*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1920).

Conradh na Gaeilge, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí Lughnasa, 1921*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1921).

Conradh na Gaeilge, *Córughadh Chonnartha na Gaedhilge: Do réir mar do leasuigh an Árd-Fheis i Mí na Samhna, 1922*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1922).

Cooney, John, *John Charles McQuaid: Ruler of Catholic Ireland*, (Baile Átha Cliath: The O'Brien Press, 1999).

de hÍde, Dubhghlas, 'The Necessity for De-Anglicising Ireland', in Breandán Ó Conaire (eag.), *Douglas Hyde: Language, Lore and Lyrics*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1986).

de hÍde, Dubhghlas, *The Gaelic League and Politics: Pronouncement by Dr. Douglas Hyde (President)*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1914).

de Valera, Éamon, 'Ni mor duinn ar dteanga naisiunta do choinneail beo', in Conradh na Gaeilge, *Leabhar Cuimhne: 1893-1943*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1943), 17.

Dooley, Terence, *The Land for the People: The Land Question in Independent Ireland*, (Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2004).

An Droighneán Fionn, 'Conradh na Gaedhilge', *Fáinne an Lae*, Bealtaine, 1929, 7.

Dowling, Michele, 'The Ireland that I would have': De Valera and the Creation of an Irish National Image', *History Ireland*, Iml. 5, Uimh. 2, Samhradh 1997, 37-41.

Éamon A'Chnuic, 'Gaedhealú Muintir na Tíre', in Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre Official Book*, (Muintir na Tíre, 1942), 91-93.

Ellis, Steven G., *Ireland in the age of the Tudors 1447-1603: English Expansion and the End of Gaelic Rule*, (Londain: Longman, 1998).

The Earl of Longford and Ó Néill, Tomás, *Eamon de Valera*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1970).

Farrell, Brian, 'The drafting of the Irish Free State Constitution: III', *Irish Jurist*, Summer, 1971, 111-135.

Feeney, John, *John Charles McQuaid: The man & the mask*, (Baile Átha Cliath: Cahill & Co., 1974).

Fianna Fáil, *Córú: Constitution 1938*, (Baile Átha Cliath: Fianna Fáil, 1938).

Fianna Fáil, *Ireland 1932 to 1942: A Story of Great Achievements*, (Baile Átha Cliath: Fianna Fáil, [1943?]).

Fishman, Joshua A., *Language in Sociocultural Change: Essays by Joshua A. Fishman*, *Selected and Introduced by Anwar S. Dil*, (California: Stanford University Press, 1972).

Fítheal, 'Teanga Naisiunta', *Fáinne an Lae*, 23/12/1922, 1, 5.

French, R.B.D., 'J. O. Hannay and the Gaelic League', *Hermathena: A Dublin University Review*, CII, Spring, 1966, 26-52.

Gaedhilgeoir, 'An Teanga Náisiunta', *Fáinne an Lae*, 28/04/1923, 3.

Gaughan, J. Anthony (eag.), *Memoirs of Senator Joseph Connolly (1885-1961): A Founder of Modern Ireland*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1996).

Haarmann, Harald, 'Die sprachen Frankreichs: Soziologische und Politische Aspekte Ihrer

- Entwicklung', in Harald Haarmann agus Michael Studemund (eag.), *Festschrift Wilhelm Giese*, (Hamburg: Helmut Buske, 1972).
- Hannay, J. O., *Is the Gaelic League Political?*, ([Baile Átha Cliath]: [Conradh na Gaeilge], 1906).
- Hopkinson, Michael, 'From Treaty to Civil War, 1921-2' in J. R. Hill (eag.), *New History of Ireland VII: Ireland 1921-84*, (Oxford: Oxford University Press, 2003), 1-29.
- Jones, Valerie, *A Gaelic Experiment: the Preparatory System 1926-1961, Coláiste Moibhí*, (Baile Átha Cliath: Woodfield Press, 2006).
- Kane, Gerry, 'The Eucharistic Congress 1932', *The Furrow*, lml. 58, Uimh. 6, Meitheamh 2007, 343-346.
- Kelly, Adrian, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s-1970s*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2002).
- Kelly, J. M., Hogan, Gerard agus Whyte, Gerry, *J. M. Kelly: The Irish Constitution, 4th Edition*, (Baile Átha Cliath: Tottel Publishing Ltd., 2003).
- Keogh, Dermot, *The Vatican, The Bishops and Irish Politics: 1919-39*, (Cambridge: Cambridge University Press, 1986).
- Keogh, Dermot agus McCarthy, Andrew, *The Making of the Irish Constitution 1937: Bunreacht na hÉireann*, (Corcaigh: Mercier Press, 2007).
- Law, Hugh, 'The case of Ireland', in L. Oldershaw (eag.), *England as a Nation*, (Londain: R. Brimley Johnson, 1904).
- Lee, Yeounsuk, *Kokugo toiu Shisou: Kindainihon no Gengo Ninshiki* [The Ideology of Kokugo: Nationalizing Language in Modern Japan], (Tóiceo: Iwanami Shoten, 1996).
- Lee, J. J., *Ireland 1921-1985: Politics and Society*, (Cambridge: Cambridge University Press, 1989).

- M, 'Bás nó biseach?', *Fáinne an Lae*, Aibreán, 1929, 8.
- Mac Clúin, Seoirse, 'An Teanga Naisiunta', *Fáinne an Lae*, 14/04/1923, 1.
- Mac Alla, 'Movement without Motion', *An Reult*, Samhain 1930, 65.
- Mac an Bheatha, Proinsias, *Téid Focal le Gaoith*, (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo., 1967).
- Mac Aonghusa, Criostóir, 'Gaeltacht Ráth Cairn', *Comhar*, Aibreán 1985, 4-7.
- Mac Aonghusa, Proinsias, *Éamon De Valera: Na Blianta Réabhlóideacha*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982).
- Mac Aonghusa, Proinsias, 'An Feachtas ar son Ráth Cairn', in Mícheál Ó Conghaile (eag.), *Gaeltacht Ráth Cairn: Léachtaí Comórtha*, (Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnachta i gcomhar le Raidió na Gaeltachta, 1986), 32-50.
- Mac Aonghusa, Proinsias, *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993*, (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1993).
- Mac Craith, Mícheál, 'Literature in Irish, c. 1550-1690: from the Elizabethan settlement to the Battle of the Boyne', in Margaret Kelleher agus Philip O'Leary (eag.), *The Cambridge History of Irish Literature: Volume 1. To 1890*, (Cambridge: Cambridge University Press, 2006), 191-231,
- Mac Néill, Eoin, 'Ní hIad na mná breághtha ghníós an brochán acht min', *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. 15, Uimh. 2, 1905, 17.
- Mac Néill, Eoin, 'The North Began', *An Claidheamh Soluis*, 01/11/1913, 6.
- Mac Piarais, Pádraig, 'Belgium and its Schools: The Germ of Things', *An Claidheamh Soluis*, 05/08/1905, 4.
- Mac Piarais, Pádraig, *An Piarasach sa Bheilg: P.H. Pearse in Belgium: P.H. Pearse in België*, Séamas Ó Buachalla, (eag.), (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1998).
- Mac Piarais, Pádraig, *The Collected Works of Pádraic H. Pearse: Political Writings and*

Speeches, (Baile Átha Cliath: The Phoenix Publishing Co., Ltd., [g.d.]).

Mag Eacháin, Conchúr, *Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2014).

McMahon, Deirdre, *Republicans and Imperialists: Anglo-Irish Relations in the 1930s*, (New Haven: Yale University Press, 1984).

McMahon, Timothy G., “‘All Creeds and All Classes’? JUST WHO MADE UP THE GAELIC LEAGUE?’, *Éire-Ireland*, 37/3-4, (Fómhar/Geimhreadh 2002), 118-168.

McMahon, Timothy G., *Grand Opportunity: the Gaelic Revival and Irish Society, 1893-1910*, (Nua-Eabhrac: Syracuse University Press, 2008).

Miller, David W., *Church, State and Nation in Ireland: 1898-1921*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1973).

Mitchell, Arthur, *Revolutionary Government in Ireland: Dáil Éireann, 1919-22*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1995).

Moynihan, Maurice (eag.), *Speeches and Statements by Eamon de Valera, 1917-73*, (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1980).

Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre Official Book*, (Muintir na Tíre, 1942).

Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre: Authorised Record of the 8th National Rural Week*, (Muintir na Tíre, 1945).

Murphy, Brian, ‘J.J. O’Kelly, the Catholic Bulletin and Contemporary Irish Cultural Historians’, *Archivium Hibernicum*, lml. 44, 1989, 71-88.

Ní Chathailriabhaigh, Eibhlín, ‘Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 1943-1983’, *Feasta*, Deireadh Fómhair, 1983, 8-11.

Ní Mhunghaile, Lesa, ‘Pádraig Ó Siochfhradha: Samhlú an Náisiúin agus Coimisiún na Gaeltachta’, in Deirdre Ní Loingsigh, Lesa Ní Mhunghaile agus Ríonach uí Ógáin (eag.), *‘Rí na Gréine’: Aistí i gCuimhne ar An Seabhac*, (Baile Átha Cliath: An

Cumann le Béaloideas Éireann, 2015).

Ó Briain, Liam, 'Obituary: An Dochtúr Mac Énrí', in *UCG Annual 1929-1930*, (Gaillimh: Coláiste na h-Iolsgoile, Gaillimh, 1930), 40.

Ó Briain, Liam, 'Will the Gaelic League Survive?', *An Reult*, Nollaig 1930, 81-82.

O'Brien, Mark, *De Valera, Fianna Fáil and the Irish Press*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2001).

Ó Cadhain, Máirtín, *Ar Céalacan, ar Stailc Ocráis: in aghaidh na n-Ocastóirí*, (Baile Átha Cliath: 1966).

Ó Cadhain, Máirtín, *Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae*, (Baile Átha Cliath: Misneach, 1970).

Ó Cathasaigh, Aindrias, *Ag Samhlú Troda: Máirtín Ó Cadhain 1905-1970*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002).

Ó Cathasaigh, Aindrias, *Ré Nua os comhair na nGael?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009).

Ó Cearúil, Micheál, *Bunreacht na hÉireann: A study of the Irish Text*, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1999).

Ó Cearúil, Micheál, *Bunreacht na hÉireann: Two Texts or Two Constitutions?*, (Baile Átha Cliath: Institiúid na hÉireann, 2002).

Ó Conaire, Breandán, 'Dáithí Ó Coimín agus bunú Irisleabhar na Gaeilge', *Comhar*, Aibreán 1980, 10-15.

Ó Conaire, Breandán, 'Dáithí Ó Coimín agus bunú Irisleabhar na Gaeilge: cuid a dó', *Comhar*, Bealtaine 1980, 21-26.

Ó Conchubhair, Brian, *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*, (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2009).

Ó Conchubhair, Brian, 'The Gaelic Front Controversy: The Gaelic League's

- (Post-Colonial) Cruix', *Irish University Review*, vol. 33, no. 1, (2003), 46-63.
- O'Connor, John, *The 1916 Proclamation: revised edition 1999*, (Minneapolis: Anvil Books, Irish Books and Media, 1999).
- Corkery, Daniel, *The Hidden Ireland*, (Baile Átha Cliath: Gill and Mcmillan, [1975?]).
- Ó Ciosáin, Éamon, *An t-Éireannach 1934-1937: Nuachtán Sóisialach Gaeltachta*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1993).
- Ó Cuinneagáin, Gearóid, 'A mBratacha ar Luascadh i n-Éinfheacht', in, *Muintir na Tíre, Muintir na Tíre Official Book*, (Muintir na Tíre, 1942).
- Ó Dónaill, Niall (eag.), *Foclóir Gaeilge-Béarla*, (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977).
- Ó Duibhginn, Seosamh, 'Bhí Mianach an tSagairt ann', *Feasta*, Lúnasa 1967, 6-7.
- O'Dwyer, Rory, 'On Show to the World: The Eucharistic Congress, 1932', *History Ireland*, Iml. 15, Uimh. 6, Samhain-Nollaig 2007, 42-47.
- Ó Faracháin, Roibeárd (eag.), *Éire: Bliainiris Ghaedheal: Rogha Saothair Ghaedheal mBeó*, (Baile Atha Cliath: Muinntear Chathail Teo, 1940).
- Ó Fearaíl, Pádraig, *The Story of Conradh na Gaeilge*, (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo., 1975).
- Ó Flatharta, Peadar, 'Institiúidí agus Eagraíochtaí na Gaeilge', in *Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2012), 261-277.
- Ó Flathartaigh, Máirtín, 'Bunú an Chomhchaidrimh', in *Stiofán Ó hAnnracháin (eag.), An Comhchaidreamh: Crann a Chraobhaigh*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1985), 17-23.
- Ó Gadhra, Nollaig, *An Chéad Dáil Éireann (1919-1921) (Agus an Ghaeilge)*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1989).
- Ó Glaisne, Risteard, *Dúbhglas de h-Íde, (1860-1949): Ceannródaí Cultúrtha 1860-1910*,

- (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1991).
- Ó Gramhnaigh, Eoghan, 'The National Language', *Irish Ecclesiastical Record*, Samhain 1890, 982-992.
- Ó Gramhnaigh, Eoghan, 'Retirement of the Editor of the *Gaelic Journal*', *Irisleabhar na Gaeilge*, lml. IV, Uimh. 39, 1891, 1.
- Ó hAilín, Tomás, 'Irish Revival Movements', in Brian Ó Cuív (eag.), *A View of the Irish Language*, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969), 91-100.
- Ó hAodha, Seán Micheál, (John M. Hayes), 'The Beginning', in Muintir na Tíre, *Muintir na Tíre Official Book*, (Muintir na Tíre, 1941), 43-47.
- Ó Muimhneacháin, Aindrias, *Dóchas agus Duainéis*, (Corcaigh: Cló Mercier, 1974).
- Ó Máille, Tomas, *The Status of the Irish Language – A Legal Perspective/Stádas na Gaeilge – Dearcadh Dílíthiúil*, (Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge, 1990).
- Ó Murchú, Helen, *Dúshlán agus Treo d'Eagraíochtaí na Gaeilge*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2003).
- Ó Murchú, Máirtín, *Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge: Tús an Athréimnithe*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teo., 2001).
- Ó Móráin, Dónall, 'Múscailt Misnigh', in Stiofán Ó hAnnracháin (eag.), *An Comhchaidreamh: Crann a Chraobhaigh*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1985), 38-47.
- Ó Néill, Tomás, agus Ó Fiannachta, Pádraig, *De Valera I*, (An Charraig Dhubh: Cló Morainn, 1968).
- Ó Néill, Tomás agus Ó Fiannachta, Pádraig, *De Valera II*, (An Charraig Dhubh: Cló Morainn, 1970).
- Ó Néill, Tomás P., 'Éamon de Valera agus an Teanga', *Feasta*, Deireadh Fómhair 1982, 25-26.

- Ó Riain, Seán, *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*, (Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge, 1994).
- Ó Torna, Cairtriona, *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teo. 2005).
- Ó Tuathaigh, Gearóid, 'Cultural visions and the new state: embedding and embalming', in Gabriel Doherty agus Dermot Keogh (eag.), *De Valera's Irelands*, (Corcaigh: Mercier Press, 2003), 166-184.
- Ó Tuathaigh, Gearóid, 'An Stát, an Fhéiniúlacht Náisiúnta agus an Teanga: Cás na hÉireann', in Breandán Mac Cormac (eag.), *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2011), 76-112.
- The Outlook, *National Organisations in Ireland: Their Origin, Development, and Aims*, (Londain: The Offices of "The Outlook", 1907).
- Pegley, Suzanne M., *The Land Commission and the Making of Ráth Cairn: The First Gaeltacht Colony*, (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2011).
- Phillipson, Robert, *Linguistic Imperialism*, (Oxford: Oxford University Press, 1992).
- Ramsey, Jarold and Ramsey, Dorothy Quinn, *The Piper of Cloone: Father Keegan and the Early Gaelic revival*, (Baile Átha Cliath: Maunsel & Company, 2005).
- An Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha), 'Éire na Gaedhilge nó Anglo-Ireland – Cioca?', *An t-Éireannach*, 28/03/1936, 1, 8.
- An Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha), 'Éire na Gaedhilge nó Anglo-Ireland – Cioca?', *An t-Éireannach*, 11/04/1936, 1, 4.
- Schlegel, Friedrich, *Lectures on the History of Literature, Ancient and Modern*, (Londain: William Blackwood and Sons, 1846).
- Sherry, Ruth, 'The Story of the National Anthem', *History Ireland*, lml. 4, Uimh. 1, Earrach 1996, 39-43.

- Tanaka, Katsuhiko, *Gengo kara mita Minzoku to Kokka*, (Tóiceo: Iwanami Shoten, 1991).
- Takeshita, Eiji, 'The Relation between a People's Ethos and Their Music', *Éire: Iris Bhliantúil Japan-Ireland Society*, Uimh. 19 (1999), 59-84.
- Tír an Áir, 'An Teanga Naisiunta', *Fáinne an Lae*, 05/05/1923, 6.
- Tír an Áir, 'An Teanga Naisiunta', *Fáinne an Lae*, 02/06/1923, 3-4.
- Uí Chollatáin, Regina, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae: 1899-1932*, (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2004).
- Uí Chollatáin, Regina, 'Iriseoireacht na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, agus Cúrsaí Polaitíochta sna Fichidí: Gluaiseacht Amháin, Trí Mheán', in Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil (eag.), *Bliainiris 6*, (Ráth Cairn: Carbad, 2006), 173-202.
- Uí Chollatáin, Regina, 'Athruithe Teanga agus Caomhnú Teanga i Scéal an Chló i Ré na hAthbheochana' in Eoin Mac Cárthaigh agus Jürgen Uhlich (eag.), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*, (Indreabhán: An Clóchomhar Cló Iar-Chonnacht, 2012), 961-982.
- Walsh, John, *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926*, (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2002).
- Walsh, John, *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*, (Bern: Peter Lang, 2011).
- Walsh, Patrick, 'Daniel Corkery's *The Hidden Ireland* and Revisionism', *New Hibernia Review*, Iml. 5, Uimh. 2, Samhradh 2001, 27-44.
- Welch, Robert (eag.), *Oxford Companion to Irish Literature*, (Oxford: Clarendon Press, 1996).
- Willis, Clair, *That Neutral Island: A Cultural History of Ireland During the Second World War*, (Londain: Faber and Faber, 2007).

Ainm.ie, <http://www.ainm.ie>.

Foley, Daniel, *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Students of the Irish Language*, (Baile Átha Cliath: William Curry and Company, 1855). Ar fáil ag <https://archive.org>.

Ó Beaglaoich, Conchobhar agus Mac Cuirtin, Aodh Bhuidhe, *The English-Irish Dictionary: An Focloir Bearla Gaoidheilge*, (Páras: Seamus Guerin, 1732). Ar fáil ag suíomh idirlín Eighteenth Century Collections Online (ECCO), http://find.galegroup.com/ecco/retrieve.do?sort=Author&inPS=true&prodId=ECCO&userGroupName=nli_ttda&tabID=T001&bookId=0484801000&resultListType=RESULT_LIST&searchId=R1&searchType=AdvancedSearchForm&c.

O'Brien, John, *Focalóir Gaoidhilge-Sax-Bhéarla: An Irish-English Dictionary*, (Páras: N. F. Valleyre, 1768). Ar fáil ag <https://archive.org>.

O'Reilly, Edward, *Sanas Gaoidhilge-Sagsbhearla: An Irish-English Dictionary*, (Baile Átha Cliath: J. Barlow, 1817). Ar fáil ag <https://archive.org>.

Schlegel, Friedrich, *Geschichte der Alten und Neuen Litteratur*, (Wien: K. Schaumburg und Comp, 1815). Ar fáil ag <http://www.archive.org/details/friedrichschleg03schlgoog>.

Tráchtas agus ábhar neamhfhoilsithe

Allison, Bronagh Mairéad, "State Policy and the Revival of the Irish Language 1922-1948", (Tráchtas Ph.D., Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, 1999).

Devereux, Eoin P., "The Theory and Practice of Community Development: Muintir na Tíre 1931-1988", (Tráchtas M.A., Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1988).

Hakamada, Chinatsu, "Máirtín Ó Cadhain, Misneach, and Irish Language Movements in

the 1960s”, (Tráchtas M.A. sa Léann Éireannach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2004).

Ní Chinnéide, Mairéad, “Stair Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge”, (taighde neamhfhoilsithe, [1995?]).

Ní Riain, Aoileann, “Clann na hÉireann, Coiste na bPáistí agus an Óige san Athbheochan”, (Tráchtas M.A. sa Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2006).

Uí Nia, Mairéad Máire Gearóidín, “An tAthair Eric Mac Fhinn agus ‘Ar Aghaidh’”, (Tráchtas M.A., Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1994).